

2024

Tuarascáil Bhliantúil

Revenue



Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

Tuarascáil Bhliantúil 2024

An céad is dóú Tuarascáil Bhliantúil de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, lena n-áirítear dul chun cinn maidir le feidhmiú Ráiteas Straitéise na gCoimisinéirí Ioncaim, i gcomhréir leis an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997, curtha faoi bhráid an Aire Airgeadais

Aibreán 2025

Ár Misean

Freastal ar an bpobal trí chánacha agus trí dhleachtanna a bhailiú go cothrom agus go héifeachtach agus trí rialuithe custam a chur i bhfeidhm

Ár bhFís

Chun bheith ar cheann de na córais riartha chánach agus custam is mó chun tosaigh le muintín an phobail agus a bheith ar an rogha fostóra

Ár gCroíluachanna

Meas



Gairmiúlacht



Comhoibriú



Sofhreagrúlacht



Macántacht



Clár na nÁbhar

Athbhreithniú an Bhoird	6
Struchtúr na hEagraíochta	13
Coiste Bainistíochta na gCoimisinéirí Ioncaim ag Leibhéal an Rúnaí Chúnta	14
Príomhthorthaí 2024	17
Bailiú Cánacha agus Dleachtanna	20
Soláthar Seirbhísí	24
Féinseirbhís Fíor-Ama a Chumasú	25
Treoir Lá agus Oíche a Chur ar Fáil	28
Comhlíontacht Shaorálach a Spreagadh trí Fheasacht	29
Tacaíocht Dhíreach a Chur ar Fáil Nuair is Gá	35
Tacú le Beartas agus Athchóiriú Cánach	37
Ár gCion a Dhéanamh ar Bhonn Idirnáisiúnta	46
Treochtaí agus comhar custam	48
Comhlíontacht a Éascú agus Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht	51
Cláir Chomhlíontachta	53
Úsáid Sonraí, Faisnéise agus Anailísíocht	56
Ag Díriú agus ag Cur Isteach ar Ghníomhaíochtaí sa Scáthgheilleagar	58
Cothromaíocht, Trédhearcacht agus Éifeachtacht a Chinntiú	65
Comhoibriú	66
Ár bhFoireann, ár dTeicneolaíocht agus ár gCumas	69
Ár bhFoireann	70
Próifílí Foirne	73
Ár gCultúr	76
Nuálaíocht	80
Rúndacht an Cháiníocóra	84
Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí & Athnuachan na Státseirbhíse	85
Rialachas	87
Bainistíocht Airgeadais	91
Innéacs Tábla 2024	113
Aguisín 1 - Bronnadh Míreanna Oidhreacht	126

Athbhreithniú an Bhoird

Le linn 2024, lean muid orainn ag cur ár gcroí-thasc i gcrích chun na cánacha agus na dleachtanna atá dlite don Stát a bhailiú go cothrom agus go héifeachtúil. Agus é sin á dhéanamh, d'fhan muid de bheith dírithe ar raon seirbhísí a chur ar fáil a fhágann go bhfuil sé chomh héasca agus is féidir do cháiníocóirí agus do thrádálaithe, mar aon lena ngníomhairí agus lena n-ionadaithe, a n-oibleagáidí a thuiscint agus a chomhlíonadh ag am a oireann dóibh. Gné thábhachtach de seo is ea feabhas leanúnach a chur ar ár seirbhísí ar líne agus ár roghanna féinfhreastail.

Cé go n-íocann formhór mór na gcáiníocóirí an méid ceart cánach ag an am ceart, táimid tiomanta i gcónaí dul i ngleic le neamhchomhlíontacht cánach agus dleachta de gach saghas. In 2024 leanadh lenár gcuid oibre maidir le riosca a mheasúnú agus a bhainistiú trí úsáid a bhaint as anailísíocht sonraí fíor-ama, faisnéis tríú páirtí, agus cláir measúnaithe riosca.

Tá ár gcumas leas a bhaint as nuálaíochtaí i dteicneolaíocht agus i gcleachtais ghnó mar bhonn agus mar thaca ag ár rath. Tá sé seo feabhsaithe tuilleadh ag ár gcultúr, atá tógtha ar ár gcroíluachanna amhail meas, gairmiúlacht, comhoibriú, lúfaireacht agus ionracas. Cuirfidh na láidreachtaí seo ar ár gcumas leanúint ar aghaidh ag seachadadh ár gcroíghníomhaíochtaí gnó go dtí 2025 agus ina dhiaidh sin, in ainneoin na héiginnteachta eacnamaíochta leanúnacha, sa bhaile agus sa chomhthéacs idirnáisiúnta níos leithne.

Bailiú Cánacha agus Dleachtanna

Tá ról ríthábhachtach againn maidir leis na cánacha agus na dleachtanna a úsáidtear chun seirbhísí poiblí riachtanacha a mhaoiniú. D'fhan rátaí comhlíontachta saorálaí ard thar gach cáin in 2024. In 2024, bailíodh iomlán de €152.9 billiún i bhfáltais chomhlána, lena n-áirítear €30.9 billiún i bhFáltais neamh-Stáitchiste a bailíodh thar ceann Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais. B'ionann glanfháltais chánach agus €107.1 billiún. I measc na bhfáltais cánach corparáide in 2024 tá fáltais a eascraíonn as rialú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le Stáitchabhair i mí Mheán Fómhair 2024.

Cuireann muid cur chuige saincheaptha i bhfeidhm maidir le bainistíocht fiachais. Ciallaíonn sé seo go ndéileálann muid le gach cás ar a gcúinsí aonair, agus go bhfuilimid lúfar maidir lenár n-acmhainní bainistíochta fiachais a mheaitseáil le riosca bailithe cánach. Meabhraímid do cháiníocóirí ar bhonn leanúnach gur chóir dóibh teagmháil a dhéanamh linn a luaithe a thagann na deacrachtaí seo chun cinn má tá siad ag streachailt le cánacha reatha a íoc, nó íocaíochtaí míosúla a chomhlíonadh faoi Shocraíocht Tráthíocaíochtaí leanúnach.

Mar a tharla i gcónaí, is fearr linn oibriú le cáiníocóirí a bhfuil deacrachtaí sealadacha sreafa airgid acu. Tá cáil orainn againn maidir le le téarmaí íocaíochta a chomhaontú go rathúil a chuireann cúinsí airgeadais an cháiníocóra san áireamh. Mar sin féin, i gcásanna nach bhfuil aon rannpháirtíocht fhiúntach ag cáiníocóir chun tuairisceáin nó íocaíochtaí atá dlite gan íoc a réiteach, rachaimid ar aghaidh leis na gníomhaíochtaí bailithe agus forfheidhmithe cuí atá riachtanach chun an fiachas a aisghabháil.

Ceann de na príomhthosaíochtaí corparáideacha a bhí againn le linn 2024 ná bainistíocht réamhghníomhach na Scéime Stórasaithe Fiachais, agus cabhrú le gnóthaí an stóras a fhágáil ar bhealach inmharthana. Ag a buaic i mí Eanáir 2022, rinneadh €3.2 billiún a stórasú faoin scéim. Tá os cionn 93% den fiachas sin (arb ionann é agus €3 billiún) socraithe go hiomlán anois (nó urraithe faoi Shocraíocht Tráthíocaíochtaí comhaontaithe).

Críochnófar formhór na Socraíochtaí Tráthíocaíochtaí a bunaíodh chun fiachas stórasaithe a aisíoc laistigh den tréimhse chaighdeánach cúig bliana. Tá 97% de na Socraíocht Tráthíocaíochtaí seo á gcloí go gníomhach, agus bailítear íocaíochtaí de thart ar €30 milliún

gach mí.

Is fianaise iad na torthaí seo ar an gcur chuige pragmatach a ghlacamar chun cabhrú le gnólthaí an stóras a fhágáil. Aithníonn muid an leibhéal ard rannpháirtíochta atá léirithe ag gnóthaí agus a ngníomhairí roimh an spriocdháta 1 Bealtaine 2024.

Loic os cionn 7,000 de na gnóthaí a bhain leas as an stóras teagmháil a dhéanamh linn roimh an bpríomhspríocdháta ar an 1 Bealtaine 2024. Asbhaineadh an fiachas a bhí dlite do na gnóthaí seo, arbh ionann é agus beagán os cionn €100 milliún ag an bpointe sin (Bealtaine 2024), as an stóras, agus baineadh imeachtaí bailithe agus forfheidhmithe leis an bhfiachas sin ina dhiaidh sin. Rinneadh cuid den fhiachas seo a shocrú go hiomlán nó a urraíodh i Socraíocht Tráthíocaíochtaí. Tá an chuid eile á shaothrú go gníomhach anois nó measadh go bhfuil sé neamh-inbhailithe ar chúiseanna cosúil le leachtú, scrúdaitheoireacht, féimheacht, agus scor gnó.

Soláthar Seirbhísí

Mar fhreagra ar ionchais atá ag fás ó cháiníocóirí agus a ngníomhairí maidir le hinfhaighteacht mhéadaithe seirbhísí ar bhonn 24 uair an chloig, agus roghanna méadaitheacha do roghanna féinfhreastail, is é ár samhail ghnó ‘digiteach go príomha’. Ciallaíonn sé sin go dtabharfaimid tús áite dár gcainéil ar líne agus leictreonacha mar bhealach chun tacú le comhlíontacht shaorálach agus é a éascú.

In 2024, chonaiceamar leibhéil ghníomhaíochta nach bhfacthas roimhe seo trínár gcainéil féinfhreastail ar líne.

Mar shampla:

- bhí 25.4 milliún logáil isteach ar ár seirbhís moChúrsaí atá tapa, éasca agus saor in aisce le húsáid,
- rinne fostóirí beagnach 6.6 milliún tíolacadh párolla rathúil, ag tuairisciú pá comhlán agus pinsin de €146.2 billiún, agus
- Rinneamar 60.5 milliún dearbhú custaim a phróiseáil, méadú 6.3 milliún (12%) ó 2023.

Déanaimid forbairtí teicneolaíochta a ghíaráil chun ár dtairiscint féinseirbhíse a fheabhsú go leanúnach agus cur chuige ‘dírithe ar chustaiméirí’ a ghlacadh i ndearadh aon fheabhsuithe ar ár seirbhísí. Le linn 2024, sheolamar tairseach nua ar líne don Chlár Faoisimh do Shannaí Speisialta, chun an próiseas comhlánaithe foirme agus iarratais a shimpliú. Ina theannta sin, leanamar orainn ag tacú le tionóntaí, gníomhairí bailiúcháin, agus tiarnaí talún le socruithe tíolactha idirthréimhseacha agus iad ag bogadh ó chóras páipéarbhunaithe go dtí an tairseach nua ar líne Cánach Siarchoinneálaigh do Thiarnaí Talún Neamhchónaitheacha.

Rinneamar an cinneadh freisin an áis údaraithe gníomhaire cánach A2 do cháiníocóirí ÍMAT a tharraingt siar. Ciallaíonn an t-athrú seo go n-íofar anois aon aisíocaíocht nó aisíocaíocht atá dlite do cháiníocóir ÍMAT go díreach leo, seachas lena ngníomhaire. Ní chuireann an t-athrú seo, áfach, cosc ar cháiníocóir ÍMAT gníomhaire a fhostú chun cabhrú leo a dtuairisceán cánach ioncaim a thíolacadh nó a gcúrsaí cánach a bhainistiú, má roghnaíonn siad é sin a dhéanamh.

Is é an chuid is tábhachtaí chun féinfhreastail a éascú do cháiníocóirí agus a ngníomhairí a mhéid is féidir ná a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas agus go dtuigeann a n-oibleagáidí maidir le comhlíontacht cánach agus dleachta. Cuirimid faisnéis agus treoir theicniúil ar fáil do cháiníocóirí agus dá ngníomhairí 24 uair sa lá, trínár suíomh idirlín agus trínár stór poiblí Lámhleabhar Cánach agus Dleachta (TDM).

Baineann muid úsáid as feachtais faisnéise poiblí freisin chun feasacht a ardú ar

phríomhspríodchátaí tíolactha agus nuashonruithe tábhachtacha eile. Mar shampla, le linn 2024, sheolamar ár gcéad fheachtas moChúrsaí chun feachtas a ardú i measc cáiníocóirí ÍMAT maidir leis an raon creidmheasanna cánach agus faoisimh atá ar fáil, agus an gá atá le haon ioncam a thuilltear lasmuigh den chóras ÍMAT a dhearbhu.

Lean muid ar aghaidh lenár gclár for-rochtana cuimsitheach i rith 2024, ag plé go díreach le cáiníocóirí ar ábhair éagsúla. Trínár dtionscnamh for-rochtana scoile, tá sé mar aidhm againn oideachas a chur ar dhaoine óga faoi chánacha tábhachtacha a d'fhéadfadh a bheith orthu le linn a saoil phearsanta agus ghairmiúil, agus a chur a gcumas a gcuid cúrsaí cánach féin a bhainistiú go héifeachtach.

In ainneoin ár samhail seachadta seirbhíse digiteach ar dtús, tá a fhios againn go bhfuil daoine ann nach bhfuil rochtain acu ar ár seirbhísí ar líne ar chúiseanna éagsúla agus dá bhrí sin teastaíonn seirbhís níos traidisiúnta uathu. Leanaimid orainn na cáiníocóirí a éascú sin trí bhealaí seachadta malartacha a sholáthar a oireann dá gcuid riachtanas. Áirítear leis seo raon seirbhísí teileafóin agus coinní, chomh maith le glacadh le fiosruithe agus iad a fhreagairt tríd an bpost caighdeánach.

Comhlíontacht a Éascú agus Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht

Déanaimid monatóireacht ar chomhlíontacht cánach trí raon clár sainaitheantais, measúnaithe agus meastóireachta riosca a úsáideann anailísíocht sonraí fíor-ama agus a cheistíonn faisnéis cáiníocóirí agus tríú páirtí araon.

Cuireann an cur chuige seo ar ár gcumas ár dtuiscint ar iompar comhlíontachta cánach agus dleachta a neartú, agus ár dtuiscint ar rioscaí earnála sonracha a neartú. Cuireann sé ar ár gcumas freisin díriú ar ár n-acmhainní chun neamhchomhlíontacht a chosc nó dul i ngleic leis.

Tacaíonn ár gCreat Idirghabhálacha Comhlíontachta (CIC) 3 Leibhéal le cáiníocóirí rudaí a chur ina gceart chomh héasca agus chomh héifeachtach ó thaobh costais agus is féidir. D'fhéadfadh go mbainfeadh cáiníocóirí leas as na deiseanna chun aghaidh a thabhairt ar a gcuid cúrsaí cánach go saorálach agus iad a cheartú ó leibhéal pionóis níos ísle agus, go ginearálta, nach mbeidís i mbaol ionchúisimh ná foilsíú.

Díríonn ár gclár chomhlíontachta bhliantúla ar réimsí riosca éagsúla agus ar earnálacha gnó, amhail tógáil, miondíol, mórdhíola, na meáin shóisialta, seirbhísí digiteacha, mearbhia agus fáilteachas. Chomh maith leis sin, déanaimid tionscadail chomhlíontachta spriocdhírthe, ag scrúdú rioscaí agus earnálacha sonracha.

I measc samplaí de thionscadail a cuireadh chun cinn i rith 2024 tá tionscadal chomhlíontachta na scéime náisiúnta scaireanna, agus tionscadal inar scrúdaíodh comhlíontacht cánach i measc na ndaoine a dhéanann gníomhaíochtaí gnó trí na meáin shóisialta agus ardáin ar líne eile. Mar chuid de príomhobair anailísíochta sonraí a rinneadh le linn 2024, áirítear tionscadail chun ionramháil nó taifid díolacháin a shochtadh ar ghléasanna leictreonacha díolacháin, nó ar chórais bhogearraí díolacháin eile, a aithint.

Mar thoradh ar fheabhas a chur ar thuairisciú párolla fíor-ama, ó tugadh isteach Nua-Aoisiú ÍMAT an 1 Eanáir 2019 agus Riachtanais Tuairiscithe Feabhsaithe an 1 Eanáir 2024, tá rialuithe níos déine á gcur i bhfeidhm ag fostóirí, lena chinntiú go gcaitear i gceart le híocaíochtaí incháinithe agus ar chostais agus sochair gan cháin agus go ndéantar tuairisciú orthu i bhfíor-ama.

Is ionann cánacha a bhaineann le pá agus sciar suntasach d'fháltais an Státchiste agus, dá bhrí sin, tá fócas mór dár bhfeidhmeanna comhlíontachta fós ar fheidhmiú ceart an chórais ÍMAT a chinntiú. Ina theannta sin, leanfaidh aicmiú an stádais fostaíochta de bheith ina réimse fócais

dár ngníomhaíocht chomhlíontachta amach anseo.

I mí na Bealtaine 2024 d'fhoilsíomar treoir nua ina leagtar amach impleachtaí an bhreithiúnais a thug an Chúirt Uachtarach in Na Coimisinéirí Ioncaim v. Karshan (Midlands) Teo. i mí Dheireadh Fómhair 2023. Tá comhairle tugtha againn do ghnóthaí a fhostaíonn conraitheoirí, fochonraitheoirí nó oibrithe eile ar bhonn féinfhostaithe eolas a chur ar an mbreithiúnas agus ar an treoir ghaolmhar, agus athbhreithniú a dhéanamh ar a samhail fórsa saothair i bhfianaise an tsamhail sin. Oibreoimid le fostóirí ar mian leo a seasamh a rialú, tar éis dóibh breithniú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an mbreithiúnas orthu.

Táimid tiomanta díospóidí cánach a réiteach ar bhealach cothrom, trédhearcach agus éifeachtach. Déanaimid teagmháil chuiditheach le cáiníocóirí agus lena n-ionadaithe, ag baint úsáid as na meicníochtaí réitigh díospóide go léir atá ar fáil, nuair is cuí. Sa chás nach bhféadtar teacht ar chomhaontú, tá sé de cheart ag cáiníocóirí achomharc a dhéanamh ar ábhair áirithe, mar atá forordaithe sa reachtaíocht, chuig an gCoimisiún um Achomhairc Chánach neamhspleách agus ina dhiaidh sin chuig na hUaschúrteanna, ar phointe dlí.

Ag tógáil ar an rath a bhí ar ár bhfoirne forfheidhmithe le linn 2023, leanamar orainn ag cur isteach ar chroíshlabhraí soláthair na ndaoine a raibh baint acu le gníomhaíocht choiriúil agus iad a dhíchóimeáil. Oibríonn ár bhfoirne ag gach príomhchalafoirt, aerfort agus ionad poist, chomh maith le háitreabh seolta lasta. Úsáideann ár bhfoirne acmhainní éagsúla, mar shampla scanóirí x-gha soghluaiste, bogearraí próifílithe agus faisnéise, agus scrúduithe fisiciúla ina gcuid oibre.

Le linn 2024, rinne ár bhfoirne os cionn 16,500 urghabháil de dhrugaí agus táirgí tobac aindleathacha, le earraí ar luach beagnach €343 milliún gafa. Mar chuid de seo, thug ár bhfoirne faoi deara méadú suntasach ar líon na n-urghabhálacha aonair cannabais, amfataimíní, eacstais agus drugaí eile.

Tá teicnící smuigleála agus ceilte ag éirí níos airgtheach agus níos casta. I measc cuid de na teicnící folaithe is casta a rinne ár bhfoirne a nochtadh tá urranna i bhfolach saincheaptha laistigh de limistéar urláir trucaillí altacha, folaigh laistigh de dhoras leantóra cuisnithe, agus ceiltí domhain laistigh d'innealra tionsclaíoch.

Déanaimid monatóireacht leanúnach ar threochtaí agus ar fhorbairtí sa spás seo, agus bainimid úsáid as anailís riosca, próifíliú agus faisnéis ardleibhéil chun earraí toirmiscithe nó srianta atá beartaithe le hiompórtáil isteach sa Stát nó a easpórtáil ón Stát a aithint agus a thascradh.

Baineann ár straitéis freisin le forbairt agus comhroinnt faisnéise ar bhonn náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta. Cuireann an cur chuige seo ar ár gcumas na modhanna agus na teicneolaíochtaí braite is déanaí a úsáid chun riosca a aithint agus díriú orthu, agus ár n-acmhainní a úsáid ar an mbealach is éifeachtaí is féidir chun dul i ngleic le bealaí na ndaoine atá ag trádáil in earraí aindleathacha.

Ár bhFoireann, ár dTeicneolaíocht agus ár gCumas

Táimid tiomanta do chinntiú go bhfuil na scileanna agus an t-eolas ag ár ndaoine chun a ról a chomhlíonadh go dtí an leibhéal is airde, agus infheistímid go bródúil ina bhforbairt. Le linn 2024, chuireamar réimse leathan oiliúna ar fáil dár bhfórsa saothair, trí mheascán de chúrsaí intí agus creidiúnaithe go seachtrach. Áiríodh leis sin cláir chuimsitheacha ceannaireachta agus bainistíochta, mar aon le hoiliúint theicniúil.

Sampla amháin de na feabhsuithe suntasacha atá déanta againn ar ár gconairí oiliúna is ea athstruchtúrú agus forbairt ár n-oiliúint custaim agus máil. Le linn 2024, d'fhorbair ár bhfoirne ceithre chúrsa ríomhfhoghlama féinbhainistithe nua ar ábhair éagsúla, mar aon le clár ionchúisimh pearsanta cúig lá. Éacht suntasach eile le linn 2024 ba ea seoladh ár gcúrsa

cuimsitheach ‘Cuardach ar Fheithicil’, a dearadh tar éis dár bhfoireann a bheith rannpháirteach i roinnt seisiún ‘oiliúinr an oiliúnoir’ arna óstáil ag Ionad Barr Feabhais riarachán custaim na Fionlainne in 2023.

Tá ár gcroiluachanna meas, gairmiúlachta, comhoibriú, aclaíocht agus ionracas leabaithe inár n-idirghníomhaíochtaí laethúla le comhghleacaithe agus cáiníocóirí. Tá cultúr láidir glactha, cuimsitheachta agus comhionannais tógtha againn i measc ár bhfoireann. Tá na prionsabail seo le feiceáil ar fud ár gCairt nua um Rannpháirtíocht Fostaithe, a sheolamar i mí na Nollag 2024.

Tugann an chairt nua tuiscint ar na prionsabail a threoraíonn an eagraíocht chun ár gcuspóirí a bhaint amach agus tá sí ailínithe lenár Ráiteas Straitéise. Aithnítear go bhfuil athrú suntasach tagtha ar ár mbealaí oibre, agus go bhfuil formhór na foirne ag baint leasa as socruithe oibre cumaisc anois, leagtar amach sa chairt nua sraith gealltanais comhroinnte maidir leis an gcomhoibriú idir an eagraíocht agus ár bhfoireann.

Leanamar lenár gclár chun ár gcórais agus ár dteicneolaíocht bhunúsach a nuachóiriú, chun a chinntiú go bhfuil an t-ardán TF agus an cumas againn chun ár bpríomhchláir ghnó a chur ar chumas feidhmiú go héifeachtach. Leanaimid orainn freisin ag leathnú imscaradh teicneolaíochtaí AI agus Próiseála Teanga Nádúrtha.

Le linn 2024 sheol muid cúntóir inmheánach AI, RevAssist, chun cur ar chumas na n-oibrithe cásanna cuardach agus fiosruithe cliste a dhéanamh ar stór iomlán ár TDManna. Chun cuir leis an uirlis RevAssist, d’fhorbair muid gineadóir AI tiomáinte chun cabhrú le baill foirne na chéad dréachtaí de TDManna a chur le chéile. Ansin déanann na saineolaithe ábhair ábhartha na dréachtaí sin a fhíorú agus a bheachtú, sula bhfoilsítear iad.

Mar chuid dár dTreochlár Gníomhaíochta Aeráide, rinneamar tuilleadh dul chun cinn maidir le cruacha teicneolaíochta atá ag dul in aois ónár n-eastát a scor i rith 2024, agus ár gcabhlach a laghdú 10%. D’fhágamar roinnt oifigí freisin in iarracht baill foirne a chomhdhlúthú i níos lú oifigí, agus tá obair ar siúl chun ár lorg foirne a bharrfheabhsú laistigh de na hoifigí atá fágtha.

Ag Féachaint Chun Cinn

Agus muid ag bogadh isteach in 2025, agus sna blianta amach romhainn, táimid fós tiomanta dár gcroí-chúram na cánacha agus na dleachtanna atá dlite don Stát a bhailiú go cothrom agus go héifeachtúil.

Táimid fós dírithe ar thosaíocht a thabhairt dár seirbhísí ar líne agus leictreonacha, agus ar dhul chun cinn sa teicneolaíocht a ghíaráil chun an raon roghanna féinseirbhíse atá ar fáil do cháiníocóirí agus dá ngníomhairí a leathnú agus a fheabhsú.

Leanfaimid orainn ag uasmhéadú ár n-úsáid a bhaint as sealúchais fhairsinge sonraí, faisnéis tríú páirtí, agus cumas anailíseach chun cinn chun neamhchomhlíontacht a aithint agus riosca a chainníochtú, agus ar an gcaoi sin an t-ualach riaracháin ar cháiníocóirí comhlíontacha a íoslaghdú. Leanfaimid orainn freisin ag iniúchadh agus ag triail bealaí inar féidir linn dul chun cinn teicneolaíochta, lena n-áirítear AI, a úsáid chun próisis inmheánacha áirithe a uathobriú mar chuid dár ‘Straitéis um Chlaohlú Digiteach’. Tá beartais agus rialachas láidir againn a chlúdaíonn úsáid TF go léir, lena n-áirítear AI, agus cuirfear oiliúint AI leathnaithe ar fáil dár ndaoine go léir i rith 2025.

Leanfaimid lenár raon clár for-rochtana agus feachtais faisnéise freisin, chun comhlíontacht shaorálach a neartú trí oideachas agus feasacht. Áireofar leis seo treoir a sholáthar d’úinéirí maoine roimh phróiseas athluachála CMÁ 2025, agus tacú le húinéirí láithreáin a n-oibleagáidí Cánach Talún Cónaí-Chriosaithe (CTCC) a thuiscint.

Tá CTCC deartha chun forbairt chónaithe a spreagadh ar thalamh atá criosaithe agus seirbhísithe le haghaidh úsáid chónaithe. Tá feidhm ag an gcáin ó 2025 ar aghaidh, agus beidh

na céad tuairisceáin agus na dliteanais ghaolmhara dlite an 23 Bealtaine 2025 nó roimhe. Tá léarscáileanna ullmhaithe agus foilsithe ag údaráis áitiúla ina n-aithnítear talamh laistigh de scóip CTCC do 2025.

Leanfaimid orainn le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht i leith Socraíochtaí Tráthíocaíochtaí a bunaíodh chun déileáil le fiachas stórasaithe, agus úsáidfimid gach gné dár gcóras Seirbhíse Bainistíochta Fiachais (DMS) chun iarmhéid fiachais neamhstórasaithe atá ar fáil le bailiú a laghdú.

Coinneoidh muid caidreamh láidir oibre lenár gcomhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta um chosc ar choireacht agus úsáidfimid an raon iomlán sócmhainní atá ar fáil dúinn, chun cur isteach agus díchoimeáil a dhéanamh ar chroíshlabhraí soláthair a úsáideann na daoine a bhfuil baint acu le smuigleáil agus gníomhaíocht mhídhleathach. Neartófar ár gcumas sa réimse muirí go háirithe trí Chuitéar Custam nua a sheoladh, a bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh sé i seirbhís go déanach in 2025. Leanfaimid lenár gcomhoibriú leis an gComhghuaillíocht na gCalafor Eorpach, mar chuid de Threochlár an AE chun Gáinneáil ar Dhrugaí agus ar Choireacht Eagraithe a Chomhrac.

Leanfaimid orainn ag tacú leis an Roinn Airgeadais maidir le meastóireacht agus forbairt leanúnach an chreata beartais cánach agus dleachta, go háirithe i gcomhthéacs na n-athruithe cánach domhanda agus na bhforbairtí AE i réimsí CBL agus custaim.

De bharr an fáis sa ríomhthrachtáil, tá dúshlán ann do leasanna airgeadais Bhallstáit an AE, agus do shláinte agus do shábháilteacht a saoránach. Leanfaimid orainn ag plé go réamhghníomhach ar leibhéal an AE chun leigheasanna praiticiúla reachtacha agus nós imeachta a thabhairt chun cinn ar an riosca a bhaineann le ríomhthrachtáil. Leanfaimid orainn ag rannchuidiú le cláir oibre amhail an tionscnamh 'Oiriúnach do 55', an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha agus an Rialachán maidir le Táirgí atá saor ó Dhífhoraoisiú.

I gcomhpháirtíocht leis an Roinn Airgeadais agus leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha, déanfaimid ár bpáirt san ullmhú d'Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh sa dara leath de 2026.

Conclúid

Is fianaise iad ár n-éachtaí le linn 2024 ar thiomantas agus iarracht ár ndaoine.


Chuir a dtiomantas gan staonadh don fheabhas ar ár gcumas dul in oiriúint d'athruithe sa timpeallacht ghnó sheachtrach, bealaí nuálacha a aimsiú chun ionchais seirbhíse atá ag teacht chun cinn a chomhlíonadh, agus freastal ar an bpobal le hionracas agus gairmiúlacht. Agus ár misean á chomhlíonadh againn, seasaimid leis an gcaighdeán rialachais is airde, cosnaímid rúndacht cáiníocóirí, agus comhlíonaimid oibleagáidí cosanta sonraí. Fanfaidh na prionsabail mar chuid lárnach dár n-oibríochtaí agus treoróidh siad tuilleadh forbartha sa todhchaí.

Mar fhocal scoir, aithnímid freisin agus gabhaimid buíochas le baill foirne de chuid na gCoimisinéirí loncain a chuaigh ar scor le bliain anuas, ar thiomnaigh go leor acu 40 bliain nó níos mó seirbhíse don Stát, lena n-áirítear an Coimisinéir Gerry Harrahill a chuaigh ar scor i mí Eanáir 2025.



*Bord na gCoimisinéirí Ioncaim
(C – D) Coimisinéir Ruth Kennedy, Cathaoirleach Niall Cody, Coimisinéir Maura Kiely*

Struchtúr na hEagraíochta



Coiste Bainistíochta na gCoimisinéirí Ioncaim ag Leibhéal an Rúnaí Chúnta

John Barron - An Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise & Cumarsáide agus Lóistíochta

Freagrach as seirbhísí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide atá slán, iontaofa agus ar ardchaighdeán a sholáthar chun cabhrú le claochlú breise ar ár bpróisis ghnó a chur chun cinn. Freagrach freisin as bainistiú agus seachadadh seirbhísí lóistíochta atá lárnach ó thaobh reáchtáil na heagraíochta.



Therese Bourke - Rannóg na gCorparáidí Móra

Freagrach as bainistiú agus forbairt na bhfeidhmeanna seirbhíse, comhlíontachta agus iniúchóireachta le haghaidh gnóthaí is mó sa Stát. Freagrach freisin as cur i bhfeidhm Colún a Dó chomh maith le aghaidh a thabhairt ar idirbhearta seachanta cánach corparáide, lena n-áirítear praghsáil aistrithe drochúsáide.



Brian Boyle - Rannóg an Ard-Chuntasóra agus na Pleanála Straitéisí

Freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar fheidhmiú polasaithe gnó agus as monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar rioscaí náisiúnta comhlíontachta cánach. Áirítear i ndualgais na Rannóige tomhas agus tuairisciú feidhmíochta, staidreamh agus taighde eacnamaíoch, bainistíocht airgeadais agus cuntasáíocht, feidhmeanna baincéireachta, cumarsáid agus bainistíocht eolais.



Noel Brett - Rannóg na gCánacha Gnó

Freagrach as bainistiú agus forbairt feidhmeanna seirbhíse, comhlíontachta agus iniúchóireachta d'eintitis atá cláraithe le haghaidh CBL, CCI, custaim agus mál. Freagrach chomh maith as eintitis ceadúnais máil le hioncam trádála nó gairmiúil, stiúrthóirí dílseánaigh agus fo-chuideachtaí/máthairchuideachtaí cuideachtaí sa Rannóg Gnó.



Orla Campbell - Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha

Freagrach as straitéisí bainistíochta acmhainní daonna, lena n-áirítear pleanáil don fhórsa saothair, earcaíocht, oiliúint agus forbairt inniúlachtaí, forbairt eagraíochtúil, bainistiú buiséid riaracháin, rialú, comhlíontacht faisnéise agus athchóiriú corparáideach.



Florance Carey - An Rannóg Custam

Freagrach as an reachtaíocht custam agus córais a fhorbairt agus as cinntiú go bhfeidhmítear rialuithe custam. Freagrach chomh maith as tionchar a imirt ar fhorbairt an pholasaí AE ar gach ní a bhaineann le custaim, lena n-áirítear feidhmiú Chód Custam an AE agus as ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna na hÉireann ag fóraim éagsúla idirnáisiúnta.



Eugene Creighton - An Rannóg Cánachais Idirnáisiúnta

Freagrach as rannpháirtíocht idirnáisiúnta ar bheartas cánachais dhírigh agus ar ábhair oibríochtúla lena n-áirítear idirbheartaíocht a bhaineann le praghsáil aistrithe agus malartú faisnéise le húdaráis chánach eile. Freagrach chomh maith as monatóireacht a dhéanamh ar líonra conarthaí cánach na hÉireann agus é a thabhairt cothrom le dáta



Jeanette Doonan - Rannóg an Bheartais agus na Reachtaíochta Cánacha Gnó

Freagrach as feidhmeanna beartais, reachtaíochta agus mínitheacha maidir le CGC, cáin chorparáide agus cánacha eile gnó. Freagrach freisin as déileáil le gnéithe riaracháin scéimeanna agus faoisimh éagsúla, lena n-áirítear faoiseamh scannán, creidmheas cánach Taighde agus Forbartha, liúntais chaipitiúla agus scéimeanna dreasachta gnó,



Orla Fitzpatrick - Rannóg na bhFiontar Meánmhéide

Freagrach as bainistiú agus forbairt na bhfeidhmeanna seirbhíse, comhlíontachta agus iniúchóireachta le haghaidh fiontar mheánmhéide agus stiúrthóirí dílseánaigh agus fochuideachtaí/máthairchuideachtaí ar chuideachtaí na Rannóige Fiontar Meánmhéide, Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí. Freagracht náisiúnta as seachadadh Sheirbhís Theicniúil na gCoimisinéirí Ioncaim.



Deirdre Hanlon - An Rannóg Beartais agus Reachtaíochta Cánacha Indíreacha

Freagrach as ár gcúnamh le CBL agus na dleachtanna máil éagsúla a fhorbairt ar leibhéal náisiúnta agus AE, agus as bainistiú a dhéanamh ar fheidhmeanna beartais, reachtaíochta agus léirmhínithe do na cánacha indíreacha seo



Joe Howley - Rannóg an Ard-Bhailitheora

Freagrach as cánacha a bhailiú agus as cláir bainistíochta fiachais a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear idirghabhálacha iomchuí chun comhlíonatacht tráthúil a uasmhéadú agus le haghaidh gníomh forfheidhmithe fiachais ina gcoinne siúd a dteipeann orthu cloí leo. Freagrach chomh maith as an Lároifig Aisíocaíochtaí, VIES, Intrastat agus Cúnamh Frithpháirteach, Nua-Aoisíú CBL, agus tacaíocht agus forbairt córais.



Tom James - Rannóg an Bheartais agus na Reachtaíochta Cánacha Pearsanta

Freagrach as na feidhmeanna beartais, reachtaíochta agus léirmhínithe le haghaidh cánacha pearsanta, cánacha caipitiúla (gan CGC san áireamh), cánacha maoine, CCI, Cáin Iarchoimeáda ar Sheirbhísí Gairmiúla, cumhachtaí na gCoimisinéirí Ioncaim, pionóis, ús, cánachas ar phinsin, saincheisteanna soghluaisteachta domhanda agus achomhairc chánach.



Maura Kiely - Rannóg Aturnae na gCoimisinéirí Ioncaim

Freagrach as seirbhísí cuimsitheacha tacaíochta dlí a chur ar fáil don eagraíocht, lena n-áirítear maidir le dlíthíocht agus achomhairc a dhéanamh agus in ionchúiseamh cionta coiriúla.



Fiona Molloy - Rannóg Ardrachmais agus Seirbhísí Airgeadais

Freagrach as bainistiú agus forbairt feidhmeanna seirbhíse agus comhlíontachta do na cáiníocóirí is saibhre sa Stát, d'earnáil na seirbhísí airgeadais lena n-áirítear baincéireacht, cistí infheistíochta, árachas, cineálacha áirithe scéimeanna pinsin, agus cuideachtaí a110. Freagra chomh maith as aghaidh a thabhairt ar idirbhearta seachanta cánach.



Lynda Slattery - An Rannóg Imscrúdaithe, Ionchúiseamh agus Bainistíochta Teorann

Freagrach as ár bhfeidhm imscrúdaithe choiriúil a threorú, sábháilteacht agus slándáil iomlán an tslabhra soláthair a chinntiú, teorainneacha seachtracha an AE a bhainistiú agus toirmisc agus srianta ar an leibhéal náisiúnta a chur i bhfeidhm. Freagrach freisin as ár bhfeidhmeanna imscrúdaithe náisiúnta agus as stiúradh oibríochtaí ábhartha atá dírithe ar chalaois trasteorann, smuigleáil drugaí agus atreorú earraí inchánach.



James Twohig - Rannóg na gCánacha Pearsanta

Freagrach chomh maith as feidhmeanna bainistíochta agus forbartha seirbhísí, comhlíontachta agus iniúchóireachta do cháiníocóirí nach bhfuil ach ioncam ÍMAT acu nó a bhfuil ioncam neamhthrádála féinmheasúnaithe nó gairmiúil acu; agus eintitis eile amhail iontaobhais, carthanais agus comhlachtaí spóirt. Freagrach chomh maith as CCF, CMÁ, Cáin ar Thithe Folmha agus seirbhísí dleachta stampa.




Príomhthorthaí 2024


Iomlán na bhfáltas comhlán de €152.9 billiún a bailíodh, lena n-áirítear €122 billiún i bhfáltais chánach chomhlána agus €30.9 billiún i bhfáltais neamh-Stáitchiste. B'ionann glanfháltais chánach agus €107.1 billiún.

Costas riaracháin: €581 milliún

Fáltais Chánach Chomhlána




Bailiúcháin le haghaidh Ranna agus gníomhaireachtaí eile



* Áirítear le 'Eile': €167m Fáltais Mál Tobac, €66m Scéim Tacaíochta Tithe Altranais, €13m Dleachtanna agus Tobhaigh Eile

Glanfháltais Chánach



Bailiú Cánacha agus Dleachtanna



€152.9 billiún

Fáltais chomhlána a bailíodh, lena n-áirítear €122 billiún fáltais chánach agus €30.9 billiún in admhálacha neamh-Stáitchiste a bailíodh thar ceann Ranna agus gníomhaireachtaí eile



€107.1 billiún

Glanfháltais chánach a bailíodh, méadú €19.9 billiún ó 2023, agus tagann na fáltais is mó ó cháin chorparáide, cáin ioncaim agus CBL



€3.1 billiún

Fiachas cánach iomlán do 2024, lena n-áirítear €1.07 billiún d'fhiachas stórasaithe



€3 billiún

Fiachas stórasaithe atá socraithe go hiomlán nó urraithe faoi Shocraíocht Tráthfócaíochta, arb ionann é agus os cionn 93% den fhiachas €3.2 billiún a bhí san áireamh sa stóras ag a bhuaic i mí Eanáir 2022

Soláthar Seirbhísí



D'fhan rátaí comhlíontachta in am is i dtráth ard

99% i gcás cásanna móra agus meánmhéide, agus 92% i gcás gach cás eile



Úsáid Mhéadaithe Seirbhísí ar Líne

4.3 milliún tuairisceán leictreonach próiseáilte, ar fud ár n-ardáin ar líne go léir, agus tá beagnach 16 milliún íocaíocht leictreonach agus aisíocaíochtaí á ndéanamh



An Méid Gnó

6.6 milliún tíolacadh párolla rathúil agus 60.5 milliún dearbhú custam próiseáilte



Teagmhálacha Díreacha Nuair is Gá

Os cionn 6 mhilliún teagmháil dhíreach, trí ghlaonna teileafóin, fiosruithe ar líne, comhfhreagras scríofa, coinní agus imeachtaí for-rochtana

Comhlíontacht a Éascú agus Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht



€637 milliún

Toradh €591 milliún a eascraíonn as idirghabhálacha iniúchóireachta agus comhlíontachta, mar aon le toradh breise €46 milliún ó chásanna seachanta cánach



€361.3 milliún

Luach iomlán na n-urghabhálacha drugaí agus táirgí inmháil go léir, lena n-áirítear toitíní, tobac agus alcól



104

Cáiníocóir foilsithe ar Liosta na Mainnitheoirí Cánach i leith socraíochtaí arb ionann iad agus €28.1 milliún agus pionóis €4.5 milliún arna chinneadh ag an gCúirt



168

Ionchúiseamh urraithe as cionta tromchúiseacha cánach agus dleachta, le fineálacha iomlána €401,520 gearrth

Ár bhFoireann, ár gCumas agus ár dTeicneolaíocht



6,805

Baill foirne buana, arb ionann iad agus 6,630 coibhéis lánaimseartha, fostaithe i 70 ionad oifige éagsúla ar fud na tíre



32,337

Líon na laethanta oiliúna a cuireadh ar fáil, agus d'éirigh le 274 ball foirne cáilíochtaí 3ú leibhéal agus cáilíochtaí gairmiúla a chríochnú go rathúil



53%

Sciar de Bhord na gCoimisinéirí Ioncaim agus den Choiste Comhairleach Bainistíochta atá baineann, agus is mná iad 61% d'fhoireann uile na gCoimisinéirí Ioncaim



10%

Sciar dár gcabhlach atá laghdaithe mar chuid de roinnt tionscnamh atá dírithe ar ár lorg carbóin a laghdú

Bailiú Cánacha agus Dleachtanna

Admhálacha a Bailíodh in 2024



Fáltais Státchiste

€122bn Fáltais Chánach Chomhlána

€107.1bn Glanfháltais Chánach



Fáltais Neamh-Státchiste

€30.9bn bailithe

méadú €4.6bn, nó 17%, ar 2023



Glanfháltais Chánach is Mó

Cáin Chorparáide ag €39.1bn

Cáin Ioncaim ag €35.1bn



Bailiúchán le haghaidh Ranna/Gníomhaireachtaí eile

ÁSPC ag €18.2bn

OSS CBL ag €10.8bn

Comhlíontacht Tuairisceáin agus Íocaíochta



Rátaí Comhlíontachta Tráthúla

99% do Chásanna Móra

99% do chásanna meánmhéide

92% i ngach cás eile



Cáin a Íocadh i Mí Dlite

100% le haghaidh cáin chorparáide

99% le haghaidh ÍMAT/ÁSPC

98% le haghaidh cáin ioncaim neamh-ÍMAT

Bainistiú Fiachais



Fiachas Neamhstórasaithe

€2bn fiachas cánach do 2024

€1.2bn á bhailiú

€689m faoi achomharc

€110m faoi réir dócmhainneachta



Fiachas stórasaithe

€3.2bn stórasaithe ag Eanáir 2022

€3 billiún urraithe nó socraithe

€172m measta mar inbhailithe

€54m á shaothrú go gníomhach



Socraíocht Tráthíocaíochtaí

21,797 socraíocht i bhfeidhm, ag clúdach fiachas €1.4bn

Cuimsíonn 11,399 de na socruithe seo fiachas stórasaithe de €1 billiún



Gníomhaíocht Bailiúcháin

743,023 iarratas ar íocaíocht eisithe

515,172 éilimh dheiridh eisithe

59,498 cás tarchurtha chuig forfheidhmiú

€250m bailithe trí fhorfheidhmiú

Bailiú Cánacha agus Dleachtanna

B'ionann Fáltais Chomhlána agus €152.9 billiún in 2024. Áirítear leis seo €122 billiún i bhfáltais chánach chomhlána agus €30.9 billiún i bhfáltais neamh-Státhchiste a bailíodh thar ceann Ranna, gníomhaireachtaí agus Ballstáit eile an AE (Tábla 1).

Ba é €107.1 billiún glanfháltais an Státhchiste, méadú €19.9 billiún ar 2023. B'iad na fáltais chánach ba mhó ná cáin chorparáide, ag beagnach 36% nó €39.1 billiún, cáin ioncaim, ag beagnach 33% nó €35.1 billiún agus CBL, ag beagnach 20% nó €21.9 billiún (Tábla 2).

I measc na nglanfháltais neamh-Státhchiste €30.9 billiún bhí os cionn €18.2 billiún i ndáil le ÁSPC agus €10.8 billiún i ndáil le Scéimeanna Ionad Uileghnó CBL. Áiríodh ann freisin beagnach €0.6 billiún i leith CMA.

D'fhan rátaí comhlíontachta tráthúla foriomlána do 2024 láidir Mar léiriú ar an gcultúr leanúnach a bhaineann le comhlíontacht deonach láidir, bhí rátaí comhlíontachta tráthúla in 2024 os cionn 99% do chásanna móra agus do chásanna meánmhéide. B'ionann na rátaí comhlíontachta tráthúla do gach cás eile in 2024 agus 92%, méadú 1% ó 2023. (Tábla 5).

Bainistiú Fiachais

Tá ár gcur chuige i leith bailiú éifeachtach fiachais bunaithe ar struchtúr deighilte cásbhainistíochta. Cuireann sé seo ar ár gcumas cur chuige saincheaptha a chur i bhfeidhm maidir le bainistiú fiachais, chomh maith le bheith sofhreagrúil maidir le hiompar cáiníocóirí, agus cinntíonn sé gur féidir linn níos mó solúbthachta a sholáthar chun ár n-acmhainní bainistíochta fiachais a mheaitseáil chun dul i ngleic le riosca bailithe cánach.

Cé gur tháinig bailiú fiachais caighdeánach ar ais go gnáthleibhéal in 2024, tá tionchar na paindéime COVID-19 agus na géarchéime costas maireachtála ar leibhéal fiachais fós le feiceáil. B'ionann an fiachas iomlán do 2024 agus €3.1 billiún comhlán, amhail an 31 Nollaig 2024. Áirítear leis seo €2 billiún d'fhiachas neamhstórasaithe¹.

Bhí an fiachas neamhstórasaithe a bhí ar fáil le bailiú ag deireadh mhí na Nollag 2024 i bhfad níos airde i gcomparáid le €0.9 billiún ag deireadh 2019. Tá ár gcóras DMS, a d'fhorbraíomar in 2019, dírithe go hiomlán anois ar na dliteanais amuigh seo. Le linn 2024, rinneamar 59,498 atreorú lena bhforfheidhmiú, le toradh €250 milliún, agus fiachas €1.2 billiún á shaothrú go gníomhach. Bhí €689 milliún eile faoi achomharc, agus bhí €110 milliún faoi réir imeachtaí dócmhainneachta leanúnacha.

Sa chás go mbíonn sé deacair ar cháiníocóirí a ndualgais íocaíochta cánach reatha a chomhlíonadh, is é an cur chuige is fearr, agus a bhí fíor i gcónaí, ná gur chóir dul i dteagmháil linn a luaithe a thosaíonn deacrachtaí den sórt sin ag teacht chun cinn ionas gur féidir teacht ar réiteach comhaontaithe. Soláthraíonn ár n-áis Socraíochtaí Tráthíocaíochtaí solúbthacht shuntasach chun plean íocaíochta a aontú atá curtha in oiriúint do chúinsí cáiníocóirí aonair, chomh maith lena gcumas íocaíochtaí a dhéanamh.

Áirítear leis na solúbthachtaí sin, éarlais laghdaithe chun tús a chur leis an socraíocht, tréimhse íocaíochta fada a chuirtear ar fáil agus, i gcás inar gá, sosanna íocaíochta agus iarchur a d'fhéadfaí a chur ar fáil má thagann deacrachtaí sealadacha sreafa airgid chun cinn le linn théarma an tsocraíochta. Bhí Shocruithe Tráthíocaíochtaí ag 21,797 cáiníocóir san iomlán a chlúdaíonn beagnach €1.4 billiún d'fhiachas i bhfeidhm ag deireadh 2024.

Tá cáil orainn maidir le bheith ag obair go rathúil le daoine aonair agus le gnóthaí chun a

¹ Cuimsíonn an fiachas iomlán dliteanais 2024 a criostalaíodh (i.e. tháinig siad de bheith dlite) mar fhiachas in 2025. Ar an 31 Nollaig 2024, ba é €2.1 billiún an fiachas neamhstórasaithe, gan fiachas neamhchriostalaithe a áireamh, do 2024.

ndeacrachtaí íocaíochta a réiteach gan dul i muinín gníomh forfheidhmithe. Ní dhéantar gníomh forfheidhmiúcháin a dhéanamh maidir le dliteanais chánach amuigh ach mar rogha dheireanach, agus sa chás nach raibh aon rannpháirtíocht fhiúntach ann ón gcáiníocóir. Sula ndéantar aon ghníomh den sórt sin, déanann muid gach iarracht teagmháil a dhéanamh leis an gcáiníocóir chun an cás a réiteach.

Is fógrapháirtí muid do gach Scrúdaitheoireacht. Nuair a bhíonn ár seasamh ar thogra á chinneadh againn, déantar iniúchadh ar an ionchas réasúnta go mairfidh an chuideachta agus breithnítear leas na gcreidiúnaithe go léir, lena n-áirítear fostaithe. Is rannpháirtí cuiditheach muid freisin sa Phróiseas Tarrthála Riaracháin le haghaidh Cuideachtaí Beaga (SCARP) agus roghnaigh muid 17 de na 29 cás SCARP a tiolacadh in 2024.

Déileálaimid le gach cás aonair ar a thuillteanas féin, agus go ginearálta tacaíonn muid le cás nó le hiarratas chun imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh mura bhfuil neamhchomhlíontacht le hAchtanna Cánacha i gceist nó má tá faisnéis neamhiomlán curtha ar fáil ag an gcuideachta nó sonraí nach bhfuil ag teacht le faisnéis atá ar fáil dúinn. Sa chás gur tiolacadh tuairisceáin cothrom le dáta, tá comhaontú ann maidir leis na dliteanais amuigh, agus má tá rannpháirtíocht dhearfach agus nochtadh iomlán ar gach sócmhainn agus dliteanas, beidh muid go hiomlán rannpháirteach maidir le socrú dócmhainneachta nó plean íocaíochta, de réir aidhmeanna na reachtaíochta ábhartha.

Gné-Alt - Scoir den Stóras Fiachais

Ceann de na príomhthosaíochtaí a bhí againn do 2024 ná tacú go réamhghníomhach le gnóthaí sa Scéim Stórasaithe Fiachais plean a chur le chéile chun a bhfiachas stórasaithe a íoc, agus plé a dhéanamh linn ina leith roimh spriocdháta an 1 Bealtaine 2024.

Tugadh isteach an SSF i mí na Bealtaine 2020 chun tacaíocht rithábhachtach leachtachta a chur ar fáil do ghnóthaí a bhí ag déileáil le tionchar phaindéim COVID-19. Cheadaigh sé do ghnóthaí cánacha incháilithe a 'pháirceáil' go sealadach ar bhonn saor ó ús ar feadh tréimhse ama, lena mbeadh ráta úis íseal de 3% i bhfeidhm ina dhiaidh sin.

Bhí an ráta úis seo laghdaithe ina dhiaidh sin go dtí 0% i mí Feabhra 2024, ag an Aire Airgeadais ag an am, Michael McGrath, de réir mar a lean an scéim ag tacú le gnóthaí agus iad ag téarnamh ó thionchair fhadtréimhsigh na paindéime, agus ón ngéarchéim fuinnimh a tháinig ina dhiaidh.

Le linn a thréimhse ceithre bliana, d'éirigh go han-mhaith leis an SSF tacú le gnóthaí agus fostaíochtaí inmharthana i ndáil le timpeallacht trádála thar a bheith dúshlánach nach bhfacthas cheana. Ag a bhuaic i mí Eanáir 2022, bhí fiacha €3.2 billiún san iomlán stórasaithe do 105,000 gnó, lena bhain an móramh le CBL agus cánacha párolla asbhainte ag fostóirí óna gcuid fostaithe.

Bhí go dtí an 1 Bealtaine 2024 ag gnóthaí a bhain leas as an stóras plean a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar a bhfiachas stórasaithe. Thugamar faoi chlár fairsing for-rochtana roimh an dáta tábhachtach seo lena chinntiú go raibh gnóthaí ar an eolas faoi raon iomlán na roghanna íocaíochta ar fáil dóibh, agus na riachtanais leanúnacha lena chinntiú go bhféadfaidís leanúint ar aghaidh ag baint leasa astu. Áirítear leis seo:

- teagmháil dhíreach ar an teileafóin le gnóthaí leis an luach is airde d'fhiachas sa stóras, chun rannpháirtíocht luath a spreagadh,
- go leor seimineáir ghréasáin agus seisiúin eolais a chur ar fáil do ghnóthaí, do ghníomhairí agus do ghrúpaí ionadaíocha tionscail earnála, lena n-áirítear podchraoladh arna óstáil ag Institiúid Chánach na hÉireann mar chuid dá sraith "TaxTalk"
- mol faisnéise a fhorbairt ar ár suíomh idirlín, lena n-áirítear roinnt físeáin ghearra agus treoracha, a nuashonraíodh ar bhonn leanúnach, agus
- uaireanta oscailte sa bhreis do línte teileafóin an Ard-Bhailitheora.

Sna seachtainí roimh an spriocdháta 1 Bealtaine 2024, agus na laethanta díreach ina dhiaidh sin, bhí leibhéal an-ard teagmhála againn ó ghnóthaí agus a ghníomhairí. In 2024, d'íoc cáiníocóirí €284 milliún d'fhiachas stórasaithe, agus íocadh €100 milliún de sin i mí na Bealtaine.

Amhail an 3 Meitheamh 2024, comhaontaíodh 12,747 ST le haghaidh fiachais iomlán de €1.2 billiún trínár n-áis ST ar líne. As na 12,747 ST a bhí i bhfeidhm, comhaontaíodh 9,987 ST tar éis an 1 Aibreán, rud a chuir €973 milliún d'fhiachas stórasaithe faoi úrrús. Críochnófar formhór na socraíochtaí tráthaíochta seo (94%) laistigh de thréimhse cúig bliana, agus comhaontaíodh tréimhsí sínte ama don chuid eile.

Mar thoradh ar an rannpháirtíocht shuntasach seo, tá os cionn €3 billiún (93%) den €3.2 billiún san áireamh sa stóras ag a bhuaic i mí Eanáir 2022, socraithe go hiomlán (€2 bhilliún) nó urraithe faoi Shocraíocht Tráthíocaíochtaí (€1 billiún).

Ar an 31 Nollaig 2024, bhí 97% de na Socraíochtaí Tráthíocaíochtaí SSF á n-onórú, agus íocadh thart ar €30 milliún gach mí. Léiríonn sé seo éifeachtacht an chur chuige pragmatach agus solúbtha a ghlacamar agus na comhaontuithe sin á mbunú againn.

Leanfaidh muid orainn ag déanamh monatóireachta ar chomhlíontacht maidir le téarmaí na socraíochtaí tráthaíochta seo, agus meabhraítear do ghnóthaí gur chóir na tuairisceáin agus na dliteanais reatha go léir a thíolacadh agus a íoc in am, chomh maith le gealltanais mhíosúla do shocraíochtaí tráthaíochta a chomhlíonadh chun leanúint ar aghaidh ag baint leasa as an ráta úis 0%.

Aithníonn muid an léibhéal suntasach rannpháirtíochta ó ghnóthaí agus a ngníomhairí maidir le dul i ngleic lena bhfiachas stórasaithe roimh an spriocdháta 1 Bealtaine 2024, agus aithnítear freisin an sár-obair déanta ag Rannóg an Ard-Bhailitheora le linn na tréimhse seo.

Astu siúd a bhain leas as an Scéim Stórasaithe Fiachais (SSF), loic 7,042 gnó dul i dteagmháil linn chun plan a chur le chéile chun a bhfiachas stórasaithe a íoc faoin bpríomhspriocdháta 1 Bealtaine 2024. Baineadh an fiachas a bhí dlite do na gnóthaí seo as an stóras ina dhiaidh sin. Bhí feidhm ag na gnáthimeachtaí bailithe agus forghníomhaithe maidir leis an bhfiachas seo agus bhí ús i bhfeidhm ag an ráta caighdeánach 8% nó 10%, de réir mar is cuí. Ina theannta sin, ní fhéadfadh na gnóthaí lena mbaineann leas a bhaint a thuilleadh as na roghanna íocaíochta solúbtha a cuireadh ar fáil dóibh siúd sa stóras. Ina dhiaidh sin, rinne na gnóthaí seo cuid den fhiachas seo a shocrú nó a urrasú i Socraíocht Tráthíocaíochtaí.

Amhail an 31 Nollaig 2024, ba é €1.07 billiún an fiachas stórasaithe ar fáil le haghaidh bailiúcháin. Tá thart ar €1 billiún de sin á bhailiú trí Shocraíocht Tráthíocaíochtaí, agus tá €54 milliún eile á shaothrú go gníomhach. Le linn thréimhse iomlán an SSF, measadh nach raibh €172 milliún inbhailithe ar chúiseanna amhail leachtú, scrúdaitheoireacht, féimheacht agus scor gnó.

Gross receipts were €152.9 billion in 2024. This includes €122 billion in gross tax receipts and €30.9 billion in non-Exchequer receipts collected on behalf of other Departments, agencies and EU Member States (Table 1).

Net Exchequer receipts were €107.1 billion, up €19.9 billion on 2023. The largest tax receipts were corporation tax, at approximately 36% or €39.1 billion, income tax, at almost 33% or €35.1 billion and VAT, at almost 20% or €21.9 billion (Table 2).

Net non-Exchequer receipts of €30.9 billion included over €18.2 billion in respect of PRSI, and €10.8 billion in respect of VAT One-Stop-Shop Schemes. It also included almost €0.6 billion in respect of LPT.

Overall timely compliance rates for 2024 remained strong. Reflecting the continued culture of strong voluntary compliance, timely compliance rates in 2024 were over 99% for large and medium cases. Timely compliance rates for all other cases in 2024 was 92%, up 1% from 2023 (Table 5).

Soláthar Seirbhísí

Roghanna Féinseirbhíse a Fheabhsú



Seirbhísí ar Líne

25.4m logáil isteach ar moChúrsaí

4.3m tuairisceán leictreonach próiseáilte

2m maoin áitiúil tuairiscithe

210,924 deimhniú ríomh-imréitigh cánach eisithe



Íocaíochtaí Leictreonacha

13.8m íocaíocht leictreonach, ar luach €134.6bn, déanta leis na Coimisinéirí Ioncaim

2.1m íocaíocht leictreonach, ar luach €13bn, déanta le cáiníocóirí



Suíomh Idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim

42.8m cuairteoir ar ár suíomh idirlín

95.5m leathanach idirlín amharctha

2.3m doiciméad íoslódáilte



Treoir Theicniúil

10,000 síntiúsóir eBrief

1,291 Lámhleabhar Cánach agus Dleachta ar fáil

342 tuairim agus dearbhú eisithe

Ár gCion a Dhéanamh ar Bhonn Idirnáisiúnta



Cúnamh Frithpháirteach

2,438 iarratas faighte ag na Coimisinéirí Ioncaim

456 iarratas eisithe ag na Coimisinéirí Ioncaim



Caibidlíochtaí Údaráis Inniúil

67 NICF tugtha chun críche
10 RCP déthaobhach tugtha chun críche

Tacaíocht dhíreach a sholáthar



Teagmhálacha Díreacha le Custaiméirí

4.1m míreanna comhfhreagrais gníomhaithe

1.9m Glaoch fóin freagartha

77,800 cuairt ar oifigí poiblí go pearsanta



For-rochtain Duine le Duine

2,175 coinne curtha ar fáil

Freastalaíodh ar 90 imeacht náisiúnta

50 seisiún eolais óstáilte

Ag Tacú le Gnó agus Trádáil Dlisteanach



Fostóirí

6.6m tíolacthaí párolla rathúla
€146.2bn i bpá agus pinsin chomhlána tuairiscithe

€31.6bn cáin ioncaim agus MSU íoctha trí thuairisciú párolla na gCoimisinéirí Ioncaim



Trádálaithe Custam

60.5m dearbhú custam próiseáilte

399,788 gluaiseacht lasta ón mBreatain Mhór, ar tugadh an bealach glas do 90% díobh

10,153 uimhir EORI nua eisithe

Soláthar Seirbhísí

Is é ár gcroí-thasc ná na cánacha agus dleachtanna atá dlite don Stát a bhailiú go cothrom agus go héifeachtach. Cuid lárnach dár rath maidir leis sin is ea ár seirbhís lúfar agus sofhreagrach maidir le samhail seachadta comhlíontachta.

Tá an tsamhail seachadta seo bunaithe ar riachtanais athraitheacha na gcáiníocóirí agus a ngníomhairí cánach, agus ar na timpeallachtaí eacnamaíocha agus gnó ina n-oibríonn siad atá ag athrú go leanúnach. Dá bhrí sin, agus i gcomhréir leis an ‘Straitéis um Chlaohlú na Seirbhíse Poiblí 2030’, tá ár múnla gnó digiteach go príomha’. Ciallaíonn sé sin go dtabharfaimid tús áite dár gcainéil féinseirbhíse ar líne agus leictreonacha mar bhealach chun tacú le comhlíontacht shaorálach agus é a éascú.

Aithníonn an cur chuige seo ionchais agus roghanna athraitheacha cáiníocóirí agus gníomhairí maidir leis an gcumas a gcuid cúrsaí cánach féin, nó cúrsaí cánach a gcliant, a bhféinbhainistiú ag am a roghnaíonn siad féin. Déanaimid leas a bhaint as na buntáistí a bhaineann le teicneolaíocht agus léargas sonraí chun feabhas leanúnach a chur ar na seirbhísí a chuirimid ar fáil, ar fud raon ardán, d’fhonn eispéireas cáiníocóirí a fheabhsú agus costais chomhlíontachta a laghdú do cháiníocóirí.

Tuigimid fós, áfach, go bhfuil daoine ann a dteastaíonn seirbhís níos traidisiúnta uathu. Leanaimid orainn ag éascú dóibh siúd nach bhféadfadh rochtain a bheith acu, ar chúiseanna éagsúla, ar ár seirbhísí ar líne, agus soláthraímid bealaí seachadta malartacha chun freastal ar a gcuid riachtanas. Áirítear leis seo raon seirbhísí teileafóin agus coinní, chomh maith le glacadh le fiosruithe agus iad a fhreagairt tríd an bpost caighdeánach.

Féinseirbhís Fíor-Ama a Chumasú

Tá ár ndearadh seirbhíse dírithe ar shraith seirbhísí ar líne atá éasca le húsáid a sholáthar a uasmhéadaíonn uathoibriú próisis, nuair is cuí, agus a ligeann do cháiníocóirí agus do ghníomhairí cánach féinfhreastal a dhéanamh a mhéid is féidir.

Tá ár seirbhísí ar líne, mar shampla, moChúrsaí, ROS agus na Córais Iompórtála agus Easpórtála Uathoibríocha Custam (CIU/AES), ar fáil 24 uair sa lá, 7 lá sa tseachtain. Is iad na bealaí seo na bealaí is tapúla, is éasca agus is áisiúla do cháiníocóirí, do ghnóthaí, do ghníomhairí agus do thrádálaithe gnó a dhéanamh linn. I bhformhór na gcásanna, beidh sé indéanta an t-idirbheart ábhartha a chur i gcrích láithreach, gan aon ghá le tuilleadh teagmhála linn.

Le linn 2024, bhí 25.4 milliún logáil isteach inár gcóras moChúrsaí, agus próiseáladh níos mó ná 1.4 milliún tuairisceán cánach ioncaim ÍMAT 2023 i rith na bliana. Ó na tuairisceáin seo, aisíocadh €725 milliún isteach i gcuntais bhainc na gcáiníocóirí, agus próiseáladh 97% d’aisíocaíochtaí laistigh de chúig lá oibre.

Gné-alt - Athbhreithnithe ar Phróiseas Gníomhaire ÍMAT A2

Féadfaidh cáiníocóirí ÍMAT a roghnú gníomhaire nó seirbhís ullmhúcháin cánach a úsáid chun cabhrú leo athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid Réamhráiteas Deireadh Bliana nó tuairisceán a thíolacadh. Sa chás go roghnaíonn cáiníocóir ÍMAT gníomhaire a cheapadh, beidh rochtain ag an ngníomhaire sin ar thaifead na gCoimisinéirí Ioncaim an cháiníocóra, lena n-áirítear a Réamhráiteas Deireadh Bliana agus a dtuairisceán cánach ioncaim réamhlíonta.

Roimhe seo, d’fhéadfadh cáiníocóirí Foirm Údaraithe ÍMAT A2 a chomhlánú, a thug údarú do ghníomhairí aisíocaíochtaí nó aisíocaíochtaí cánach ioncaim nó MSU a fháil ina gcuntas bainc, thar ceann cliant. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar phróiseas A2 agus ar na treocheaí sa tíolacadh ó tugadh isteach Nua-Aoisíú ÍMAT, chinn na Coimisinéirí Ioncaim go dtarraingeofaí siar an áis A2 d’aon chliant nua a chláraíonn le gníomhaire le héifeacht ón 1 Eanáir 2025. I gcás cliant reatha a raibh gníomhaire fostaithe acu cheana féin roimh an dáta seo, tharraingfí siar an áis le héifeacht ón 31 Nollaig

2025.

Ciallaíonn sé seo, le héifeacht ón dáta ábhartha, sa chás go bhfuil aisíocaíocht nó aisíocaíocht cánach ioncaim nó MSU dlite do cháiníocóir, go n-íocfar é go díreach leis an gcáiníocóir. Ní dhéanann sé seo difríocht do chumas cáiníocóra gníomhaire a cheapadh chun cabhrú leo a gcuid cúrsaí cánach a bhainistiú, ná ní chuireann sé cosc ar ghníomhaire rochtain a fháil ar thaifead na gCoimisinéirí loncaim a gcliaint nó seirbhísí a sholáthar ina leith.

Rinneadh an t-athrú seo ar mhaithe le leas na gcáiníocóirí toisc:

- go ndéanfaidh sé na rioscaí go ndéanfar athruithe neamhúdaraith ar shonraí bainc an cháiníocóra ar thaifead na gCoimisinéirí loncaim a mhaolú,
- go ndéanfaidh sé laghdú ar an gcás ina gcuireann gníomhairí tuairisceáin isteach ach do na blianta cánach sin a dtagann aisíocaíocht chun cinn ina leith (sa chás go bhfuil tuairisceáin chánach ioncaim gan íoc le blianta éagsúla, agus go n-eascraíonn tearcíocaíocht i gcuid de na blianta sin), agus
- cuirfidh sé deireadh le gearáin a dhéantar leis na Coimisinéirí loncaim nach bhfuil gníomhairí ag cur aisíocaíochtaí ar aghaidh chuig a gcliaint.

Ciallaíonn an t-athrú seo freisin nach dtiocfaidh cásanna chun cinn ina gcoinníonn gníomhairí aisíocaíochtaí toisc nach raibh siad in ann teagmháil a dhéanamh lena gcliaint. Cuireann sé deireadh le haon mhíthuiscint a d'fhéadfadh a bheith ann go bhfuil ról ag na Coimisinéirí loncaim maidir le táillí gníomhaire cánach a íoc.

Aithnímid an rannchuidiú luachmhar a dhéanann gníomhairí cánach chun cabhrú lena gcliaint a n-oibleagáidí cánach agus dleachta a chomhlíonadh go saorálach. Mar a luadh cheana, ní cuirfidh tarraingt siar an phróisis A2 cosc ar cháiníocóirí ÍMAT gníomhaire a fhostú chun a dtuairisceáin ÍMAT a tíolacadh. Beidh gníomhairí ÍMAT in ann táille a ghearradh ar a gcliaint as a gcuid seirbhísí ar an mbealach céanna le gach gníomhaire eile, toisc nach bhfuil an próiseas A2 ar fáil do ghníomhairí a oibríonn faoi cheanteidil chánach eile.

Chun rannpháirtíocht le gníomhairí maidir leis an athrú seo a éascú, bunaíodh grúpa oibre le hionadaithe ó na mórgníomhairí ÍMAT in 2024. Is é fócas an ghrúpa seo cur isteach ar cháiníocóirí agus ar ghníomhairí agus iad ag cur na n-athruithe seo i bhfeidhm a laghdú, agus cuireann an fóram ardán ar fáil chun dul i ngleic le gníomhairí ar chúinsí praiticiúla an chéanna.

Agus a dtaifid chliaint á nuashonrú acu, ba chóir do ghníomhairí a chinntiú go bhfuil sonraí a chuntas bainc a gcliant ceart. Féadann cáiníocóirí an cuntas bainc atá cláraithe ar a dtaifead leis na Coimisinéirí loncaim a sheiceáil freisin agus aon leasuithe riachtanacha a dhéanamh air trí moChúrsaí, nó nuair a chomhlánaíonn siad tuairisceán cánach ioncaim ÍMAT.

Tá rannpháirtíocht dhearfach ó ghníomhairí rithábhachtach chun a chinntiú go gcuirtear na hathruithe seo i bhfeidhm go rathúil, agus cuirimid fáilte roimh ionchur atá faighte againn ó ghníomhairí ar an ábhar seo go dtí seo. Leanfaimid orainn ag obair go dlúth le gníomhairí ar an athrú seo, agus déanfaidh muid monatóireachta ar an scéal i bhfíor-am, lena chinntiú go leanfaidh an tionscnamh seo chun tairbhe cáiníocóirí..

Próiseáladh iomlán de 4.3 milliún tuairisceán leictreonach, ar fud na n-ardán go léir, le linn 2024. De bhun na dtuairisceán seo, rinneadh 13.8 milliún íocaíocht leictreonach leis na Coimisinéirí loncaim ar luach €136.4 billiún, agus d'eisigh na Coimisinéirí loncaim 2.1 milliún aisíocaíocht leictreonach do cháiníocóirí ar luach €13 billiún, .

Cláraíodh 4.4 milliún fostaíocht ÍMAT in 2024, agus rinneadh níos mó ná 6.6 milliún tíolacadh párolla rathúil i rith na bliana. Tuairiscíodh pá comhlán agus pinsin de €146.2 billiún trí na tíolacthaí seo, agus íocadh cáin ioncaim agus MSU de €31.6 billiún san iomlán trí thuairisciú párolla na gCoimisinéirí loncaim. Ina theannta sin, rinneadh 1.4 milliún tíolacadh faoi Riachtanais Tuairiscithe Feabhsaithe, a chlúdaíonn os cionn 12 mhilliún íocaíocht ar luach €1.6 billiún.

Ó thaobh an chustaim de, rinneamar 60.5 milliún dearbhú custaim a phróiseáil, méadú 6.3 milliún (12%) ó 2023. Áirítear leis seo dearbhuithe iompórtála, easpórtála agus idirthurais. Dhéileáil ár CIU le os cionn 83 milliún teachtaireacht in 2024, le buaic de 521,000 teachtaireacht in aon lá amháin ar an 6 Nollaig, agus láimhseáil ár AES beagnach 5 mhilliún teachtaireacht (gan teachtaireachtaí idir-Bhallstáit san áireamh) le buaic de 471,000 i mí na

Samhna. Dhéileáil ár seirbhís fíoraithe scaoilte easpórtála le beagnach 5 mhilliún iarratas freisin, le buaic de bheagnach 570,000 i mí na Bealtaine.

Déanaimid ár ndícheall ár dtairiscint seirbhíse a fheabhsú go leanúnach, d'fhonn tacú leis an gcultúr ard-chomhlíontacht cánach saorálaí atá le feiceáil inár sochaí. Táimid fós tiomanta do leas a bhaint as dul chun cinn teicneolaíochta chun feabhas a chur ar roghanna féinseirbhíse nuair is féidir. Agus seirbhísí nua á ndearadh, glacaimid le cur chuige 'dírithe ar chustaiméirí', d'fhonn comhlíontacht shaorálach a fheabhsú tuilleadh.

Ar an 1 Eanáir 2024, sheolamar tairseach nua ar líne don Chlár Faoisimh do Shannaí Speisialta (SARP). Leis an tairseach eSARP seo, féadann fostóirí Foirm SARP 1A agus Tuairisceáin Fostóra SARP a thíolacadh ar líne. Déanann sraith gnéithe atá éasca le húsáid laistigh den tairseach an próiseas comhlánaithe foirme agus iarratais a shimpliú mar seo a leanas:

- déanann 'leideanna uirlise' atá san áireamh ar fud na tairsí téarmaí reachtacha agus teicniúla d'fhostóirí a mhíniú,
- féadtar foirmeacha comhlánaithe go páirteach a shábháil sula dtíolactar iad,
- Déantar Tuairisceáin Fostóra SARP a réamhlíonadh bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil dúinn, agus
- féadtar breathnú ar stádas iarratais bheo Fhoirm SARP 1As ar ROS.

Laghdaíonn seoladh na tairsí eSARP go suntasach an t-am a thógann sé ar fhostóirí Tuairisceáin Fostóra SARP a chomhlánú, agus na hamanna próiseála d'iarratais SARP 1A. Méadaíonn na huirlisí bainistíochta ionsuite laistigh de eSARP cruinneas na faisnéise atá i dTuairisceáin Fostóra SARP, rud a thugann gealltanas dúinn maidir le SARP a bhainistiú.

D'éascaigh athruithe a cuireadh i bhfeidhm faoin Acht Airgeadais 2022 ár gcuspóir nua-aoisiú a dhéanamh ar an bpróiseas reatha trína n-íocann Tiarnaí Talún Neamhchónaitheacha (TTN) cáin sa Stát ar a n-ioncam cíosa in Éirinn, ag tabhairt isteach meicníocht fíor-ama chun an cháin ábhartha atá dlite ó íocaíochtaí cíosa a rinneadh le TTN a choinneáil siar.

In 2023 sheolamar an tairseach um Cháin Shiarchoinneálach ar Thiarnaí Talún Neamhchónaitheacha (NLWT), rud a chuireann ar chumas tionóntaí agus gníomhairí bailiúcháin fógra leictreonach cíosa a dhéanamh agus cáin dlite a loghadh, agus íocaíochtaí á ndéanamh acu le TTN. Le linn 2024 d'éascaigh muid socruithe tíolactha idirthréimhseacha, ag leanúint ar aghaidh ag tacú le tionóntaí, gníomhairí bailiúcháin agus tiarnaí talún agus iad ag bogadh ón gcóras páipéarbhunaithe go dtí an córas NLWT ar líne.

Chabhraigh muid freisin le tionóntaí agus gníomhairí bailiúcháin bogadh ó mhodhanna íocaíochta seic agus EFT go híocaíochtaí ar líne, lena n-áirítear íocaíochtaí dochair dhíreach athfhillteacha a chur ar bun. D'úsáid muid an fhaisnéis seo chun tuairisceáin chánach ioncaim TTN a réamhlíonadh le sonraí cánach a coinníodh siar agus a aisíocadh cheana féin, ag a dtionóntaí agus a ngníomhairí bailiúcháin, ag éascú an phróisis tíolactha do TTN.

Sna hocht mí dhéag tar éis seoladh an chórais NLWT, fuarthas os cionn 108,000 fógra cíosa, agus aisíocadh cáin shiarchoinneálach de €45 milliún i leith íocaíochtaí cíosa comhlána arbh ionann é agus €225 milliún. Líonadh thart ar 6,550 tuairisceán TTN leis na sonraí fógra cíosa seo.

Le linn 2024, rinneamar an fhaisnéis seo a leanas a réamhlíonadh ar Thuairisceáin Chánach Ioncaim féinmheasúnaithe:

- íocaíochtaí déanta ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara,
- tionóntachtaí cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe,

- méideanna a íocadh faoin scéim um Íocaíochtaí Cúnamh Tithíochta, agus
- sonraí maidir le fógra íocaíochta don r-Cháin Iarchoimeádta ar Sheirbhísí Gairmiúla.

Leanamar orainn ag bainistiú an Chláir Lárnaigh um Úinéireacht Thairbhiúil Iontaobhas, rud a chabhraíonn le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc trí thrédhearcacht a fheabhsú maidir leo iontabhais Éireannacha agus cé a rialaíonn iad. Ní mór d'úinéirí tairbhiúla iontabhais a bheith cláraithe laistigh de shé mhí ó bhunú iontabhais.

Ba é líon na n-iontabhais a cláraíodh faoin 31 Nollaig 2024 ná 13,382, le 79,772 úinéir tairbhiúil cláraithe. Méadú 21% agus 59%, faoi seach, ar na huimhreacha a cláraíodh ag deireadh 2023.

Lean ár n-áis um Shocraíocht Tráthíocaíochtaí ar líne 24/7 ag soláthar seirbhísí riachtanacha chun tacú leo siúd a bhfuil deacrachtaí acu freastal ar a ndliteanais chánach leanúnacha i rith 2024. Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí iomlán de 21,797 Socraíocht Tráthíocaíochtaí á bainistiú go gníomhach trínár gCóras Sheirbhís Bainistithe Fiachais (DMS).

Cuireann an áis féinseirbhíse seo faisnéis cothrom le dáta ar fáil do cháiníocóirí faoina ndliteanais agus a dtuairisceáin gan íoc, agus treoraíonn sí iad tríd an bpróiseas chun iarratas a dhéanamh ar PPA agus é a fháil. Ina theannta sin, tugaimid solúbthacht shuntasach do cháiníocóirí leas a bhaint as sosanna íocaíochta agus iarchur íocaíochta má thagann deacrachtaí sealadacha sreafa airgid chun cinn le linn théarma PPA. Féadann cáiníocóirí ár n-áis PPA ar líne a úsáid chun féinbhainistiú a dhéanamh ar aon choigeartuithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uathu chun a dtéarmaí íocaíochta a dhéanamh.

Ó thaobh an chustaim de, chuireamar Céim 5 den Córas Nua Ríomhairithe um Idirthuras i bhfeidhm do gach idirthuras isteach agus amach, agus chuireamar tacaíocht ar fáil d'iompróirí agus do thithe bogearraí TF araon chun dearbhuithe sábháilteachta agus slándála a chur isteach i gComhéadan Comhroinnte Trádálaí an AE do thrácht muirí. Chuireamar feabhsuithe teicniúla suntasacha i bhfeidhm freisin ar ár CIU.

Treoir Lá agus Oíche a Chur ar Fáil

Déanann muid anailís mhionsonraithe ar theagmhálacha cáiníocóra ar bhonn leanúnach chun réimsí a aithint ina bhféadfadh deacrachtaí a bheith ag cáiníocóirí a gcuid oibleagáidí cánach agus custam a chomhlíonadh agus déanaimid beart chun cabhrú leo go réamhghníomhach. Áirítear leis seo treoir agus tacaíocht shaincheaptha a sholáthar a thugann aghaidh ar riachtanais éagsúla daoine aonair, gnóthaí agus MNE.

Leagtar amach inár Lámhleabhair Chánach agus Dleachta (TDM) na rialacha, na treoirlínte agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir le raon leathan cúrsaí cánach. Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí 1,291 TDM foilsithe againn. Tá roinnt de na nuashonraithe TDM a eisíodh le linn 2024 leagtha amach thíos.

- Foilsiú TDM nua, Cuid 05-01-30, ina leagtar amach na himpleachtaí a bhaineann le stádas fostaíochta a chinneadh chun críocha cánachais, a eascraíonn as Breithiúnas na Cúirte Uachtaraí i gcás Karshan. Míníonn an TDM seo gach ceann de na céimeanna atá i gceist leis an gcreat cinnteoireachta, agus tá roinnt samplaí praiticiúla ann a chabhróidh le gnóthaí a chinneadh céard a chiallaíonn an Breithiúnas Cúirte Uachtaraí seo maidir le cánachas a ghearradh ar oibrithe a fhostaíonn siad.
- Foilsiú treoir nua maidir le cur i bhfeidhm an Ordaithe um Aisíocaíocht CBL d'fheirmeoirí ar ráta comhréidh. Leagtar amach sa treoir an cineál caiteachais ar féidir CBL a aiséileamh air, agus an chaoi go bhféadtar éilimh den chineál sin a dhéanamh. Agus an treoir seo á fhorbairt againn, chuamar i dteagmháil go forleathan leis an earnáil feirmeoireachta agus le comhlachtaí ionadaíocha ábhartha.

- Foilsiú dhá TDM nua, Cuid 04A-01-01 agus Cuid 04A-01-02, maidir le hoibriú na reachtaíochta príomhúla chun Treoir Cánach Íosta an AE a chur chun feidhme, a bhí múnlaith go dlúth ar rialacha samhail ECFE Cholún a Dó i gcoinne Chreimeadh an Bhoinn (GLOBE). Mar chuid den obair seo, chomhoibrigh muid le príomhpháirtithe leasmhara d'fhonn treoir shoiléir agus chuimsitheach a sholáthar maidir leis an gcaoi a n-oibríonn na rialacha nua.
- Sa réimse CBL, d'fhoilsíomar agus rinneamar raon teoracha a nuashonrú ina leagtar amach an chaoi a gcaitear le CBL ar idirbhearta scaireanna agus ardáin trádála, seirbhísí tógála, daingneáin agus feistis agus seirbhísí idirbheartaíochta. Ina theannta sin, rinneamar nuashonrú ar roinnt TDM atá ann cheana chun tuilleadh soiléireachta a chur ar fáil maidir leis an gcaoi a gcaitear le CBL d'idirbhearta agus do ghnóthaí áirithe, lena n-áirítear táillí stocmhalartáin, fachtóireacht agus lascainiú sonraisc, seirbhísí aturnaetha, coigeartuithe a theastaíonn le haghaidh comaoine neamhíochta, agus na rialacha aisghabhála CBL do mhótarfheithiclí.

Foilsítear TDM nua agus nuashonraithe ar ár suíomh idirlín ag an am céanna agus iad á bhfoilsiú dár bhfoireann, ag cinntiú go bhfuil rochtain ag ár ndaoine, ár gcáiníocóirí agus ár gcleachtóirí cánach ar an bhfaisnéis agus ar an treoir chéanna ag an am céanna. Eisítear fógra eBrief trí ríomhphost nuair a fhoilsítear TDM nua nó nuair a dhéantar TDM atá ann cheana a nuashonrú. Foilsíodh 339 fógra eBrief le linn 2024. Féadann aon chleachtóir nó duine den phobal cláraigh dár seirbhís foláirimh eBrief, agus amhail an 31 Nollaig 2024, bhí beagnach 10,000 síntiúsóir don tseirbhís foláirimh.

Cuirimid treoir agus faisnéis ar fáil faoinár seirbhísí ar ár suíomh idirlín, www.revenue.ie. Agus é seo á dhéanamh, leagann muid amach céard is féidir a bheith ina rialacha cánach casta ar bhealach chomh simplí agus is féidir. Déanaimid ár ndícheall ábhar a chur in oiriúint chun freastal ar riachtanais éagsúla úsáideoirí ár suíomh idirlín.

Leanann muid freisin ag tabhairt tosaíochta d'inrochtaineacht ár suíomh idirlín don lucht féachana is leithne is féidir, beag beann ar theicneolaíocht nó ar chumas an úsáideora ar leith. Cinntímid go bhfuil an t-ábhar ar ár suíomh idirlín ábhartha, reatha agus cruinn tríd an ábhar a nuashonrú go leanúnach agus trí aiseolas ónár suíomh idirlín a athbhreithniú go cúramach.

Déanfaimid feabhsuithe leanúnacha ar ár suíomh idirlín nuair is gá, agus déanfaidh muid an bealach inar féidir le húsáideoirí ábhar a aimsiú a fheabhsú go leanúnach. Mar shampla, i rith 2024 rinneamar athdhearadh agus athstruchtúrú cuimsitheach ar rannóg staitisticí agus taighde an tsuímh idirlín chun a inúsáidteacht a fheabhsú.

Chomh maith leis sin, chuireamar roinnt athruithe i bhfeidhm ar an suíomh idirlín, i gcomhairle leis an Údarás Náisiúnta Míchumais, chun inrochtaineacht agus inléiteacht a fheabhsú. Cuireann ár nOifigigh Rochtana cúnamh breise ar fáil do cháiníocóirí atá faoi mhíchumas nó a dteastaíonn cúnamh breise uathu chun rochtain a fháil ar ár seirbhísí nó iad a úsáid. Feidhmíonn na hoifigigh seo mar phointe teagmhála laistigh dár bpríomhrannóga, agus cabhraíonn siad le cáiníocóirí trí sheirbhísí a shocrú amail coinní, aistriúcháin teanga chomharthaíochta, agus doiciméid a chur ar fáil i mbraille, i gcló mór nó i bhformáid fuaime.

Tá ár nAonad Polasaí Gaeilge (Rannóg na Gaeilge) lonnaithe i Geata na Cathrach, Gaillimh, agus cuireann sé seirbhís chuimsitheach aistriúcháin ar fáil, rud a chinntíonn go bhfuil treoir agus ábhar a fhoilsítear ar ár suíomh idirlín ar fáil i nGaeilge. Le linn 2024, d'aistrigh an fhoireann níos mó ná milliún focal.

Comhlíontacht Shaorálach a Spreagadh trí Fheasacht

Táimid tiomanta i gcónaí do thacaíocht a thabhairt do chultúr ard-chomhlíontachta saorálaí. Cuireann muid seirbhísí agus treoir ar fáil a fhágann go bhfuil sé chomh héasca agus is féidir do

cháiníocóirí a n-oibleagáidí cánach a thuiscint agus a chomhlíonadh. Áirítear leis seo faisnéis cothrom le dáta a chur ar fáil maidir le hathruithe agus forbairtí i rialacha cánach, tuairisceáin a líonadh roimh ré leis an bhfaisnéis go léir atá ar fáil dúinn, agus raon feachtais feasachta agus faisnéise poiblí a óstáil.

In 2024, leanamar lenár gclár for-rochtana cuimsitheach, atá dírithe ar fheasacht chánach a ardú agus cáiníocóirí a mhealladh, trí fhreastal ar imeachtaí náisiúnta agus áitiúla, cuairteanna scoile agus seimineáir ghréasáin. Cuireann na tionscnaimh seo deiseanna den scoth ar fáil chun rannpháirtíocht dhíreach agus idirghníomhú le raon éagsúil cáiníocóirí agus páirtithe leasmhara, ar ábhair éagsúla.

I measc na n-imeachtaí náisiúnta a freastalaíodh orthu in 2024 bhí:

- An Taispeántas Ideal Homes i mBaile Átha Cliath
- An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i gCo. Laoise
- An tAonach Pregnancy and Baby i mBaile Átha Cliath,
- Léiriú Samhraidh Chorcaí,
- The 50 Plus Show i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath, i Luimneach agus i nGaillimh, agus
- The Property Show i mBaile Átha Cliath.

D'óstáil muid roinnt tionscnamh inmheánach freisin, dírithe ar ghrúpaí cáiníocóirí ar leith. Tionscnamh amháin den chineál sin a ostáladh ná an tsraith imeachtaí 'Os Cionn 65: Gach rud is gá a bheith ar eolas agat faoi chárán'. Reáchtáladh na himeachtaí seo i mBaile Átha Cliath, i nDún Dealgan, agus i nDún na nGall, agus chuir siad leis an rath a bhí ar an tionscnamh 'Seachtain na hAoise' a sheolamar in 2023.

Chlúdaigh an fhaisnéis a cuireadh ar fáil le linn na n-imeachtaí seo cúrsaí cánach a bhain le himeachtaí éagsúla saoil. Bhí an clár oibre á chur chun cinn agus á roghnú bunaithe ar ár n-anailís ar cheisteanna coitianta a fhaighimid ón gcóhort cáiníocóirí seo. Bhí cur i láthair sna himeachtaí ar ábhair amhail féinmheasúnú, CFC agus CMÁ. D'fhreastail gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile, amhail an Roinn Coimirce Sóisialaí, Dlí-Chumann na hÉireann, agus an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, ar na himeachtaí agus chuireadar cur i láthair ar fáil freisin ar 'Pinsin Stáit agus Cúramóirí' agus 'Uacht a Dhéanamh'.

Chuir ateangairí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann le linn imeachtaí 2024 tuilleadh le cuimsitheacht agus inrochtaineacht na n-imeachtaí sin. Ghlac os cionn 450 cáiníocóir páirt sa tionscnamh. Bhí an t-aiseolas thar a bheith dearfach agus tá pleananna ar bun chun an raon imeachtaí atá beartaithe do 2025 a leathnú tuilleadh

Gné-Alt - Imeachtaí For-Rochtana Scoile

T uigimid an tábhacht a bhaineann le hoideachas a chur ar dhaoine óga faoi na príomhchánacha a d'fhéadfadh a bheith acu le linn a saoil phearsanta agus ghairmiúil. Is é an sprioc atá againn ná cur ar chumas daoine óga a chun a gcuid cúrsaí cánach féin a bhainistiú go héifeachtach.

In 2023, dhear muid acmhainn oideachais chánach saincheaptha do mhic léinn na hIdirbhliana agus bhíomar ag obair le príomhpháirtithe leasmhara san earnáil oideachais chun feachtas a chur chun cinn ar an modúl agus ar na hacmhainní atá ar fáil. Déanann muid an t-ábhar seo a nuashonrú go rialta chun athruithe sa chóid cánach a léiriú. Tá beagnach 1,000 múinteoir agus oideachasóir liostáilte chun an t-eolas is déanaí a fháil ar ár n-acmhainní oideachais chánach.

Chuireamar infhaighteacht Mhodúl na hIdirbhliana chun cinn trí imeachtaí éagsúla litearthachta airgeadais agus oideachais, lena n-áirítear:

- an tSeachtain Airgid Domhanda bliantúil faoi stiúir ECFE, feachtas feasachta airgeadais domhanda do leanaí agus do dhaoine óga, agus
- Seachtain na Matamaitice Éireann, tionscnamh uile-oileáin a chuireann dearcadh dearfach i leith na matamaitice chun cinn, agus a leagann béim ar thábhacht a bhaineann léi inár saol.

Labhair muid le múinteoirí agus le hoideachasóirí faoi na hacmhainní atá ar fáil agus muid ag freastal ar Chomhdháil Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí Boird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann, Comhdháil Institiúid na dTreoirchomhairleoirí, agus Comhdhálacha Chumann Múinteoirí Matamaitice agus Staidéar Gnó na hÉireann.

Le linn 2024, leanamar orainn ag leathnú ár raon clár for-rochtana scoile. Thug ionadaithe cuairt ar mheascán de scoileanna DEIS, pobail agus príobháideacha, institiúidí Comhoideachais, agus Gaelscoileanna ar fud na tíre.

Dhírigh na himeachtaí a reáchtáladh mar chuid den chlár seo ar riachtanais daoine óga, agus thug siad an t-eolas agus na huirlisí a theastaíonn chun tuiscint a fháil ar an gcóras cánach. I measc na n-ábhar a clúdaíodh bhí clárú le haghaidh moChúrsaí, tuiscint a fháil ar duillíní pá, agus cáin éigeandála a sheachaint. Píolótaithe ar dtús in 2023, leathnaigh an tionscnamh seo go dtí beagnach 100 institiúid ar fud na tíre, ag sroicheadh níos mó ná 10,000 mac léinn, le linn 2024.

Ghlacamar páirt freisin i gclár 'Think Twice' de chuid an Chumainn um Rochtain ar Ardoideachas agus Míchumas, a bhfuil sé mar aidhm acu daoine óga a ullmhú do shaol na hoibre. Le linn na himeachta seo, chabhraigh ár n-ionadaithe le céimithe a bhealach a dhéanamh timpeall ar ár seirbhís moChúrsaí agus chuir siad faisnéis ar fáil faoi chreidmheasanna cánach agus faoisimh atá ar fáil.

Le linn 2024, chuireamar tacaíocht rithábhachtach ar fáil don Roinn Airgeadais chun a 'Straitéis Náisiúnta Litearthachta



Foireann na gCoimisinéirí Ioncaim ag freastal ar imeacht for-rochtana scoile

Airgeadais 2025' a fhorbairt. Ghlacamar páirt i nGrúpa Tionscadail an Choimisiúin Eorpaigh um Oideachas Cánach (DG TAXUD), agus muid mar bhall den choiste stiúrtha. Tá sé mar aidhm ag an DG TAXUD oideachas a chur ar shaoránaigh óga na hEorpa maidir leis na bealaí a mbíonn tionchar ag cáin ar a saol, agus faoin gcaoi ar féidir le tionscnaimh chánachais ghlaais ról gníomhach agus dearfach a imirt maidir le tacú le beartais náisiúnta agus beartais aeráide agus fuinnimh an Aontais.

Leanfaidh muid orainn in 2025 ag nuashonrú agus ag leathnú an raon acmhainní cánach oideachais atá ar fáil ar ár suíomh idirlín. Chomh maith leis sin, méadóimid líon na gcuartheanna scoile a dhéanaimid, le fócas ar scoileanna DEIS agus ar imeachtaí for-rochtana atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais ghrúpaí imeallacha agus faoi mhíbhuntáiste. Mar chuid den chlár for-rochtana seo, leanfaimid orainn deiseanna gairme atá ar fáil laistigh dár n-eagraíocht a chur chun cinn.

Féadtar teacht ar an raon iomlán acmhainní cánach oideachais a chuireann muid ar fáil ag www.revenue.ie/taxeducation. Féadann múinteoirí agus oideachasóirí an chuid seo dár suíomh idirlín a úsáid freisin chun liostáil lenár nuachtlitir ráithiúil agus nuashonruithe ar ár n-acmhainní oideachais, agus féadtar foirm fiosrúcháin a chur isteach maidir le cuairt scoile

Chomh maith le himeachtaí for-rochtana, d'óstáil muid roinnt seimineár gréasáin faisnéise saor in aisce ar ábhair éagsúla. Cabhraíonn na seimineáir ghréasáin seo le páirtithe leasmhara oibleagáidí cánach faoi cheannteidl chánach éagsúla a thuiscint, agus cuireann siad daoine ar an eolas maidir le roinnt de na faoisimh agus na tacaíochtaí atá ar fáil do cháiníocóirí agus dá ngníomhairí cánach. Tá sonraí cuid de na seimineáir ghréasáin seo leagtha amach thíos.

- Scéim Cabhair le Ceannach (CLC) – D'fhoill rannpháirtíocht sa phróiseas éilimh CLC a éascú, d'óstáil muid roinnt seimineár gréasáin dírithe ar chonraitheoirí móra tógála agus ar Údaráis Áitiúla. D'fhreastail os cionn 250 aonán ar na seimineáir ghréasáin seo. Bhain na cainteanna le linn na seimineár gréasáin le nithe cosúil le luachálacha maoine, cóimheasa idir iasacht agus luach, agus ról an chonraitheora i bhfíorú díolachán maoine.
- Riachtanais Tuairiscithe Feabhsaithe (ERR) - Sa tréimhse tosaigh tar éis chur i bhfeidhm ERR, d'óstáil muid beagnach 40 seisiún faisnéise le níos mó ná 25,000 fostóir agus gníomhaire ag freastal orthu, chun cabhair agus tacaíocht a sholáthar dóibh chun na riachtanais tuairiscithe nua a chomhlíonadh. Bhí comhoibriú leanúnach le páirtithe leasmhara ina thosaíocht mhór dúinn i rith na tréimhse seo, agus bhí comhoibriú agus ionchur fostóirí agus gníomhairí le linn an phróisis bhainistíochta athraithe ríthábhachtach chun é a chur i bhfeidhm.
- Scéim Stórasaithe Fiachais (SSF) - Roimh an spriocdháta 1 Bealtaine 2024 faoin SSF, rinneadh for-rochtain shuntasach chun gnóthaí agus a ngníomhairí a spreagadh chun dul i dteagmháil linn maidir le pleananna chun a bhfiachas stórasaithe a aisíoc. Áiríodh leis an bhfor-rochtain seo raon seimineár gréasáin agus podchraoltaí, a sheachadadh i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí ionadaíocha tionscail agus gairme, agus mhéadaigh siad ar an bhfeasacht ar an raon iomlán roghanna íocaíochta agus solúbthachtaí atá ar fáil, agus ar na riachtanais chun leas a bhaint astu.

Gné thábhachtach dár seirbhís chun tacú le comhlíonadh shaorálach is ea faisnéis thráthúil agus nuashonruithe a sholáthar maidir le hoibleagáidí cánach agus an raon seirbhísí a chuirimid ar fáil chun cabhrú le cáiníocóirí iad a chomhlíonadh.

I rith 2024, reáchtáladar roinnt feachtas faisnéise agus feasachta, a chlúdaigh topaicí amhail an spriocdháta féinmheasúnaithe cánach ioncaim íoca agus tíolactha, agus oibleagáidí maidir le cáin ar thithe folmha agus CMÁ. Bhain na feachtais seo úsáid as raon cainéil mheán, lena n-áirítear raidió agus na meáin shóisialta.

Gné-alt – Feachtas Faisnéise moChúrsaí

Is pointe rochtana aonair é moChúrsaí dár sheirbhísí slán ar líne do cháiniócoirí atá ag fáil ioncaim atá faoi réir cánach faoin gcóras ÍMAT. Tá an tseirbhís tapa, éasca agus saor in aisce le húsáid, agus ar fáil 24 uair sa lá, 7 lá na seachtaine. Déanann sé sin éasca é do cháiniócoirí ÍMAT a gcúrsaí cánach féin a bhainistiú ag am a oireann dóibh.

Ag deireadh gach bliana cánach, cuirtear Réamhráiteas Deireadh Bliana (RRDB) ar fáil d'fhostaithe ÍMAT trí moChúrsaí. Gintear an ráiteas seo bunaithe ar an bhfaisnéis go léir atá ar fáil dúinn, agus tugann sé réamhríomh ar cháin ioncaim agus dliteanais MSU an cháiniócóra don bhliain. Léireoidh sé an bhfuil an staid chánach shealadach don bhliain cothromaithe, gearríochotha nó ró-íochta.

Féadann cáiniócoirí ÍMAT tuairisceán cánach ioncaim a chur isteach ansin lena chinntiú go bhfuil aon aisíocaíocht chánach atá dlite dóibh éilithe acu. Má tá airgead dlite againn do cháiniócoir, go hiondúil gheobhaidh siad a n-aisíocaíocht laistigh de laethanta. Má tá airgead dlite ag cáiniócoir ÍMAT dúinn, oibreoimid leo chun teacht ar rogha íocaíochta oiriúnach. I bhformhór na gcásanna, baileofar aon ghearríocaíocht trí chreidmheasanna cánach an cháiniócóra amach anseo a laghdú thar thréimhse ceithre bliana.

Úsáideann muid an fhaisnéis go léir atá ar fáil dúinn chun tuairisceáin a réamhlíonadh. Dá bhrí sin, i gcás fhormhór mór na gcáiniócoirí ÍMAT, is próiseas simplí atá ann tuairisceán a thíolacadh, rud is féidir leo a dhéanamh iad féin. Níl ar cháiniócoirí ÍMAT ach athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá réamhlíonta ar a dtuairisceán ar mhaithe le hiomláine agus cruinneas, agus sonraí faoi aon chreidmheasanna nó faoisimh chánach breise atá siad i dteideal a fháil a chur leis, nó aon ioncam breise atá tuillte acu a dhearbhu.

I mí Eanáir 2024, in éineacht leis an Aire Airgeadais ag an am, Michael McGrath, sheolamar feachtas faisnéise poiblí chun cáiniócoirí ÍMAT a spreagadh chun an tseirbhís moChúrsaí a úsáid chun a staid chánach don bhliain roimhe sin a thabhairt chun críche. Leag an feachtas béim freisin ar an raon creidmheasanna agus faoisimh chánach atá ar fáil, agus chuir sé i gcuimhne do cháiniócoirí ÍMAT go bhfuil suas le ceithre bliana acu chun aon chreidmheasanna agus faoisimh chánach breise atá dlite dóibh do bhliain chánach a éileamh.

Bhain an feachtas faisnéise úsáid as cainéil chlóite, raidió agus meán sóisialta chun cumarsáid a dhéanamh le cáiniócoirí ÍMAT. Cuireann sé seo leis an bhfeachtas comhfhreagrais dhírigh atá ar siúl sa spás seo le roinnt blianta. Mar chuid den fheachtas comhfhreagrais seo, d'eisiomar os cionn 700,000 litir chuig cáiniócoirí ÍMAT ó thús 2022 (eisiódh 193,000 díobh in 2024), ag spreagadh iad chun ár seirbhís moChúrsaí a úsáid chun a staid chánach don bhliain ábhartha a thabhairt chun críche.

Chun cabhrú tuilleadh le cáiniócoirí ÍMAT a staid chánach a thabhairt chun críche, d'fhoilsíomar treoir céim ar chéim agus físeáin mhionsonraithe maidir le conas athbhreithniú a dhéanamh ar RRDB agus tuairisceán cánach ioncaim ÍMAT a



moChúrsaí

Tá sé tapa.

Tá sé éasca.

Agus tá sé saor in aisce.

sócmhainn feachtais moChúrsaí



Cáiniócoirí ÍMAT

An bhfuil athbhreithniú déanta agat ar do Réamhráiteas Deireadh Bliana?

Féadtar teacht ar do ráiteas féin go héasca trí logáil isteach ar moChúrsaí.

Féadtar a chinntiú ansin go bhfuil gach creidmheas cánach agus faoiseamh a bhfuil tú i dteideal a fháil á n-éileamh agat.

Ní mór duit insint dúinn freisin faoi aon ioncam a thuill tú lasmuigh den chóras ÍMAT.

moChúrsaí

Tá sé tapa. Tá sé éasca.
Agus tá sé saor in aisce

sócmhainn feachtais moChúrsaí

thíolacadh trí moChúrsaí.

Bhí tionchar dearfach ag an bhfeachtas ar leibhéil rannpháirtíochta cáiníocóirí, agus léiríonn sé toilteanas méadaithe i measc cáiníocóirí ÍMAT dul i dteagmháil go díreach linn lena chinntiú go bhfuil na creidmheasanna agus na faoisimh chánach ábhartha go léir á n-éileamh acu. Tá athruithe fadtéarmacha, dearfacha, iompraíochta feicthe againn freisin ó seoladh an feachtas faisnéise seo mar atá leagtha amach thíos.

- Roimh thús an fheachtais, thíolaic thart ar 30% de cháiníocóirí ÍMAT a dtuairisceán laistigh de dhá mhí ó dheireadh na bliana chánach ábhartha. Maidir le bliain chánach 2023, mhéadaigh an céatadán seo go 53%.
- As na cáiníocóirí a ndearnadh teagmháil leo le linn an fheachtais agus nach raibh tuairisceán tíolactha acu sna ceithre bliana roimhe sin, leanann thart ar 15% díobh le tuairisceáin a thíolacadh.

Seoladh an dara feachtas faisnéise i mí Feabhra 2025, agus léiríonn anailís luath ar thíolacadh tuairisceáin roimh agus tar éis seoladh an fheachtais go leantar leis na treochtaí a tugadh faoi deara go dtí seo. Leanfaimid orainn ag tógáil ar an móiminteam seo amach anseo, chun a chur ar chumas cáiníocóirí ÍMAT a gcúrsaí chánach féin a bhainistiú ag am a oireann dóibh.

Bímid i dteagmháil le gníomhairí, agus ionadaithe tionscail agus gnó agus téimid i gcomhairle leo, trí réimse tionscnamh agus fóram. Tríd an rannpháirtíocht seo, tacaímid le cleachtóirí agus le hionadaithe san obair a dhéanann siad chun cabhrú lena gcliaint agus lena mbaill a n-oibleagáidí chánach a chomhlíonadh go tráthúil.

Déanaimid teagmháil go rialta le cleachtóirí tríd an bhfóram um Choiste Idirchaidrimh um Riarachán Cánach (TALC) chun riar an córas chánach a phlé, a athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh maidir leis. Is éard atá sa TALC ná an príomhchoiste TALC agus cúig buan-fhochoiste.

Bhíomar mar Chathaoirleach ar an bPríomhchoiste TALC sa bhliain 2024, agus d'óstáil muid ceithre chruinniú de chuid an ghrúpa seo i rith na bliana. Rinne na cruinnithe athbhreithniú ar phleananna oibre agus ar dhul chun cinn gach ceann de na cúig fhochoiste, agus d'éascaigh siad rannpháirtíocht fhiúntach le comhlachtaí cleachtóirí maidir le cúrsaí riaracháin a mbíonn tionchar acu ar réimse leathan cáiníocóirí. Áiríodh leis seo dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm ERR, críochnú an SSF, agus nuashonruithe éagsúla ar ár bpróisis ghnó agus ár gcórais.

Reáchtálaroinnt cruinnithe tiomnaithe d'fhochoiste BEPS TALC chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna ó pháirtithe leasmhara maidir le feidhmiú rialacha Chólún a Dó. Leag na cruinnithe sin béim ar roinnt saincheisteanna teicniúla a thabharfar aghaidh orthu in ábhair teorach Chólún a Dó. Rinne ár n-Aonad Clárúcháin le haighaidh Cánacha Gnó cur i láthair d'fhochoiste Cánach Indíreach TALC maidir le Clárúcháin CBL freisin agus leag sé béim ar shaincheisteanna a bhféadfadh clárú diúltaithe a bheith mar thoradh orthu.

Bunaíodh dhá fhoghrúpa ad-hoc den TALC go déanach in 2023 agus go luath in 2024. Tríd an bhfochoiste TALC ERR chuamar i dteagmháil le cleachtóirí chun plé a dhéanamh ar thabhairt isteach na n-oibleagáidí nua tuairiscithe d'fhostóirí. Cheadaigh an cur chuige comhoibríoch seo rannpháirtíocht ar ghnéithe praiticiúla agus oibríochtúla an córas tuairiscithe nua agus a chur i bhfeidhm. Tháinig an grúpa seo le chéile ocht n-uair i rith 2024.

Tháinig an fhochoiste TALC maidir le simpliú faoisimh ghnó do FBManna le chéile go rialta sa chéad leath den bhliain, agus chuir sé a thuarascáil i láthair i mí an Mheithimh 2024. Ba é cuspóir an fhochoiste seo rochtain ar fhaoisimh ghnó a nuachóiriú agus a shimpliú don earnáil FBManna, agus leagadh roinnt moltaí riaracháin amach i dtuarascáil deiridh an fhochoiste. Tá obair ar siúl chun na moltaí seo a chur i bhfeidhm, agus cuirtear nuashonruithe rialta ar dhul chun cinn ar fáil do chleachtóirí ag an bPríomhchoiste TALC.

Gné-alt - Suirbhé ar Gníomhairí Cánach Meánmhéide 2024

Mar chuid dár dtiomantas leanúnach plé le páirtithe leasmhara, rinneamar suirbhé i measc gníomhairí cánach meánmhéide le linn 2024. Ba é cuspóir an tsuirbhé aiseolas a lorg ó ghnóthaí gníomhairí cánach chun tuiscint níos fearr a fháil ar na saincheisteanna a bhíonn acu agus iad ag dul i ngleic lenár seirbhísí, agus chun cabhrú linn caighdeán na seirbhíse a chuirimid ar fáil a fheabhsú.

Is príomhthosaíocht dúinn muinín inár seirbhísí agus inár gcórais, lena n-áirítear ár gcumas an cód cánachais a riar ar bhealach cothrom agus comhsheasmhach, faisnéis phearsanta a chosaint agus rúndacht cáiníocóra a choinneáil.

Tá an mhuinín seo rithabhachtach chun tacú le rannpháirtíocht le cáiníocóirí agus gníomhairí, agus le héifeachtacht fhoriomlán an chórais chánach. Dá bhrí sin, cuirimid fáilte roimh an toradh go bhfuil céatadán an-ard de ghníomhairí cánach muiníneach asainn chun faisnéis a gcliant a chosaint agus déileáil lena gcliant go cothrom. Leanfaimid orainn ag tógáil ar agus ag coinneáil muinín na gcáiníocóirí inár riarachán ar an gcóras cánach.

Léirigh cuid mhór de na freagróirí sásamh le go leor de na seirbhísí aonair a chuirimid ar fáil, agus scóráil measúnú na bhfreagróirí ar thréithe éagsúla cosúil le hinrochtaineacht agus éascaíocht úsáide go han-ard. Cuirfimid freagraí an tsuirbhé, lena n-áirítear measúnú na bhfreagróirí ar amanna freagartha, san áireamh de réir mar a leanaimid orainn ag forbairt agus ag infheistiú inár bhfreagairt ar riachtanais athraitheacha na gcáiníocóirí..

Bhí na freagróirí dearfach freisin ina dtuairimí maidir le hiompar agus gairmiúlacht ár bhfoirne, go háirithe le linn idirghabhálacha comhlíontachta. D'aontaigh na freagróirí go ginearálta go léiríonn ár ndaoine eolas agus saineolas agus go gcinntíonn siad príobháideacht agus discréd agus iad ag déileáil le gníomhairí agus lena gcliant.

Tugtar faoi deara freisin go n-úsáideann cuid mhór gníomhairí cánach ár suíomh idirlín chun rochtain a fháil ar fhaisnéis faoinár seirbhísí agus rialacha cánach, agus go measann siad gurb acmhainn úsáideach í ina gcuid oibre. Leag go leor freagróirí béim freisin ar na heispéiris dhearfacha a bhí acu lenár seimíneáir ghréasáin, a cuireadh le déanaí leis an raon bealaí cumarsáide a úsáidimid.

Déanaimid iarracht na caighdeáin seirbhíse is airde a choinneáil agus muid ag déileáil le cáiníocóirí agus gníomhairí, ag cinntiú go bhfuil ár gcroiluachanna i. ionracas, meas, gairmiúlacht, comhoibriú agus gastacht, mar bhonn lenár gcur chuige i gcónaí. Déantar athbhreithniú leanúnach ar ár suíomh gréasáin freisin, ag cinntiú go bhfuil an t-ábhar ábhartha, cothrom le dáta agus cruinn. Dá bhrí sin, cuirimid fáilte roimh thorthaí an tsuirbhé mar léiriú láidir ar ár n-iarrachtaí leanúnacha sna comhthéacsanna seo.

Is mór againn an t-am a ghlac na daoine go léir a ghlac páirt sa suirbhé agus a d'fhreagair an tsuirbhé, agus gabhaimid buíochas leo as a n-ionchur agus a n-aiseolas. Úsáidfidimid na freagraí a fuarthas chun cabhrú linn tuiscint bhreise a fháil ar riachtanais cáiníocóirí agus gníomhairí agus chun cabhrú linn freastal ar na riachtanais seo amach anseo.

91%

a bhfuil muinín acu asainn chun faisnéis a gcliant a choinneáil slán

84%

a bhfuil muinín acu asainn chun déileáil lena gcliant go cothrom

75%

a aontaíonn go léiríonn ár ndaoine discréd agus saineolas

74%

a mheas go raibh revenue.ie ina gcabhair ina gcuid oibre

Tacaíocht Dhíreach a Chur ar Fáil Nuair is Gá

Le linn 2024 d'fhreagair ár bhfoirne beagnach 1.9 milliún glaoch teileafóin ó cháiníocóirí agus gníomhairí cánach, méadú os cionn 10% ar líon na nglaoch a freagraíodh le linn 2023. Ó thaobh custaim de, d'fhreagair muid 11,308 glaoch ar Dheasc Chabhrach an Rannóige Custam, agus d'fhreagair ár Líne Chabhrach Custaim 24/7 ar leithligh, a dhéileálann le fiosrúcháin ó thrádáil agus ó ghnó maidir le himréiteach custaim, agus rialuithe iompórtála agus easpórtála, 39,065 glaoch le linn 2024.

Chun eispéireas cáiníocóirí a fheabhsú, thugamar isteach gné 'coinnigh m'áit sa scuaine' ar chuid dár línte teileafóin in 2024. Cuireann an gné seo deireadh le tréimhsí coinneála ar ár línte fóin trí chead a thabhairt do cháiníocóirí a gcuid sonraí teagmhála a fhágáil agus glaoch ar ais a fháil uainn ina dhiaidh sin nuair a shroicheann a nglaoch barr na scuaine.

Lenár seirbhís náisiúnta coinní, féadann cáiníocóirí am a roghnú atá áisiúil dóibh chun bualadh le ball dár bhfoireann, agus cuireann sé seo deireadh le hamanna feithimh. Cuireann muid seirbhís coinní i bpearsa ar fáil inár n-oifigí poiblí i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i nGaillimh agus i Luimneach. Éascaítear coinní in áiteanna eile ar bhonn cáis ar chás. Sa chás nach féidir le cáiníocóirí freastal ar choinne i bpearsa cuirimid seirbhís coinní fhíorúil (físe) ar fáil, a thugann níos mó solúbthachta agus áisiúlachta do cháiníocóirí, trí dheireadh a chur leis an ngá atá le taisteal.

Ag aithint nach bhfuil rochtain ag gach cáiníocóir ar an idirlíon ná ar ghléas cliste, thugamar isteach seirbhís coinní fhíorúil san oifig, RevConnect, in 2023. Ligeann RevConnect do cháiníocóir coinne fhíorúil a dhéanamh ó áiteanna áirithe, ag baint úsáid as ar n-áiseanna. Seoladh an tseirbhís ar dtús i Leitir Ceanainn agus i dTrá Lí. Leathnaíodh é go Leabharlann na Ceathrún Rua, Gaillimh, agus An Gleann, Port Láirge, in 2024. Táthar ag súil go leathnófar an tseirbhís seo go dtí ionaid eile in 2025.

Níor theastaigh coinne ó os cionn 85% de na fiosrúcháin a fuarthas tríd an líne coinní le linn 2024, agus cuireadh na glaoiteoirí ar aghaidh chuig an gcainéal seirbhíse is oiriúnaí bunaithe ar a riachtanais aonair. Bhí coinne ag teastáil don 14% eile d'fhiosruithe, agus le linn na bliana cuireadh 128 coinne fhíorúil agus 2,047 coinne duine le duine ar fáil. Le linn 2024 bhí 77,800 cuairt phearsanta eile ar ár n-oifigí poiblí.

D'fhreagair muid beagnach 4.1 milliún mír comhfhreagrais le linn 2024. Áiríodh leis sin comhfhreagras poist agus rannpháirtíocht ar líne trí m'Fhiosruithe. Áiríodh freisin lenár gcuid oibre chun tacú le custaim le linn 2024 láimhseáil 134,791 fiosrúchán ó thrádáil ag lorg tacaíochta chun dearbhuithe a chur isteach ar fud ár gcórais chustaim go léir.

Tacaíonn Rannóg na Gaeilge lenár seirbhís náisiúnta coinní freisin, trí choinní trí Ghaeilge a éascú, agus cuireann sí seirbhís Ghaeilge ar fáil ar ár línte cabhrach náisiúnta ÍMAT, cánacha gnó agus fostóirí. I rith 2024, d'fhreagair an fhoireann 4,467 glaoch agus d'fhreagair siad 682 fiosrúchán scríofa i nGaeilge.

Ghlac an fhoireann páirt i roinnt imeachtaí freisin, mar chuid dár gclár for-rochtana scoile. Áiríodh leis sin cur i láthair i roinnt Gaelscoileanna agus do mhic léinn aistriúcháin in Ollscoil na Gaillimhe, ag míniú conas clárú le haghaidh moChúrsaí, duillín pá a léamh, cáin éigeandála a sheachaint, agus bandaí ráta agus creidmheasanna cánach a thuiscint. Le linn na n-imeachtaí seo cuireadh na mic léinn ar an eolas freisin faoi na deiseanna gairme do chainteoirí Gaeilge inár n-eagraíocht.

Tá freagracht náisiúnta ag Rannóg na Gaeilge as bainistiú a dhéanamh ar ár gcomhlíontacht le forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus leis na Rialacháin ghaolmhara, agus as gealltanais ár Scéime Teanga Gaeilge a chur i bhfeidhm.

Táimid tar éis ár n-oibleagáidí go léir maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chomhlíonadh go dtí seo. Chuige sin, tá ball foirne ceaptha againn ón lucht ardbhainistíochta chun maoirseacht a dhéanamh ar ár gcomhlíontacht lenár n-oibleagáidí, freagra a thabhairt ar gach cumarsáid scríofa sa teanga oifigiúil trína bhfaightear í, agus gach foilseachán tábhachtach a eisiúint i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna. Chomh maith leis sin, tá ár n-oibleagáidí comhlíonta againn maidir le fógraíocht go díreach trí shócmhainní Gaeilge, agus caiteachas fógraíochta atá dírithe ar na meán Gaeilge.

Tá ról lárnach ag Seirbhís Theicniúil na gCoimisinéirí Ioncaim (RTS) maidir le comhlíontacht shaorálach a chur chun cinn agus is córas tacaíochta riachtanach é do cháiníocóirí agus do ghníomhairí cánach. Ag feidhmiú ar fud na heagraíochta, tugann an tseirbhís aghaidh ar shaincheisteanna casta teicniúla, ag soláthar soiléireachta do ghníomhairí cánach agus do cháiníocóirí araon trí bhealach a thabhairt dóibh chun tuairim nó deimhniú a lorg go foirmiúil, sa chás go bhfuil amhras ann maidir le cur i bhfeidhm an dlí cánach le haghaidh idirbhearta nó cásanna sonracha. Le linn 2024, eisíodh 256 tuairim nó deimhniú tríd an RTS.

Tá uastréimhse bailíochta cúig bliana ag tuairimí na gCoimisinéirí Ioncaim, agus i mí na Nollag 2023 d'eisiomar meabhrúchán (eBrief Uimh. 258 de 2023) ag cur in iúl go raibh tuairimí a tugadh idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2018 faoi réir athbhreithnithe. Aon cháiníocóirí ar mian leo leanúint ar aghaidh ag brath ar thuairimí a eisíodh le inn 2018, i leith idirbheart, tréimhse nó cuid de thréimhse ag tosú ar an 1 Eanáir 2024 nó dá éis, iarradh orthu iarratas a dhéanamh ar athnuachan nó síneadh na tuairime ar an 29 Márta 2024 nó roimhe sin. Fuair muid iarratais chun sé thuairim dá leithéid a athnuachan nó a shíneadh laistigh den tréimhse ama ábhartha.

Mar thuairimí agus deimhnithe atá éagsúil ón réimse iomlán a chuirtear ar fáil tríd an RTS, is éard is Tuairimí Cánach lomchuí ann ná iad siúd nach gcuirtear ar fáil ach amháin do chuideachtaí agus eintitis eile (ní do dhaoine aonair ná chun tairbhe daoine aonair) agus a bhaineann le cánacha díreacha amháin (mar shampla cáin chorparáide, cáin ioncaim gnó, dleacht stampa, CGC). Sa chás go bhfuil gné trasteorann ag baint le Tuairim Cánach lomchuí, tá sé inmhalartaithe faoi na hionstraimí malartaithe faisnéise. Le linn 2024, thugamar 80 Tuairim Cánach lomchuí do chuideachtaí agus eintitis eile maidir le ceisteanna casta teicniúla (Tábla 9).

Freastalaímid ar ár mbeartas chun tacú le comhlíonadh shaorálach do ghrúpaí móra corparáideacha trínár gCreat um Chomhlíontacht Chomhoibríoch (CCC) i Rannóg na gCorparáidí Móra agus sa Rannóg Ardrachmais agus Seirbhísí Airgeadais. Baineann na gnóthaí corparáideacha móra a ghlacann páirt sa chreat leas as idirphlé rialta a bheith acu linn, rud a chabhraíonn le cinnteacht fhadtéarmach a sholáthar maidir le neamhchosaintí cánach agus dleachta, agus an cumas a thuar, le muinín réasúnta, cén seasamh a bheidh againn ar aon ghné ar leith dá n-oibleagáidí cánach agus dleachta.

Ag deireadh 2024, bhí 130 grúpa corparáideach ag obair linn in CCC, méadú cúig ó 2023. Ag eascairt as athbhreithnithe riosca agus as gealltanais eile faoi CCC, fuarthas nochtuithe thart ar €7.6 milliún ó na grúpaí seo le linn 2024.

Tacú le Beartas agus Athchóiriú Cánach

I rith na bliana 2024 leanamar orainn ag obair go dlúth leis an Roinn Airgeadais agus ag cur tacaíocht ar fáil don Roinn maidir le forbairtí beartais chánach náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Áirítear leis sin tacú leis an Roinn Airgeadais reachtaíocht a dhréachtú don Acht Airgeadais 2024 agus anailís staitistiúil agus eacnamaíoch agus costálacha a chur ar fáil don Roinn agus don Rialtas agus don Oireachtas.

Gné-alt – Ullmhú don Réiteach Dhá Cholún agus é a Chur i bhFeidhm

Leanadh den obair ag an ECFE i rith 2024 maidir leis an réiteach Dhá Cholún a thabhairt chun críche, a comhaontaíodh trí Chreat Uilechuimsitheach ECFE/G20 maidir le BEPS chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chánach a eascraíonn as digitiú an gheilleagair.

I dtaca leis sin, chuamar i dteagmháil go gníomhach leis an Roinn Airgeadais agus thacaigh muid léi i ngach gné de idirbheartaíocht ECFE ar an Réiteach Dhá Cholún, agus in ullmhú do chur i bhfeidhm na rialacha casta seo.

Creat Reachtaíochta

Rinneadh Treoir (AE) 2022/2523 ón gComhairle (Treoir Cholún a Dó) a thrasú i ndlí na hÉireann tríd an Acht Airgeadais (Uimh. 2) 2023, agus rinneadh roinnt leasuithe ina dhiaidh sin ar fhorálacha reachtacha ábhartha mar chuid den Acht Airgeadais 2024.

Ceanglaítear freisin ar dhlínsí a chuireann Colún 2 chun feidhme faisnéis a sholáthar don Chreat Uilechuimsitheach ECFE maidir le príomhghnéithe na bhforálacha reachtacha a chuir siad i bhfeidhm chun na Rialacha GloBE a thrasú ina ndlí intíre.

Chuir Éire a féindheimhniú isteach maidir lena hoiriúnú ar an Riall um Chuimsiú loncaim agus ar an gCáin Íosta Breisiúcháin Intíre in 2024 agus bronnadh stádas cáilitheach agus stádas cuain shábháilte di faoi seach faoi réir athbhreithniú reachtach iomlán a bhfuiltear ag súil go gcuirfear tús leis níos déanaí in 2025.

Leanann baill de Chreat Uillechuimsitheach ECFE/G20 ag obair ar Threoir Riaracháin chuimsitheach a fhorbairt. Tá sé mar aidhm ag an treoir seo a chinntiú go gcuirfear Rialacha GloBE i bhfeidhm go seasmhach. Foilsíodh treoir bhreise i mí Eanáir 2025 agus táthar ag súil go bhfoilseofar tuilleadh treorach sna blianta amach romhainn. Leanfaimid orainn ag tacú leis an Roinn Airgeadais chun cur leis na cainteanna seo.

Ullmhúchán le haghaidh Cur i bhFeidhm

Is í 2024 an chéad bhliain fhioscach do chánacha breisithe Colún a Dó, agus táthar ag súil go mbeidh na heintitis a chaithfear a chlárú leis na Coimisinéirí loncaim aitheanta cheana féin ag grúpaí sa raon feidhme, agus an t-eintiteas leis na príomhfhreagachtaí maidir le tiolacadh agus íocaíocht áitiúil.

Cuireadh tús le hobair shuntasach in 2024 chun na córais TF riachtanacha a fhorbairt chun clárúcháin, tuairisceáin, tiolacadh, íocaíochtaí agus malartú faisnéise Colún a Dó a éascú agus a thacú. Leanadh ar aghaidh leis an obair i rith thús 2025 chun na nuashonruithe a sheachadadh ar chórais a bheidh sceidealta le scaoileadh roimh na príomhspríocdhátaí clárúcháin agus tiolactha.

I bhfianaise nádúr casta Cholún a Dó, tá comhoibriú idirnáisiúnta idir na Ballstáit agus le dlínsí tríú tíortha riachtanach chun a chur chun feidhme rianúil agus rathúil a chinntiú. Chuamar i dteagmháil le go leor riaracháin chánach eile agus ghlacamar páirt i roinnt fóraim idirnáisiúnta le linn 2024, lena n-áirítear tionscadal cur chun feidhme Colún a Dó ECFE agus Grúpa Oibre Colún a Dó Fisicail. Leanfar leis an rannpháirtíocht fhairsing seo in 2025.

Ina theannta sin, réachtáladh an chéad chruinniú de chuid Chomhairle an AE chun tús a chur leis an idirbheartaíocht DAC 9 i mí na Samhna 2024. Éascóidh DAC9 malartú faisnéise cánach breisiúcháin idir Ballstáit an AE, mar a cheanglaítear le Treoir Colún a Dó. Lean an obair dhréachtaithe ar aghaidh i rith 2024 ar Chomhaontú Iltaobhach na n-Údarás Áitiúil Tuairisceán Faisnéise GloBE (GIR), agus d'fhoilsigh an ECFE é i mí Eanáir 2025.

Beidh an treoir agus na cáipéisí riachtanacha mar bhonn lenár gcuid oibre ar chur i bhfeidhm Cholún a Dó (m.sh., fiseáin teagaisc, TDManna, tuairisceáin chánach), oiliúint foirne ar na próisis agus na rialacha nua agus réamhthástáil ar na córais nuashonraithe don mhalartú faisnéise sa GIR.

Reachtaigh an tAcht Airgeadais 2024 le haghaidh pacáiste leathan cánach ioncaim, inar méadaíodh roinnt creidmheasanna cánach pearsanta tábhachtacha. Áiríodh leis seo na creidmheasanna cánach pearsanta, fostaithe agus ioncaim tuillte bunúsacha. Mhéadaigh an scoithphointe ráta chaighdeánaigh do dhuine singil faoi €2,000, go €44,000, le méaduithe comhchuíseacha ar na bandaí a bhaineann le daoine pósta agus daoine i bpáirtnéireachtaí sibhialta. Rinneadh athruithe freisin ar na bandaí ráta MSU.

Méadaíodh luach na gcreidmheasanna cánach cúramóra baile, cúramóir linbh do dhuine singil, linbh éagumasaithe, duine daill agus ghaoil chleithiúnaigh freisin le héifeacht ón 1 Eanáir 2025. Mhéadaigh luach an chreidmheasa cánach cíosa freisin go suas le €2,000 do lánúin faoi mheasúnú comhpháirteach, agus suas le €1,000 i ngach cás eile. Tá feidhm ag an méadú seo do bhlianta measúnaithe 2024 agus 2025 araon. Cuireadh síneadh freisin le hinfhaighteacht an chreidmheasa cánach i leith ús ar mhorgáiste go dtí 2024.

Cuireadh síneadh ceithre bliana eile leis an scéim CLC, go dtí an 31 Nollaig 2029. Leasaíodh an scéim freisin chun a chinntiú go bhfuil maoin nua-thógtha a cheannaigh Údarás Áitiúil, lena dhíol ar aghaidh le ceannaitheoir inacmhainne faoi Scéim Ceannaigh Inacmhainne na n-Údarás Áitiúil, incháilithe do HTB.

Leasaíodh an díolúine i leith sochar beag chun cur ar chumas líon na sochar atá incháilithe do dhíolúine in aon bhliain amháin méadú ó dhá cheann go dtí na chéad chúig shochar. Níor chóir go mbeadh luach carnach na sochar sin níos mó ná €1,500 i mbliain chánach.

Chuir an tAcht Airgeadais 2024 díolúine ar fáil freisin ó mhuirear Sochair Comhchineáil sa chás go dtabhaíonn fostóir costas chun saoráidí luchtaithe feithiclí leictreacha a nascadh agus a

sholáthar ag teach fostaí nó stiúrtóra, chun críocha feithicil a sholáthraíonn fostóir a luchtú.

Chuir an tAcht Airgeadais 2024 síneadh leis an laghdú €10,000 a cuireadh i bhfeidhm ar Luach Margaidh Oscailte (LMO) gluaisteán i gCatagóirí A-D, veaineanna agus feithicilí leictreacha (EVanna), d'fhonn méid an BIK iníoctha a laghdú go dtí an 31 Nollaig 2025. Fanfaidh an teorainn míleáiste is lú sa bhanda míleáiste is airde, a bhaineann le gluaisteáin a chuirtear ar fáil d'fhóistoirí ag 48,000 do 2025. I gcás EVanna, tá an asbhaint LMO de €10,000 sa bhreis ar an bhfaoiseamh reatha de €35,000 atá ar fáil faoi láthair d'fheithicilí den sórt sin, rud a chiallaíonn gurb é €45,000 an faoiseamh iomlán do EVanna in 2025.

Tugadh isteach leis an Acht Airgeadais 2024 roinnt leasuithe maidir leis an gCáin Talún Chónaí-Chriosaithe (CTCC) mar atá leagtha amach thíos.

- Soláthar deis bhreise d'úinéirí talún athrú a lorg ar chríosú na talún a bheidh faoi réir CCTC in 2025. Má éiríonn le hiarratais ar athchríosú, d'fhéadfaí an talamh a thabhairt lasmuigh de raon feidhme na cánach sa deireadh nó d'fhéadfadh sé cáiliú ar shlí eile le haghaidh díolúine.
- Tabhairt isteach díolúine ó CTCC le linn imeachtaí athbhreithnithe breithiúnacha arna dtionscnamh ag tríú páirtithe, maidir le cead pleanála a dheonú ar thalamh atá faoi réir CTCC.
- Tabhairt isteach iarchur 12 mhí ar CTCC idir dáta deonaithe an cead pleanála, agus tús a bheith curtha le forbraíocht ar thalamh atá faoi réir CTCC.
- Tabhairt isteach bearta chun foráil a dhéanamh nach gcúiseoidh aistriú talún laistigh den ghrúpa idir grúpchuideachtaí dliteanas CTCC sa chás go raibh an láithreán lena mbaineann faoi réir iarchurtha tar éis do chead pleanála a bheith deonaithe, nó tús a bheith curtha le forbairt chónaithe.

Chuir an tAcht Airgeadais 2024 síneadh leis an asbhaint le haghaidh speansais réamh-ligin, i leith áitribh chónaithe fholmha a bhí folamh ar feadh 6 mhí nó níos mó, go dtí deireadh 2027. Ina theannta sin, méadaíodh an ráta Cánach ar Thithe Fholmha (CTF) do na tréimhsí inmhuirir ón 1 Samhain 2024 ar aghaidh go seacht n-oiread an bhundliteanas CMÁ do gach maoin.

Foráileadh do mhéadú ar thairseacha an ghrúpa CFC san Acht Airgeadais 2024. Baineann na méideanna tairisí méadaithe le bronntanais agus oidhreachtaí a thógtar ar an 2 Deireadh Fómhair 2024 nó dá éis mar seo a leanas:

- méadaíodh tairseach Ghrúpa A, a bhaineann le bronntanais agus oidhreachtaí a fhaightear ó thuismitheoir, ó €335,000 go €400,000,
- méadaíodh tairseach Ghrúpa B, a bhaineann le bronntanais agus oidhreachtaí a fhaightear ó shiblí, seantuismitheoirí, agus aintíní agus uncailí, ó €32,500 go €40,000, agus
- méadaíodh tairseach Ghrúpa C, a bhfuil feidhm aige i ngach cás eile, ó €16,250 go €20,000.

Tugadh isteach leis an Acht Airgeadais (Uimh. 2) 2023 teorainn saoil €10 milliún ar fhaoiseamh scoir CGC d'aistrithe laistigh de theaghlach, agus rinne an tAcht Airgeadais 2024 foráil d'aon CGC a eascraíonn ar aistrithe de bhreis ar an luach sin a iarchur i gcúinsí áirithe. Tá an t-iarchur ar fáil sa chás go n-aistríonn duine aonair, atá 55 bliana d'aois nó os a chionn, sócmhainní gnó cáilitheacha, a bhfuil luach os cionn €10 milliún acu, chuig leanbh ar an 1 Eanáir 2025 nó dá éis. Ní thiocfaidh an CGC iarchurtha chun bheith dlite agus iníoctha ag an leanbh ach amháin má dhiúscaíonn an leanbh na sócmhainní laistigh de 12 bhliain ón aistriú.

Cuireadh roinnt beart breise a bhaineann le feirmeoireacht san áireamh san Acht Airgeadais

2024 mar seo a leanas:

- leathnaíodh liosta na n-earraí atá incháilithe le haghaidh caithimh agus cuimilte luathaithe do threalamh sábháilteachta feirme chun trealamh áirithe a chur san áireamh atá cáilithe do dheontais faoin Scéim Nuachóirithe Spriocdhírthe,
- tá faoiseamh i leith stoic ginearálta d'fheirmeoirí, faoiseamh i leith stoic do bhaill de chomhpháirtíochtaí feirme cláraithe agus faoiseamh i leith stoic d'fheirmeoirí óga oilte áirithe sínte trí bliana go dtí an 31 Nollaig 2027, agus
- tháinig méadú ar an méid breise ar ráta comhréidh d'fheirmeoirí ó 4.8% go 5.1%, le héifeacht ón 1 Eanáir 2025.

Tugadh isteach leis an Acht Airgeadais 2024 an tríú ráta caighdeánach de dhleacht stampála ar aistriú maoine cónaithe Tá feidhm ag an ráta nua 6%, le héifeacht ón 2 Deireadh Fómhair 2024, ar aon chomaoin os cionn €1.5 milliún, ach amháin má bhaineann an chomaoin le trí árasán nó níos mó sa bhloc céanna. Méadaíodh freisin an ráta níos airde de dhleacht stampála is infheidhme sa chás go bhfaigheann duine 10 maoín chónaithe nó níos mó, gan árasáin san áireamh, in aon tréimhse 12 mhí go 15%, le héifeacht ón 2 Deireadh Fómhair 2024.

Rinne an tAcht an Tobhach Bainc a shíneadh go dtí 2025 freisin, agus d'fhan ráta an tobhaigh agus an bhonnbhliain ábhartha gan athrú ó 2024.

Tugadh isteach leis an Acht Airgeadais 2024 faoiseamh le haghaidh infheistíochta i bhFiontair Bheaga agus Mheánmhéide nuathionscanta nuálacha. Tá an faoiseamh ar fáil do dhaoine aonair neamhbhainteacha a ghlacann scairshealbha mhionlaigh, a shealbhaíonn siad ar feadh 3 bliana ar a laghad, i gcuideachtaí FBManna nuathionscanta nuálacha deimhnithe atá faoi bhun 7 mbliana d'aois.

Foráiltear leis an bhfaoiseamh do rátaí éifeachtacha CGC de 16%, nó 18% do chomhpháirtíochtaí, ar dhiúscairt scairshealbha ábhartha ina dhiaidh sin. Féadtar an faoiseamh a chur i bhfeidhm ar an ngnóthachan, ar ghnóthachan suas le dhá oiread luach na hinfheistíochta tosaigh, nó ar iarmhéid na teorann saoil €10 milliún, cibé ceann is ísle. Is cineál Státchabhrach incheadaithe é an faoiseamh agus déantar é a dhréachtú i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine.

Mhéadaigh an tAcht go €1 milliún an uasinfheistíocht bhliantúil chomhcheangailte ar féidir le hinfheisteoir faoiseamh a éileamh uirthi faoin Dreasacht Fostaíochta agus Infheistíochta (DFI), faoin bhFaoiseamh d'Fhiontraíthe i leith Cuideachtaí Nua-Thionscanta (FFCNT) agus faoin Dreasacht Caipitil do Ghnóthaí Nuathionscanta, chomh maith le méadú go €140,000 ar an uasinfheistíocht bhliantúil FFCNT ar féidir faoiseamh a éileamh uirthi.

Tugadh isteach agus leasaíodh leis an Acht Airgeadais 2024 roinnt beart cánach corparáide mar seo a leanas:

- leasaíodh an creidmheas cánach Taighde agus Forbartha chun méid na tairsí íocaíochta chéad bhliana a mhéadú ó €50,000 go €75,000,
- tá síneadh bliana, go dtí an 31 Nollaig 2025, curtha le liúntais chaipitil luathaithe d'fheithiclí gáis agus do threalamh athbhreoslaithe,
- tá na teorainneacha, bunaithe ar astaíochtaí, ar liúntais chaipitiúla agus costais d'fheithiclí bóthair áirithe laghdaithe tuilleadh, i gcás caiteachais a tabhaíodh ón 1 Eanáir 2027,
- leasaíodh faoiseamh do chuideachtaí nuathionscanta áirithe chun go bhféadfaí luach suas le €1,000 de ranníocaíochtaí ÁSPC aicme S a dhéanann stiúrthóirí cuideachtaí áirithe a bhreithniú agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil an tairseach uasta €40,000 bainte amach,
- tugadh isteach asbhaint cánach nua i leith caiteachais arna thabhtú ag cuideachta, i leith

chéadliostaithe ar stocmhalartán san LEE idir an 1 Eanáir 2025 agus an 31 Nollaig 2029, faoi réir asbhainte uasta €1 mhilliún, agus

- tugadh isteach díolúine ó cháin chorparáide ar dháileadh cáilitheach a fhaigheann máthairchuideachta, ó fhochuideachta eachtrach cháilitheach ar an 1 Eanáir 2025 nó dá éis, faoi réir coinníollacha áirithe a chomhlíonadh.

Tugadh isteach dhá thacaíocht closamhairc san Acht Airgeadais 2024 mar seo a leanas:

- creidmheas cánach nua do léiriúchán neamhsriptithe, arna ríomh ag ráta 20%, suas go dtí uaschaiteachas tionscadail de €15 mhilliún, agus
- ráta feabhsaithe 40% don chreidmheas cánach i leith scannán, do phríomhscannáin a bhfuil caiteachas cáilitheach uasta de €20 milliún acu.

Teastaíonn ceadú státhabhrach ón gCoimisiún Eorpach ón dá scéim sular féidir tús a chur leo.

Gné-alt – Rannpháirtíocht le hinstitiúidí an AE ó Thaobh an Chánachais Dhíreach De

Tá ról ag roinnt institiúidí de chuid an Aontais Eorpaigh i gcúrsaí cánach idirnáisiúnta agus, i gcomhar leis an Roinn Airgeadais, chuamar i dteagmháil leis na hinstitiúidí sin i rith 2024.

- Is é an Coimisiún Eorpach brainse feidhmiúcháin an Aontais Eorpaigh, agus gníomhaíonn sé ar mhaithe le leas ginearálta an AE, neamhspleách ar rialtais náisiúnta Bhallstáit an AE. Tá sé de cheart tionscnaimh an Choimisiúin dlíthe a mholadh i raon leathan réimsí beartais, lena n-áirítear cánachas.
- Is í Comhairle an Aontais Eorpaigh (“an Chomhairle”) an institiúid AE ina dtagann Airí ó gach Ballstát le chéile. Déanann an Chomhairle reachtaíocht AE a chaibidlíú agus a ghlacadh agus comhordaíonn sí beartais. Is iad na Ballstáit atá freagrach as cánachas díreach, rud a chiallaíonn gurb í an Chomhairle an t-aon reachtóir amháin maidir le cúrsaí cánach an Aontais faoin nós imeachta reachtach speisialta.
- Is í Parlaimint na hEorpa comhlacht reachtóireachta an Aontais Eorpaigh, atá comhdhéanta de 720 Feisire de Pharlaimint na hEorpa a thoghtar go díreach. Féadann Parlaimint na hEorpa tionchar a imirt ar bheartas cánach trí ardán a chur ar fáil don phlé. Cuireann an Fochoiste um Chúrsaí Cánach (FISC) ar chumas na Parlaiminte ionchur a thabhairt ar chúrsaí cánach.
- Is í Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) institiúid bhreithiúnach an Aontais Eorpaigh. Cinntíonn CBAE go ndéantar an dlí Eorpach a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm ar an mbealach céanna i ngach Ballstát. Cé go gcoinníonn na Ballstáit inniúlacht maidir le cánachas díreach, ní mór do dhlí uile na mBallstát (lena n-áirítear dlí cánach) cloí le dlíthe agus le prionsabail an AE.
- Is í Cúirt Iniúcháirí na hEorpa (CIE) iniúcháir seachtrach neamhspleách an Aontais. Déanann CIE measúnú ar gheilleagar, ar éifeachtacht, ar éifeachtúlacht agus ar dhlíthiúlacht ghníomhaíocht an Aontais d’fhonn feabhas a chur ar chuntasacht, ar thrédhearcacht agus ar bhainistíocht airgeadais.

Is éard a bhí i gceist leis an rannpháirtíocht a bhí againn leis an gCoimisiún Eorpach ná tacú leis an Roinn Airgeadais i bhforbairt agus i gcaibidlíocht tograí ag cruinnithe na Comhairle. Ó thaobh cánach díri de, bhain plé na Comhairle le linn 2024 leis na nithe seo a leanas:

- togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le Gnó san Eoraip: Creat le haghaidh Cánachas Ioncaim (BEFIT),\
- togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena mbunaítear córas cánach Ceannoifige do mhicreafhiontair, d’fhiontair bheaga agus d’fhiontair mheánmhéide (HOT),
- togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le praghsáil aistrithe,
- togra le haghaidh Treoir ón gComhairle i ndáil leis an Treoir maidir le Faoiseamh Níos Tapúla agus Níos Sábháilte ó Fharasbarr Cánacha Siarchoinneálacha (FASTER),
- togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid eintiteas caoch chun críoch cánach a chosc, (UNSHELL) agus
- togra chun leasú a dhéanamh ar an Treoir maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais chun cabhrú le cuideachtaí lena n-oibleagáidí tíolactha faoi Threoir Cholún a Dó (DAC9).

Ar an 10 Meán Fómhair 2024, thug an CBAE a breithiúnas i gcás Státchabhrach Apple (C-465/20 P – An Coimisiún v Éire agus Eile).

Chuir an breithiúnas Breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 15 Iúil 2020 ar ceal, rud a chiallaíonn go seasann cinneadh an Choimisiúin Eorpaigh in 2016 gur dheonaigh Éire státchabhair neamhdhleathach. Táimid ag obair go dlúth le heintitis Stáit éagsúla eile chun tús a chur leis na próisis ábhartha chun éifeacht a thabhairt do bhreithiúnas an CBAE, tar éis é a bheith tugtha.

In 2023, rinne an CIE iniúchadh ar an gcreat dlíthiúil atá i bhfeidhm chun córais chánach dhíobhálacha agus seachaint cánach corparáidí san AE a chomhrac. Ba iad an Coimisiún Eorpach agus cúig Bhallstát de chuid an AE na hiniúchaithe, lena n-áirítear Éire.

Leagtar amach thíos na hionstraimí a roghnaíodh le haghaidh anailíse ag an CIE.

- 1) Treoir ón gComhairle (AE) 2018/822 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le malartú uathoibríoch éigeantach faisnéise i réimse an chánachais i ndáil le socruithe trasteorann intuairiscithe (DAC6).
- 2) Treoracha ón gComhairle (AE) 2016/1164 agus (AE) 2017/952 lena leagtar síos rialacha i gcoinne cleachtais seachanta cánach a bhfuil tionchar díreach acu ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh (ATAD).
- 3) Treoir ón gComhairle (AE) 2017/1852 maidir le sásraí um réiteach díospóidí cánach san Aontas Eorpach (TDRD).
- 4) Na gníomhaíochtaí agus na bearta arna ndéanamh ag riaracháin chánach na mBallstát maidir le cur i bhfeidhm Chód Iompair an AE maidir le Cánachas Gnó agus an comhoibriú leis an nGrúpa Cód Iompair.

Rinne an CIE measúnú freisin ar cibé an ndéanann na Ballstáit roghnaithe faireachán, ar bhealach éifeachtach, ar fheidhmíocht agus ar éifeachtacht na n-ionstraimí sin.

Foilsíodh tuarascáil iniúchóireachta an CIE ar an 28 Samhain 2024. Chinn an CIE go bhfuil creat dlíthiúil glactha ag an AE a fheidhmíonn mar chéad bheart cosanta i gcoinne cleachtais chánach dhíobhálacha sistéamacha. Mar sin féin, d'aithin an CIE roinnt easnamh i gcur chun feidhme na rialacha sin. Ina measc seo, áirítear:

- sainmhínte doiléire, rud a fhágann go bhfuil léirmhíniú difriúil ar fud na mBallstát, agus
- easpa creat comhordaithe faireacháin feidhmíochta ar fud an AE, chun éifeachtacht na gníomhaíochta a dhéantar chun dul i ngleic le córais chánach dhíobhálacha agus le seachaint cánach corparáidí a thomhas.

Cuirtear roinnt moltaí chuig an gCoimisiún Eorpach i dtuarascáil an CIE, lena n-áirítear:

- creat reachtach an Aontais a shoiléiriú,
- feabhas a chur ar chaighdeán na dtuarascálacha DAC6,
- a chinntiú go bhfuil tionchar na bpionóis i leith neamhchomhlíontacht oibleagáidí tuairiscithe DAC6 leordhóthanach;
- feabhas a chur ar an tacaíocht don Ghrúpa um an gCód Iompair, agus
- faireachán a dhéanamh ar thorthaí agus ar thionchar an chomhrac i gcoinne córais chánach dhochracha agus i gcoinne seachaint cánach corparáideach.

Oibreoidimid leis an Roinn Airgeadais chun cur go gníomhach le haon ghníomh a dhéanfaidh an Coimisiún Eorpach mar fhreagairt ar mholtaí an CIE.

Lean muid ar aghaidh ag tacú leis an Roinn Airgeadais chun athchóiriú cánach corparáide a chur chun cinn. Áiríodh leis seo díolúine rannpháirtíochta a thabhairt isteach do dháiltí eachtracha cáilitheacha mar chuid den Acht Airgeadais 2024. Thacaíomar leis an Roinn ina rannpháirtíocht fairsing le páirtithe leasmhara i dtaca le dearadh na díolúine rannpháirtíochta, a oibreoidh chun an modh chun faoiseamh ó chánachas dubailte a éileamh do ghnóthaí áirithe atá ag feidhmiú i ndlínsí iolracha a shimpliú.

Chuidíomar leis an Roinn Airgeadais comhairliúchán poiblí a sheoladh maidir le cánachas agus inasbhainteacht úis ag gnóthaí in Éirinn. Cuireadh tús leis an gcomhairliúchán i mí Mheán Fómhair 2024 agus tacóimid leis an Roinn ina n-athbhreithniú ar na freagraí comhairliúcháin agus le haon tograí reachtacha a eascraíonn as.

D'oibríomar go dlúth leis an Roinn Dlí agus Cirt agus í ag forbairt an tAcht um Rialáil

Cearrbhachais 2024, a thugann isteach creat rialála nuachóirithe don chearrbhachas in Éirinn. Foráiltear leis an Acht freisin do bhunú Údarás Rialála Cearrbhachais na hÉireann mar chomhlacht reachtúil neamhspleách, atá freagrach as an tionscal cearrbhachais in Éirinn a rialáil agus a cheadúnú. Sna blianta amach romhainn, aistrefar na feidhmeanna ceadúnaithe atá á ndéanamh againn faoi láthair chuig an rialálaí nua.

Mar thoradh ar an Acht um Rialáil Cearrbhachais 2024, rinne an tAcht Airgeadais 2024 roinnt athruithe ar reachtaíocht a rialaíonn cánachas na hearnála, ag cinntiú go leanfar le dleacht gealltóireachta agus dleacht ceadúnais gheallghlacadóra a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach, agus chun dleacht gealltóireachta cianda a aithint ar leithligh.

Le linn na bliana, leanamar ar aghaidh ag tacú leis an Roinn Airgeadais chun bearta beartais agus reachtaíochta atá cothrom agus éifeachtach a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta chun CBL a mheas, a bhailiú agus a rialú. I measc na n-athruithe ar an reachtaíocht in 2024 bhí:

- méadaíodh na tairseacha láimhdeachais nach gceanglaítear ar ghnóthaí clárú le haghaidh CBL faoina mbun go dtí €85,000 le haghaidh earraí (suas ó €80,000) agus €42,500 le haghaidh seirbhísí (suas ó €40,000) le héifeacht ón 1 Eanáir 2025,
- cuireadh síneadh leis an tréimhse ama chun an ráta laghdaithe CBL 9% a chur i bhfeidhm ar sholáthar leictreachais agus gáis go 30 Aibreán 2025,
- leathnaíodh cur i bhfeidhm an ráta CBL 9% chuig soláthar agus suiteáil córais teasa teaschaidéil íseal-astaíochtaí,
- tugadh isteach pionóis i leith neamhchomhlíontacht ag Soláthraí Seirbhíse Íocaíochta, lena oibleagáidí maidir le taifid a choinneáil agus tuairisciú i ndáil le híocaíochtaí trasteorann áirithe a éascaíonn siad dá gcustaiméirí;
- soláthraíodh soiléirithe chun tacú níos fearr leis an gcóireáil agus cleachtas CBL atá ann cheana maidir le hábhair éagsúla, lena n-áirítear cásanna glacadóireachta agus leachtaithe, srianta ginearálta ar inasbhainteacht, rátáil chaighdeánach deochanna plandabhunaithe, rátáil nialasach deochanna malartacha bainne, agus rátáil nialasach seirbhísí do shoithí agus d'aerárthaí, agus
- cuireadh síneadh leis an díolúine CBL do bhainistiú Chistí Infheistíochta Malartacha an AE lena chinntiú go n-oibríonn sé mar a bhí beartaithe.

Gné-Alt - Nuachóiriú CBL

Feidhmíonn córais CBL Bhallstáit uile an AE laistigh de chreat comhchuibhithe a bhfuil feidhm aige ar fud an AE. Tá na Ballstáit tiomanta do dhul chun cinn sa teicneolaíocht dhigiteach a ghíaráil chun an córas CBL a nuachóiriú agus chun éascaíocht agus áisiúlacht comhlíontachta cánach a fheabhsú do ghnóthaí.

Ar leibhéal idirnáisiúnta, táimid ag obair go dlúth leis an Roinn Airgeadais, ag déanamh ionadaíochta d'Éirinn i bplé an AE ar chúrsaí CBL. Sa bhaile, táimid ag athbhreithniú gach gné de riarachán CBL na hÉireann, lena n-áirítear a cur chuige maidir le híocaíochtaí CBL, aisíocaíochtaí agus cuntasáíocht CBL, agus tá tús curtha againn le próiseas comhairliúcháin poiblí ina leith.

CBL sa Ré Dhigiteach

In 2022, mhol an Coimisiún Eorpach roinnt beart (tograí CBL sa Ré Dhigiteach (ViDA)) chun go n-oibreoidh córas CBL an AE níos fearr do ghnóthaí, chun go mbeidh sé níos athléimní i leith na calaoise, agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a eascraíonn as geilleagar na n-ardán.

I mí na Samhna 2024, tháinig Comhairle na nGnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadais le chéile, agus tháinig Airí Airgeadais an AE ar chomhaontú maidir leis na tograí sin. Cuimsíonn an comhaontú trí phríomhcholún mar atá leagtha amach thíos.

- 1) Ceanglais maidir le Tuairisciú Digiteach (DRR) – Ríomhshonrascadh agus tuairisciú digiteach CBL fíor-ama éigeantach a thabhairt isteach d'idirbhearta gnólacht le gnólacht (B2B) agus gnólacht le rialtas (B2G) idir na Ballstáit. Socraíonn an tsraith seo creat comhchuíbhithe d'aon socruithe DRR a chuireann na Ballstáit chun feidhme dá n-idirbhearta intíre B2B agus B2G.
- 2) Geilleagar na n-Ardán – athruithe a thabhairt isteach ar na rialacha CBL maidir le soláthairtí gheilleagair na n-ardán in dhá earnáil shonracha mhargaidh: iompar phaisinéirí ar bhóthar, agus cóiríocht a ligean ar cíós go gearrthéarmach.
- 3) Clárúcháin CBL Aonair (SVR) – Chun an gá atá le clárúcháin iolracha CBL san AE a laghdú a thuilleadh do ghnóthaí a dhéanann idirbhearta i mBallstáit nach bhfuil siad bunaithe iontu;

Glacadh na hionstraimí dlíthiúla ábhartha, chun éifeacht a thabhairt don chomhaontú, go foirmiúil i ndlí an AE i mí an Mhárta 2025, agus tháinig siad i bhfeidhm ar an 14 Aibreán 2025. Is iad seo a leanas na príomhdhátaí chur chun feidhme i gcás na mBallstát agus do ghnóthaí ar fud an AE:

- 1 Eanáir 2027 agus 1 Iúil 2028 le haghaidh SVR,
- 1 Iúil 2028 do Gheilleagar na n-Ardán, agus
- 1 Iúil 2030 le haghaidh ríomhshonrascacha agus DRR d'idirbhearta B2B agus B2G laistigh den AE.

Tar éis comhaontú an phacáiste ViDA, tá tús curtha anois ag Coimisiún an AE le tuilleadh rannpháirtíochta leis na Ballstáit chun díriú ar na príomhghníomhaíochtaí atá ag teastáil chun cur chun feidhme rianúil na dtrí sraithe ViDA a chinntiú. Leanfaimid orainn ag tacú leis an Roinn Airgeadais i bplé a bhaineann le tograí ViDA, agus comhoibreoimid le riaracháin chánach eile an AE chun tuiscint níos fearr a fháil ar na deiseanna agus ar na dúshláin a bhaineann leis na tograí seo.

Nuachóiriú a dhéanamh ar riarachán CBL na hÉireann

Sheolamar comhairliúchán poiblí go déanach in 2023, chun scrúdú a dhéanamh ar na bealaí ina bhféadfaí córas sonrascacha agus tuairiscithe CBL na hÉireann a nuachóiriú. Dhírigh chéad chéim an chomhairliúcháin ar nuachóiriú tuairiscithe CBL B2B agus B2G, le tacaíocht ó ríomhshonrascadh. Foilsíodh tuarascáil ina leagtar amach na príomhthorthaí i mí an Mheithimh 2024.

San iomlán, fuair an comhairliúchán os cionn 1,100 freagra - 1,034 tíolacadh ó ghnóthaí cáiniócoirí, agus 84 aighneacht ó pháirtithe leasmhara eile amhail gnóthaí cuntasáíochta, leabharchoimeádaithe, soláthraithe bogearraí, soláthraithe ríomhshonrascacha agus comhlachtaí ionadaíocha. Maidir leis na gnóthaí cáiniócoirí a d'fhreagair:

- oibríonn 54% mar thrádálaithe aonair nó mar chomhpháirtíocht, agus trádálann 46% trí struchtúr corparáideach,
- bhí an chuid is mó acu san earnáil FBManna, le láimhdeachas bliantúil faoi bhun €100,000 ag 46%, agus láimhdeachas bliantúil idir €100,001 agus €700,000 ag 28% eile,
- tá soláthraithe lonnaithe in Éirinn agus in áiteanna eile ag 52%, agus tá custaiméirí lonnaithe in Éirinn agus in áiteanna eile ag 35%, agus
- dúirt an chuid is mó acu (85%) nach raibh siad faoi réir córas tuairiscithe CBL in áiteanna eile, agus níor thug ach 8% le fios go raibh orthu sonraí faoina n-idirbhearta CBL a thuairisciú do riaracháin chánach eile.

Tá saineolas digiteach éigin ag sciar mór de na freagróirí cheana féin. Úsáideann 56% pacáiste bogearraí cuntasáíochta chun cabhrú lena gcomhlíontacht CBL a bhainistiú, agus eisíonn 69% sonrasc digiteach de chineál éigin dá gcustaiméirí. Mar sin féin, thug céatadán suntasach de ghnóthaí (89%) le fios nach raibh siad ag gabháil do ríomhshonrascadh agus nach raibh mórán taithí acu ar ríomhshonrascadh go dtí seo.

Léiríonn an t-aiseolas ó na comhairliúcháin an méid seo a leanas maidir leis na ceisteanna substainteacha a cuireadh:

- Tacaíonn 45% de na freagróirí gnó leis an togra chun tuairisciú fíor-ama a thabhairt isteach d'idirbhearta B2B agus B2G,
- Tá imní ar 34% maidir le bogadh go tuairisciú fíor-ama,
- Ba mhaith le 14% tuilleadh faisnéise a bheith acu chun go mbeidh siad in ann trácht a dhéanamh ar bhogadh chuig córas tuairiscithe digiteach,
- Tá céatadán beag (5%) sásta leis an gcóras reatha, agus

- Níl 2% cinnte conas a bheadh feidhm ag tuairisciú fíor-ama le haghaidh togra idirbheart B2B agus B2G ar a ngnó féin.

Is é an comhairliúchán luathchéime seo an chéad chéim inár rannpháirtíocht leis an bpobal CBL maidir le nuachóiriú CBL na hÉireann, agus tá na léargais a fuarthas ag cabhrú linn agus muid ag dearadh cur chuige na hÉireann maidir le Tuairisciú Digiteach CBL nuachóirithe, laistigh de chreat an ViDA. Tá tuilleadh comhairliúchán agus rannpháirtíochta poiblí eile le teacht, de réir mar a thagann tograí athchóirithe chun cinn, de réir mar a dhéantar iad a thástáil, a bheachtú agus a chur i bhfeidhm.

Dá bhrí sin beidh ról lárnach, ar bhonn leanúnach, ag ionchur a fhaightear ó ghnóthaí agus ó pháirtithe leasmhara eile i múnú an phlé maidir le nuachóiriú chóras CBL na hÉireann. Déanfar gach tuairim, gach imní agus gach moladh a chuirtear isteach a athbhreithniú agus a mheas de réir mar a théann an clár ar aghaidh.

Aithníonn muid iad siúd go léir a ghlac an t-am chun cur leis an bpróiseas comhairliúcháin go dtí seo, agus gabhaimid buíochas leo. Leanfaimid orainn le plé spriocdhírthe le páirtithe leasmhara ar ghnéithe sonracha de thuairisciú CBL agus ríomhshonrascadh de réir mar a leanaimid orainn ag iniúchadh agus ag forbairt réiteach féideartha ar bhealach níos mionsonraithe.

Tugadh isteach leis an Acht Airgeadais 2024 reachtaíocht maidir le cáin ar tháirgí leachta toitín leictreonaigh, a thacaíonn le tiomantas Chlár an Rialtais cáin a ghearradh ar thoitíní leictreonaigh agus ar tháirgí vápála, i bhfianaise leasanna sláinte poiblí. Gearrfar an cháin nua, atá faoi réir ordú um thosach feidhme, ar an gcéad soláthar de tháirgí leachta toitín leictreonaigh sa Stát agus beidh feidhm aici ag ráta €500 an lítear. Mhéadaigh cáin ar tháirgí tobac freisin faoi €1 in aghaidh an phaicéad 20 toitín, le héifeacht ón 2 Deireadh Fómhair 2024.

Rinne an tAcht Airgeadais 2024 foráil freisin do leathnú an fhaoisimh ó dhleacht mháil ar tháirgí alcóil do tháirgeoirí beaga leann úll agus leann piorraí, agus deochanna coipthe eile. Tá an faoiseamh ar fáil anois do tháirgeoirí leann úll agus leann piorraí a bhfuil toirt níos mó ná 8.5% acu, agus deochanna coipthe eile.

Ag teacht le polasaí an Rialtais maidir le hathrú aeráide, rinne an tAcht Airgeadais 2024 dhá leasú ar CCF:

- ón 1 Eanáir 2025, laghdaíodh an cóimheas meáchain a theastaíonn chun go gcáileoidh feithiclí leictreacha tráchtála don ráta CCF €200 ó 130% go 125%,
- ón 1 Iúil 2025, gearrfar na rátaí CCF d'fheithiclí chatagóir B bunaithe ar astaíochtaí CO₂ na feithicle, le ráta 8% i bhfeidhm ar fheithiclí a bhfuil astaíochtaí CO₂ suas le 120g/Km acu agus 13.3% ar fheithiclí a bhfuil astaíochtaí níos mó ná sin acu.

Chomh maith le hathruithe san Acht Airgeadais, cuireadh roinnt reachtaíochta tánaistí nua i bhfeidhm freisin, ag trasú reachtaíocht an AE i ndlí na hÉireann, agus ag soláthar sonraí ag rialú feidhmiú socruithe áirithe cánach agus dleachta mar atá leagtha amach thíos.

- 1) Tháinig na Rialacháin um Rialú Táirgí Inmháil 2024 (I.R. 36 de 2024) i bhfeidhm ar an 1 Feabhra 2024. Forordaítear leis na rialacháin sin, i gcomhréir le Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle lena leagtar síos na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil, nósanna imeachta maidir le gluaiseacht táirgí inmháil idir Ballstáit an AE. Comhlánaíonn na rialacháin na forálacha ginearálta máil atá leagtha amach sa reachtaíocht phríomhúil, agus tagann siad i bhfeidhm in ionad rialacháin 2013.
- 2) Tháinig na Rialacháin CBL (Rialachán 34B) (Leasú) 2024 (I.R. Uimh. 31 de 2024) i bhfeidhm ar an 1 Feabhra 2024. Rinneadh na rialacháin seo de bhun beart a tugadh isteach san Acht Airgeadais (Uimh. 2) 2023 lena rialaítear cur i bhfeidhm CBL ar éarlaisí inaisíochta faoin scéim éarlais agus tabhair ar ais le haghaidh cannaí deochanna aonúsáide agus buidéal phlaisteacha. Foráiltear sa reachtaíocht nach bhfuil feidhm ag CBL maidir leis an éarlais, ach amháin sa chás nach gcuirtear coimeádáin ar ais faoin scéim. Is é oibreoir na scéime atá freagrach as an CBL i gcásanna den sórt sin. Leagtar amach i rialacháin 2024 rialacha mionsonraithe maidir le cuntas a thabhairt i leith CBL ar na

héarlaisí a bhaineann le coimeádáin dí nár tugadh ar ais.

- 3) Rinne Rialacháin an AE (CBL) 2024 (I.R. Uimh. 725 de 2024) forálacha áirithe de Threoir (AE) 2022/542 ón gComhairle, ar a dtugtar an Treoir maidir le Rátaí CBL, a nuashonraíonn creat ginearálta an AE maidir le rátaí CBL a gcaithfidh na Ballstáit cloí leo, a thrasú i ndlí na hÉireann. Leis an dtrasuí, leasaítear na rialacha áit soláthair maidir le sruthú nó freastal fíorúil maidir le himeachtaí cultúrtha, ealaíonta, spóirt, eolaíochta, oideachais agus siamsaíochta, agus tá rialacha nua ann freisin maidir le feidhmiú na scéime corrlaigh d'earraí athláimhe. Tháinig na leasuithe seo i bhfeidhm ar 1 Eanáir 2025.

Oibrímid freisin le raon leathan páirtithe leasmhara ó Ranna éagsúla, lena chinntiú go leanaimid orainn ag tacú le tionscnaimh Rialtais níos leithne. Tá cuid dár bpríomhshaothar sa spás seo in 2024 leagtha amach thíos.

- Oibrímid go dlúth le Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann agus tá ionadaíocht againn ar an gCoiste Maoirseachta Prótacail um Dhócmhainneacht Phearsanta chun a chinntiú go n-éireoidh go leanúnach leis an bprótacal.
- Tá ionadaíocht againn ar Ghrúpa Athbhreithnithe an Dlí Cuideachtaí agus ar roinnt dá bhfochoistí. Bunaíodh an CLRG chun fiontraíocht a chur chun cinn, tráchtáil a éascú, agus ionracas tráchtála a spreagadh, chun bonneagar éifeachtach dlí cuideachtaí den chéad scoth a chinntiú in Éirinn.
- Is muid an gníomhaire bailiúcháin don FSS maidir leis an Scéim um Thacaíocht Chúnta Stáit mar atá leagtha síos i Rialacháin na Scéime Tacaíochta um Thithe Altranais (Suimeanna Inaisíochta a Bhailiú agus a Aisghabháil) 2009, I.R. Uimh. 436 de 2009, agus sa Mheabhrán Tuisceana leis an FSS.
- Bailímid an tobhach ar mhálaí plaisteacha thar ceann na Roinne Aeráide, Comhshaoil agus Fuinnimh. Ansin íoctar fáлтаis an tobhaigh isteach sa Chiste Geilleagair Chiorclaigh, a úsáidtear chun tionscnaimh a mhaoiniú chun dramhaíl a laghdú agus athúsáid agus athchúrsáil earraí a chur chun cinn.

Ár gCion a Dhéanamh ar Bhonn Idirnáisiúnta

I rith 2024, leanamar ar aghaidh ag forbairt líonra conarthaí cánach na hÉireann i gcomhréir le Ráiteas Beartais na hÉireann maidir le Conarthaí Cánach. Tá Comhaontuithe cuimsitheacha um Chánachas Dúbailte (CCDanna) sínithe ag Éirinn lena gclúdaítear cáin ioncaim, cáin chorparáide, MSU, agus CGC le 78 tír, agus tá 75 díobh i bhfeidhm. Tá Comhaontuithe um Malartú Faisnéise Cánach sínithe ag Éire le 26 dlínse freisin, agus tá gach ceann acu i bhfeidhm.

I measc na bhforbairtí ar ár líonra conarthaí cánach le linn 2024 bhí:

- leanúint den idirbheartaíocht maidir le conarthaí agus CCDanna cuimsitheacha a shíniú le hOman agus Lichtinstéin, agus
- leanúint leis an bpróiseas chun téacsanna sintéiseithe a chomhaontú agus a fhoilsiú le comhpháirtithe conartha chun modhnuithe ar ár CCD reatha a léiriú mar a fhoráiltear leis an Ionstraim Iltaobhach frith-BEPS.

Feidhmímid mar an tÚdarás Inniúil chun críche aon díospóidí maidir le faoiseamh ó chánachas dúbailte a d'fhéadfadh teacht chun cinn faoi Chomhaontuithe CCD na hÉireann a réiteach. I rith 2024, réitíomar 67 díospóid den sórt sin, ar bhain 24 acu le leithroinnt nó leithdháileadh brabúis idir Éire agus an tír eile lena mbaineann (praghsanna aistrithe) agus bhain 43 díobh le díospóidí praghsála um chánachas dúbailte (neamhaistrithe) eile (Tábla 10). Is éard a bhí i gceist leis an obair sin ná caibidlíocht maidir leis an Nós Imeachta um Chomhaontú Frithpháirteach (MAP)

le hÚdaráis Inniúla eile, dá bhforáiltear faoinár líonra CCD, faoi Choinbhinsiún Eadrána an AE agus faoin Treoir maidir le Sásraí um Réiteach Díospóidí Cánach an AE.

Is comhaontuithe déthaobhacha casta iad Réamh-Chomhaontuithe Praghsála (RCP) lena gcinntear, roimh an tréimhse chuntais lena mbaineann, bonn comhaontaithe le haghaidh praghsáil aistrithe idirbheart casta trasteorann idir cuideachtaí comhlachaithe. Leis an obair a dhéanaimid i gcaibidlíocht RCP le hÚdaráis Inniúla tíortha eile, féachtar le cosc a chur ar dhíospóidí praghsála aistrithe a thagann chun cinn agus chun cinnteacht chánach a sholáthar.

Éilfionn an próiseas caibidlíochta RCP anailís chuimsitheach agus plé fairsing lenár gcomhpháirtithe conartha, chun teacht ar chomhaontú. In 2024, fuaireamar 23 iarratas ar RCP. Tar éis idirbheartaíocht le hÚdaráis Inniúla ó thíortha eile, tugadh 10 iarratas ar RCP chun críche agus tharraing cáiníocóir siar 1 iarratas ar RCP (Tábla 11).

Lean muid ar aghaidh ag caibidlíocht, ag comhaontú agus ag cur chun feidhme tionscnaimh nua maidir le malartuithe faisnéise idir riaracháin chánach i rith 2024. Foráiltear do mhalartuithe ar ioncam a thuilltear trí ardáin dhigiteacha faoi DAC7, lena gcumasaítear malartuithe idir riaracháin chánach san Aontas, agus faoi Rialacha Samhail ECFE d'Oibreoirí Ardáin Dhigiteacha (MRDP), lena gcumasaítear faisnéis den chineál céanna a mhalartú le riaracháin chánach i dtíortha áirithe nach tíortha AE iad. Ceanglaítear ar oibreoirí ardáin faisnéis a sholáthar maidir leis an ioncam a thuilleann díoltóirí, tríd an ardán, maidir le díol earraí, maidir le maoin dhochorraithe nó aon mhodh iompair a ligean ar cíos, agus maidir le seirbhísí pearsanta a sholáthar.

Cuireadh tús leis na chéad mhalartuithe faoi DAC7 in 2024, agus ceanglaíodh ar oibreoirí ardáin tuairisceáin a bhaineann leis an mbliain féilire 2023 a thíolacadh chuig na Coimisinéirí Ioncaim, a mhalartaigh muid ansin le Ballstáit ábhartha an AE.

Le linn 2024, thíolaic muid fógraí leis an OECD ag cur in iúl go raibh sé ar intinn againn faisnéis a mhalartú le Ceanada, an Nua-Shéalainn agus an Ríocht Aontaithe faoin MRDP in 2025. Thosaigh oibreoirí ardáin ábhartha le díoltóirí intuairiscithe sna dlínsí seo ag bailiú faisnéise in 2024, agus thuairiscigh siad an rud céanna ina dhiaidh sin i mí Eanáir 2025. Rinneamar na malartuithe ábhartha le dlínsí eile i mí Feabhra 2025.

Le linn 2022, thángthas ar chomhaontú idirnáisiúnta maidir le Creat Tuairiscithe Cripteashócmhainní an ECFE (CARF) agus leasaíodh an Comhchaighdeán Tuairiscithe (CRS). I mí na Samhna 2024, shínigh Éire comhaontuithe CARF agus Leasaithe CRS ag Seisiún Iomlánach an Fhóraithe Dhomhanda i bParagua.

Tá 16 phacáiste smachtbhannaí curtha i bhfeidhm ag an Aontas mar fhreagra ar ionsaí míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine ó mhí Feabhra 2022. Is é aidhm na smachtbhannaí seo bonn eacnamaíoch na Rúise a lagú. Cuimsíonn an córas smachtbhannaí bearta sriantacha spriocdhírthe (smachtbhannaí aonair), smachtbhannaí eacnamaíocha, agus bearta taidhleoireachta.

Foráiltear le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle go ndéanfar na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha go léir a bhaineann le daoine agus eintitis ar liosta smachtbhannaí an Aontais nó atá faoi úinéireacht, nó atá á seilbh acu nó atá á rialú acu ar liosta smachtbhannaí an Aontais. Dá bhrí sin, tá sé de dhualgas orainn a chinntiú nach gcuirtear aon chistí ná acmhainní eacnamaíocha ar fáil, go díreach nó go hindíreach, do na daoine atá i gceist, nó ar mhaithe leo.

Leanann muid de chéimeanna a ghlacadh, trí chur chuige rioscabhunaithe a ghlacadh, chun eintitis, grúpaí agus daoine aonair atá faoi réir, nó nasctha le daoine aonair nó eintitis atá faoi réir bhearta sriantacha an AE, a shainaithint. Amhail an 31 Nollaig 2024, reoitear aisíocaíochtaí agus aisíocaíochtaí cánach i leith 35 eintiteas mar gheall ar na próisis a chuir muid i bhfeidhm lena chinntiú go gcloítear le bearta sriantacha an AE. I gcomhréir le hoibleagáidí tuairiscithe,

tuairiscímid sonraí na gcistí reoite do Bhanc Ceannais na hÉireann ar bhonn tréimhsiúil.

Tá tús curtha againn le hidirghabhálacha comhlíontachta ar eintitis incháinite atá nasctha le daoine atá liostaithe ar liosta smachtbhannaí an AE, ar leibhéal cuí an Chreata Idirghabhálacha Comhlíontachta, mar fhreagra ar na rioscaí cánach a bhraitear a aithníodh. Tá sé sin i gcomhréir le cur chuige a chomhaontaigh Ballstáit uile an AE.

Treochtaí agus comhar custam

Leanann ról na riarachán custaim de bheith ag forbairt ón sprioc thraidisiúnta dleachtanna custaim a fháil ar earraí a iompórtáiltear ó lasmuigh den AE i dtreo an chuspóra leathain maidir le trádáil, sláine Mhargadh Singil an Aontais agus saoránaigh an AE a chosaint.

In 2023, chuir Coimisiún an AE, an comhlacht atá freagrach as athruithe ar reachtaíocht agus ar phróisis chustaim a mholadh, togra uailmhianach chun reachtaíocht chustaim an AE a athchóiriú – an Togra um Athchóiriú Custaim. Dá nglacfaí leis, bheadh sé sin ar an athchóiriú is suntasaí ar riarachán rialacha custaim an Aontais ó bunaíodh Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh breis agus 50 bliain ó shin.

Faoi threoir Uachtaránacht na Beilge agus na hUngáire, tá an togra ina ábhar dianphlé ag Comhairle an AE, an comhlacht a sholáthraíonn fóram do na Ballstáit chun beartas an Aontais a fhorbairt agus a chomhaontú. Trínár rannpháirtíocht i nGrúpa Oibre Aontas Custaim na Comhairle, bhí ról gníomhach againn sna díospóireachtaí sin i rith 2024, d'fhonn a chinntiú go bhfreastalaítear go leordhóthanach ar chleachtais agus ar shaintréithe thrádáil na hÉireann faoin Togra. Leanfaidh Uachtaránacht na Polainne leis an bplé sin, d'fhonn téacs cobhsaí ón gComhairle a chomhaontú faoi dheireadh a téarma i mí an Mheithimh 2025.

A luaithe a chomhaontaítear téacs ón gComhairle, is féidir leis an togra dul i mbun plé tríthaobhach idir Coimisiún an AE, Parlaimint an AE agus Comhairle an AE, chun téacs dlíthiúil comhréitigh a chomhaontú. Déanfaimid monatóireacht ghéar ar thoradh an phlé sin, agus tacóimid le trádáil chun ullmhú do gach athrú dá bharr ar fhoirmiúlachtaí custaim in am trátha.

Déantar Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh a athrú idir na Ballstáit gach sé mhí, agus oibríonn sí mar chuid de thriúr chun feidhmiú rianúil na Comhairle a éascú. Áirítear leis sin cathaoirleacht a dhéanamh ar chruinnithe na meithle, agus ionadaíocht a dhéanamh ar an gComhairle le linn caibidlíochta tríthaobhacha agus ag cruinnithe idirnáisiúnta eile. Rachaidh Éire i mbun na hUachtaránachta i mí Iúil 2026, agus beidh sí mar chuid de thriúr leis an Liotuáin agus leis an nGréig. Tá tús curtha leis na hullmhúcháin d'Uachtaránacht na hÉireann faoi cheannaireacht na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, agus táimid ag cur le forbairt thosaíochtaí beartais na hÉireann.

Tá gá le rialuithe custam chun sláinte an phobail a chosaint, chun sábháilteacht bia agus caighdeán táirgí a chinntiú, chun gnóthaí an Aontais a chosaint ar iomaíocht idirnáisiúnta éagórach agus chun poist a chaomhnú d'oibrithe Eorpacha, oibrithe Éireannacha san áireamh. Agus rialuithe ábhartha á gcur i bhfeidhm againn, tá sé mar aidhm againn trádáil dhlisteanach a éascú chun gluaiseacht chomh tapa agus chomh héifeachtúil agus is féidir. Bhí muid ar thús cadhnaíochta freisin maidir le tacú le hiarrachtaí domhanda chun dul i ngleic le neamhchomhlíontacht chun cothrom na Féinne a chinntiú d'oibreacha eacnamaíocha san AE.

De bharr an fáis sa ríomhthrachtáil, tá dúshláin ann do leasanna airgeadais Bhallstáit an AE, agus do shláinte agus do shábháilteacht a saoránach. Leanann an tAontas Eorpach de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Mar chuid de sin, leanaimid orainn ag plé go réamhghníomhach leis an gCoimisiún Eorpach, leis an gComhairle Eorpach agus le Ballstáit eile chun réitigh reachtacha agus nós imeachta praiticiúla a thabhairt chun cinn lena chinntiú nach mbeidh tionchar diúltach ag iompórtáil earraí ríomhthrachtála ar thrádáil na hEorpa, agus go gcloíonn gach earra a thugtar isteach san AE go docht le critéir

sábháilteachta táirgí an AE.

Gné thábhachtach eile den chlár oibre beartais chustaim le linn 2024 ba ea cur chun feidhme na rialachán a bhaineann le clár ‘Oiriúnach do 55’ an AE, a bhfuil sé mar aidhm aige laghdú 55% a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030, i gcomparáid le leibhéil na bliana 1990.


Rinneadh dul chun cinn ar an obair i rith 2024 ar an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT) agus ar an Rialachán maidir le Táirgí atá Saor ó Dhífhoraóisíú (EUDR). Spreagann CBAM táirgeadh tionsclaíoch níos glaine i dtíortha nach tíortha AE iad trí phraghas cothrom a chur ar an gcarbón a astaítear le linn táirgeadh earraí dian ar charbóin a thagann isteach san AE. Tá CBAM sa chéim idirthréimhseach go dtí an 1 Eanáir 2026, ina gcaithfidh iompórtálaithe earraí CBAM clárú agus tuarascálacha ráithiúla a thíolacadh dá n-easpórtálaithe CBAM de stroighne, iarainn agus cruach, alúmanam, leasacháin, leictreachais agus hidrigin, isteach san AE.

Faoi EUDR, ní mór d’aon oibreoir nó trádálaí a chuireann tráchtearraí amhail eallach, adhmaid, cócó, soy, ola pailme, caife, rubair, agus cuid dá dtáirgí díorthaithe, amhail leathar, seacláid, boinn nó troscán a bheith in ann a chruthú nach dtagann na táirgí ó thalamh dífhoraóisithe le déanaí, nó gur chuir siad le díghrádú foraoise. Beidh feidhm ag na ceanglais maidir le cuideachtaí móra agus meánmheide an 30 Nollaig 2025, agus i gcás micrifhiontair agus fhiontair bheaga an 30 Meitheamh 2026.

Príomhthosaíocht eile ar chlár oibre an chustaim is ea bainistiú na dtáirgí atá á n-iompórtáil isteach in Éirinn, agus go gcomhlíonann siad na ceanglais sábháilteachta ábhartha. Tabharfar aghaidh ar an riosca sin trí dhlúthchomhar leis na húdaráis um fhaireachas margaidh, chun earraí a d’fhéadfadh a bheith contúirteach a thagann isteach sa tír a bhrath agus a scrúdú.

Cuireann an Coiste Comhairleach Custaim fóram ar fáil dúinn chun dul i gcomhairle le grúpaí ionadaíocha agus tuairimí a mhalartú le grúpaí ionadaíocha ar chúrsaí custaim. Pléann an fóram forbairtí agus tograí i réimse an chustaim, go háirithe ar leibhéal an AE. Tháinig an coiste le chéile ceithre huaire in 2024 agus bhí an príomhfhócas aige ar chur i bhfeidhm leanúnach an chlár forbartha TF Custaim, chomh maith le tionchar athruithe custaim na Ríochta Aontaithe ar thrádáil na hÉireann.

Bhí beagnach 400,000 gluaiseacht lasta isteach in Éirinn ón Ríocht Aontaithe le linn 2024, agus tugadh an bealach glas do 90% dóibh, rud a chiallaíonn go ndeachaigh siad go saor tríd an gcalafoirt ábhartha gan aon idirghníomhaíocht bhreise le haon ghníomhaireacht Stáit. Tugadh an bealach oráiste do 8% eile de na gluaiseachtaí lasta seo in 2024, rud a chiallaíonn go raibh seiceáil doiciméadach nó rialú den chineál sin ag teastáil ó na hearraí, agus tugadh an bealach dearg don 2% a bhí fágtha, rud a chiallaíonn go raibh riachtanas ann scrúdú nó imscrúdú fisiceach ar na hearraí a dhéanamh.



Mar fhreagra ar phatrúin trádála atá ag athrú tar éis imeacht na Ríochta Aontaithe as an AE, tá obair fhorleathan forbartha ar siúl ag Europort Ros Láir chun Saoráid Stáit bhuan a chruthú. Cuireadh tús leis an tógáil i mí Iúil 2023 agus tá dáta críochnaithe a bhfuiltear ag súil leis de Mheán Fómhair 2025, agus an obair á chríochnú i gcéimeanna.

Nuair a bheidh sé críochnaithe, soláthróidh an tionscadal áiseanna nua agus feabhsaithe, bealaí iontrála agus amach, agus uasghrádú suntasach ar an mbonneagar ar fud an Chalafort i roinnt réimsí. Éascóidh an fhorbairt próiseáil rialuithe allmhairithe agus onnmhairithe, ó gach bád farantóireachta paisinéirí agus lasta a úsáideann Europort Ros Láir, i gcompún Stáit amháin.

Tá thart ar 28 foirgneamh ar leith san fhorbairt, atá faoi stiúir Oifig na nOibreacha Poiblí. Cuimsíonn sé áiseanna nua do na Coimisinéirí Ioncaim, don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, do Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus don Gharda Síochána. Soláthróidh na saoráidí an bonneagar buan riachtanach ag Europort Ros Láir, chun rialuithe custaim, sláintíochta agus fiteashláintíochta (SPS) agus oifigiúla bia a chomhlíonadh mar thoradh ar an mBreatimeacht.

Mar chuid d'athfhorbairt Europort Ros Láir, seolfar córas nua gátanta X-gha ardfhuinnimh in 2025. Is é seo an chéad chóras gátanta X-gha ardfhuinnimh a seolfar sa Stát agus táthar ag súil go rachaidh sé i seirbhís roimh dheireadh na bliana.

Is grúpa oibre é an Fóram Oibríochtaí Custaim (COF) atá comhdhéanta d'ionadaithe ó na hearnálacha iompórtála, easpórtála agus iompair. Is é cuspóir COF saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar ghrúpaí trádálaithe a bhfuil dearbhuithe iompórtála agus easpórtála acu trí Chalafort Bhaile Átha Cliath a aithint agus a anailísiú, chomh gar do fhíor-am agus is féidir.

Tionóladh an chéad chruinniú de Choiste Réigiún na Stát Aontaithe i mí Eanáir 2024, agus reáchtáladh cúig chruinniú eile le linn 2024. Táimid tiomanta do thrádáil dhlísteanaigh a éascú chun bogadh chomh tapa agus chomh héifeachtúil agus is féidir. Dá bhrí sin, leanfaimid orainn ag obair le comhlachtaí trádála agus ionadaíochta i rith 2025, chun teacht ar réitigh oibríochtúla ar shaincheisteanna a ardaíodh ag an bhfóram, d'fhonn gluaiseacht réidh agus éifeachtúil earraí trí Chalafort Bhaile Átha Cliath a chinntiú.

Comhlíontacht a Éascú agus Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht

Gníomhaíochtaí Comhlíontachta Bliantúla



Idirghabhálacha Comhlíontachta

272,714 idirghabháil iniúchóireachta agus comhlíontachta dúnta
46,144 breithmheas déanta
€591m mar thoradh



Foilseacháin

€28.1m i socraíochtaí foilsithe maidir le 86 cáinócóir
€4.5m i bpionóis cúirte gearrtha agus foilsithe i leith 18 gcáinócóir



Tionscadal na Scairscéimeanna Náisiúnta

449 idirghabháil dúnta
€17.5m mar thoradh



Tionscadal Cruthaitheora Inneachair agus na Meáin Shóisialta

52 idirghabháil dúnta
€2.6m mar thoradh



Idirghabhálacha Praghsála Aistrithe

46 idirghabháil tugtha chun críche ó 2015 i leith
€788m mar thoradh
€1bn i gcaillteanais trádála srianta



Seachaint Cánach

256 cás seachanta dúnta
€46M mar thoradh
Tá aghaidh á thabhairt ar 228 cás go gníomhach

Ag Cur Isteach ar Gníomhaíochtaí sa Scáthgheilleagar



Urghabhadh Drugaí ar Luach €214.7m

6,699kg de channabas
605kg de chócaon agus hearóin
56,801kg de dhrugaí eile



Urghabhadh Tobac agus Alcól ar Luach €131.3m

112.3m toitín
39,407kg de thobac
595,177 lítear alcóil



Urghabhálacha Airgid agus Forghéillte

49 urghabháil, ar luach €972,473
32 ordú forghéillte airgid, ar luach €1,106,677



Ionchúisimh agus Ciontuithe

148 ciontú achomair tugtha chun críche
20 ciontú coiriúil tugtha chun críche
Gearradh fíneálacha arb ionann iad agus €401,520



Gníomhaíochtaí Ilghníomhaireachta

4,855 cuairt ar an láthair
100 seachadadh rialaithe
26 Oibríocht chomhpháirteach



Acmhainní atá ar fáil dúinn

26 foireann madra bolaíochta
3 scanóir x-gha soghluaiste
2 Chuitéar Custom

Comhlíontacht a Éascú agus Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht

D'fhan rátaí comhlíontachta saorálaí ard in 2024, agus chuir formhór mór na gcáiníocóirí tuairisceáin chánach chruinne isteach agus d'íoc siad an méid ceart cánach ag an am ceart. Léiríonn sé seo an cultúr láidir de chomhlíontacht shaorálach inár sochaí, agus an rannpháirtíocht dhearfach ó ghnólachtaí, ó cháiníocóirí aonair agus ó chleachtóirí cánach lena n-oibleagáidí comhlíontachta cánach.

Cé go bhfuil na daoine atá neamhchomhlíontach sa mhionlach, leanann muid orainn ag neartú ár dtuiscint ar iompar comhlíontachta cánach agus dleachta, agus tá muid tiomanta i gcónaí do gach cineál neamhchomhlíontachta a aithint agus aghaidh a thabhairt air.

Déantar monatóireacht ar chomhlíontacht cánach trí raon clár sainaitheantais, measúnaithe agus meastóireachta riosca, mar aon le próisis a fhaigheann tacaíocht ó anailísíocht sonraí fíor-ama agus ceistiú faisnéise cáiníocóirí agus tríú páirtí araon. Cinntíonn an cur chuige seo go ndírímid ár n-acmhainní ar an neamhchomhlíontacht, rud a íoslaghdaíonn an t-ualach riaracháin ar cháiníocóirí comhlíontacha.

Tacaíonn an Creat Idirghabhála Comhlíontachta (CIC) le comhlíontacht trí fhreagra chomhsheasmhach, chéimnithe a thabhairt ar riosca agus ar iompar cáiníocóra. Cuimsíonn na freagairtí seo ó dheiseanna a bhfuil teacht orthu go héasca chun earráidí a fhéincheartú go saorálach, suas go himscrúdú coiriúil do chásanna tromchúiseacha calaoise nó imghabhála. Tá an cineál idirghabhála a dhéantar faoin CIC bunaithe ar na rioscaí sonracha a aithníodh, agus ar iompar an cháiníocóra lena mbaineann. Ciallaíonn sé seo go mbeidh an idirghabháil a dhéanfar san fhoirm is éifeachtaí, ó thaobh ama agus acmhainní de, agus go gcuirfear an costas is lú ar an gcáiníocóir agus ar na Coimisinéirí Ioncaim araon, agus ag an am céanna ag tabhairt aghaidh i gceart ar rioscaí a shíltear a bheith ann.

Tacaíonn an CIC le cáiníocóirí rudaí a chur i gceart i slite atá chomh héasca agus chomh héifeachtach ó thaobh costais de agus is féidir. Tá sé chun tairbhe dóibh siúd a bhaineann leas as na deiseanna faoin CIC chun aghaidh a thabhairt ar earráidí ina gcúrsaí cánach agus iad a fhéincheartú go saorálach, mar go mbeidh an íosleibhéal pionóis i gceist agus, go ginearálta, nach mbeidh siad i mbaol ionchúisimh nó foilsithe.

In 2024, cuireamar 272,714 idirghabháil iniúchóireachta agus comhlíontachta i gcrích, a raibh toradh €591 milliún orthu (Táblaí 13A, 13B agus 13C). Áirítear leis sin €96 milliún in ús agus pionóis. Rinneadh 46,144 breithmheas eile freisin chun riosca a aithint agus a mheas.

Is díspreagadh tábhachtach é foilsiú ar liostaí na mainnitheoirí cánach inár dtroid i gcoinne na neamhchomhlíontachta cánach. Foráiltear le halt 1086A den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 go bhfoilsímid na liostaí seo san Iris Oifigiúil laistigh de thrí mhí i ndiaidh dheireadh gach ráithe ina dtagtar ar shocraíochtaí comhaontaithe, nó ina ndéanann na cúirteanna cinntí pionóis.

Comhaontaíodh agus foilsíodh socraíochtaí cánach arbh ionann iad agus €28.1 milliún (lena n-áirítear thart ar €13.9 milliún in ús agus pionóis), i ndáil le 86 cáiníocóir, i leith 2024 (Táblaí 14 and 15). Foilsíodh freisin 18 cás eile inar gearradh pionóis cúirte arbh fhiú os cionn €4.5 milliún iad, i leith 2024.

Tugann muid faoi imscrúduithe nuair a aimsítear cásanna d'imghabháil thromchúiseach cánach agus dleachta. Áirítear leis seo cásanna de chalaois chánach amhrasta, mar shampla, nuair a chuirtear doiciméid bhréagacha ar fáil chun tacú le héileamh. Déanann muid ár ndícheall a chinntiú go lorgaítear an raon iomlán smachtbhannaí dlíthiúla atá ar fáil, lena n-áirítear ionchúiseamh coiriúil, i gcásanna den sórt sin chun a léiriú cé chomh tromchúiseach is atá imghabháil cánach agus dleachta.

In 2024, d'éirigh linn 148 ciontú achomair a fháil, le fíneálacha cúirte de €385,520 san iomlán. Ina theannta sin, daingníodh an 20 ciontú indíotáilte seo a leanas as imghabháil thromchúiseach cánach agus dleachta os comhair na gcúirteanna.

- Naoi gciontú i leith cionta tromchúiseacha cánach, le pianbhreitheanna coimeádta (ó bhliain amháin, go trí bliana agus sé mhí) gearrtha i seacht gcás, ar cuireadh ceithre cinn díobh ar fionraí go hiomlán agus dhá cheann díobh ar fionraí go páirteach. I gcás amháin, gearradh seirbhís phobail 240 uair an chloig in ionad pianbhreith coimeádta. Gearradh fíneálacha iomlána de €16,000 i dtrí chás (bronnadh pianbhreith coimeádta ar dhá cheann de na cásanna sin chomh maith le fíneáil).
- 11 ciontú indíotáilte i leith cionta tromchúiseacha dleachta, agus mar thoradh orthu sin, gearradh pianbhreitheanna coimeádta (idir dhá mhí, agus trí bliana) maidir le naoi gcás, cuireadh ceithre cinn díobh ar fionraí go hiomlán agus cuireadh ceithre cinn díobh ar fionraí go páirteach. Gearradh 240 uair an chloig seirbhíse pobail i dhá chás, in ionad pianbhreitheanna coimeádta.

In 2024, chuireamar 14 chás ina raibh amhras ann go raibh imghabháil thromchúiseach cánach agus máil i gceist faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (SIP) lena mbreithniú. Sa tréimhse chéanna d'ordaigh an DPP imeachtaí coiriúla indíotáilte a thionscnamh i 14 chás. Ag deireadh 2024, bhí 20 chás d'imghabháil thromchúiseach cánach nó de chalaois á n-imscrúdú, agus tá 34 chás eile ar feitheamh os comhair na gCúirteanna faoi láthair (Tábla 20).

Mar is léir ón raon leathan idirghabhálacha a dhéantar, tugann muid dúshlán gníomhach do ghníomhaíocht sa scáthgheilleagair agus cuireann muid srian ar dheiseanna chun imghabháil cánach agus dleachta a dhéanamh. Áirítear leis sin idirghabhálacha a dhíríonn ar chalaois, trádáil aindleathach, smuigleáil agus coireacht eagraithe.

Rinne muid urghabháil ar os cionn 64,000kg de dhrugaí le linn 2024, ar luach measta de €214.7 milliún. Chomh maith leis sin, rinne muid 6,420 urghabháil ar tháirgí tobac aindleathacha, ar luach measta de bhreis agus €128.2 milliún agus urghabháladh breis agus 595,000 lítear d'alcól neamhdhlisteanach ar luach measta €3.2 milliún (Táblaí 16 agus 17).

Cláir Chomhlíontachta

Léiríonn ár mbonn cásanna deighilte an timpeallacht chánach agus custam náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ag athrú. Oibríonn muid clár comhlíontachta rioscabhunaithe a dhíríonn ar réimsí riosca agus earnálacha gnó éagsúla amhail tógáil, miondíol, mórdhíol, na meáin shóisialta, seirbhísí digiteacha, mearbhia agus fáilteachas.

Le linn 2024, lean muid ar aghaidh lenár dtionscadal comhlíontachta náisiúnta i leith scairscéimeanna, a tionscnaíodh in 2022. Scrúdaíonn an tionscadal seo cúrsaí cánach a thagann chun cinn do dhaoine aonair a fhaigheann luach saothair scairbhunaithe, a chlúdaíonn cáin ioncaim, MSU agus ÁSPC, agus CGC. Déanann an tionscadal athbhreithniú freisin ar chomhlíontacht na bhfostóirí maidir lena n-oibleagáidí tuairiscithe ar luach saothair scairbhunaithe.

Baineadh úsáid as gach leibhéal idirghabhála atá ar fáil sa CIC le linn an tionscadail seo, agus dúnadh 499 idirghabháil in 2024, le toradh €17.5 milliún. Áirítear leis sin €4.4 milliún in ús agus pionóis. Tá teagmháil déanta againn freisin le cáiníocóirí ar cosúil, de réir na faisnéise atá ar fáil dúinn, gur fheidhmigh siad scair-roghanna sna blianta 2020 go 2022, rud a thugann deis díobh féin-athbhreithniú a dhéanamh agus a ngnóthaí cánach a thabhairt chun rialtachta.

Meabhraítear d'fhostóirí freisin, tar éis achtú an Achta Airgeadais (Uimh.2) 2023, gur chóir cáin a ghearradh faoin gcóras ÍMAT ar aon ghnóthachan a gnóthaíodh an 1 Eanáir 2024 nó dá éis, ar fheidhmiú, sannadh nó scaoileadh cirt chun scaireanna nó sócmhainní eile a fháil. Mar

thoradh air sin, tá aon fhostóir a thugann deis rochtain a fháil ar scairscéim ábhartha freagrach anois as cuntas a thabhairt i leith na cánach ioncaim, MSU agus ÁSPC an fhostaí mar chuid dá bpróiseas párolla.

Leanamar orainn ag gearáil sonraí atá ar fáil dúinn chun cásanna imghabhála cánach tromchúiseacha san earnáil cíosa a aithint. Tá roinnt imscrúduithe ag dul ar aghaidh faoi láthair, agus tiocfaidh méadú ar ár bhfócas ar an earnáil seo in 2025. Mar chuid den obair seo, beidh muid i dteagmháil le gníomhaireachtaí Rialtais eile chun cur chuige comhordaithe a chur i bhfeidhm chun raon rioscaí san earnáil phríobháideach cíosa a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu.

Gné-Alt - Daoine Aonair a bhíonn i mBun Gnó ar Ardáin ar Líne

Tá úsáid na meán sóisialta agus ardáin eile ar líne chun gníomhaíochtaí gnó a dhéanamh níos forleithne le blianta beaga anuas agus, dá bhrí sin, is réimse fócais é atá ag teacht chun cinn laistigh dár gclár comhlíontachta bliantúil.

Níl aon difríocht idir oibleagáidí cánach na ndaoine a dhéanann gníomhaíochtaí gnó trí ardáin ar líne agus oibleagáidí cánach na ndaoine atá ag feidhmiú in aon earnáil eile den gheilleagar. Mar sin:

- ba chóir do dhaoine féinhostaithe clárú mar cháinióirí féinmheasúnaithe chun críocha cánach ioncaim agus a n-ioncam a dhearbú trí thuairisceáin cánach ioncaim a thíolacadh go bliantúil agus an dliteanas dlite a íoc ar líne, trí ROS,
- sa chás go roghnaíonn duine aonair cuideachta a bhunú chun na gníomhaíochtaí gnó ábhartha a dhéanamh, beidh cáin chorparáide inmhuirearaithe ar an gcuideachta ar an ioncam a eascraíonn agus ba cheart di an t-ioncam sin a thuairisciú ina tuairisceán cánach corparáide don tréimhse chuntasaíochta ábhartha, agus
- sa chás go sáraíonn an t-ioncam a fhaightear an tairseach clárúcháin CBL maidir le soláthar seirbhísí, ní mór don duine aonair nó don ghnó clárú le haghaidh CBL (féadfaidh an duine aonair nó an gnó rogha a dhéanamh freisin chun clárú go saorálach le haghaidh CBL sula mbaintear an tairseach seo amach).

Tá na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas, áfach, go bhféadfadh go leor tionchair agus daoine aonair eile a oibríonn trí ardáin ar líne a bheith aineolach ar a n-oibleagáidí cánach, nó ar an gcánachas a bhaineann le hioncam, briontanaís, saorúsáid earraí nó seirbhísí, airgeadraí fíorúla nó licíní a fhaigheann siad trína ngníomhaíochtaí gnó. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go gcuirfimid treoir agus faisnéis shoiléir ar fáil maidir leis na gnéithe sin, chun tacú le comhlíontacht shaorálach laistigh den gheilleagar digiteach.

Ó 2023 i leith, tá níos mó ná 450 fógra comhlíontachta Leibhéal 1, agus 120 fógra comhlíontachta Leibhéal 2, eisithe againn do dhaoine aonair a dhéanann gnó trí na meán shóisialta agus ardáin eile ar líne.

Faoi Idirghabháil Comhlíontachta Leibhéal 1, féadann cáinióirí aghaidh a thabhairt go saorálach ar aon ábhair chomhlíontachta trí fhéincheartú nó nochtadh cáilitheach neamhspreagtha a dhéanamh, de réir mar is cuí.

Ba chóir d'aon duine aonair a fhaigheann fógra Idirghabhála Comhlíontachta Leibhéal 1 na céimeanna seo a leanas a ghlacadh má tá ioncam faighte acu nár dhearbhaigh siad:

- ba chóir do cháinióirí a bhfuil tuairisceán/tuairisceáin tíolactha acu cheana féin, ach a d'fhág amach sonraí i leith ioncam tuillte (m.sh. tuairisceán mícheart a bheith tíolactha acu) a dtuairisceán/a dtuairisceáin a leasú agus aon dliteanais bhreise atá dlite a íoc, agus
- ba chóir do cháinióirí nach bhfuil tuairisceán cánach tíolactha acu go fóill do na blianta ábhartha aon tuairisceáin amuigh a thíolacadh, sonraí uile i leith ioncam tuillte a sholáthar, agus aon cháin dhlite a íoc.

Is í an aidhm atá le hidirghabhálacha Leibhéal 2 ná aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíontacht an cháiniócóra. I measc na samplaí tá athbhreithnithe/seiceálacha riosca-bhunaithe ar shonraí a sholáthraíonn cáinióirí ina dtuairisceáin chánach. D'fhéadfadh raon na hathbhreithnithe agus na seiceálacha rioscabhunaithe seo dul ó scrúdú ar shaincheist amháin laistigh de thuairisceán cánach go dtí iniúchadh iomlán. A luaithe a fhaightear fógra Idirghabhála Comhlíontachta Leibhéal 2, is féidir le cáinióirí aghaidh a thabhairt ar aon ábhair chomhlíontachta trí nochtadh cáilitheach spreagtha a chur isteach.

Dúnadh 52 idirghabháil san earnáil seo le linn 2024, le toradh os cionn €2.6 milliún. Áirítear leis sin, díreach os cionn €670,000 in ús agus pionóis. Fágadh raibh 93 idirghabháil eile fós ar oscailt ag deireadh 2024.

Tá sé fós ina phríomhthosaíocht againn feabhas a chur ar ár dtuiscint ar riosca a bhaineann le gníomhaíochtaí gnó a dhéantar trí ardáin ar líne, agus leanfaidh muid orainn ag úsáid tuairisceáin cháiniócóra, eolas tríú páirtí, faisnéis, agus foinsí eile atá ar fáil dúinn, chun athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíontacht laistigh den earnáil seo agus táscairí neamhchomhlíontachta a aithint.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, in Na Coimisinéirí Ioncaim v. Karshan (Midlands) Ltd., thug an Chúirt Uachtarach breithiúnas tábhachtach inar leagadh amach creat cúig chéim chun an cheist a chinneadh maidir le cé acu conradh ‘seirbhíse’ nó conradh ‘le haghaidh seirbhíse’ atá i gconradh, rud a thug soiléireacht shuntasach ar na hábhair sin. Mar chinneadh de chuid na Cúirte Uachtaraí, tá impleachtaí forleathana ag an mbreithiúnas seo i ngach earnáil agus níl sé teoranta do na hoibrithe aonair ná don earnáil atá bainteach leis an gcás sonrach seo.

Tar éis an breithiúnas seo de chuid na Cúirte Uachtaraí, d’fhoilsíomar Lámhleabhar Cánach agus Dleachta (TDM) nua i mí na Bealtaine 2024, dar teideal ‘Treoirínte na gCoimisinéirí Ioncaim chun Stádas Fostaíochta a Chinneadh chun críocha Cánachais’, chun cabhrú le gnóthaí tuiscint a fháil ar na himpleachtaí a eascraíonn as an mbreithiúnas seo. Míníonn TDM an creat cinnteoireachta cúig chéim a cheanglaítear ar ghnóthaí i ngach earnáil a úsáid chun stádas cánach na n-oibrithe a mbíonn baint acu leo a chinneadh agus a thuiscint. Tá roinnt samplaí praiticiúla sa lámhleabhar freisin chun cabhrú le gnóthaí sa phróiseas seo.

Tar éis athbhreithniú a bheith déanta ag grúpa idir-rannach ina raibh muid féin, an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) agus an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (CCÁO) mar bhaill, foilsíodh Cód Cleachtais nuashonraithe maidir le Stádas Fostaíochta a Chinneadh (an Cód) freisin i mí na Samhna 2024. Is cód comhpháirteach é seo agus tá sé beartaithe tuiscint shoiléir a thabhairt ar an stádas fostaíochta atá ag daoine aonair, ag cur cleachtais reatha sa mhargadh saothair agus forbairtí sa reachtaíocht agus sa chásdlí san áireamh.

Tá gnóthaí freagrach as a chinntiú go n-asbhaintear na cánacha cearta ó phá a bhfostaithe agus go gcuirtear ar aghaidh iad ag an am ceart. Leanfaidh muid orainn ag obair le fostóirí ar mian leo, tar éis machnamh a dhéanamh ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag an mbreithiúnas orthu, a seasamh a thabhairt chun rialtachta mar atá leagtha amach inár ‘gCód Cleachtais d’Idirghabhálacha Comhlíontachta na gCoimisinéirí Ioncaim’.

Ó tugadh isteach Nua-Aoisíú ÍMAT i mí Eanáir 2019, tá sé riachtanach d’fhostóirí pá agus asbhaintí a bhfostaithe a thuairisciú i bhfíor-am, nuair a oibríonn siad párolla. Chuir tabhairt isteach na Riachtanais Tuairiscithe Feabhsaithe ar an 1 Eanáir 2024 tuilleadh feabhais ar an tuairisciú fíor-ama a dhéanann fostóirí.

Éilíonn na hathruithe seo ar fhostóirí agus ar a ngníomhairí a chinntiú go gcaithfear i gceart le híocaíochtaí incháinithe agus costais agus sochair nár gearradh cáin orthu agus go dtuairiscítear iad i bhfíor-am. Mar thoradh ar an bhfeabhsú seo ar thuairisciú fíor-ama, tá rialuithe níos déine á gcur i bhfeidhm ag fostóirí, chun a chinntiú go gcuirtear an chóireáil cheart chánach i bhfeidhm ar íocaíochtaí, costais agus sochair shonracha ag an am a thugtar nó a íoctar le fostaí iad.

Mar chuid dár gclár comhlíontachta gnó, lena n-áirítear athbhreithnithe agus idirghabhálacha a bhaineann le párolla, is gnách linn íocaíocht i leith costais foirne, agus soláthar sochar agus íocaíochtaí tuarastail d’fhostaithe a scrúdú. Scrúdaítear freisin gach réimse eile de rioscaí cánach féideartha a bhaineann le luach saothair foirne, lena n-áirítear aicmiú na n-oibrithe chun críocha cánach. Beidh na hábhair seo fós ina bhfócas dár ngníomhaíocht comhlíontachta in 2025.

Leanfaidh muid orainn ag feabhsú ár gcumas anailísíochta chun bearta a fhorbairt chun riosca calaoise CBL a bhrath agus a chomhrac. Gné thábhachtach i mbainistiú an riosca seo ná an comhoibriú déthaobhach le Ballstáit ar ghníomhaíochtaí calaoiseacha trasteorann CBL. Bímid

i mbun caidrimh le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta agus fóraim, lena n-áirítear EUROFISC agus Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCóras Riartha Cánach chun eolas a roinnt i ndáil le treochtaí ag teacht chun cinn agus an deachleachtas.

Le linn 2024, d'ardaigh muid measúnuithe cánach as ar eascair dliteanais bhreise CBL de €21 mhilliún, agus chuireamar 14 chlárúchán CBL ar ceal nuair a léiríodh go raibh gníomhaíocht chalaoiseach ann. Scríobh muid chuig 146 soláthraí eachtracha chun iad a chur ar an eolas faoi na cealúcháin seo.

Cuimsíonn Éirinn cuid mhór de CBL uile an AE a dearbhaíodh faoi na Scéimeanna, an Ionad Uileghnó CBL (OSS) agus an Ionad Uileghnó Iompórtála (IOSS). Trínár gcuid oibre ag cur bearta CBL ríomhthráchtála an AE i bhfeidhm, comhoibríonn muid le comhghleacaithe i mBallstáit eile chun príomhbhearta comhlíontachta OSS CBL agus IOSS a chur chun cinn.

Le linn 2024, lean muid ar aghaidh ag cur leis an gcomhoibriú agus rannpháirtíocht le riaracháin chánach eile, ag cur le leibhéal na malartuithe faisnéise a dhéantar trí Chúnamh Frithpháirteach. Rinne muid teagmháil freisin le hidirghabhálaithe IOSS a dhéanann ionadaíocht ar ghnóthaí ar líne neamh-AE le linn 2024, chun a chinntiú go bhfuil siad féin agus a gcliaint ag cloí go hiomlán le rialacha na scéimeanna sin.

Chuir muid Clár um Thuairisciú Íocaíochtaí Trasteorann (CESOP) an Aontais chun feidhme go rathúil le héifeacht ón 1 Eanáir 2024. Ó mhí Aibreáin 2024 i leith, tá thart ar 350 Soláthraí Seirbhíse Íocaíochta (SSÍanna) a chuireann seirbhísí ar fáil do ghnóthaí Éireannacha tar éis sonraí fairsinge a chur chugainn, ar bhonn ráithiúil, maidir le híocaíochtaí trasteorann a fuair siad óna gcustaiméirí AE.

Cuireann SSÍanna na sonraí seo faoi bhráid na riarachán cánach i ngach Ballstát den AE ina soláthraíonn siad seirbhísí. Déanann gach riarachán cánach na sonraí seo a uaslódáil chuig Coimisiún an AE le haghaidh comhiomlánú, agus féadtar iad a úsáid ansin chun an CBL a dhearbhaíonn gnóthaí a oibríonn ar bhonn trasteorann laistigh den AE a fhíorú.

Leanfaidh muid orainn ag déanamh iniúchtaí praghsála aistrithe rioscabhunaithe agus idirghabhálacha comhlíontachta praghsála aistrithe eile, chun aghaidh a thabhairt go réamhghníomhach ar dhúshláin na timpeallachta cánach idirnáisiúnta. Is príomhthosaíocht a bhí ansin dúinn in 2024, agus beidh sé fós ina thosaíocht againn neamhchomhlíontacht i leith praghsála aistrithe a aithint agus aghaidh a thabhairt air amach anseo.

Sa tréimhse ó 2015 go dtí deireadh 2024, chuir muid tús le 65 idirghabháil comhlíontachta praghsála aistrithe, a bhfuil 46 díobh tugtha chun críche. Is toradh €788 milliún a bhí ar na hidirghabhálacha seo a tugadh chun críche, lena n-áirítear €243 milliún in ús agus pionóis, agus srian ar chaillteanais trádála de os cionn €1 billiún, arb ionann é agus iarmhairt cánach corparáide de €135 milliún. Rinneadh measúnuithe leasaithe cánach corparáide, le cáin tearcíochta de thart ar €21 milliún a bhailiú, mar thoradh ar idirghabhálacha comhlíontachta praghsála aistrithe. Tá formhór na measúnaithe leasaithe seo faoi achomharc faoi láthair.

Úsáid Sonraí, Faisnéise agus Anailísíocht

Faigheann muid an-chuid eolais ó réimse foinsí, lena n-áirítear tuairisceáin agus faisnéis cáiníocóirí, agus faisnéis ó thríú páirtithe amhail ceannaitheoirí, comhlachtaí Rialtais, institiúidí airgeadais, agus cineálacha áirithe idirghabhálaithe.

Cuirimid fáilte freisin roimh thuairiscí ó bhaill den phobal maidir le neamhchomhlíontacht agus/nó imghabháil cánach amhrasta. Tar éis achtú an Achta um Nochtadh Cosanta 2014 (arna leasú), chuireamar leis na bealaí tuairiscithe a bhí ann cheana le bealaí seachtracha tiomnaithe d'oibríthe atá fostaithe ag gnó, duine aonair nó eagraíocht, seachas na Coimisinéirí Ioncaim, agus ar mian leo faisnéis a thuairisciú faoi éagóir fhéideartha a bhaineann le cáin, dleacht nó

rialuithe custaim.

In 2024, fuaireamar 171 tuarascáil nochta cosanta, suas ó 31 tuarascáil a fuarthas in 2023. Creidtear gur chuir roinnt fachtóirí leis an méadú seo, lena n-áirítear seoladh foirm nua tuairiscithe nochtadh cosanta ar líne ag deireadh 2023.

Glacann na Coimisinéirí loncainm go lándáiríre agus faoi chuing rúin leis an bhfaisnéis a sholáthraíonn baill den phobal agus oibrithe. Sa chás go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear ar fáil mionsonraithe nó sonrach go leor, déantar measúnú riosca uirthi agus déantar gníomh leantach cuí.

Déanaimid na sonraí a bhailítear ó na foinsí seo go léir a mheaitseáil lenár dtaifid féin, agus déanaimid iad seo a chros-seiceáil le dearbhuithe cáiníocóirí ag baint úsáide as ár sealúchais sonraí agus ár gcumas le haghaidh ard-anailísíochta. Cuireann sé seo ar ár gcumas aird a tharraingt ar neamhréireachtaí agus na neamhthíolaiceoirí sin a d'fhéadfadh a bheith i mbun gníomhaíochta trádála a aithint, agus tionscadail chomhlíontachta a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo a chinneadh.

Cuireann an cur chuige seo ar ár gcumas ár dtuiscint ar iompar comhlíontachta cánach agus dleachta a neartú, agus ár dtuiscint ar rioscaí earnála sonracha a neartú. Cuireann sé ar ár gcumas teagmhas freisin, scála agus suntasacht an riosca a shainaithint agus chun díriú ar ár n-acmhainní chun imghabháil cánach agus dleachta, calaois, coireacht eagraithe, trádáil agus smuigleáil aindleathach a chosc nó aghaidh a thabhairt orthu.

Tá anailísíocht sonraí lárnach freisin inár gcuid oibre chun feidhmíocht ár gcóras riosca a mheas agus a fheabhsú. Le bliain anuas tá dul chun cinn déanta againn maidir le húsáid anailísíochta sonraí agus Meaisínfhoghlaím (ML) chun éifeachtúlacht a fheabhsú, comhlíontacht a fheabhsú, agus seirbhís níos fearr a chur ar fáil do cháiníocóirí.

Mar chuid de príomhobair anailísíochta, áirítear tionscadail chun ionramháil nó taifid díolacháin a shochtadh ar ghléasanna leictreonacha díolacháin, nó ar chórais bhogearraí díolacháin eile, a aithint. I measc na n-oibreacha anailísíochta eile, rinneadh samhltú ar mhéideanna ola bhreosla mianraí a théann trí ghnólachtaí, ag baint úsáide as teicnící aimsithe aimhrialtachta chun neamhchomhlíontacht sna ceirdeanna dáileacháin agus miondíola a aithint. Úsáidimid anailísíocht sonraí freisin chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíontacht Custam i luathchéimeanna an tslabhra soláthair.

Feabhsaíonn úsáid algartaim ML an cruinneas lenár féidir linn patrúin neamhchomhlíontachta a aithint, rud a chumasaíonn d'idirghabhálacha atá gar d'fhíor-am agus ag an am céanna, a íoslaghdaíonn an méid a chuirtear as do cháiníocóirí comhlíontacha.

Chomh maith lenár gcumas anailísíochta riosca a fheabhsú, bhí ról ríthábhachtach ag na tionscnaimh sin maidir le hoibríochtaí a athrú ó bhonn. Mar shampla, chuir anailísíocht thuarthach lenár gcumas iompar cáiníocóirí agus éilimh acmhainní a réamh-mheas, agus chuir deighilt sonraíbhunaithe ar ár gcumas cumarsáid níos spriocdhírithe a sholáthar agus comhlíontacht saorálaí a chothú.

Tá réimse forálacha reachtúla agus comhaontuithe idirnáisiúnta i bhfeidhm againn chun malartú uathoibríoch faisnéise le riaracháin chánach eile a éascú. Is cuid lárnach dár bpróisis próifílithe agus measúnaithe riosca é an t-athbhreithniú ar fhaisnéis a fhaightear faoi na bearta seo, agus úsáideann muid an fhoinsé ríthábhachtach faisnéise seo chun imghabháil cánach agus seachaint cánach a bhrath agus a chosc, agus chun feidhmiú ceart reachtaíochta cánach intíre na Éireann a chinntiú.

Tá roinnt de na príomh-mhalartuithe lena raibh muid rannpháirteach le linn 2024 leagtha amach thíos.

- Rinneamar faisnéis chuntais airgeadais a mhalartú, lena n-áirítear sonraí cuntas bainc

agus sonraí infheistíochtaí, faoin gComhchaighdeán Tuairiscithe, inar ghlac 116 riarachán cánach páirt.

- I gcomhréir lenár dtiomantas do thrédhearcacht cánach idirnáisiúnta, agus i gcomhréir le tionscnaimh AE agus OECD chun malartú faisnéise idir údaráis chánach a neartú i réimse na rialuithe cánach, chuir muid sonraí maidir le 38 tuairim trasteorann ar fáil do dhlínsí eile in 2024.
- Cuireann Tuairiscí de réir Tíre (DrT) faisnéis ar fáil chun bonn eolais a chur faoi mheasúnuithe riosca praghsála aistrithe ardleibhéil agus chun rioscaí eile a bhaineann le BEPS a mheas. In 2024, mhalartaigh muid sonraí DrT le 72 dlínse eile.
- Lean muid orainn ag malartú faisnéise le húdaráis chánach eile laistigh den AE maidir le húinéireacht agus ioncam ó mhaoín, ioncam ó fhostaíocht, táillí stiúrthóra, pinsin, agus táirgí árachais saoil, faoi DAC1, agus nochtuithe idirghabhálaí a bhaineann le socruithe áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh dianphleanáil cánach trasteorann, faoi DAC6.
- Foráiltear le DAC7 do thuairisciú faisnéise a dhéanann oibreoirí ardán digiteach ar dhíoltóirí atá i mbun gníomhaíochtaí áirithe lena mbreithniú, agus le faisnéis a mhalartú le Ballstáit eile ina dhiaidh sin. Is iad catagóirí na gníomhaíochtaí ábhartha ná maoín do-aistrithe a fháil ar cíós, seirbhísí pearsanta, díolachán earraí agus modh iompair a fháil ar cíós. Cuireadh tús le tuairisciú faoi DAC7 in 2024, agus rinne muid sonraí maidir le gach catagóir faisnéise a mhalartú le Ballstáit uile an Aontais.

Is féidir le Ballstáit an Aontais agus tíortha eile freisin iarratais shonracha a dhéanamh ar mhalartuithe faisnéise trí Chúnamh Frithpháirteach. Soláthraíonn agus baineann muid leas as sin trí shonraíocht airgeadais agus faisnéis eile a roinnt, agus comhoibriú a dhéanamh maidir le himscrúduithe laistigh de chreat oibre reachtach. Le linn 2024, fuair muid 1,911 iarratas ó Bhallstáit an AE agus ó thíortha eile agus rinne muid 278 iarratas den chineál seo chuig Ballstáit an AE agus thíortha eile (Tábla 21). Fuair muid 527 iarratas eile ó Bhallstáit neamh-AE agus ó thíortha eile, agus rinne muid féin 178 iarratas chuig dlínsí den sórt sin.

Chomh maith leis sin, fuair muid 53 cumarsáid maidir le Assistance Mutuelle ó Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF). Baineann mórán de na hiarratais faighte le riosca sonracha custam i ndáil le haicmiúchán, luacháil nó bunús.

Ceanglaítear ar réimse leathan institiúidí airgeadais agus comhlachtaí ainmnithe eile nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm acu chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, agus Tuairiscí ar Idirbhearta Amhrasta (TIA) a dhéanamh dúinn féin agus don Gharda Síochána araon má tá údar acu lena chreidiúint go raibh nó go bhfuil cliant ag gabháil do sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta, lena n-áirítear sciúradh na bhfáltas ó imghabháil cánach. Le linn 2024, fuaireamar 54,102 TIAanna.

Ag Díriú agus ag Cur Isteach ar Gníomhaíochtaí sa Scáthghilleagar

Is tosaíocht eagraíochtúil dúinn i gcónaí é dúshlán a thabhairt do ghníomhaíochtaí scáthghilleagair agus srian gníomhach a chur ar dheiseanna le haghaidh imghabháil cánach agus dleachta.

De réir a nádúir, bíonn gníomhaíocht scáthghilleagair ar siúl gach uair an chloig den lá, ó cheann ceann na bliana, agus tá baill foirne inár nAonad Comh-Imscrúduithe (ACI) ar fáil chun dul i mbun oibre de réir mar is gá agus nuair is gá. Le linn 2024, rinneamar athnuachan ar an bhfócas atá againn ar úsáid acmhainní a bharrfheabhsú trí chomhoibriú agus comhroinnt faisnéise a mhéadú go hinmheánach, ar fud na Rannóg, agus go seachtrach, le gníomhaireachtaí Rialtais eile.

In 2024, tháinig méadú suntasach ar leibhéal na hoibre trasrannóige a rinne ár bhfoirne a

dhíríonn ar ghníomhaireachtaí scáthgheilleagair. D'oibrigh comhghleacaithe ar fud Rannóga éagsúla le chéile, ag roinnt sonraí agus moltaí, chun iad siúd a d'fhéadfadh a bheith ag fáil ioncam neamhdhearbhaite a aithint, agus chun dliteanais chánach amuigh a mheas agus a bhailiú. Bunaíodh fóram comhoibrithe freisin leis an mbainistíocht shinsearach sna Coimisinéirí Ioncaim, in Aonad Imscrúdaithe Speisialta na RCS agus sa CCÁO, chun a chinntiú go bhfuil ár gcur chuige maidir le dul i ngleic le riosca an scáthgheilleagair ailínithe.

Príomhghné eile dár gcur chuige chun aghaidh a thabhairt ar riosca scáthgheilleagair ná cuairteanna ilghníomhaireachta, ar comhoibríochtaí iad a dhéanann ár nACI, an RCS, an CCÁO agus An Garda Síochána. Is oibríochtaí réamhphleanáilte, lasmuigh, iad na cuairteanna seo a shainaithníonn agus a dhíríonn ar rioscaí suntasacha laistigh de shainchúram ceann amháin nó níos mó de na gníomhaireachtaí, lena dtugtar cuairt ar cháiníocóirí ag a n-áitribh ghnó, lena gcuirtear daoine aonair faoi agallamh ar an láthair agus lena mbailítear faisnéis, agus ina mbíonn na gníomhaireachtaí go léir ag tacú le chéile.

Go hiondúil, dhírigh go leor de na cuairteanna seo ar láithreáin tógála, agus coinnítear fócas ar an earnáil seo, chomh maith le hearnálacha eile a aithnítear go bhfuil rioscaí i gceist leo a bhaineann le híocaíochtaí airgid agus aicmiú fostaíochta. Áirítear leis seo an tionscal iascaireachta, turasóireacht agus fáiltechas, gruaig agus áilleacht, bia agus deochanna beir leat, iompar, agus earnálacha seirbhísí cúiréireachta agus seachadta.

Tháinig méadú ar líon na n-oibríochtaí a rinneadh in 2024, agus thug ár bhfoirne a dhíríonn ar ghníomhaireachtaí scáthgheilleagair 4,855 cuairt, ar bhonn neamhspleách nó i gcomhar le gníomhaireachtaí eile. Mar thoradh ar na cuairteanna sin, cláraíodh 638 duine mar fhostaithe nua.

Léiríonn an méadú ar ghníomhaíochtaí a rinneadh le linn 2024, agus na torthaí a d'eascair astu, an oiliúint agus na hacmhainní breise atá infheistithe againn chun rioscaí scáthgheilleagair a chomhrac.

Chomh maith le comhoibríochtaí, leanann muid orainn ag cabhrú le gníomhaireachtaí Rialtais eile seiceálacha a dhéanamh ar ghnóthaí agus ar dhaoine aonair. Roinntear faisnéis den sórt sin idir gníomhaireachtaí faoi chuimsiú Comhaontuithe Comhroinnte Sonraí agus Meamram Tuisceana atá againn leis na gníomhaireachtaí sin.

Tá príomhfhreagracht orainn earraí agus táirgí rialaithe agus toirmisce a chosc, a bhrath, a idircheapadh agus a urghabháil a bheartaítear iad a smuigleáil, nó a iompórtáil isteach sa Stát nó a easpórtáil amach as an Stát go neamhdhleathach. Úsáideann muid cur chuige riosca-bhunaithe maidir lenár straitéis braite agus idirghabhála.

Malartaíonn muid faisnéis agus roinntear faisnéis le comhpháirtithe forfheidhmithe dlí ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Go náisiúnta, oibríonn muid go dlúth leis an nGarda Síochána, go háirithe le Biúró an Gharda Síochána um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe, i gcomhfhiosruithe agus comhoibríochtaí. I rith 2024, bhí muid rannpháirteach i 100 seachadadh rialaithe drugaí as a dtáinig 64 gabháil, chomh maith le 26 chomhoibríocht le Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Dhrugaí agus Choireacht Eagraithe.

Tá comhpháirtíochtaí láidre agus straitéiseacha againn freisin le comhlachtaí idirnáisiúnta amhail an tIonad um Oibríochtaí agus Anailís Mhuirí-Támhsuanaigh (MAOC-N) i Liospóin, Europol, Interpol, an Eagraíocht Dhomhanda Custam (EDC) agus gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí i dtíortha eile.

“Ag tógáil ar an rath a bhí ar ár bhfoirne forfheidhmithe le linn 2023, leanamar orainn ag cur isteach ar chroíshlabhraí soláthair na ndaoine a raibh baint acu le gníomhaíocht choiriúil agus iad a dhíchóimeáil. Le linn 2024, rinne ár bhfoirne os cionn 16,500 urghabháil de dhruagaí agus táirgí tobac aindleathacha, le earraí ar luach beagnach €343 milliún gafa.

Ghabh ár bhfoirne os cionn 595,000 lítear d'alcól aindleathach freisin, ar luach measta €3.2 milliún, agus ghlac siad páirt i roinnt oibríochtaí ilnáisiúnta a dhírigh ar ghluaiseachtaí calaoiseacha táirgí alcóil.

Gné-alt - Díriú ar Thrádáil Aindleathach Tobac

Dírímid ar gach céim den slabhra soláthair atá mar chuid de thrádáil aindleathach tobac, ag aithint agus ag díriú ar smuigleáil, táirgeadh, dáileadh agus díol táirgí den sórt sin chun ár sprioc a bhaint amach maidir leis an gcéanna a urghabháil agus, nuair a fhéadtar, iad siúd atá freagrach a ionchúiseamh.

In 2024, mar thoradh ar ár ngníomhaíochtaí spriocdhírithé, gabhadh os cionn 112.3 milliún toitín aindleathach, ar luach €95.6 milliún, agus 39,407 kg tobac, ar luach €32.6 milliún (Tábla 17).

Baineann muid úsáid as anailís riosca, próifíliú agus faisnéis den chéad scoth, chun anailís a dhéanamh ar nádúr agus ar mhéid na trádála aindleathacha tobac. Baineann ár straitéis freisin le forbairt agus comhroinnt faisnéise ar bhonn náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta, chun cur i gcoinne na taicticí ag dronganna coiriúla sa réimse seo.

Cuireann an cur chuige seo ar ár gcumas lastas, feithiclí, bagáiste agus pacáistí poist a aithint agus a scrúdú chun soláthar táirgí tobac aindleathacha a idircheapadh. Léirítear ár n-éachtaí sa spás seo le líon d'urghabhálacha suntasacha a rinne ár bhfoirne le linn 2024. Áiríodh leis sin monarcha toitíní aindleathacha a aimsíodh agus a baineadh óna céile in áitreabh tráchtála i mí Feabhra 2024.

Rinneadh an fhionnachtain seo mar chuid d'oibríocht bunaithe ar fhaisnéis, a rinneadh le cúnamh an Gharda Síochána. Le linn an chuardaigh, tháinig ár n-oifigigh ar níos mó ná 1.4 tona de thobac amh, comhpháirteanna réamhtheachtaithe chun toitíní a mhonarú, agus beagnach 760,000 toitíní aindleathacha réidh le dáileadh.

Bhí luach miondíola an tobac agus na dtoitíní os cionn €630,000, le caillteanas poitéinsil de bheagnach €500,000 don Státchiste. Fuarthas 3.5 milliún toitín scaoilte eile, nach raibh indíolta, ar an láthair freisin.

Creidtear go raibh sé d'acmhainn ag an monarcha níos mó ná 250,000 toitín san uair a tháirgeadh, chomh maith le háiseanna réamhphróiseála agus pacáistithe.

I measc na n-urghabhálacha suntasacha eile a rinneadh le linn 2024, tá 14.6 milliún toitín breise a aimsíodh in oibríocht ar leithligh i mí Feabhra, 13.3 milliún toitín agus luach €5 mhilliún de thobac rollta a aimsíodh in oibríochtaí ar leithligh i gCalafort Bhaile Átha Cliath i mí an Mhárta, agus 8 milliún toitín a aimsíodh i gContae na Mí i mí Dheireadh Fómhair.



Trealamh ag an monarchan (barr) agus tobac amh a fuarthas ar an láthair (bun)

Tá ár nAonad Muirí speisialaithe freagrach as monatóireacht agus patról a dhéanamh ar imeallbhord na hÉireann. Tá ár nAonad Muirí sainfheidhmeach, atá lonnaithe i gCorcaigh, freagrach as monatóireacht agus patról a dhéanamh ar 3,173 ciliméadar de chósta na hÉireann. Suirbhéir, atá i mbun seirbhíse ó 2004. Táthar ag súil go mbeidh an Cuitéar nua á lainseáil ag deiridh 2025.

Tá baint ag ár bhfoirne Cutter le faisnéis a fhorbairt agus le raon córas TF a úsáid, lena n-áirítear ard-anailísíocht, chun díriú ar shoithí atá ag gabháil do smuigleáil. Tá ról

ríthábhachtach ag pobail chósta freisin maidir lenár dteorainneacha muirí a chosaint, ag baint úsáide as ár líne fóin rúnda chun fógra a thabhairt dúinn faoi ghníomhaíocht amhrasach nó neamhghnách ar muir, nó timpeall an imeallbhoird.

Chomh maith leis sin, is ball muid den Chomh-Thascfhórsa (JTF), atá comhdhéanta de Sheirbhís Custam na gCoimisinéirí Ioncaim, den Gharda Síochána agus de Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann. Tá comhoibriú idir baill an JTF ríthábhachtach do rath a gcuid oibríochtaí, agus is sampla den scoth é an oibríocht a bhain le hurghabháil an MV Matthew i Meán Fómhair 2023 de chomhoibriú rathúil lenár gcomhpháirtithe forfheidhmithe dlí.

Dheonaigh an Chúirt Choiriúil Speisialta Ordú Diúscartha i leith an MV Matthew an 2 Nollaig 2024. Tá soláthraí seirbhísí loingseoireachta comhtháite faighte againn, le saineolas i mbróicéireacht long, airgeadas, taighde, comhlíontacht, agus gach gné den loingseoireacht idirnáisiúnta, chun cabhrú leis an bpróiseas diúscartha. Cinnteoidh sé seo, a mhéid is féidir, go gcomhlíonfar na rialacháin go léir agus go n-uasmhéadófar an margadh do cheannaitheoirí féideartha ar fud lear mór dlínsí. Meastar go dtógfaidh sé roinnt míonna an próiseas diúscartha a chur i gcrích agus go bhfanfaidh an t-árthach faoinár gcúram agus faoinár mbainistíocht idir an dá linn.

Tacaíonn ár gcur chuige idirghabhála drugaí le Straitéis Náisiúnta Drugaí na hÉireann “Dochar a Laghdú, ag tacú le téarnamh: Freagra sláinte-bhunaithe ar úsáid drugaí agus alcóil in Éirinn 2017 – 2025”.

Tá teicnící smuigleála agus ceilte ag éirí níos cruthaithí agus níos casta, agus tá an cumas agus na hacmhainní acu siúd lena mbaineann a gcuid modheolaíochtaí a oiriúnú go tapa. Tá sé sin níos measa fós mar gheall cé chomh forleathan agus suntasach is atá gluaiseacht idirnáisiúnta daoine, feithiclí agus lasta chomh maith le nádúr trasteorann na coireachta eagraithe.

Baineann cuid de na teicnící folaithe is casta atá nochtaithe againn le folacháin saintógtha in urláir trucaílí altacha, ceiltí laistigh de dhoras leantóir cuisnithe, agus ceiltí laistigh d’innealra tionsclaíoch. Dá bhrí sin, tá ár gcuid oibre chun drugaí aindleathacha a thascradh agus a urghabháil fairsing agus ilghnéitheach, agus déanann muid monatóireacht leanúnach ar threochtaí agus ar fhorbairtí chun a chinntiú go n-úsáideann muid ár n-acmhainní agus go dtugtar tosaíocht do rioscaí ar an mbealach is éifeachtaí.

Le linn 2024, bhí ár bhfoirne bainteach le 10,170 urghabháil drugaí, agus mar thoradh air sin gabhadh 64,105 kg de dhrugaí ar luach thart ar €214.7 milliún. Tá méadú suntasach tagtha freisin ar líon na n-urghabhálacha aonair de channabas, amfataimíní, eacstais agus drugaí eile ar beartaíodh iad a smuigleáil nó a iompórtáil go mídhleathach isteach sa Stát. Tá sonraí maidir le roinnt urghabhálacha suntasacha drugaí a rinne ár bhfoirne forfheidhmithe le linn 2024 leagtha amach thíos.

Urghabhadh luach €33.7 milliún de dhrugaí aindleathacha ag Calafort Bhaile Átha Cliath agus Europort Ros Láir

Gabhadh an contrabhanna seo le linn trí oibríocht ar leith a rinneadh le linn deireadh seachtaine amháin i mí Lúnasa 2024.

Aimsíodh 150 kg de chócaon, 783 kg de channabas luibhe agus 70 kg de roisín cannabais, ar luach comhcheangailte €23.2 milliún, i Europort Ros Láir. Aimsíodh 150 kg breise de chócaon, ar luach €10.5 milliún, i gCalafort Bhaile Átha Cliath.

I ngach cás, foláíodh an contrabhanna laistigh de na haonaid lasta a úsáideadh chun na drugaí aindleathacha a iompar, agus rinneadh na braite ag baint úsáide as meascán sócmhainní ar nós ár scanóir x-ghathaithe soghluaiste agus foirne madraí brathadóra. Rinneadh na trí oibríocht i gcomhar leis an nGarda Síochána.



Contrabhanna gafa ag Europort Ros Láir (ar chlé) agus Calafort Bhaile Átha Cliath (ar dheis)

Luach €32.8 milliún de mheitiolamfataimín gafa ag Calafort Rinn an Scidígh

Thángthas ar níos mó ná 560 kg de mheitiolamfataimín, ar a dtugtar meitchriostal go minic, nuair a bhí coimeádán muirí sceidealta le heaspórtáil go dtí an Astráil scrúdaithe ag baint úsáide as ár scanóir x-ghathaithe soghluaiste.

Bhí meaisín tionsclaíoch lonnaithe laistigh den choimeádán, agus thángthas ar cheilt shaintógtha, luaidhe-líneáilte, laistigh den mheaisín le linn scrúduithe ina dhiaidh sin.



Urghabháil ag Calafort Rinn an Scidígh (ar chlé) agus scanóir x-ghathaithe soghluaiste na gCoimisinéirí Ioncaim (ar dheis)

Rinneadh an urghabháil seo mar thoradh ar chomhoibríocht a rinneadh leis an nGarda Síochána.

Baineann ár bhfoirne forfheidhmithe talamhbhunaithe úsáid as na modhanna braite agus na teicneolaíochtaí is déanaí chun rioscaí a aithint agus chun spriocdhíriú orthu, agus dá bhrí sin

cabhraíonn siad le teorainneacha an Aontais a chosaint ó thrádáil aindleathach, smuigleáil agus coireacht eagraithe. Oibríonn ár bhfoirne ag gach príomhchalafort, aerfort agus ionad poist, chomh maith le háitribh sheolta lasta, agus úsáideann siad acmhainní éagsúla, amhail scanóirí soghluaiste x-ghathaithe, bogearraí próifílithe agus faisnéise, agus scrúduithe fisiciúla, ina gcuid oibre.

Tá ról lárnach ag ár bhfoirne madraí brathadóra freisin inár gcur chuige chun dul i ngleic leis an mbagairt a bhaineann le trádáil agus smuigleáil aindleathach. Mar acmhainn náisiúnta, is féidir ár bhfoirne a chur ag obair ar fud na tíre, ag brath ar riachtanais oibríochtúla, chun oibriú i gcomhar lenár bhfoirne forfheidhmithe féin agus chun tacú le hoibríochtaí ilghníomhaireachta comhordaithe go náisiúnta.

Tá 26 madra brathadóra againn inár gclár cainínigh faoi láthair agus tá muid an-bhródúil as an obair a dhéanann siad. Le linn 2024, bhí ról lárnach ag ár bhfoirne madraí brathadóra maidir le hurghabhálacha drugaí, táirgí tobac agus airgead tirim ar luach os cionn €100 milliún. Mar thoradh ar go leor de na mbrath seo, cuireadh ciontuithe rathúla i bhfeidhm agus d'éirigh leo cur isteach ar ghníomhaíochtaí dronganna coiriúla.

I mí Aibreáin 2024, ghlac dhá cheann dár bhfoirne madraí brathadóra páirt i gCraobhchomórtas Oscailte na hEorpa do Láimhseálaithe Madraí Custam agus Madraí Braite, a bhí óstáilte sa Laitvia.


Cé gurbh é príomhaidhm na hócáide ná deis a thabhairt do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe a dtaithí phraiticiúil a mhalartú chun foghlaim óna chéile, thug sé deis freisin d'fhoirne scileanna cainínigh a chur i láthair agus a fhorbairt chun drugaí agus airgead tirim atá folaithe laistigh de bhagáiste, feithiclí agus áitribh a bhrath.

D'fhreastail triúr dár n-oifigigh ar an ócáid seo, ag déanamh ionadaíochta ar son na hÉireann, agus bhain an foireann an 4ú háit amach, as 15 fhoireann. Tháinig dhá cheann dár bhfoirne madraí brathadóra aonair sa 2ú agus 3ú áit sna catagóirí cuardaigh drugaí agus airgid, faoi seach.

Príomhthosaíocht chorparáideach dúinn is ea an chalaois bhreosla. Le linn 2024 urghabháil muid 156,960 lítear de bhreosla aindleathach, agus tá muid sásta go bhfuil ár straitéis fhoriomlán éifeachtach chun dul i ngleic leis an trádáil aindleathach i dtáirgí breosla.

Thug na Ballstáit uile agus an Ríocht Aontaithe isteach an Euromarker nua, Accutrace™ Plus i mí Eanáir 2024, agus tá sé frithsheasmhach in aghaidh teicnící coitianta sciúrtha ceimiceacha agus fisiciúla, rud a fheabhsaíonn rialachas an tslabhra soláthair agus ár gcumas breosla sciúrtha a shainaitint.

Déantar ár dtástáil do na marcóirí breosla éagsúla, lena n-áirítear an Euromarker nua (Accutrace Plus) ar bhonn náisiúnta, agus rinneadh roinnt urghabhálacha rathúla de bhun na tástála seo, ag cur béime ar éifeachtacht an mheascáin marcóirí a úsáidtear chun tacú lenár straitéis fhoriomlán chun trádáil aindleathach táirgí breosla a chomhrac.



Láimhseálaithe madraí na gCoimisinéirí Ioncaim (barr) agus madraí brathadóra James agus Maggie (bun)

Cuireann an tSaotharlann Stáit tacaíocht ríthábhachtach ar fáil dúinn inár gcuid oibre laistigh den réimse seo trí anailís mhionsonraithe cheimiceach a dhéanamh ar shamplaí breosla a bailítear le linn seiceálacha agus oibríochtaí thaobh an bhóthair. Tacaíonn na torthaí seo linn ionchúisimh a shaothrú le haghaidh calaoise breosla, agus leanfaimid orainn a bheith san airdeall ar threochtaí agus rioscaí atá ag teacht chun cinn sa réimse seo.

Faoi fhorálacha urghabhála airgid thirim san Acht um Fháiltas ó Choireacht (arna Leasú), 2005, coinníonn muid suimeanna airgid de €1,000 nó níos mó nuair a bhíonn amhras ann gur fáiltas ó ghníomhaíocht choiriúil an t-airgead, nó go bhfuil sé beartaithe é a úsáid. Nuair a choinnítear airgead tirim, déanann muid iarratas chuig na cúirteanna ag iarraidh tuilleadh ama chun foinse an airgid a fhiosrú. Nuair a bheidh siad sásta leis an iarratas, féadfaidh na cúirteanna ordú coinneála a dheonú chun ligean dúinn imscrúdú cuimsitheach a dhéanamh. I gcásanna inar bunaíodh gurb ionann an t-airgead tirim a urghabhadh agus fáiltas na coireachta, déantar iarratas chuig an gCúirt Chuarda chun ordú forghéillte a fháil.

In 2024 rinneamar 49 urghabháil airgid, arbh ionann iad agus luach €972,473 (Tábla 18), agus deonaíodh 32 ordú forghéillte dóibh maidir le hurghabhálacha airgid arbh ionann iad agus €1,106,677 (Tábla 19).

Gné-alt – Earraí Góchumtha a Urghabháil

Déanann sárúithe ar an gCeart Maoine Intleachtúla (IPR) damáiste do ghnóthaí dlisteanacha trí dhamáiste féideartha a dhéantar do chlú agus atreorú ioncaim. D'fhéadfadh earraí a sháraíonn IPR, lena n-áirítear éadaí, a bheith díobhálach do thomhaltóirí freisin. Tá sé seo fíor go háirithe maidir le hearraí ar nós earraí leictreacha agus bréagáin, a bhíonn ar dhroch-chaighdeán go minic agus nach gcloíonn le caighdeáin sábháilteachta inghlactha. D'fhéadfadh substaintí neamhrialaithe agus contúirteacha a bheith i gcumhráin agus i gcosmaidí góchumtha freisin, rud a chruthaíonn rioscaí tromchúiseacha sláinte.


I gcás ina bhfuil amhras ann go sáraíonn earraí aon IPR, coinnítear iad go dtí go ndéanfaidh sealbhóir na gceart scrúdú orthu. I gcás ina ndeimhníonn sealbhóir IPR go bhfuil earraí góchumtha, urghabhtar iad.

Coinníonn muid láithreach in ionaid phoist ar fud na tíre chun earraí góchumtha a thascradh, agus ag an am céanna, déileáiltear le hábhair a bhaineann le custaim a eascraíonn as earraí agus beartáin a iompórtáiltear tríd an gcóras poist. Déanann ár bhfoirne earraí agus beartáin a phróifiliú go rialta, ag déanamh scrúduithe x-ghathaithe agus fisiciúla, agus déanann siad brath rialta ar earraí góchumtha dá bharr.

Tá go leor de na hearraí góchumtha a bhraitear agus a choinnítear ag dul chuig daoine aonair a cheannaigh iad ar líne, ach aimsítear coinsíneachtaí níos mó i gcoimeádáin loingseoireachta freisin. I mí na Samhna 2024, d'aimsigh ár n-oifigigh coinsíneacht de 9,384 péire bróga reatha góchumtha brandáilte le Nike, ina raibh 30 dearadh éagsúla. Bhí luach measta os cionn €1.7 milliún ar na hearraí agus thángthas orthu nuair a chuardaigh ár n-oifigigh lastas a tháinig ón tSín.

In 2020, thug oifigigh atá lonnaithe sna hionaid phoist náisiúnta agus sna moil chúiréireachta faoi deara go raibh méadú ar phacáistí aonair ina raibh earraí éadaí. An phaindéim COVID-19 agus an méadú as cuimse atá tagtha ar an tsiopadóireacht ar líne ba chúis leis an méadú le linn na hama sin.

Léiríonn ráta braite na n-éadaí góchumtha in 2020, agus an treocht leanúnach sna blianta ina dhiaidh sin, minicíocht



Urghabháil ag Calafort Bhaile Átha Cliath

mhéadaithe na n-earraí góchumtha, atá nasctha leis an méadú ar shiopadóireacht ar líne. I measc raon na n-earraí góchumtha a urghabhadh, áirítear earraí leictreonacha, cosmaidí, fóin phóca agus oiriúintí, chomh maith le héadaí agus seodra, a bhfuil a bhformhór coinsínithe ón tSín, ó Hong Cong, agus ón Tuirc.

Le linn 2024, d'aimsigh ár bhfoirne forfheidhmithe 66,445 earra góchumtha amhrasta, ar luach measta €11.4 milliún. Sin i gcomparáid le beagnach 20,000 earra, ar luach measta €7.9 milliún, a aimsíodh in 2023.

Cothromaíocht, Trédhearcacht agus Éifeachtacht a Chinntiú

Is é ár misean ná freastal ar an bpobal trí na cánacha agus dleachtanna atá dlite don Stát a bhailiú go cothrom agus go héifeachtach. Dá bhrí sin, tá sé thar a bheith tábhachtach a chinntiú go bhfeidhmítear córas cánach agus custaim atá cothrom, trédhearcach agus éifeachtach. Chun cothroime an chórais cánach a chaomhnú, agus chun torthaí cánach a chosaint, spriocdhírítear ar agus tugtar dúshlán do scéimeanna seachanta cánach agus úsáid reachtaíochta cánach, chomh maith le faoisimh agus liúntais a úsáidtear ar bhealaí neamhbheartaithe.

Úsáideann muid ár sealúchais sonraí chun scéimeanna agus idirbhearta a chruthaíonn buntáiste cánach éagórach dóibh siúd lena mbaineann a aithint, áit a léirítear táscairí neamhchomhlíontachta a bhaineann le seachaint cánach. Déanann muid é seo ar bhealach éifeachtach agus chomh gar d'fhíor-am agus is féidir.

Tá dhá Bhrainse Frithsheachanta tiomnaithe againn, atá comhdhéanta d'iniúcháirí a bhfuil sárthaithí agus ardchumas anailíseach acu. Le linn 2024, thugamar 256 cás seachanta cánach chun críche le toradh os cionn €46 milliún i gcáin, lena n-áirítear €8.7 milliún in ús agus pionóis.. Ina theannta sin, ag deireadh 2024, bhíomar gníomhach ag tabhairt aghaidh ar 228 cás a bhain le seachaint cánach féideartha, a bhain le 33 idirbheart.

I measc na struchtúr idirbhirt a mheastar a bheith do-ghlactha faoi láthair mar sheachaint cánach do-ghlactha, agus atá faoi bhainistíocht ghníomhach tionscadail, tá:

- idirbhearta idir daoine aonair agus cuideachtaí bainteacha i gcás inar aistrigh daoine aonair sócmhainní agus ioncam go heischósta,
- idirbhearta ar cosúil gur cineál eastósctha airgid iad ó chuideachtaí a dhéantar trí shócmhainní a aistriú atá measta os cionn a luacha,
- éileamh míchuí ar fhaoiseamh sonrach CGC déanta ag daoine aonair atá i mbun trádála, agus
- idirbhearta idir daoine aonair agus cuideachtaí bainteacha, ar cosúil gur socruithe iad chun cáin ioncaim ar íocaíochtaí a fhaightear a sheachaint.

In 2023, thug an Chúirt Achomhairc breithiúnas tábhachtach ag seasamh le Cinneadh TAC agus rialú na hArd-Chúirte ina dhiaidh sin, ag teacht le seasamh na gCoimisinéirí Ioncaim gur scéim seachanta cánach a bhí i scéim a bhí faoi réir scrúdaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim. Bhain an cás le giniúint caillteanas trádála bréagach, a d'úsáid na cáiníocóirí ábhartha ansin, i gcoinne foinsí ioncaim eile sa bhliain chun a ndliteanas cánach a laghdú.

In 2024, ag eascairt as breithiúnas na Cúirte Achomhairc, shocraigh 102 den 231 cáiníocóir a bhí páirteach sa scéim seo a n-achomhairc, agus fuarthas beagnach €18milliún (lena n-áirítear €3.2 milliún in ús agus pionóis). Táthar i mbun oibre maidir leis an 162 idirghabháil eile faoi láthair, a bhaineann le 72 duine aonair.

Is cuid lárnach dár gcreat oibre foriomlán comhlíontachta ná an imghabháil eischósta a shainaithint, díriú uirthi agus aghaidh a thabhairt uirthi. Tá ár gcuid oibre sa réimse seo ar siúl le roinnt blianta anuas, le toradh de thart ar €3 bhilliún de cháin, ús agus pionóis go dtí seo.

Tá ár ngníomhartha chun iad siúd a rinne iarracht cuntais, struchtúir nó sócmhainní eischósta a úsáid chun a n-oibleagáidí cánach a sheachaint buntacaithe ag tabhairt isteach raon forálacha reachtacha, lena gcuimsítear bearta frithsheachanta spriocdhírthe agus sonracha éagsúla, lena n-áirítear an riail ghinearálta um fhrith-sheachaint.

Baineann muid úsáid as cumhachtaí reachtúla i gcásanna cuí chun faisnéis a fháil ó institiúidí airgeadais agus ó thríú páirtithe, agus baintear úsáid as faisnéis ó líonraí sonraí chun comhlíontacht cánach a mheas. Tá páirt ghníomhach againn freisin i bhforbairt na gcóras, na struchtúr agus na líonraí a theastaíonn chun comhoibriú idirnáisiúnta a léiriú go praiticiúil chun aghaidh a thabhairt ar imghabháil cánach eischósta. Glacann muid páirt ghníomhach i malairtí faisnéise le dlínsí eile faoi shocruithe Cúnaimh Fhrithpháirtigh, Comhaontuithe um Malartú Faisnéise Cánach agus comhaontuithe idirnáisiúnta eile.

Ina theannta sin, táimid ag gabháil go hiomlán don Acht um Chomhlíontacht Cánach Cuntas Eachtrach (FATCA), ar comhaontú comhroinnte faisnéise é idir Éirinn agus Meiriceá. In 2024, chuireamar tuilleadh idirghabhálacha i gcrích maidir le cásanna a roghnaíodh trí úsáid a bhaint as faisnéis a fuarthas faoin FATCA agus bhí €329,400 mar thoradh ar na cásanna seo, lena áiríodh os cionn €203,000 in ús agus pionóis.

Gné-alt – Meán um Chiste Infheistíochta

Bunaíodh ciste infheistíochta in 2007 chun réadmhaoine infheistíochta a cheannach sa Pholainn, agus tháinig gnóthachain as sin in 2017 agus 2019. Mheas muid gurbh é cuspóir na n-infheistíochtaí seo ná leas ábhartha a fháil i gciste eischósta, agus gur dáiltí leachtaithe a bhí sna híocaíochtaí a fuarthas ina leith.

Rinne ár nGrúpa Sócmhainní Eischósta sonraí DAC2/Comhchaighdeán Tuairiscithe, a fuarthas faoi fhorálacha um malartú uathoibríoch faisnéise a cheistiú, chun cáiniocóirí a fuair íocaíochtaí ón gciste a aithint. I mí na Nollag 2022, ardaíodh measúnuithe cánach ioncaim le haghaidh 2017 agus 2019 i ndáil le 139 cás. Cuireadh achomhairc faoi bhráid an Choimisiúin um Achomhairc Chánach (TAC) ina dhiaidh sin.

I mí na Nollag 2023, sheas TAC lenár seasamh go raibh an leas sa chiste ina leas ábhartha i gciste eischósta. Ina theannta sin, d'aontaigh an TAC lenár seasamh gur gnóthachain ioncaim eischósta iad na gnóthachain a bhain leis an gciste.

Amhail deireadh mhí na Nollag 2024, d'eisigh an TAC Cinntí i 39 achomharc breise a bhain leis an scéim seo, agus bhí gach ceann acu inár bhfabhar. Tá roinnt cáiniocóirí eile tar éis a n-achomhairc a tharraingt siar ó shin.

Amhail ar an 31 Nollaig 2024, bhí 89 idirghabháil comhlíontachta a bhaineann leis an gciste seo dúnta againn, le toradh €3.7 milliún (lena n-áirítear thart ar €1 mhilliún in ús agus pionóis). Táthar i mbun oibre maidir leis an 40 idirghabháil eile faoi láthair.

Comhoibriú

Tá ról ríthábhachtach againn mar chuid den fhreagra náisiúnta chun dul i ngleic le trádáil aindleathach, smuigleáil agus coireacht eagraithe, agus oibrítear go dlúth le go leor comhlachtaí agus gníomhaireachtaí idirnáisiúnta chun bagairtí tromchúiseacha agus eagraithe coireachta a chomhrac ag an bhfoinse. Déanann muid ár gcuid freisin ag tacú le trádáil dhlisteanach le go mbogfaidh sé chomh tapa agus chomh héifeachtúil agus is féidir, agus ag an am céanna riosca comhlíontachta a bhainistiú go héifeachtach agus dul i ngleic le trádáil neamhdhlisteanach.

Comhoibríonn muid go héifeachtach le raon leathan Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí eile, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, mar chuid den obair seo. Tá samplaí, seachas liosta uileghabhálach, dár gcomhoibriú náisiúnta agus idirnáisiúnta leagtha amach thíos.

Samplaí dár gComhoibrithe Náisiúnta

- Oibríonn muid go han-dlúth leis an nGarda Síochána, le CAB, leis an tSeirbhís Chabhlaigh

agus leis na Fórsaí Cosanta, agus cuirimid tacaíocht fhrithpháirteach oibríochtúil, faisnéise agus ábhair ar fáil. Thug muid 17 ball foirne ar iasacht do CAB le linn 2024.

- Roinnimid sonraí fíor-ama go córasach leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) agus leis an FSS araon maidir le coinsíneachtaí isteach a thagann isteach sa Stát, rud a éascaíonn sreabhadh éifeachtach earraí trínár gcalafoirt agus ár n-aerfoirt ó thríú tíortha. Déanann muid comhordú ar fhorfheidhmiú agus ar idircheapadh earraí agus táirgí toirmisceithe agus srianta thar ceann ár gcomhghleacaithe san RTBM, in Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, san Údarás Rialála Táirgí Sláinte agus sa Choimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí.
- Oibríonn muid le raon d'údaráis inniúla náisiúnta, amhail an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta chun a chinntiú nach gcuireann táirgí atá beartaithe do mhargadh an AE tomhaltóirí ná oibrithe i mbaol, agus nach bhfuil tionchar ag táirgí iompórtáilte ar leasanna eile an phobail amhail an comhshaoil, slándáil agus trádáil chóir.
- Oibríonn muid go dlúth freisin le comhghleacaithe sa Roinn Dlí agus Cirt agus le gníomhaireachtaí eile maidir le gluaiseachtaí paisinéirí trí Aonad Faisnéise Paisinéirí na hÉireann, a bhfuil sainordú aige chun dul i ngleic le coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht. Tá seachtar ball foirne tugtha ar iasacht againn chun tacú leis an aonad ina chuid oibre.

Samplaí dár gComhoibrithe Idirnáisiúnta

- Tá oifigigh tugtha ar iasacht againn do EUROPOL sa Háig, d'Ambasáid na hÉireann sa Ríocht Aontaithe (RA) don MAOC-N i Liospóin agus Buanionadaíocht na hÉireann atá lonnaithe sa Bhruiséil.
- Glacann muid páirt sa Tascfhórsa Comh-Ghníomhaireachta Trasteorann, áit a n-oibrímid, in éineacht leis an nGarda Síochána, go dlúth le HMRC agus le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí eile i dTuaisceart Éireann.
- Comhoibríonn muid lenár gcomheagraíochtaí i ndlínsí eile agus oibríonn muid go dlúth le comhlachtaí idirnáisiúnta amhail an WCO, OLAF, Europol, agus an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gcoinne Bagairtí Coiriúla.
- Is rannpháirtí gníomhach muid sa tionscnamh maidir le Comhghuaillíocht na gCalafort Eorpach, a dhéanann iarracht comhoibriú a chothú idir údaráis chustaim ar fud na gcalafoirt thábhachtacha Eorpacha, agus cuimsíonn sé creat Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí chun comhoibriú idir comhlachtaí poiblí, oibreoirí calafoirt agus páirtithe leasmhara príobháideacha a fheabhsú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ar bhealach níos éifeachtaí.

Is í an EDC maor na gcaighdeán custaim idirnáisiúnta agus aithnítear í freisin mar ghuth an phobail chustaim dhomhanda, ag cabhrú le riaracháin chustaim chun rialuithe a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus trádáil dhlisteanach a éascú go héifeachtúil ag an am céanna. Oibríonn an EDC i gcomhar le riaracháin chustaim lena n-áirítear Éirinn, agus cuireann sí fóram ar fáil le haghaidh idirphlé agus malartú taithí idir údaráis na mBallstát.

An 1 Iúil 2023, ghlac Éirinn suíochán ar Choimisiún Beartais an EDC ar feadh téarma dhá bhliain. Bunaíodh an Coimisiún Beartais chun gníomhú mar ghrúpa stiúrtha dinimiciúil chun tacú le hobair na Comhairle. Pléann sé le ceisteanna leathana beartais a bhaineann le gníomhaíochtaí an EDC agus cuireann sé tús le staidéir ar bheartais, ar chleachtais agus ar nósanna imeachta an EDC, agus é mar chuspóir aige cabhrú leis an gComhairle um Chomhar Custam (an Chomhairle) aidhmeanna leathana a cuid gníomhaíochtaí a bhaint amach.

Le linn an dara bliain a bhí againn ar Choimisiún Beartais an WCO, lean muid orainn ag cur le scrúduithe ar cheisteanna beartais a chuireann an Chomhairle ar aghaidh agus déanaimid moltaí maidir leo siúd, agus réamhscrúdú agus athbhreithnithe ar dhul chun cinn ar Phlean Straitéiseach an EDC.

Cuireann muid go gníomhach le raon leathan grúpaí oibre agus tionscnamh ECFE mar atá leagtha amach thíos.

- Táimid ina gcomhaltaí gníomhacha de Chomhthascfhórsa Idirnáisiúnta an OECD ar Faisnéise agus Comhoibriú Comhroinnte, a thugann le chéile 42 de riaracháin náisiúnta cánach an domhain atá tiomanta do bhealaí níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla chun déileáil le seachaint cánach. Cuireann an tionscnamh seo ardán ar fáil do chomhaltaí chun comhoibriú go gníomhach, laistigh den chreat dlíthiúil de choinbhinsiúin éifeachtacha déthaobhacha agus iltaobhacha, chomh maith le Comhaontuithe um Malartú Faisnéise Cánach, chun a dtáithí agus saineolas a roinnt faoi conas a dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna coiteanna.
- Glacaimid páirt i gClár Idirnáisiúnta um Dhearbhú Comhlíontachta an ECFE agus i gCur Chuige Iontaobhais agus Comhair na hEorpa de chuid an AE a bhfuil an dá cheann acu dírithe ar rannpháirtíochtaí iltaobhacha agus comhlíonadh cánach deonach a chur chun cinn ar bhonn comhoibritheach idir MNEs agus riaracháin chánach sna dlínsí ina n-oibríonn siad.
- Is ball ghníomhach muid d'Fhóram an ECFE ar Riarachán Cánachais, a thugann le chéile riaracháin chánach ó níos mó ná 50 dlínse chun eolas a roinnt, taighde a dhéanamh, agus smaointe nua a fhorbairt chun riarachán cánach a fheabhsú. Dhírigh an obair a rinneadh i rith na bliana, i measc rudaí eile, ar chur chun feidhme riaracháin an réitigh Colún a Dó, ar chinnteacht chánach, ar dhigitíú an riaracháin chánach, agus ar acmhainn cánach a fhothú.
- Is ball tiomanta agus gníomhach muid den tionscnamh Cruinniú Mullaigh AE um Riarachán Cánach, lena dtugtar oifigigh shinsearacha ó Bhallstáit an AE le chéile chun comhoibriú riaracháin éifeachtach a chothú agus chun an úsáid is fearr a bhaint as cláir roinnte faisnéise an Aontais.

Tá muid tiomanta i gcónaí do thacaíocht a thabhairt do thíortha beagfhorbartha chun éifeachtacht a gcórais riartha cánach agus custam a mhéadú, mar chuid de bheartas um fhorbairt thar lear na hÉireann, “Domhan Níos Fearr”. Cé gur dhírigh ár gcuid oibre sa spás seo ar an Afraic agus ar an Áise i rith 2024, rinneamar plé le roinnt tíortha, trí sheimineáir ghréasáin a sheachadadh ar ábhair theicniúla cánach, trí chuairteanna staidéir a óstáil, agus trí pháirt a ghlacadh i gcuairteanna amach i bpearsa maidir le hacmhainn a fhorbairt.

Déantar an obair seo i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (Cúnamh Éireann) agus leis an Roinn Airgeadais. Tacaítear leis an obair seo tuilleadh trínár rannpháirtíocht ghníomhach i líonraí idirnáisiúnta amhail Líonra Fothaithe Acmhainní an ECFE.

Ár bhFoireann, ár dTeicneolaíocht agus ár gCumas

Infheistiú inár bhFoireann



6,805 Ball Foirne Buan

6,630 coibhéis lánaimseartha lonnaithe i 70 suíomh oifige
489 ball foirne earcaithe in 2024



32,337 Lá Oiliúna Curtha ar Fáil

14,431 lá oiliúna maidir le cláir iniúchta
7,397 lá oiliúna ar chlár an iniúchta
4,950 lá oiliúna custaim agus máil



119 Cáilíocht 3ú Leibhéal Bronnta

69 Diplóma sa Chánachas Feidhmeach
13 BA (Onóracha) sa Chánachas Feidhmeach
35 Teastas Custam
2 Mháistreacht i Riarachán Gnó



172 Cáilíocht Eile Bronnta

80 Teastas Cánach
73 Teicneoir Cánach
2 Chomhairleoir Cánach Cairte
17 Teastas i gCleachtais Acmhainní Daonna

Éagsúlacht, lonchuimsiú agus Cultúr



Cothromaíocht Inscne

Is mná iad 61% d'fhoireann uile na gCoimisinéirí loncaim
Is mná iad 53% de Choiste Comhairleach Bainistíochta na gCoimisinéirí loncaim
Is mná iad 56% den bhainistíocht shinsearach



Ár gCultúr

Seoladh Cairt nua um Rannpháirtíocht Fostaithe
Thacaigh muid lenár mBaill Foirne LADT+ ag Bród
D'óstáil muid seachtain bhliantúil um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú

Teicneolaíocht agus Tionscnaimh Ghlasa



Deimhnithe Iniúchta Bainte Amach

ISO 27001 - Athdheimhniúchán Bainistíochta Slándála Faisnéise
ISO 22301 - Faireachas ar Chórais Bainistíochta Leanúnachais Gnó



Treochlár Gníomhaíochta Aeráide

Laghdú 10% ar ár bhflít le linn 2024
Bhí critéir ghlasa bainteach le 90% dár gcomórtais soláthair
Cuireadh sean-teicneolaíocht ónár n-eastát as feidhm

Ár bhFoireann, ár dTeicneolaíocht agus ár gCumas

Is eagraíocht mhór muid, le beagán os cionn 6,800 ball foirne lonnaithe i mbreis agus 70 oifig ar fud na tíre, agus is é sábháilteacht agus folláine ár ndaoine ár dtosaíocht. Trí thimpeallacht oibre dhearfach agus shásúil a chothú, fócas láidir a choinneáil ar éagsúlacht, ionchuimsiú agus folláine, agus trí rannpháirtíocht fhiúntach, leanfaidh muid orainn ag iarraidh ár sprioc mar rogha fostóra a bhaint amach.

Tá muid tiomanta dár gcumas mar eagraíocht a fhorbairt go leanúnach, agus chun leanúint ar aghaidh ag infheistiú inár bhfoireann, ag tacú leo na scileanna ceannaireachta, bainistíochta agus teicniúla a theastaíonn uathu a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin eagraíochtúla athraitheacha amach anseo.

Tá ár gcumas leas a bhaint as nuálaíocht i dteicneolaíocht agus i gcleachtais ghnó, agus an cumas dul in oiriúint, mar bhonn taca faoin rath atá againn maidir lenár spriocanna a bhaint amach. Cuireann sé seo ar ár gcumas freagairt go héifeachtach do dhúshláin, agus d'athruithe ar iompar cáiníocóirí agus d'athruithe sa timpeallacht ghnó agus eacnamaíoch seachtrach araon.

Tá an infheistíocht leanúnach a dhéantar inár ndaoine agus inár dteicneolaíocht, chomh maith lenár n-earcaíocht spriocdhírthe agus ár gcultúr láidir rialachais agus cuntasachta éifeachtach, ríthábhachtach chun go n-éireoidh linn tacú le comhlíontacht shaorálach agus dul i ngleic le neamhchomhlíontacht. Tá aclaíocht, acmhainneacht agus freagrúlacht ár bhfoireann agus ár struchtúr mar chodanna tábhachtacha freisin do rath agus éifeachtacht ár gcuid oibre.

Cinntíonn forbairt, éabhlóid agus múnú leanúnach ár struchtúir go ndéantar ailíniú ár n-acmhainní le riosca a fheabhsú, agus go gcuireann muid seirbhís ar ardchaighdeán ar fáil chun tacú le comhlíontacht i measc cáiníocóirí.

Ár bhFoireann

Is ar chroíluachanna ár bhfoireann atá ár rath bunaithe. Ag deireadh 2024, bhí 6,805 ball foirne buan ag obair san eagraíocht, arb ionann é agus thart ar 6,630 coibhéis lánaimseartha.

Chun a chinntiú go ndéantar cumas, tallann agus ceannaireacht inmheánach a fhorbairt agus a choinneáil, agus go bhfuil na daoine agus na scileanna cearta inár bhfoireann, baineann muid úsáid as earcaíocht spriocdhírthe. Le linn 2024, cheap muid 489 ball foirne ag gach grád ó chomórtais earcaíochta oscailte agus inmheánaigh, agus ó chomórtais idir-rannacha agus faoin gCoiste um Cheapacháin Ardleibhéil. Ina theannta sin, bhain 72 ball foirne leas as aistrithe chuig na Coimisinéirí Ioncaim, nó as soghluaisteacht inmheánach le linn 2024.

Ról	Ceapacháin	Aistrithe
Rúnaí Cúnta	2	-
Príomhoifigeach	10	-
Príomhoifigeach Cúnta	55	1
Dlíodóirí/Comhairleoirí Dlí	3	-
Ardoifigeach Feidhmiúcháin	66	16
Oifigeach Riaracháin	5	9
Oifigeach Feidhmiúcháin	126	4
Oifigeach Cléireachais	222	42

Tá muid tiomanta i gcónaí do thacaíocht a thabhairt dár bhfoireann agus iad a chumasú chun feidhmiú ar an leibhéal is airde, agus freagairt dá riachtanais forbartha.

Mar chuid de seo, lean muid orainn ag cothú ár gcomhpháirtíochtaí oideachais láidre le hInstitiúid Cánach na hÉireann (ITI), Ollscoil Luimnigh (OL), agus soláthraithe oiliúna tríú páirtí eile le linn 2024. Lean muid orainn freisin ag cur ár gclár forbartha pearsanta agus gairmiúla leanúnaí in oiriúint in 2024, chun deiseanna níos fearr a thabhairt don fhoireann maidir le forbairt inniúlachta.

Idir an dá linn, lean ár mbrainse oiliúna inmheánach féin ag forbairt agus ag leathnú an raon leathan tacaíochtaí oiliúna atá ar fáil dár bhfoireann. Trí mheascán de ríomhfhoghlaim féinbhainistithe, ábhar oiliúna taifeadta, agus ranganna fíorúla agus i bpearsa a úsáid, soláthraíonn muid deiseanna forbartha gairmiúla a fheabhsaíonn eolas teicniúil, scileanna agus gairmiúlacht ár bhfórsa saothair.

Le linn 2024, cuireadh níos mó ná 32,330 lá oiliúna ar fáil dár bhfoireann (Tábla 22) agus tá muid bródúil as an infheistíocht seo a dhéanamh. Áiríodh leis an oiliúint a cuireadh ar fáil raon cuimsitheach clár forbartha scileanna agus cumais chun ceannaireacht, bainistíocht agus scileanna boga ár bhfoirne a fheabhsú. Chomh maith leis sin, chuir muid oiliúint theicniúil chánach riachtanas-bhunaithe ar fáil trí chlár atá creidiúnaithe go seachtrach agus trí mhodúil oiliúna neamhspleácha inmheánacha araon.

Tá roinnt samplaí leagtha amach thíos den oiliúint a rinneadh le linn 2024 maidir leis an bpointe deiridh, chomh maith le na príomhéachtaí a baineadh amach.

- Bhronn OL 119 cáilíocht tríú leibhéal ar ár bhfoireann, lena n-áirítear Teastais Chustam, Dioplómaí i Riarachán Cánach Feidhmeach, BA (Onóracha) sa Chánachas Feidhmeach agus Máistreacht i Riarachán Gnó.
- Bhronn an FCÉ 155 cáilíocht chánach ghairmiúil ar ár bhfoireann, cáilíochtaí lena n-áirítear Comhairleoir Cánach Cairte agus Teicneoir Cánach (Táblaí 23 agus 24).
- Bronnadh teastais i gCleachtas Acmhainní Daonna ar 17 mball foirne, ón bhForas Riaracháin agus an Institiúid Chairte um Phearsanra agus Forbairt.
- D'fhreastail 41 ball foirne ónár Rannóga Cánach Idirnáisiúnta agus Corparáidí Móra ar chúrsaí oiliúna seachtracha maidir le luacháil maoiní intleachtúla agus praghsáil aistrithe.

Gné-alt – Oiliúint um Fhorfheidhmiú, Custaim agus Éascú Trádála

Le blianta beaga anuas, tá dul chun cinn suntasach déanta ag ár n-aonad oiliúna custaim agus máil maidir le hathstruchtúrú agus forbairt ar bhealaí oiliúna d'oifigigh chustaim agus máil, ag baint úsáide as cur chuige srathach agus céimnithe.

Forbraíodh deiseanna nua oiliúna agus ábhair mar chuid de seo. Le linn 2024, sheol an fhoireann ceithre chúrsa ríomhfhoghlama féinbhainistithe nua ar CITES, an Scéim Easpórtála Miondíola CBL, réamhtheacht, agus áiseanna stórála sealadacha. Forbraíodh na cúrsaí seo go hiomlán ag baint úsáide as saineolas inmheánach, agus tá siad ar fáil anois don fhoireann go léir, rud a chuireann deiseanna foghlama solúbtha ar fáil.

Dul chun cinn suntasach eile a dearnadh le linn 2024 ná gur forbraíodh clár ionchúisimh pearsanta cúig lá, a chlúdaigh traenáil maidir le nótaí a thógáil agus leabhair nótaí fianaise a chothabháil, scileanna agallaimh agus ceistiúcháin, agus scileanna seomra cúirte. In 2024 cuireadh cúrsaí iomadúla Meánleibhéil II i bhfeidhm, lena n-áirítear cúrsaí ar cheadúnais mháil, agus trádáil neamhcheadúnaithe agus braite.

Ghlac muid céim cheannródaíoch freisin trí bheith ar cheann de na chéad chomhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda



Foireann na gCoimisinéirí Ioncaim a thug faoi Chlár Forbartha Meánbhainistíochta an WCO

Chustaim (WCO) chun Clár Forbartha Meánbhainistíochta a thabhairt isteach go sonrach d'Ardoifigigh Feidhmiúcháin i róil chustaim.

Chuir beirt Chomhairleoirí Ceannaireachta agus Forbartha Bainistíochta creidiúnaithe ag an WCO an clár seo ar fáil, agus duine acu lonnaithe inár mbrainse oiliúna, agus bhí an duine eile mar ionadaí ó Fhórsa Teorann na hAstráile.

Ina theannta sin, le linn 2024:



- Chríochnaigh 113 earcach nua ár gclár um éascú trádála,
- Fuair 34 earcach nua ár n-oiliúint forfheidhmiúcháin,
- Chríochnaigh 1,276 ball foirne oiliúint chustaim, mháil agus forfheidhmithe eile, agus
- Chuir 35 ball foirne tús le Teastas Custam le hOL.

Éacht suntasach eile le linn 2024 ba ea seoladh ár gcúrsa cuimsitheach 'Cuardach ar Fheithiclí'. Rinne ár saineolaithe ábhair inmheánacha an cúrsa seo a dhearadh agus a sheachadadh go cúramach, agus mar réamhullmhúchán ghlac siad páirt i seisiún phraiticiúla 'oiliúint an oiliúnaí' a d'óstáil Ionad Barr Feabhais Fionlainne. riarachán custaim na

Cuireadh ár gcúrsa 'Cuardach ar Fheithiclí' in oiriúint chun ardscoilanna a thabhairt dár n-oifigigh maidir le cigireacht feithiclí, ag díriú ar na teicnící is déanaí agus ar na cleachtais is déanaí maidir le contrabhanna folaithe a aithint, agus chun comhlíonadh na reachtaíochta custaim agus ár mbeartais féin a chinntiú. Ghlac rannpháirtithe páirt i gcásanna réalaíocha agus cleachtaí praiticiúla, rud a lig dóibh a gcuid foghlama a chur i bhfeidhm i dtimpeallacht rialaithe.

Ní hamháin gur neartaigh an tionscnamh seo ár gcumas oibríochtúil, ach leag sé béim freisin ar ár dtiomantas d'oiliúint cheannródaíoch a sholáthar chun freastal ar na héilimh síor-athraitheacha forfheidhmithe custaim. Roghnaíodh an cúrsa seo mar iomaitheoir sa bhabhta ceannais i nGradam CIPD 2025 sa chatagóir 'Ceannaireacht trí Fhoghlaim agus Forbairt – Eagraíocht Mhór'.

Tugann an dámhachtain seo aitheantas d'eagraíochtaí móra a nascann spriocanna gnó go héifeachtach le straitéisí foghlama agus forbartha, chun scileanna fostaithe agus ceannaireachta a fheabhsú, agus feidhmíocht a fheabhsú. Trí bheith ar an ngearrliosta don dámhachtain seo, leagann sé béim ar thionchar agus ar cháilíocht ár gclár oiliúna, leagann sé béim ar thiomantas agus saineolas ár bhfoireann oiliúna, agus leagann sé síos caighdeán nua do chlár oiliúna amach anseo.



Feithicil a úsáidtear le haghaidh traenáil
Cuardach ar Fheithiclí (barr) agus cuardach
taispeána (bun)

Próifílí Foirne

Cristina Goncalves-Beattie – Oifigeach Cléireachais, Rannóg na gCánacha Gnó

Is ó áit garr do chathair Porto sa Phortaingéil ó dhúchas mé, d'oibrigh mé sa Ríocht Aontaithe ar feadh roinnt blianta sular bhog mé go hÉirinn in 2009. Sula ndeachaigh mé isteach sna Coimisinéirí Ioncaim i mBealtaine 2022, d'oibrigh mé mar anailísí sonraí. Nuair a thosaigh isteach leis na Coimisinéirí Ioncaim, sannadh mé do Rannóg na gCánacha Pearsanta, áit ar thug mé faoi oiliúint le Brainse Oiliúna na gCoimisinéirí Ioncaim. I mí Feabhra 2023, thosaigh mé in Oifig Rannóige de chuid Rannóg na gCánacha Gnó.



Bhí mé rannpháirteach i roinnt tionscadal rialachais thábhachtacha anseo, mar shampla athbhreithniú a dhéanamh ar na húdairithe reachtacha go léir atá ag baill foirne i Rannóg na gCánacha Gnó. Tá athbhreithniú cuimsitheach eagraithe agus curtha i bhfeidhm agam freisin maidir le cearta rochtana ar chórais atá i seilbh na foirne i Rannóg na gCánacha Gnó. Le mo thaithí ar anailísíocht sonraí, bhí mé in ann a chinntiú go bhfuil cearta rochtana foirne leordhóthanach, agus iomchuí, dá ról reatha.

Tá plé déanta agam le hOifigeach Idirchaidrimh Míchumais na Rannóige Seirbhísí Corparáideacha agus le Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise & Cumarsáide agus Lóistíochta maidir leis an teicneolaíocht chunta atá ar fáil d'fhoireann na gCoimisinéirí Ioncaim. Tá na teicneolaíochtaí seo thar a bheith tábhachtach dom go laethúil le mo chuid oibre, mar diagnósíodh mé le Meath Macúlach Mióipeach (MMD) in 2019.

Cuireann mo chuid oibre sna Coimisinéirí Ioncaim ról ar fáil dom a bhaineann úsáid as mo thaithí agus a thugann dúshlán dom i gcónaí, rud a thaitníonn go mór liom, go háirithe toisc go bhfuil tacaíocht agam ó fhoireann iontach, ag gach leibhéal.

Daniel Gerber – Oifigeach Feidhmiúcháin, An Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise & Cumarsáide agus Lóistíochta

Tar éis dom bogadh go hÉirinn ó Johannesburg na hAfraice Theas, ag deireadh na bliana 2000, fuair mé taithí nua ar chultúr – aimsir – agus ábhair iontais, ach garr gur mhothaigh mé ar mo chompord.

Thosaigh mé leis na Coimisinéirí Ioncaim tar éis dom printíseacht dhá bhliain a chríochnú le Comhairle Contae, áit a bhfuair mé taithí i bhforbairt bogearraí agus riarachán córais. I mo ról reatha, tacaím leis na córais TF custaim a éascaíonn trádáil idirnáisiúnta. Tá na córais seo deartha chun sreabhadh éifeachtach earraí thar ár dteorainneacha a bhainistiú, chun a chinntiú go gcomhlíontar reachtaíocht custam iomchuí, chun dleachtanna agus cánacha a bhailiú, agus chun trádáil dhlisteanach a éascú.



Cinntíonn mé go bhfuil na córais chasta seo ar fáil ar bhonn 24/7 agus cinneann mé nuair atá athruithe córais ag teastáil, chun ailíniú le próisis chustaim atá síor-athraitheach. Tá oiliúint den scoth faighte agam i dteangacha ríomhchlárúcháin agus scripte, chomh maith le scileanna bunachar sonraí - tá gach ceann acu tábhachtach do mo ról reatha agus d'fhorbairt gairme don todhchaí.

An rud is fearr liom faoin ról seo ná an éagsúlacht oibre agus na deiseanna atá ann chun foghlaim agus rannchuidiú. Tá castacht na gcóras custaim agus a nascacht le creatáil an AE dúshlánach agus tá an-sásamh le baint as, agus tá mé bródúil as an obair a dhéanaim, in éineacht le foireann dhíograiseach agus thacúil, chun trádáil a thacú agus a éascú.

Neil Richardson – Ardoifigeach Feidhmiúcháin, Rannóg Ardrachmais agus Seirbhísí Airgeadais

Sular thosaigh mé leis na Coimisinéirí loncaim, d'oibrigh mé i roinnt post éagsúla san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon. Tar éis sos gairme gairid, chuaigh mé isteach sna Coimisinéirí loncaim in 2019, mar Oifigeach Cléireachais in Éascú Trádála.




Ní raibh mé i bhfad sa ról sin, áfach, mar go gairid tar éis dom tosú ansin, fuair mé ardú céime go hOifigeach Feidhmiúcháin. I mí na Bealtaine 2023, fuair mé ardú céime arís agus thosaigh mé ag aobair leis an fhoireann um Sheirbhís do Chustaiméirísa sa Rannóg Ardrachmais agus Seirbhísí Airgeadais. I mo ról reatha, cinntíonn mé go gcomhlíontar caighdeáin seirbhíse do na cáiníocóirí a ndéantar teagmháil leo. Mar chuid d'fhoireann uile na hOifige Roinne, tacaíonn mé freisin le brainsí Rannóige ina bhfeidhmeanna, agus déanaim bainistíocht ar riachtanais chóiríochta don fhoirgneamh ina n-oibríom.

Bhí mé beagáinín faiteach nuair a d'imigh mé isteach sna Coimisinéirí loncaim den chéad uair, mar bhí tamall sách fada imithe thart ó rinne mé staidéar ar chánachas sa choláiste, ach rinne na tacaíochtaí praiticiúla a chuir Brainse Oiliúna na gCoimisinéirí loncaim, agus Institiúid Cánach na hÉireann ar fáil cúrsaí simplí go leor dom. Chabhraigh an tacaíocht a fuair mé ó mo fhoireann agus ó mo chomhghleacaithe sa mbrainse go mór freisin.

Bainim an-sásamh as éagsúlacht mo chuid oibre, agus bhí an t-ádh orm go dtí seo gur oibrigh mé le daoine iontacha i mo ghairm bheatha sna Coimisinéirí loncaim.

Jessica Murphy – Ardoifigeach Feidhmiúcháin, An Rannóg Beartas agus Reachtaíochta um Chánacha Gnó

Thosaigh mé mo ghairm bheatha sa Státseirbhís siar i 1999, sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí mar a thugtar anois air. D'fhág mé an Státseirbhís chun dul chuig cuideachta idirlín, agus chaith mé deich mbliana ag obair i Seirbhísí Airgeadais, sular thosaigh mé ag obair sna Coimisinéirí loncaim in 2017.



Bhí an chéad ról a bhí agam sa mBrainse Dreasachtaí den Rannóg Beartas agus Reachtaíochta um Chánacha Gnó, mar chuid den fhoireann Faoisimh Scannán. Mar chuid den ról seo, bhí buiséid agus conarthaí scannáin le scrúdú, agus bhí orm féachaint ar na scannáin iarbhír fiú chun críocha creidiúnaithe! Fuair mé ardú céime go hArdoifigeach Feidhmiúcháin i mí an Mheithimh 2020, agus ghlac mé post san Aonad Faoisimh i leith Infheistíochta i dTrádálacha Corparáideacha.

Sa ról seo déileáileann mé le faoisimh éagsúla d'infheisteoirí, amhail an Dreasacht Fostaíochta agus Infheistíochta. Tá baint agam freisin le gnéithe den fhaoiseamh creidmheasa cánach le haghaidh cluichí digiteacha agus, le déanaí, le faoiseamh díolúine d'ealaíontóirí. Sa ról seo, tá go leor deiseanna agam chun comhoibriú le comhghleacaithe ar fud na heagraíochta.

Sna Coimisinéirí loncaim, tugtar an deis dul chun cinn gairme a dhéanamh i dtimpeallacht atá forásach, ina gcuirtear béim ar leith ar fhoghlaím agus ar fhorbairt. Tá an comhoibriú idir foirne rithabhachtach, agus is cuid mhór de chultúr na gCoimisinéirí loncaim é a bheith mar chuid d'fhoireann eiseamláireach, ceann a bhfuil an t-ádh orm a bheith mar chuid de.

Anita Cassidy – Príomhoifigeach Cúnta, An Rannóg Beartas agus Reachtaíochta um Chánacha Pearsanta

Thosaigh mé sna sna Coimisinéirí loncaim in 2022, tar éis gur éirigh liom i gcomórtas oscailte an Phríomhoifigigh Chúnta. Bhí an próiseas ar fad ó chomhlánaigh mé an fhoirm iarratais, go dtí gur thosaigh mé ag obair leis na Coimisinéirí loncaim, eagraithe go han-mhaith.

Tar éis dom a bheith ag obair ar feadh blianta fada i gcleachtas mór cánach príobháideach a rinne speisialtóireacht i leith seirbhísí cánach soghluaisteachta domhanda a sholáthar d'fhostóirí agus dá bhfostaithe, bhí an-áthas orm ról a fháil sa mbrainse nuabhunaithe don Soghluaisteacht Dhomhanda sa Rannóg Beartas agus Reachtaíochta um Chánacha Pearsanta. Tá ár mbrainse freagrach as feidhmeana bainistíochta maidir le reachtaíocht agus ateangaireacht ar ábhair a bhaineann le daoine aonair, fostaithe agus fostóirí soghluaiste ar fud an domhain. Tá an obair anseo thar a bheith éagsúil agus dúshlánach.

An príomhchúram atá againn gach bliain ná bheith ag obair a dhéanamh ar an mBille Airgeadais leis an Roinn Airgeadais, agus le comhghleacaithe ar fud na gCoimisinéirí loncaim. Tá muid freagrach as treoir a ullmhú agus a eisiúint do cháiniocóirí agus do réimsí oibríochtúla na gCoimisinéirí loncaim i bhfoirm Lámhleabhair Chánach agus Dleachta, a mhíníonn conas a oibríonn reachtaíocht chánach go praiticiúil. Tá muid freagrach freisin as ceisteanna a fhreagairt a thagann ó fhoireann na gCoimisinéirí loncaim, nó ó chleachtóirí cánach, maidir le cúrsaí casta cánach sa réimse seo.

Tá cothromaíocht oibre is saoil den scoth anseo sna Coimisinéirí loncaim, le neart deiseanna chun am a chaitheamh le comhghleacaithe go sóisialta. Tá sé dochreidte cé chomh tapa is a d'imigh na trí bliana seo, agus cé chomh maith is atá mé socraithe isteach i mo ról san am sin.



Davena Lyons – Príomhoifigeach, Rannóg an Ard-Bhailitheora

Thosaigh mé ag obair sna Coimisinéirí loncaim in 2002, mar Oifigeach Cléireachais i gcustaim agus máil, sular bhog mé chuig ról éagsúla iniúchóireachta agus comhlíontachta ar feadh deich mbliana ina dhiadh sin.

Le linn na mblianta sin, d'éirigh liom i roinnt comórtas le haghaidh ardú céime agus bhain mé leas as Aisiocaíocht Táillí agus Scéimeanna Urraíochta na gCoimisinéirí loncaim chun dhá Chéim Bhaitisiléara a dhéanamh, i Staidéar Gnó agus Cánachas, agus chun mo cháilíocht ghairmiúil ACCA a bhaint amach.

Thosaigh mé i Rannóg an Ard-Bhailitheora mar Phríomhoifigeach Cúnta in 2014, ag stiúradh foirne éagsúla maidir le cúrsaí dócmhainneachta. In 2018 bhog mé arís chuig ról eile, an uair seo bhí mé i gceannas ar fhoireann ag plé le beartas frith-chalaoise CBL. Sa ról seo, fuair mé taithí ag obair le riaracháin chánach ar fud thíortha an AE chun calaois a mhaolú agus réitigh choiteanna a sholáthar chun dul i ngleic le dúshláin trasdhlínse.

Fuair mé ardú céime go Príomhoifigeach in 2020 agus d'fhill mé ar Rannóg an Ard-Bhailitheora go gairid ina dhiaidh sin. Sa ról seo, tá cúraimí éagsúla comhlíonta agam ó chlár bhainistithe fiachais, go dtí aisiocaíochtaí CBL, seirbhís do chustaiméirí agus anailísíocht, chomh maith le COVID-19 agus scéimeanna tacaíochta do ghnóthaí maidir le costas maireachtála.

Le linn mo ghairm bheatha, bhí sé de phribhléid agam a bheith ag obair le daoine eisceachtúla atá tiománta do sheirbhís phoiblí den scoth a chur ar fáil, rud a spreagfaidh go mór mé i mo chuid oibre leis na Coimisinéirí loncaim sna blianta amach romhainn.



Ár gCultúr

Mar eagraíocht ardfhreagrúil, cuireann muid timpeallacht oibre dhearfach, spéisiúil agus an-sásúil ar fáil dár ndaoine. Tá ár gcroíluachanna meas, gairmiúlacht, comhoibriú, gastacht agus ionracas fite fuaite inár gcultúr, inár n-idirghníomhaíochtaí le comhghleacaithe agus inár ndéileálacha go léir le cáiníocóirí.

Tá an-mheas againn ar oscailteacht agus ar fhreagracht, agus cuireann muid comhlíontacht lenár bhfreagrachtaí dlíthiúla, lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht, cosaint sonraí, rúndacht cáiníocóirí, bainistíocht airgeadais, agus SF, i gcoirlár ár gcuid oibre.

Tá muid tiomanta do shláinte agus folláine ár bhfoireann a chothú agus ba mhór linn rannpháirtíocht na bhfostaithe a neartú ag gach leibhéal ar fud na heagraíochta. Comhoibríonn muid lenár bpríomhpháirtithe leasmhara i gcur chuige comhpháirtíochta, ag tacú le comhionannas, ionchuimsiú agus éagsúlacht, rud a chinntíonn go mbeidh nuálaíocht leanúnach agus leibhéal arda feidhmíochta ann.

Mar chuid dár dtiomantas chun dea-shláinte agus folláine a chur chun cinn agus a spreagadh i measc ár bhfoireann le linn 2024:

- chuir muid ár mBeartas Sos Míostraithe chun cinn, trí seimineáir ghréasáin a óstáil agus sonraí a sholáthar faoi thacaíochtaí atá ar fáil do bhaill foirne agus do bhainisteoirí,
- mhéadaigh muid an fóirdheontas don vacsaíniú fliú le baill foirne a spreagadh ina treo,
- d'óstáil muid agus chuir muid raon seimineáir ghréasáin folláine chun cinn, lena n-áirítear seisiúin le Ability Focus agus Men's Aid, agus
- d'óstáil muid seimineáir ghréasáin chun Lá Idirnáisiúnta na mBan a chur chun cinn.

Cuireann ár bPríomhchoiste Comhpháirtíochta deiseanna ar fáil le plé rialta agus dearfach a dhéanamh chun tacú le agus feabhas a chur ar rannpháirtíocht fostaithe. Is é an Cathaoirleach a dhéanann cathaoirleacht ar an gCoiste agus bíonn an Bord i láthair in éineacht le hionadaithe ón mbainistíocht, ó na ceardchumainn agus ón bhfoireann. Le linn 2024, tháinig an Coiste le chéile trí huaire agus, trína chuid oibre, lean sé ar aghaidh ag tacú lenár misean, lenár bhfís, lenár gcroíluachanna, agus le baint amach na gcuspóirí atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise(RS).

Gné-alt - Cairt um Rannpháirtíocht Fostaithe de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim

n 2023, bhunaigh muid Grúpa Dian-Chomhpháirtíochta chun athbhreithniú a dhéanamh ar ár gCairt um Rannpháirtíocht Fostaithe (EEC).

Seoladh ár EEC bunaidh in 2017 agus d'fheidhmigh sí go maith dúinn le deich mbliana anuas. Mar sin féin, mar gheall ar athruithe san áit oibre ó shin i leith, mheas muid go raibh sé in am ár gcairt a athbhreithniú agus a nuashonrú le bheith i gcomhréir le gealltanais ár Ráiteas Straitéise chun 'lucht saothair éagsúil agus cuimsitheach a chothú'.

Seoladh ár EEC nua i mí na Nollag 2024, tar éis comhairliúchán agus comhoibriú fairsing leis an bhfoireann agus leis an nGrúpa Dian-Chomhpháirtíochta tiomnaithe.

Léiríonn an chairt nua cur chuige agus tuiscint ar na luachanna agus na prionsabail a threoraíonn muid, mar eagraíocht, chun ár gcuspóirí a bhaint amach. Tá sé ailínithe freisin lenár Ráiteas Straitéise agus lenár bhfís chun a bheith ceannródaíoch mar riarachán cánach agus custaim, ag a bhfuil muinín an phobail, agus atá mar rogha fostóra.



Cairt um Rannpháirtíocht Fostaithe na gCoimisinéirí Ioncaim

Aithnítear go bhfuil athrú suntasach tagtha ar ár mbealaí oibre, agus go bhfuil formhór na foirne ag baint leasa as socruithe oibre cumaisc anois, leagtar amach sa chairt nua sraith gealltanais comhroinnte maidir leis an gcomhoibriú a bhfuiltear ag súil leis idir an eagraíocht agus ár bhfoireann. Tá na gealltanais seo mar thacaíocht do thimpeallacht dhearfach oibre, le lucht saothair tiomanta agus coinsiasach, ag bhfuil ról rithábachtach chun ár gcultúr agus ár luachanna a chothú don fhoireann go léir.

Le linn 2024, bhí muid rannpháirteach i ngrúpa oibre tras-Rannóige, chun samhail mheastóireachta oibre cumaisc a fhorbairt. Thug an grúpa oibre seo deis dúinn raon tuairimí agus leideanna a bhailiú maidir leis an tionchar a imríonn obair chumaisc ar an Státseirbhís, ó thaobh na heagraíochta agus na bhfostaithe araon.

Cuirfidh torthaí an ghrúpa oibre uirlis struchtúrtha ar fáil d'eagraíochtaí chun éifeachtacht a mbeartais oibre chumaisc a mheas, agus chun bonn eolais a chur faoi bheartais sa réimse seo sa todhchaí le sonraí atá bunaithe ar fhianaise.

D'éirigh linn ár socruithe oibre cumaisc féin a neadú san eagraíocht, trí chothromaíocht a bhaint amach idir riachtanais ghnó agus deiseanna foirne chun cothromaíocht oibre is saoil maith a bheith acu. Mar sin féin, tá tús curtha againn anois le hathbhreithniú ar an mbeartas, ag baint úsáide as an tsamhail seo agus foinsí sonraí ábhartha eile, chun a chinntiú go leanann ár socruithe oibre cumaisc ag freastal ar riachtanais ár bhfoireann, agus ar ár gcuspóirí eagraíochtúla.

Comhlíonann ár bhfoireann réimse feidhmeanna éagsúla agus ilghnéitheacha sna ról atá acu, agus oibríonn go leor acu lasmuigh den ionad oibre. Áirítear leis seo ár bhfoirne custaim agus forfheidhmithe, agus baill foirne eile a dhéanann seiceálacha agus idirghabhálacha comhlíontachta, ag áitribh gnó nó áitribh gníomhairí, agus a fhreastalaíonn ar imeachtaí for-rochtana.

Dá bhrí sin, ní eagraíocht thraidisiúnta oifigbhunaithe a bhí ionainn riamh agus níl gach ról laistigh den eagraíocht oiriúnach do shocruithe oibre cumaisc. É sin ráite, éascaítear obair chumaisc sa chás go bhfuil an ról sonrach oiriúnach dá leithéid, agus gur mian leis an bhfostaí aonair leas a bhaint as na socruithe sin.

Baineann thart ar 82% dár bhfoireann leas as socruithe oibre cumaisc ar bhealach éigin, agus roghnaigh an 18% eile gan iarratas a dhéanamh, nó níl siad incháilithe iarratas a dhéanamh, mar gheall ar nádúr an ról atá acu. Sa chás go mbaineann baill foirne leas as obair chumaisc, déantar na socruithe a bhainistiú laistigh d'aonaid ghnó áitiúla. Ó mhí Mheán Fómhair 2022 i leith, tá na spriocanna atá leagtha amach i 'gCreat Beartais Oibre Cumaisc na Státseirbhíse' bainte amach againn, agus leanfaidh sé sin ar aghaidh i rith 2025.

Ba mhór linn a chinntiú go mbraitheann ár bhfoireann go bhfuil meas orthu. Tá cultúr láidir glactha, cuimsitheachta agus comhionannais cothaithe i measc ár bhfoirne againn, rud a chinntíonn go léirítear meas ar chearta an duine i dtimpeallachtaí inmheánacha agus seachtracha araon. Táimid tiomanta i gcónaí lena chinntiú go gcuirtear ár 'bPlean Gníomhaíochta um Dhualgas na hEarnála Poiblí' i bhfeidhm.

Tá sainoiliúint chearta an duine agus comhionannais forbartha againn do chohórt foirne aonair, ag brath ar nádúr an ról atá acu laistigh den eagraíocht. Cuirtear oiliúint ar ár bhfoireann nua-earcaithe go léir freisin sa chomhionannas agus san éagsúlacht mar chuid dá n-ionduchtú.

Mar fhostóir de bheagnach 7,000 ball foirne, aithníonn agus cuireann muid fáilte roimh, agus tá meas againn ar an éagsúlacht maidir le féiniúlacht ghnéis agus inscne agus tá muid tiomanta cuimsiú san ionad oibre a fheabhsú ar bhonn leanúnach. Oibríonn ár Líonra Foirne LADT+ agus ár gcoiste stiúrtha le Ranna eile de chuid na Státseirbhíse chun Líonra Fostaithe agus Comhghuaillithe LADT+ ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí a fhorbairt, rud atá ina phríomhchuid den 'Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú LADTI+'.

Mar atá déanta againn le roinnt blianta anuas, lean muid orainn ag tacú lenár bhfoireann LADT+ le roinnt imeachtaí i rith na bliana. I measc roinnt samplaí de seo, glacadh páirt i bparáid Fhéile Bród 2024 i mBaile Átha Cliath, ardaíodh bratach Bród ag roinnt dár n-oifigí, agus léiríodh an bratach ar ár bpríomhleathanach idirlín agus ar X. D'óstáil ár Líonra Foirne LADT+ roinnt imeachtaí don fhoireann go léir agus rinneadar roinnt cur i láthair.

Aithnítear go dtéann éagsúlacht níos doimhne ná tréithe glúine agus fisiciúla, agus inscne, agus glacann muid ar bord na heispéiris agus na peirspictíochtaí éagsúla ónár lucht saothair agus foghlaimíonn muid uathu. Aithníonn muid freisin go gcuimsíonn éagsúlacht cúlaí sóisialta, eitneacha, cultúrtha agus oideachais, agus tuigtear go bhfeabhsaíonn lucht saothair arb ionann iad agus an tsochaí a bhfreastalaímid orthu muinín an phobail, neartaíonn sé an chaoi a gcuirtear seirbhísí ar fáil, agus go spreagann sé nuálaíocht. Dá bhrí sin, tá ár gcláir earcaíochta fós dírithe ar lucht saothair ilghnéitheach a chothú, a léiríonn sochaí chomhaimseartha na hÉireann atá ag athrú i gcónaí, agus a threisíonn ár dtiomantas do chomhionannas agus chun feabhas leanúnach a chur ar gach rud a dhéanann muid..

Gné-alt - Tionscnamh Lár na Cathrach Thoir Thuaidh

Cuireadh tús le tionscnamh Lár na Cathrach Thoir Thuaidh (NEIC) i mí Iúil 2016, nuair a sheol an Rialtas plean chun maoirseacht a dhéanamh ar athghiniúint shóisialta agus eacnamaíoch fhadtéarmach an cheantair seo i mBaile Átha Cliath.

Mar thoradh ar ár rannpháirtíocht rathúil i gClár Meantóireachta Flash an NEIC 2023, d'fhorbair ár Rannóg Seirbhísí Corparáideacha Clár Píolótach Socrúcháin Oibre Idirbhliana NEIC in 2024.

Ba é cuspóir an chlár léargas a thabhairt do mhic léinn ar chonair ghairme laistigh den eagraíocht nach mbeadh siad ag smaoineamh air b'fhéidir, nó nach mbeadh siad ar an eolas faoi murach sin.

Baineadh é seo amach trí cheardlanna éagsúla agus suimiúla a chur ar fáil i réimsí amhail anailís sonraí, ceisteanna dála a fhreagairt, preaseisiúintí a thiomsú, imeachtaí a phleanáil agus postscáthú a dhéanamh ar Oifigeach Custam i gCalafort Bhaile Átha Cliath.

Thug an clár deis dúinn freisin an eagraíocht a chur chun cinn mar rogha fostóra do chohórt nach bhfreastalódh go hiondúil ar imeachtaí for-rochtana fostaíochta eile a nglacaimid páirt iontu.

Ghlac seachtar mac léinn ó thrí scoil DEIS i mBaile Átha Cliath 1 páirt sa chlár, a reáchtáladh i mí na Samhna 2024. Léiríonn aiseolas ó na scoláirí gur thug an clár scileanna agus eispéiris nua agus dearfacha dóibh.

Léirigh na mic léinn go léir go mba spéis leo dul ag obair sna Coimisinéirí loncaim amach anseo, agus tá beirt tar éis iarratas a dhéanamh ar ról mar Oifigeach Cléireachais Sealadach san eagraíocht.

Mar chríoch, bronnadh Teastas Críochnaithe ar gach duine a ghlac páirt sa chlár.



Rannpháirtithe ag breathnú ar thaispeántas madra bolaíochta (barr) agus ag éisteacht le cur i láthair ón gCoimisinéir Kennedy (bun)

Bhí gach éinne a bhuail muid leo chomh hálainn agus thar barr ina gcuid oibre.

Is áit iontach atá ann le bheith ag obair agus tá sé i gceist agam teacht ar ais amach anseo.

Mholfainn na Coimisinéirí loncaim go mór mar gheall ar an taithí iontach.

Bhí ‘Cad a chiallaíonn EDI domsa’ mar théama dár seachtain bhliantúil Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe (EDI) i rith 2024. Dhírigh imeachtaí na bliana seo ar an raon teorach agus tacaíochtaí atá ar fáil do dhaoine a bhfuil freagrachtaí cúraim acu, chomh maith le léargas agus treoir faoi mhíchumais neamhinfeicthe san ionad oibre a scaipeadh ar bhaill foirne agus ar bhainisteoirí.

Aithnítear freisin an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht inscne san ionad oibre agus léirigh ár dTuarascáil ar Bhearna Phá idir na hInscní 2024 go bhfuil 56% de na poist ardbhainistíochta go léir san eagraíocht comhlánaithe ag mná faoi láthair (Tábla 25). Mar sin féin, tá muid fós go hiomlán tiomanta do chinntiú go ndéantar aon mhíchothromaíochtaí inscne inbhainte amach a réiteach trí bhearta atá faoinár smacht, agus scrúdaítear go gníomhach na bealaí chun níos mó mná a spreagadh chun smaoineamh ar iarratas a dhéanamh ar ardú céime.

Is iad seo a leanas roinnt príomhthionscnamh a tugadh fúthu sa spás seo le linn 2024:

- is ball den ‘30%+ Club’ muid, sin feachtas domhanda a ghíomhaíonn chun éagsúlacht inscne a mhéadú ag leibhéal an bhoird agus ag leibhéal choistí feidhmiúcháin,
- lean muid ar aghaidh ag rannchuidiú ar thionscadal ‘Call to Lead’ le taighdeoirí ollscoile,
- d’fhreastail muid ar chomhdháil idirnáisiúnta Líonra Chothromaíochta Inscne an ECFE/ Fóram um Riarachán Cánach chun Samhail phíolótach um Aibíocht Chothromaíochta Inscne a fhorbairt le húsáid ag riaracháin chánach, agus
- cheap muid beirt Laoch um Chothromaíocht Inscne chun leanúint ar aghaidh ag ardú feasachta agus tionscnaimh a chur chun cinn maidir le saincheisteanna inscne agus éagsúlachta laistigh den eagraíocht.

Gné-Alt - Clár Cúnaimh le Filleadh ar Ghairm na Státseirbhíse

In 2024, sheol an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe (DPENDR) Clár Cúnaimh le Filleadh ar Ghairm (ARC).

Tá sé mar aidhm ag an gclár seo tacú le daoine a bhfuil sos dhá bhliain ar a laghad tógtha acu óna ngairmeacha, agus atá ag iarraidh a bheith mar chuid den lucht saothair arís. Soláthraíonn an clár ARC sannadh tacúil san ionad oibre do rannpháirtithe, ag baint úsáide as cóitseáil agus tacaíocht píaraí, agus trína gcuirtear bealach ar fáil chun buanfhostaíocht a bhaint amach.


Bhí muid ar cheann de chúig chomhlacht Státseirbhíse a ghlac páirt i gcur i bhfeidhm píolótach an Chláir ARC in 2024. Cuireadh tús leis an gclár sé mhí ag deireadh 2024, agus sannadh ceathrar rannpháirtithe do na Coimisinéirí loncaim. Bhí na daoine seo lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus i Luimneach, agus sannadh iad do Rannóga éagsúla. Bhí Raji Caulfield mar dhuine de na rannpháirtithe, agus sannadh Raji do Rannóg na bhFiontar Meánmhéide.

Raji Caulfield – Rannpháirtí ARC

Is cuntasóir cáilithe mé agus d’oibrigh sa chleachtas agus san earnáil ar feadh roinnt blianta. Ghlac mé mo chéad sos gairme chun MBA a dhéanamh i gColáiste na Tríonóide agus, nuair a chríochnaigh mé, d’fhill mé ar obair le cuideachta nuathionscanta. Ansin rinne mé tréimhse 2 bhliain i léachtóireacht sular ghlac mé sos gairme mar gheall ar chúinsí teaghlaigh.

Chuaigh mé isteach sna Coimisinéirí loncaim faoin gclár ceannródaíoch ARC. Bhí an clár deartha go maith chun cabhrú leo siúd a bhí lasmuigh den lucht saothair ar feadh tamaill fhada. Bhí go leor tacaíochta ó fhoireann acmhainní daonna na gCoimisinéirí loncaim, an DPENDR, agus ón bhfoireann bhainistíochta i mo bhrainse le go n-éireodh leis an aistriú seo.

Is léir ó mo thaithí gur eagraíocht chairdiúil, fháilteach agus thar a bheith gairmiúil



Lógó na Scéime ARC (barr)
agus rannpháirtí ARC (bun)

atá sna Coimisinéirí loncaim. Creidim go bhfuil ról ríthábhachtach ag na Coimisinéirí loncaim mar thaca don Rialtas chun seirbhísí agus infheistiúcháin ríthábhachtacha a sholáthar, agus is pribhléid é a bheith mar chuid d'eagraíocht dá leithéid. Tá mé ag tnúth le gairm bheatha luachmhar leis na Coimisinéirí loncaim.

Bhí an t-aiseolas ó rannpháirtithe eile agus a mbainisteoirí chomh dearfach céanna.

Nuálaíocht

Tá muid tiomanta do sheirbhís éifeachtach agus d'ardchaighdeán a sholáthar, agus leanfar ag cur barr feabhais ar úsáid na teicneolaíochta agus ag infheistiú inár gcumas TF. Cuireann an cur chuige seo ar ár gcumas réitigh ghnó forásacha agus nuálacha a fhorbairt, a uasmhéadaíonn uathoibriú próisis, digitíú agus pearsanú seirbhísí.

Bhunaigh muid Foireann Líonra Nuálaíochta i rith 2024, agus tá an fhoireann seo ag cur 'Claochlú na Seirbhíse Poiblí' chun cinn go gníomhach. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh seo nuálaíocht agus claochlú na Seirbhíse Poiblí a thaispeáint, ag cur béime ar scéimeanna náisiúnta a sholáthraíonn seirbhísí níos fearr don phobal.

Reáchtáladh Seachtain Chlaochlú na Seirbhíse Poiblí i mí Dheireadh Fómhair 2024. Ba é téama na bliana seo ná 'Claochlú i nGníomh' agus d'óstáil muid dhá imeacht in ómós na hócáide. Cuireadh an dá imeacht ar fáil ar líne mar sheimineáir ghréasáin agus taispeánadh:

- 1) ár dturas chun samhlacha AI a thabhairt isteach chun éifeachtúlacht ár seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú, agus
- 2) an obair chomhoibríoch idir ár Rannóg Imscrúduithe, Ionchúisimh agus Bainistíochta Teorann agus gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí eile, chun díriú ar smuigleáil drugaí sa réimse muirí.

D'éirigh go hiontach leis an dá imeacht, le breis agus 500 duine ag freastal thar an dá sheimineáir gréasáin. Ina theannta sin, bhuaigh an dá thionscadal ar a leagadh béim le linn na n-imeachtaí seo ina gcuid catagóirí ag an 9ú Gradam Bliantúil Sármhaitheas agus Nuálaíocht na Státseirbhíse.

Gné-Alt - Gradaim Sármhaitheasa agus Nuálaíochta na Státseirbhíse

Is rannpháirtí gníomhach muid i nGradaim Nuálaíochta agus Sármhaitheasa na Státseirbhíse agus chuir muid trí thionscadal isteach lena mbreithniú in 2024. Bhuaigh dhá cheann dár dtionscadail príomhdhuaiseanna sna catagóirí ina raibh siad – fuair ár dtionscadal ‘AI and Get Next’ an chéad duais sa chatagóir ‘Digital First’, agus bhuaigh ár dtionscadal ‘Maritime Frontier Controls’ an chéad duais sa chatagóir ‘Excellence Through Collaboration’.

Is tionscadal ilchéimneach é an tionscadal ‘AI and Get Next’, atá dírithe ar ath-innealtóireacht a dhéanamh ar bhainistíocht fiosruithe ar líne ag baint úsáid as AI agus feabhsúcháin sreabhadh oibre. Chuir an tionscnamh samhail níos éifeachtaí agus níos fearr ar fáil maidir le fiosruithe a chatagóirí agus a bhainistiú, agus mar thoradh air sin tá seirbhís fheabhsaithe ann do cháinóicirí.

Baineadh é seo amach tríd an bpróiseas lena ndéantar fiosruithe ar líne a shimpliú agus AI a úsáid chun fiosruithe a chatagóirí, iad a chur in ord tosaíochta níos cruinne, agus iad a shannadh chuig na foirne cuí ar bhealach cuíchóirithe lena bpróiseáil. Tá an tionscadal seo tar éis an bealach a réiteach do mhodhanna oibre den chineál céanna a d’fhéadfaí a chur i bhfeidhm ar fud na gCoimisinéirí Ioncaim, agus b’fhéidir ar fud Ranna Rialtais eile freisin.

Bhain an aighneacht ‘Maritime Frontier Controls’ le hobair an Tascfhórsa Chomhpháirtaigh, ina raibh ionadaithe ónár Rannóg Imscrúdaithe, Ionchúisimh agus Bainistíochta Teorann, in éineacht le baill den Gharda Síochána agus den tSeirbhís Chabhlaigh.

Oibríonn na foirne seo le chéile, in éineacht le comhpháirtithe forfheidhmithe dlí idirnáisiúnta, ag giaráil a gcumas faoi seach chun faisnéis a fhorbairt agus oibríochtaí a dhéanamh. Mar thoradh ar na hiarrachtaí sin tá méadú suntasach tagtha ar urghabhálacha drugaí, an méid a chuirtear isteach ar bhealaí coireachta eagraithe trasnáisiúnta, agus ar an leibhéal cosanta a thugtar don phobal ó dhrugaí agus ó choireacht ghaolmhar. Sampla iontach den sárobair a rinn an fhoireann trína gcomhoibriú ná an 2,253 kg de chócaon, ar luach €157 milliún, a urghabhadh ar bord an MV Matthew i mí Mheán Fómhair 2023.



Mary Hurley, Ard-Rúnaí na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Ossian Smyth, T.D., Aire Stáit ag DPENDR in éineacht leo siúd a bhí bainteach leis na tionscadail a bhuaigh

Mar luath-ghlacadóir na teicneolaíochta ríomhaireachta, agus i bpáirt le go leor eagraíochtaí aibí, tá roinnt córais oidhreachta againn a bhfuil nuachóiriú teicniúil de dhíth orthu. Agus é seo á shainaithint mar phríomhriosca eagraíochta, leanaimid de chlár Ailtireacht Theicniúil agus Nuachóiriú na gCórais a chur chun cinn chun ár gcórais agus ár mbuntheicneolaíocht a nuachóiriú, lena chinntiú go bhfuil an t-ardán agus an cumas TF araon againn chun ligean dár bpríomhchláir ghnó oibriú go héifeachtach.

In 2024, dhírigh ár gclár ar ár gComhchóras Clárúcháin a ath-ardánú, agus aistríodh formhór mór na bhfeidhmiúlachta chuig an ardán nua in 2024. Tugadh na feidhmeanna eile trasna chuig an ardán nua go luath in 2025. D’éirigh linn roinnt feidhmeanna níos lú, a bhain le dleacht stampála agus faoiseamh cánach ag an bhfoinse, a bhogadh chuig an ardán nua i rith 2024.

Leanfaidh muid orainn ag leathnú imscaradh teicneolaíochtaí AI agus Próiseála Teanga

Nádúrtha (NLP) chun éifeachtúlacht ár seirbhísí a fheabhsú. Le linn 2024 sheol muid cúntóir inmheánach faoi thiomáint na hIS, RevAssist, chun cur ar chumas na gcásoibrithe cuardach agus fiosrú cliste a dhéanamh ar stór iomlán ár Lámhleabhair Dhleachta agus Chánach (TDManna).

Chun cuir leis an uirlis RevAssist, d'fhorbair muid gineadóir AI tiomáinte chun cabhrú le baill foirne na chéad dréachtaí de TDManna a chur le chéile. Ansin déanann na saineolaithe ábhair ábhartha na dréachtaí sin a fhíorú agus a bheachtú, sula bhfoilsítear iad.

Leathnaíodh ár n-inneall aicmithe fiosruithe bunaithe ar NLP freisin chun níos mó cineálacha fiosruithe a chlúdach le linn 2024, agus ionchorpraíodh gné bhreise chun ceisteanna níos práinní a aithint len iad fhormhéadú go luath.

Leanann muid ag soláthar áiseanna ríomhaireachta comhroinnte do chomhlachtaí eile san earnáil phoiblí ónár n-ionad sonraí. Leis an tseirbhís óstála seo, meastar go sábháiltear €3.4 milliún sa bhliain ar a laghad don 46 eagraíocht éagsúla a bhain leas as an tseirbhís in 2024.

Lean ár seirbhís priontála agus poist ar aghaidh ag tacú le roinnt eagraíochtaí eile san earnáil phoiblí i rith 2024. Mar shampla:

- rinne muid beagnach 7.3 milliún mír comhfhreagrais a phriontáil agus a phostáil thar ceann naoi Roinn agus gníomhaireacht Rialtais,
- chuir muid seirbhísí priontála agus deartha ar fáil d'earraí ar nós stáiseanóireacht chorparáideach, bileoga, póstaer agus lámhleabhair oiliúna do cúig Roinn agus gníomhaireacht Rialtais, agus
- chuir muid tacaíocht bhreise ar fáil don Oireachtas agus d'Oifig na mBillí chun na céimeanna éagsúla de na Billí Airgeadais agus Pleanála a chur ar fáil, agus thacaíomar leis an Roinn Airgeadais ar Lá an Bhuiséid, ag tairiscint oibríocht theagmhasach iomlán.

Mar thoradh ar sholáthar na seirbhísí seo, sábháladh beagnach €500,000 i rith 2024.

Ligeann ár nOifig Bainistíochta Clár dúinn bainistíocht éifeachtach agus chuntasach a dhéanamh ar thionscadail ghnó atá cumasaithe ag TF, agus lorgaíonn sí deiseanna chun feabhas leanúnach a chur i gcrích sa réimse sin. Tugann Boird Thionscadail agus Coistí Stiúrtha treoir agus tacaíocht chun na tionscadail seo a sheachadadh, rud a chinntíonn cinnteoireacht tráthúil, chomh maith le bainistíocht agus maolú ar na fadhbanna agus rioscaí a thagann aníos.

Rinneadh tuilleadh dul chun cinn freisin maidir le cruacha teicneolaíochta atá ag dul in aois ónár n-eastát a thógáil as feidhm i rith 2024. De réir mar a ghlac muid leis an timpeallacht oibre chumaisc, ba iad Cisco Jabber agus Microsoft Teams na hardáin teileafónaíochta agus comhdhála ab fhearr lenár bhfoireann. Dá bhrí sin, den chuid is mó, ní raibh gá le fóin dheisce Cisco traidisiúnta a thuilleadh, agus bhain muid formhór na sásanna láimhe seo de na deascanna.

Bhí infheistíocht shuntasach déanta againn sa chóras teileafóin seo roimh an bpaindéim COVID-19, agus bhí go leor de na sásanna láimhe ag feidhmiú go hiontach, agus le saolré úsáide suntasach fágtha iontu. Mar sin, tá thart ar 4,000 de na fóin seo aistrithe anonn chuig Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit eile a dteastaíonn uasghrádú nó breisithe ar a stór féin de fhóin deisce Cisco.

Ina theannta sin, d'éirigh linn raon gníomhartha a chur chun cinn cheana féin ónár 'dTreochlár Gníomhaíochta Aeráide 2022 – 2030', ina leagtar amach plean chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an athraithe aeráide agus ár lorg carbóin a íoslaghdú. Tar éis roinnt foirgneamh a fhágáil in 2023 chun baill foirne a chomhdhlúthú i níos lú oifigí, d'fhág muid oifigí freisin i gCeann an Droichid, i gCo. Dhún na nGall, Seantrabh i mBaile Átha Cliath, agus Acomhal Mhic

Dhonnchadha i gCill Chainnigh, in 2024. Tá obair ar siúl anois chun ár lorg foirne laistigh de na hoifigí atá fágtha againn a bharrfheabhsú, chun ár n-ídiú leictreachais agus gáis a laghdú tuilleadh.

Tá muid tiomanta do dheimhniú ISO 50001 a bhaint amach in 2025, rud a chabhróidh chun coigilteas breise a bhaint amach trí sárchóras tomhais agus bainistíochta fuinnimh a fhorbairt. Rachaidh ár bhfoirne bainistíochta foirgneamh i mbun oibre go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar ár n-úsáid fuinnimh, agus tionscnaimh nua a chur le chéile chun tomhaltas fuinnimh a laghdú.

Ina theannta sin, tá ár bhflít laghdaithe 10% le linn 2024. Chabhraigh an laghdú seo le planáil agus féidearachtaí chun leictriú an flít a thabhairt chun cinn in áiteanna áirithe. Laghdóidh soláthar roinnt feithiclí leictreacha in 2025 ár lorg carbóin tuilleadh, agus tabharfaidh sé deis dúinn feithiclí nua atá níos éifeachtaí a chur in áit feithiclí níos sine. Táthar ag súil freisin go mbeidh Cuitéar nua á lainseáil go déanach in 2025, agus tiocfaidh sé seo in ionad soitheach atá ann cheana féin, agus nach bhfuil chomh tíosach ar fhuinneamh.

Trí leanúint ar aghaidh le tionscnaimh mar seo, tá súil againn ár sprioc laghdaithe carbóin 51% a bhaint amach faoi 2030.

Reáchtáil muid roinnt comórtais soláthair phoiblí i rith 2024, ag baint úsáide as creat-chomhaontuithe na hOifige um Sholáthar Rialtais agus asainn féin, rinneadh fógraíocht ar www.etenders.gov.ie. De réir ár gcuspóir chun critéir ghlasa a chur san áireamh i ngach ceann dár gcomórtais soláthair, bhí critéir ghlasa san áireamh i 90% dár gcomórtais soláthair in 2024 (méadú ó 80% in 2023).

Tá sé chomórtas soláthair eile ar siúl faoi láthair ina bhfuil critéir ghlasa san áireamh, agus leanfaidh muid orainn ag cur feachtais feasachta na gcritéir ghlasa chun cinn amach anseo.

I gcomhréir le Ciorclán 1/2020, arna eisiúint ag an DPENDR i leith nósanna imeachta maidir le cúiteamh a dhéanamh ar astaíochtaí carbóin a bhaineann le haerthaistil oifigiúil, bhí dualgas airgeadais €8,317 againn in 2024. Tá an dualgas airgeadais seo díorthaithe ó iomlán astaíochtaí carbóin de bheagnach 327,445 punt, le costas cánach carbóin ábhartha de €56 an tonna.

Gné-Alt – Cruthú na chéad sceire bréige in Éirinn

I mí Mheán Fómhair 2024 chuir muid an MV Shingle, a urghabhadh in 2014, de láimh. Díoladh an t-árthach leis an Killala Bay Ships 2 Reef group, a rinne socruithe go gcuirfí an t-árthach go tóin poill le bheith mar an chéad sceir bhréige in Éirinn.

I mí an Mheithimh 2014, ghabh oifigigh ónár bhfoirne forfheidhmithe, le tacaíocht ó bhaill an Gharda Síochána, an MV Shingle a bhí ag dul i dtreo Chalafort Dhroichead Átha.

Aimsíodh coinsíneacht ar bord de 32 milliún toitín agus 4.5 tonna tobac, arb ionann é agus cailteanas poitéinsil de €13 milliún don Státchiste. Tháinig an urghabháil tar éis míonna d'obair mhionsonraithe agus comhoibriú lenár gcomhpháirtithe forfheidhmithe dlí idirnáisiúnta, ag bailiú faisnéise ar fud roinnt dlínsí.

Tar éis imeachtaí cúirte, forghéilleadh an MV Shingle do Stát na hÉireann i mí an Mheithimh 2017, agus cuireadh tús leis an obair chun roghanna a fhiosrú chun an t-árthach a dhiúscairt ar bhealach eacnamaíoch agus neamhdhiobhálach don chomhshaol.

Bhí droch-chaoi ar an árthach agus socraíodh sa deireadh nach raibh sé indéanta é a dhíol le haghaidh athúsáide nó mar dramh-mhiotal. Dá bhrí sin, thosaigh muid ag breathnú ar roghanna, leis an gcuideachta Killala Bay Ships 2 Reef, chun an t-árthach a chur go tóin poill mar an chéad sceir bhréige in Éirinn.

Rinneadh móroibreacha ullmhúcháin ar an árthach, lena n-áirítear olaí, bealaí agus aispeist a bhaint de, agus na



MV Shingle san uisce

ceadúnais agus na ceadanna pleanála a bhí ag teastáil a fháil. Rinne muid teagmháil freisin le hOifig na Suirbhéireachta Mara agus leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun a chinntiú go gcomhlíonfaí na ceanglais rialála agus chomhshaoil go léir.

Cuireadh an t-árthach go tóin poill ar an 18 Meán Fómhair 2024, agus tá sé ag tacú cheana féin le héiceachóras muirí nua de réir mar atá plandaí agus ainmhithe muirí á choilíniú. Táthar ag súil go mbeidh tionchar dearfach ag an tionscadal ar an ngeilleagar turasóireachta áitiúil ar feadh na mblianta amach romhainn, trí thurasóireacht tumadóireachta a mhealladh chuig an réigiún.

Bhí na ceachtanna a foghlaimíodh le linn chur de láimh an MV Shingle thar a bheith luachmhar dúinn agus muid ag leanúint ar aghaidh leis an bpróiseas chun an MV Matthew a chur de láimh.



MV Shingle i nduga tirim



MV Shingle faoi uisce

Rúndacht an Cháiníocóra

Tá meas iomlán againn ar ár ndualgas dlíthiúil rúndacht faisnéise an cháiníocóra a chosaint, agus táimid tiomanta dár n-oibleagáidí faoin RGCS a chomhlíonadh. Déileálaimid le faisnéis a thugann cáiníocóirí dúinn faoi rún agus cinntimid go gcoinnimid slán í.

Chuipe sin, ní dhéanfaimid sonraí pearsanta faoi cháiníocóirí a bhailiú agus a úsáid ach amháin chun críocha ár gcroíghnó. Ní roinnfidh muid sonraí pearsanta cháiníocóirí le tríú páirtithe (amhail Ranna Raltais nó gníomhaireachtaí) ach amháin má cheadaítear faoi reachtaíocht é.

Aithnímid go bhfuil cosaint faisnéise cháiníocóirí riachtanach chun muinín an phobail sa chóras cánach a choinneáil. Tá Aonad tiomnaithe um Chosaint Sonraí againn, ar féidir leis cúnamh a chur ar fáil maidir le cúrsaí cosanta sonraí. Tá ról lárnach ag an aonad seo, atá faoi stiúir ár nOifigeach Cosanta Sonraí ainmnithe, i mbainistiú agus i gcur i bhfeidhm foriomlán cosanta sonraí ar fud na gCoimisinéirí loncaim agus i gcinntiú go ndéantar sonraí a phróiseáil go dleathach.

Áirítear leis seo comhordú ar iarratais ar rochtain ar shonraí, sáruithe ar shonraí agus comhaontuithe malartaithe sonraí. Feidhmíonn an t-aonad freisin mar idirchaidreamh foirmiúil idir na Coimisinéirí loncaim agus an Coimisiún um Chosaint Sonraí, ag freagairt ceisteanna agus rannpháirtíocht eile ón gCoimisiún agus é ag comhlíonadh a dhualgais agus a chumhachtaí reachtúla.

Is tosaíocht bhunúsach dúinn í slándáil ár gcóras agus ár sonraí. Thar ár seirbhísí agus próisis ghnó go léir, caitear le sonraí cáiníocóirí leis na caighdeáin slándála agus rúndachta is airde. Tá an tslándáil deartha i ngach seirbhís a oibríonn muid nó a oibrítear ar ár son, agus cuirtear béim ar shlándáil do gach ball foirne agus is cuid de chultúr ár n-eagraíochta atá ansin.

Bainimid úsáid as creat an Lárionaid um Shlándáil Idirlín le haghaidh cruachan agus measúnú córais chun tagarmharc slándála srathach a chruthú dár gcórais inmheánacha agus phoiblí ar féidir linn tástáil a dhéanamh ina choinne. Tá an creat seo suite in éineacht le Córas láidir Bainistíochta um Shlándáil Faisnéise atá ISO27001 deimhnithe, agus d'éirigh linn iniúchadh

athdheimhniúcháin iomlán a chur i gcrích i mí Lúnasa 2024.

Déantar criptiú ar fhaisnéis phearsanta a thaispeántar ar ár suíomh idirlín le deimhniú Bailíochtaithe Breise SSL 256 giotán agus é sínithe ag údarás deimhniúcháin faoi iontaobh an phobail. Féadann cáiníocóirí fíorú go bhfuil an leathanach slán trí fhéachaint ar dheilbhín an ghlais ina mbrabhsálaí.

Déanann ár bhfoirne tacaíochta monatóireacht agus measúnú gníomhach ar chomhairleoirí slándála do chórais agus feidhmchláir atá faoina smacht. Ina theannta sin, bainimid úsáid as tríú páirtithe chun bréagionsaí tástála a dhéanamh ar fud ár seirbhísí seachtracha ar bhonn rialta.

Iarrtar ar gach seirbhís ghnó a bhaineann le cánacha agus dleachtanna a bhailiú ardleibhéal infhaighteachta agus athléimneachta a choinneáil mar aon le nósanna imeachta comhaontaithe leanúnachais ghnó. Bainistítear é seo de réir ISO22301 agus tá sé deimhnithe dó. D'éirigh linn le hiniúchadh faireachais maidir leis seo i mí Aibreáin 2024.

Déantar ár gcórais a thástáil de réir chaighdeán ISO29119 agus nuair a chuirtear chun táirgeachta iad, déantar iad a bhainistiú de réir chaighdeán ISO20000. Cinntíonn an caighdeán seo go bhfuil nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun rialú athraithe, bainistíocht seirbhíse, bainistíocht teagmhais agus athbhreithniú teagmhais a bhainistiú.

Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí & Athnuachan na Státseirbhíse

Tá ról gníomhach againn i gcur i bhfeidhm leanúnach Athnuachan na Státseirbhíse, agus Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí I measc na n-éachtaí a bhain le torthaí ardleibhéil don tseirbhís phoiblí in 2024 tá:

- rannpháirtíocht ghníomhach sa ghrúpa idir-rannach a d'fhorbair an 'Samhail Mheastóireachta Oibre Cumaisc don Státseirbhís', agus
- foilsiú ár mBeartas Sos Míostraithe atá bunaithe ar an 'gCreat Beartais Sos Míostraithe agus an Ionad Oibre d'Eagraíochtaí na Státseirbhíse'.

Gné-Alt - An Uimhir Aitheantais Ghnó Uathúil

Seoladh an Uimhir Aitheantais Ghnó Uathúil (UBIN) in 2024, agus sin an tríú píosa agus an píosa deiridh, de Bhonneagar Náisiúnta Sonraí na hÉireann. Leis an UBIN, aitheofar gnóthaí go comhsheasmhach ar fud na Seirbhíse Poiblí. Feabhsóidh sé seo cáilíocht agus cruinneas na sealúchais sonraí gnó sa tSeirbhís Phoiblí agus beifear in ann sonraí gnó a nascadh go héifeachtach laistigh de chomhlachtaí na Seirbhíse Poiblí, agus trasna na gcomhlachtaí sin araon.

In éineacht le hEircodes agus UPSPanna, cuireann UBIN cruth maith ar phríomhaitheantóirí sonraí náisiúnta, rud a chinntíonn go gcuirfear rialtas comhpháirteach ar fáil in Éirinn agus go ndéanfar córas staidrimh na hÉireann a nuachóiriú amach anseo.

I measc na bpríomhghnéithe de sheachadadh an UBIN, bhí bunachar sonraí d'fhaisnéis aitheantais ghnó agus seirbhísí digiteacha le forbairt, chun ligean do chomhlachtaí na Seirbhíse Poiblí rochtain a fháil ar an bhfaisnéis seo agus cruinneas na sonraí a bhailítear nó a shealbhaítear a fhíorú.

D'fheidhmigh muid mar phríomhghníomhaireacht chun an UBIN a sheachadadh, ós rud é go raibh cuid mhór den fhaisnéis a theastaigh don bhunachar sonraí againn cheana féin mar riarachán cánach na hÉireann. Le linn a forbartha, d'oibrigh muid i ndlúthchomhpháirtíocht leis an bPríomh-Oifig Staidrimh agus le tacaíocht leanúnach ó Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais.

Forbraíodh an UBIN laistigh den chreat dlíthiúil dá bhforáiltear leis an Acht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí 2019. Chuir sé sin an bunús dlíthiúil sonrach ar fáil i dtaca le faisnéis a chomhroinnt idir comhlachtaí Seirbhíse Poiblí agus a bheith go hiomlán comhlíontach ó thaobh riachtanais RGCS de. Ina theannta sin, rinne an tAcht foráil do phróiseas rialachais láidir agus dian, lena n-áirítear comhairliúchán poiblí a réachtáladh i mí Lúnasa 2024, agus athbhreithniú neamhspleách a dearnadh ar na Comhaontuithe Comhroinnte Sonraí gaolmhara ag Bord reachtúil um Rialachas Sonraí.

Tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, DPENDR agus Tailte Éireann páirteach i rolladh amach tosaigh an UBIN. Táthar ag súil go dtiocfaidh comhlachtaí Seirbhíse Poiblí eile isteach ar UBIN go luath.

I measc na mbuntáistí uilig a bhfuiltear ag súil go gcuirfidh an UBIN ar fáil, tá ualaí airgeadais agus riaracháin laghdaithe agus aitheantas na ndaoine a bhaineann leas as seirbhísí poiblí á fhíorú, déanfaidh se níos éasca é faisnéis earráideach a choinnítear sa tSeirbhís Phoiblí a aithint agus a cheartú, agus déanfaidh sé meastóireacht, maoirseacht agus athbhreithnithe níos fearr maidir le seirbhísí, cláir agus beartais a sheachadadh in Éirinn.

Rialachas

Tá triúr Coimisinéirí ar Bhord na gCoimisinéirí Ioncaim, arna gceapadh ag an Taoiseach, agus ceapann an tAire Airgeadais duine amháin acu mar Chathaoirleach. Tá freagracht reachtúil ar an mBord a chuid feidhmeanna a chur i gcrích.

Cuireann ár struchtúir rialachais trédhearcacht chun cinn, cinntíonn siad cuntasacht agus tá siad deartha le cur ar ár gcumas ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach, ár gcláir ghnó a sheachadadh ar bhealach cost-éifeachtach agus ár riachtanais rialála go léir a chomhlíonadh.

Leagtar amach inár gCreat Rialachais Chorporáidigh, a fhoilsítear ar ár suíomh idirlín, an creat chun ailíniú ceart ár struchtúir le straitéisí agus treo gnó a chinntiú, le fócas soiléir ar thrédhearcacht mhéadaithe agus maolú riosca. Socraíonn sé na luachanna, an fhealsúnacht, na cleachtais agus an cultúr comhroinnte laistigh den eagraíocht a chinneann, in éineacht lenár struchtúir agus ár socruithe oibre, conas a dhéanaimid ár misean a sheachadadh agus torthaí ar ardchaighdeán a chinntiú.

I rith 2024, rinne ár gCoiste Bainistíochta Riosca monatóireacht ghníomhach ar ár gCreat Riosca Chorporáidigh lena chinntiú go ndeachthas i mbun na ngníomhartha cuí chun rioscaí a mhaolú a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar bhaint amach ár gcuspóirí corparáideacha. Méadaíodh an leibhéal rannpháirtíochta inár bpróiseas sainaitheanta agus measúnaithe riosca chun creat bainistíochta riosca níos éifeachtaí a sholáthar agus nasc feabhsaithe le bainistíocht riosca na rannóige.

Táimid mar bhall d'Fhóram an ECFE um Riarachán Cánach (FRC). Is grúpa neamhfhoirmiúil é an Pobal Leasa um Bhainistíocht Riosca Fiontraíochta (PL BRF) faoin FRC a dhíríonn ar bhainistíocht riosca i riarachán cánach. Thart ar gach trí bliana, aithníonn PL BRF na príomhrioscaí atá roimh riaracháin chánach agus pléann na baill conas is fearr aghaidh a thabhairt orthu sin.

Cuireann an PL BRF timpeallacht an-úsáideach ar fáil do riaracháin chánach chun eolas, taithí, smaointe agus dea-chleachtas maidir le bainistíocht riosca a roinnt. Tá samhail féinmheasúnaithe an-luachmhar curtha ar fáil ag an ngrúpa freisin chun deis a thabhairt do lucht riaracháin a gcreata bainistíochta riosca a mheas.

In 2024, rinne muid athmheasúnú ar ár n-inniúlachtaí ag baint úsáide as an tsamhail seo, agus mar gheall ar na feabhsuithe a rinneadh inár gcur chuige maidir le riosca corparáideach, tá muid anois ag leibhéal 'bunaithe', atá ag teacht le go leor riaracháin, agus a léiríonn go bhfuil muid ag bainistiú riosca ag leibhéal sásúil.

Tá an Bord tiomanta d'fheidhm Iniúchta Inmheánaigh ardchaighdeán a choinneáil agus tacú léi. Is é an tAonad Iniúchta Inmheánaigh a fheidhmíonn an fheidhm seo, aonad a oibríonn le húdarás díreach an Bhoird agus faoi mhaoirseacht agus treoir ghinearálta an Choiste Iniúcháireachta.

Feidhmíonn an t-aonad i gcomhlíontacht leis na Caighdeáin um Iniúcháireacht Inmheánach arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (DPENDR) chun dearbhú oibiachtúil neamhspleách a chur ar fáil go bhfuil bainistiú cuí agus éifeachtach á dhéanamh ar na córais, próisis agus nósanna imeachta atá mar bhonn dár ngníomhaíochtaí, é sin nó bearta ceartúcháin a mholadh de réir mar is cuí.

Mar bhonn eolais faoinár gclár iniúcháireachta inmheánaí tá ár gCruinne Iniúcháireachta Inmheánaí, an Clár Rioscaí Corparáideacha, Tosaíochtaí Corparáideacha Bliantúla agus Ráiteas Straitéise. In 2024, tugadh chun críche 24 n-iniúchadh, lena n-áirítear 14 n-iniúchadh inmheánach agus 10 n-iniúchadh athleantacha.

Déanann an Coiste Iniúcháireachta maoirsiú ar fheidhm na hIniúcháireachta Inmheánaí sna

Coimisinéirí loncaim agus cuireann sé comhairle ar an mBord maidir lena feidhmiú agus a forbairt. Tuairiscíonn an Coiste don Chathaoirleach, mar Oifigeach Cuntasaíochta, agus déanann sé measúnú ar shocruithe rialachais a thugann comhairle agus treoir maidir leis na córais bhainistíochta riosca agus rialuithe inmheánacha.

Tháinig an Coiste le chéile cúig huaire in 2024 agus bhí siad seo a leanas mar chomhaltaí:

- John Murphy, iar-Ard-Rúnaí na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta, a bhí ina Chathaoirleach go dtí Aibreán 2024,
- Helen Hall, Príomhfheidhmeannach an Údarás Póilíneachta, atá mar Chathaoirleach ó Aibreán 2024 (agus a bhí ina Leas-Chathaoirleach go dtí Márta 2024),
- An Dr Paul Lyons, Ollamh Taca Cúnta i Scoil Ghnó na Tríonóide, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, atá mar Leas-Chathaoirleach ó mhí Dheireadh Fómhair 2024,
- An Dochtúir Karen-Ann Dwyer, Ollamh Cúnta sa Chuntasaíocht ag Scoil Ghnó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath,
- Pádraig Dalton, Ard-Stiúrthóir na Príomh-Oifige Staidrimh atá ar scor ó Mheán Fómhair 2024 agus
- Maura Kiely, Aturnae na gCoimisinéirí loncaim i Rannóg Dhlíodóir na gCoimisinéirí.

Nochtuithe Cosanta

Cuirimid timpeallacht thacúil chun cinn go gníomhach dár bhfoireann ionas gur féidir leo inní a chur in iúl maidir le héagóir fhéideartha san ionad oibre, agus táimid tiomanta go hiomlán do na tacaíochtaí riachtanacha a chur ar fáil do bhaill foirne a chuireann inní den sórt sin in iúl.

In 2024, breithníodh cúig ábhar inní mar thuarascálacha inmheánacha agus rinne ár nGrúpa um Nochtadh Cosanta measúnú orthu faoi 'Pholasáí na gCoimisinéirí loncaim i leith Nochtadh Cosanta a thuairisciú san Ionad Oibre'.

Duine forordaithe is ea ár Stiúrthóir Iniúchóireachta Inmheánaí (DIA) chun nochtuithe cosanta a fháil ar ábhair a bhaineann le cánacha agus dleachtanna a mheasúnú, a bhailiú agus a bhainistiú. Tar éis gur seoladh bealaí teagmhála breise anuraidh, is féidir nochtadh seachtrach a dhéanamh anois chuig ár DIA ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear ár bhfoirm tuairiscithe ar líne, ríomhphost, post, nó seirbhís ghlórphoist tiomnaithe.

Tháinig méadú suntasach ar líon na dtuairiscí a fuarthas de bharr infhaighteacht na mbealaí teagmhála breise. In 2024, fuair ár DIA 930 tuairisc agus, tar éis measúnaithe, measadh gur nochtadh cosanta bhí i 171 acu.

Trínár mballraíocht den chlár 'Integrity at Work' de chuid Transparency International Ireland, fuair 71 ball foirne oiliúint ar 'Dealing with Protected Disclosures- Prescribed Persons' in 2024.

Eitic, Caighdeáin agus Iompar

Cloíonn ár n-oifigigh go léir leis na prionsabail, na caighdeáin agus na luachanna atá leagtha amach i 'gCód Eitice na gCoimisinéirí loncaim' agus i 'Cód Caighdeáin agus Iompair na Státseirbhíse'. In 2024, chuir baill foirne ag leibhéal an Phríomhoifigigh Chúnta agus os a chionn, chomh maith le hoifigigh i bpoist ainmnithe áirithe, Ráiteas Leasanna isteach faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001.

De réir Alt 6(4) den Acht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, foilsítear ainmneacha, gráid agus sonraí gearra faoi ról agus freagrachtaí na nOifigeach Poiblí Ainmnithe in Oifig na gCoimisinéirí

Ioncaim ar ár suíomh idirlín.

Tá muid tiomanta dár n-oibleagáidí cosanta sonraí a chomhlíonadh agus próiseálfaidh muid sonraí pearsanta de réir na reachtaíochta um chosaint sonraí. Cosnaíonn muid sláine na sonraí a sholáthraíonn cáiníocóirí agus tríú páirtithe dúinn.

In 2024, lean muid le feasacht a mhéadú, agus comhlíontacht a fheabhsú, maidir leis an gcosaint sonraí i measc ár mball foirne. Áirítear leis seo bearta a ghlactar chun slándáil sonraí a chosaint i dtimpeallacht oibre cumaisc.

Saoráil Faisnéise

In 2024, fuaireamar 271 iarratas Saorála Faisnéise (SF) (Tábla 26) agus leanaimid orainn ag obair leis an DPENDR chun oibriú éifeachtúil agus éifeachtach an Achta SF 2014 a chinntiú.

Cuireadh tús le hathbhreithniú ar an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 i mí Mheán Fómhair 2021 agus tá sé á bhainistiú ag an DPENDR. Chuir muid freagra mionsonraithe ar fáil chun leanúint suas ar dhoiciméad comhairliúcháin a d'eisigh an DPENDR in 2024, agus táthar ag súil go gcuirfear breithniúchán deiridh den tuarascáil athbhreithnithe faoi bhráid an Rialtais in am trátha.

Gearáin

Féadfaidh cáiníocóirí atá míshásta leis an láimhseáil a dhéanann muid ar a ngnóthaí cánach iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar a gcás, bíodh sé go himmheánach ag Oifigeach sinsearach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, nó ag Athbhreithneoir Seachtrach. In 2024, níor glacadh le haon iarratas ar athbhreithniú inmheánach, agus glacadh 12 iarratas ar athbhreithniú seachtrach (Tábla 27). Thug an tOmbudsman 25 gearán maidir leis na Coimisinéirí Ioncaim chun críche le linn 2024 (Tábla 28).

Go déanach in 2023, reáchtáil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí comórtas ar ár son chun painéal de thriúr Athbhreithneoirí Seachtracha a chruthú chun athbhreithnithe a chur i gcrích. Bunaíodh an painéal seo ina dhiaidh sin i mí Feabhra 2024, le hAthbhreithneoirí Seachtracha ar saineolaithe cuí iad a bhfuil taithí shuntasach acu (10 mbliana ar a laghad) ag leibhéal sinsearach iomchuí i réimsí dlí, cuntasáíochta agus/nó i réimsí acadúla lena mbaineann.

Coistí Oireachtais

Tháinig an Cathaoirleach os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí i mí Eanáir 2024. Ina theannta sin, tháinig an Cathaoirleach os comhair an Chomhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú i mí na Bealtaine 2024.

Ábhair Eile Rialachais

Tá muid comhlíontach leis an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002. Foilsítear ár dTuairisceáin ar Íocaíochtaí Prasa ar ár suíomh idirlín agus rinneadh beagnach 93% de na híocaíochtaí go léir a rinneadh in 2024 laistigh de 15 lá (Tábla 29).

Sholáthair muid freagraí ar 823 Ceist Pharlaiminteach agus d'fhreagair muid 763 Uiríoll ó Ionadaithe Poiblí le linn 2024.

Athruithe Ardbhainistíochta

Tar éis chomórtais an Choimisiúin um Cheapacháin Ardleibhéil, rinne an tAire ag an am don DPENDR, Paschal Donohoe, T.D. ceapacháin chuig dhá phost ag leibhéal Rúnaí Chúnta in 2024:

- tar éis a ceapachán ar an 26 Aibreán 2024, shann Bord na gCoimisinéirí Ioncaim Therese Bourke do Rannóg na gCorparáidí Móra, agus
- tar éis a ceapachán ar an 18 Nollaig 2024, shann Bord na gCoimisinéirí Ioncaim Fiona Molloy don Rannóg Ardrachmais agus Seirbhísí Airgeadais.

Tar éis dó dul ar scor ag deireadh mhí Eanáir 2025, gabhaimid ár mbuíochas le Gerry Harrahill as a sheirbhís agus a thiomantas do na Coimisinéirí Ioncaim, agus don Státseirbhís i gcoitinne, le linn a ghairmréime.

Bainistíocht Airgeadais

Gach bliain, ullmhaíonn agus cuireann muid an Cuntas ar Fháiltas Ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim agus an Cuntas Leithreasa ar chaiteachas Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-íniúchadh. Cuirtear an 'Cuntas ar Fháiltas Ioncaim an Stáit' iniúchta arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain 2024 faoi bhráid an Oireachtais i gcomhthráth leis an Tuarascáil Bhliantúil.

Tá an Cuntas Leithreasa maidir leis an tsuim a chaith na Coimisinéirí Ioncaim i leith tuarastail agus costais sa bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2024 curtha faoi bhráid an C&AG taobh istigh den amlíne reachtúil.


De réir Acht an C&AG (Leasú), 1993, foilseofar an cuntas iniúchta faoi Mheán Fómhair mar chuid den Tuarascáil maidir le Cuntais na Seirbhísí Poiblí. Déanfar an cuntas fhoilsiú agus a chur ar fáil ar www.audgen.gov.ie. Dá réir, is figiúirí sealadacha iad na figiúirí dá ndéantar tagairt thíos agus tabharfar chun críche iad ar chríochnú an iniúchta ar Chuntas Leithreasa na gCoimisinéirí Ioncaim ag an C&AG.

Feidhmíocht Airgeadais 2024





In 2024, ba ionann thart ar €581 milliún agus ár gcaiteachas ar riar agus bailiú cánacha agus dleachta, agus ar bhainistíocht teorann. Tháinig cuid den chaiteachas seo ó fháltais Leithreasaf i gCabhair ar luach €64.7 milliún, a fuarthas ó sheirbhísí maidir le ÁSPC den chuid is mó, chomh maith le sciar de na dleachtanna Custam a bailíodh tríd an gcóras Imréitigh Láraithe.

Bhí Meastachán Forlíontach de €19.9 milliún ag teastáil chun íoc as costas an bhonneagair bhuain atá á fhorbairt ag Europort Ros Láir ag Oifig na nOibreacha Poiblí thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim, mar aon le costais chíosa 2024 ag Calafort Bhaile Átha Cliath agus Europort Ros Láir. D'eascair na costais sin de bharr imeacht na RA as an AE agus, dá bhrí sin, cháiligh siad le haghaidh cistiú ón gCúlchiste Coigeartaithe Brexit.

D'eascair barrachas sealadach deireadh bliana ar luach €15.8 milliún, lena n-áirítear barrachas fáltais Leithreasaf i gcabhair de €1.2 milliún.



Cuntas ar Fháiltas Ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024



Clár na nÁbhar	Leathanach
Ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta ar Rialú Inmheánach Airgeadais	93 - 98
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	99 - 100
Beartais Chuntasaíochta	101 - 103
Cuntas ar Fháiltas agus ar Dhiúscairt an Ioncaim a bailíodh	104
Ráiteas ar Iarmhéideanna	105
Nótaí leis an gCuntas	106 - 112

Ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á oibriú ag an Oifig. Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais eile mar Cheannaire Oifige. Freisin, ní fhéadann aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó a aimsiú in am trátha. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Is mar seo a leanas atá an suíomh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta um riarachán, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht um Rialú Airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na heilimintí seo a leanas ann:

- Déantar freagrachtaí airgeadais a shannadh ag leibhéal bainistíochta leis an gcuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal ina bhfuil freagrachtaí bainistithe airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus cinntiú go nglactar gníomh ceartaitheach cuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid dualgais maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá dul chun cinn suntasach déanta leis an athbhreithniú agus doiciméadú ar phríomhphróisis ghnó in 2024, lena n-áirítear cur síos uileghabhálach a nascann príomhchórais, próisis agus nósanna imeachta a bhaineann leis an gcóras cuntasaíochta le haghaidh fáltais agus aisíocaíochtaí. Táthar ag súil go mbeidh sé seo curtha i gcrích in 2025.

Rialúcháin Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas:

- Déanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Feidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig chun rioscaí féideartha a aithint agus chun a chinntiú go bhfuil straitéis maolaithe chuí i bhfeidhm. I measc na maoluithe a úsáidtear chun riosca a bhainistiú tá:
 - Struchtúir rialachais na gCoimisinéirí Ioncaim.
 - Scanadh timpeallachta lena chinntiú go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoi na tionchair a mbíonn éifeacht acu ar riosca
 - Pleanáil straitéiseach/gnó comhtháite agus creat bainistíochta riosca lena n-áirítear measúnú ar riosca ag leibhéal na heagraíochta, na Rannóige agus na mBrainse.
 - Creat bainistíochta tionscadal láidir agus comhtháite a chur i bhfeidhm do gach tionscadal suntasach.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na bhfeidhmchlár TFC a áirithiú, go háirithe maidir le cibearbhagairtí agus ionsaithe mailíseacha.

Iniúcháireacht Inmheánach agus Coiste Iniúcháireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag an Oifig a bhfuil pearsanra aige atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir Cairt Iniúcháireachta Inmheánaí scríofa fhoirmiúil a bhfuil mé tar éis a cheadú. Tá a chuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais, oibríochtúla agus corparáideacha a bhfuil an Oifig neamhchosanta orthu, agus tá a chuid pleananna iniúcháireachta inmheánaí, arna gceadú agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúcháireachta an fheidhm iniúcháireachta inmheánaí a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ngníomhaítear ar thuairiscí na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

Creat Riosca agus Rialaithe

Feidhmíonn an Oifig seo córas bainistíochta riosca corparáideach a shainathnóinn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú. Tá Clár Riosca Corparáideach i bhfeidhm a dhéanann doiciméadú ar na príomhrioscaí aitheanta atá os comhair an Oifig seo. Déantar cur síos, luacháil agus grádú ar na rioscaí seo de réir a dóchúlachta agus a dtionchar. Sonraíonn an clár riosca freisin na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú. Déantar na gníomhartha seo a chomhtháthú i bpróiseas pleanála straitéisí agus gnó na gCoimisinéirí loncaim, agus deimhnítear go bhfuil maoluithe ar leibhéal na Rannóige i bhfeidhm trí Iniúcháireacht inmheánach a dhéantar mar chuid den cur chuige iniúcháireachta.

Tá próiseas athbhreithnithe ráithiúil ann don Chlár Riosca Corparáideach. Tuairiscíonn rannóga ar éifeachtacht na rialuithe maolaithe riosca agus na leibhéal riosca iarmharach tar éis maolaithe. Déantar athbhreithnithe ar an gclár, lena n-áirítear ar chóir aon athruithe a dhéanamh ar thosaíocht nó ar rangú rioscaí aonair, a mheas mar chuid d'athbhreithniú foirmiúil ag an gCoiste Bainistíochta Riosca (CBR). Ansin cuireann Cathaoirleach an RMC an clár nuashonraithe i láthair don Choiste Chomhairleach Bainistíochta (CCB), agus bíonn riosca corparáideach mar mhír sheasta ar an gclár oibre ráithiúil ag cruinnithe CBR. Leis an bpróiseas seo, aithnítear géarú riosca, athbhreithnítear é, tuairiscítear é agus cuirtear san áireamh é sa Chlár Riosca Corparáideach. Cuireann Cathaoirleach an CBR Tuarascáil Bhliantúil um Bainistíocht Riosca Chorporáidigh faoi bhráid Bhord na gCoimisinéirí loncaim ina dtugtar breac-chuntas ar ghníomhaíochtaí an CBR i rith na bliana roimhe sin agus a tugann siad dearbhú go bhfuiltear ag cloí le beartais bhainistíochta riosca na gCoimisinéirí loncaim.

Tá Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) ann, le tacaíocht ó Aonad Cosanta Sonraí, chun a chinntiú go bpróiseálann na Coimisinéirí loncaim sonraí pearsanta a bhfoireann, a gcustaiméirí, a soláthraithe nó aon duine aonair eile i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Cosaint Sonraí (Rialachán (AE) 2018/1725) agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd freagrach as gníomh ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don MAC, nuair is cuí, in am is i dtráth. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara aitheanta agus tá próisis curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig seo le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Bonn eolais d'obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha é monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, agus tá lucht ardbhainistíochta taobh istigh den Oifig seo freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Deacrachtaí Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú airgeadais inmheánach a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu, nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu, i dtaca le 2024.

Idirghabhálacha Iniúcháireachta agus Comhlíontachta

I rith 2024, lean muid orainn leis an gcomhdhlúthú ar oibriú an Chreata Idirghabhála Comhlíontachta (CIC) a tugadh isteach i mí na Bealtaine 2022. Áiríodh leis sin ardoiliúint bhreise don fhoireann go léir a bhíonn i mbun idirghabhálacha comhlíontachta chun oibriú an chreata a neartú, rud a chuireann le freagairt chomhsheasmhach, chéimnithe ar iompar riosca agus comhlíontachta cáiníocóra.

Chuir na Coimisinéirí Ioncaim 272,714 idirghabháil chomhlíontachta i gcrích in 2024 le toradh €591.1 milliún. Rinneadh measúnú ar 46,144 cás eile le haghaidh idirghabhála féideartha tar éis roghnú rioscabhunaithe, ach dúnadh iad toisc gur léirigh na breithmheasanna nach raibh aon ghníomh breise ag teastáil.

Bailiú agus Stórasú Fiachais

Ar an 1 Bealtaine 2024, tháinig deireadh leis an Scéim Stórasaithe Fiachais (SSF) a bhí ann chun ligint do ghnóthaí dliteanais chánach áirithe a fabhraíodh le linn phaindéim Covid 19 a “pháirceáil”.

Ag teacht suas go dtí an dáta sin, rinne na Coimisinéirí Ioncaim teagmháil ghníomhach le cáiníocóirí a raibh fiachas stórasaithe acu, trí fheachtais for-rochtana spriocdhírith do chustaiméirí, teachtaireachtaí ar shuíomh idirlín agus imeachtaí faisnéise agus seimíneáir ghréasáin. Mar thoradh ar an rannpháirtíocht seo, tá €3 billiún (93%) den €3.2 billiún a bhí san áireamh sa stóras ag a bhuai i mí Eanáir 2022, socraithe go hiomlán (€2 billiún) anois nó urraithe faoi Shocraíocht Tráthíocaíochtaí (€1 billiún). As an €226 milliún a bhí fágtha, measadh nárbh fhéidir €172 milliún a bhailiú le linn na scéime ar chúiseanna amhail leachtú, scrúdaitheoireacht, féimheacht, rud a fhágann go bhfuil €54 milliún faoi réir bailiú fiachais.

Go dtí seo, tá 96.7% de na Socraíochtaí Tráthíocaíochtaí (STanna) go léir a chlúdaíonn fiachas stórasaithe á gcomhlíonadh, rud a léiríonn cé chomh héifeachtach is atá cur chuige pragmatach agus solúbtha na gCoimisinéirí Ioncaim, chomh maith lenár gcuntas teiste cruthaithe i dtaca le pleananna íocaíochta saincheaptha a shocrú do chúinsí gnó aonair.

Ar leithligh ón bhfiachas stórasaithe atá urraithe anois faoi STanna, d’fhan cánacha neamhíochta de €2.1 billiún le bailiú (2023: €1.6bn) agus tá Córas Bainistíochta Fiachais (DMS) na gCoimisinéirí Ioncaim á úsáid go hiomlán anois chun déileáil leis an bhfiachas seo. Sa chás go bhfuil tuairisceáin gan íoc agus cánacha thar téarma, eisítear roinnt meabhrúcháin do cháiníocóirí a thugann gach deis dóibh plé a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim chun aghaidh a thabhairt ar a gcuid saincheisteanna comhlíontachta agus gníomh forfheidhmiúcháin a sheachaint. Sa chás nach bhfuil aon rannpháirtíocht den sórt sin ann, níl aon rogha ag na Coimisinéirí Ioncaim ach a raon roghanna forfheidhmithe a úsáid chun an Státchiste a chosaint agus ‘cothrom na féinne’ a chothú do thromlach na gcáiníocóirí a chomhlíonann a n-oibleagáidí cánach go hiomlán agus in am.

Le linn 2024, rinneadh 59,498 atreorú chuig ár ngníomhairí forfheidhmithe, rud a d’fhág gur bailíodh beagnach €250 milliún. (2023: 48,313 atreorú luach €218.4m).

Chomh maith le fiachas gan íoc a tharchur go tapa chuig forfheidhmiú, tá córas uathoibríoch i bhfeidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim chun ús a ghearradh ar fhiachas gan íoc agus tá fianaise ann gur chabhraigh sé seo le comhlíontacht tráthúil a fheabhsú. Tá gnóthaí ag déanamh tíolachtaí agus ag íoc a gcuid cánacha in am chun gníomh forfheidhmiúcháin agus muirir úis ar íocaíochtaí déanacha a sheachaint. Leanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim ag baint leasa as na roghanna agus teicnící go léir atá ar fáil chun rátaí comhlíontachta i leith na míosa dlíte a mhéadú.

Leanann na Coimisinéirí Ioncaim ag meabhrú do ghnóthaí, beag beann ar bhain siad leas as an SSF nó nár bhain, gur chóir dóibh dul i dteagmháil chomh luath agus is féidir má tá siad ag streachailt le cánacha reatha a íoc nó íocaíochtaí míosúla a chomhlíonadh faoi ST reatha. I bhformhór na gcásanna, féadtar teacht ar réiteach comhshásúil trí rannpháirtíocht luath a dhéanamh chun déileáil leis na deacrachtaí

Cuntas ar Fháiltas loncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí loncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

íocaíochta. Sa chás, áfach, nach bhfuil aon rannpháirtíocht fhiúntach ag cáiníocóir chun tuairisceáin nó íocaíochtaí dlíte amuigh a réiteach, rachaidh na Coimisinéirí loncaim ar aghaidh le gníomh cuí bailithe agus forfheidhmithe chun an fiachas a aisghabháil.

Rialuithe Custam

In 2018, d'aithin Coimisiún an AE patrún calaoise uile-Aontais a bhain le hiompórtáil teicstílí agus coisbhirte ó Dhaon-Phoblacht na Síne ar cuireadh luach orthu a bhí i bhfad ró-íseal agus a chúisigh caillteanas Acmhainní Dílse Traidisiúnta (ADT), agus a thosaigh in 2012. Ríomh an Coimisiún caillteanas ADT €30.4 milliún ag Éirinn, nó 0.69% de na caillteanas a tabhaíodh ag leibhéal an AE28 thar an tréimhse 2012 go 2019. Tríd an Roinn Airgeadais, rinne Éire íocaíocht €30.4 milliún ar chúlchiste ar an 30 Iúil 2021 tar éis cuireadh a fháil ó Choimisiún an AE carnadh úis ar íocaíocht dhéanach a sheachaint.

Tar éis rannpháirtíocht fhairsting idir na Coimisinéirí loncaim agus an Coimisiún, d'éirigh leis na Coimisinéirí loncaim fianaise agus dearbhú a chur ar fáil don Choimisiún maidir le téagar ár rialuithe chun dul i ngleic le tearcluacháil den chineál seo. I mí Iúil 2024, ghlac an Coimisiún le seasamh na gCoimisinéirí loncaim agus deimhníodh nach raibh aon chaillteanas ADT ann d'Éirinn. Tá an €30.4m a íocadh ina leith aisíochta go hiomlán le hÉirinn anois.

Tar éis iniúchadh a rinne Coimisiún an AE ar ADT a tharla in Éirinn, dúirt an Coimisiún nach n-aontaíonn sé go ráthaíonn ár gcóras aisíocaíochta uathobrithe rioscabhunaithe cosaint ar leas airgeadais an AE. Ar an 2 Márta 2022 chuir Seirbhísí an Choimisiúin in iúl go bhfuil an nós imeachta inmheánach seolta acu roimh imeachtaí sáraithe féideartha. Ar an 16 Meitheamh 2022, chuir Seirbhísí an Choimisiúin in iúl d'Éirinn arís go bhfuil an t-easnamh sin á bhreithniú acu faoin nós imeachta um shárú in Airteagal 258 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Mar sin féin, níor thionscain an Coimisiún aon ghníomhaíocht faoin nós imeachta seo. Dhírigh iniúchadh bliantúil an AE 2024 ar iontaofacht na ráiteas cuntais A agus B, lena n-áirítear scrúdú ar shampla d'aisíocaíochtaí a bhaineann leis an ráiteas cuntais A. Fuarthas torthaí tosaigh iniúchadh 2024 ar an 23 Eanáir 2025 agus tá na Coimisinéirí loncaim ag plé go gníomhach leis an gCoimisiún maidir le roinnt pointí oscailte.

Rialuithe Ionad Uileghnó Iompórtála


Ag deireadh 2023, ghlac na Coimisinéirí loncaim páirt i meastóireacht a rinne Cúirt Iniúcháirí na hEorpa ar rialuithe ar iompórtálacha nuair a úsáidtear nósanna imeachta custam iompórtála simplithe, lena n-áirítear an t-Ionad Uileghnó Iompórtála (IOSS). Luadh sa tuarascáil, mar a chéile le Ballstáit eile, nach raibh straitéis riosca agus rialaithe uileghabhálach ag Éirinn do IOSS agus nach raibh aon chros-seiceálacha ar shonraí custam agus cánach ná rialuithe iar-imréitigh. Le linn na meastóireachta, leag na Coimisinéirí loncaim amach roinnt tionscadal píolótacha a bhí tionscanta ag an am sin chun scóip na saincheisteanna sin a mheas agus aghaidh a thabhairt orthu.

In 2024, lean na Coimisinéirí loncaim ar aghaidh ag cur na dtionscnamh seo chun cinn d'fhonn cur chuige struchtúrtha a fhorbairt maidir le bainistiú riosca IOSS. I measc na bhforbairtí bhí eisiúint deais clárúcháin nua chun anailís ar bhonn cásanna IOSS a éascú, uirlis chun cros-sheiceáil sonraí custam agus cánach a shimpliú, agus suirbhé spriocdhírthe ar idirghabhálaithe IOSS atá ag feidhmiú in Éirinn.

Ina theannta sin, aontaíodh straitéis chomhpháirteach bainistíochta riosca chánach agus chustam inar tugadh tús áite do naoi mbeart sonracha. Chun tacú le cur chun feidhme na Straitéise seo le linn 2025, bunaíodh Líonra Bainistíochta Riosca IOSS trasrannóige. Soláthraíonn an líonra seo fóram le haghaidh comhoibrithe agus comhroinnt faisnéise idir páirtithe leasmhara ar fud na heagraíochta, agus cuireann sé ar ár gcumas straitéis bainistíochta riosca IOSS a thástáil agus a bheachtú trí thaithí.

Faoin gclár seo, rinneadh cros-sheiceáil sonraí chustam agus chánach a lárú freisin. Comhroinntear aschur na gcros-seiceálacha sin trí thairseach inmheánach nua IOSS, atá inrochtana ag páirtithe leasmhara ainmnithe i réimsí oibríochtúla.

Tacaíonn na Coimisinéirí loncaim le forbairt bhreise an chlár IOSS agus leanfaidh siad ar aghaidh ag glacadh páirte go réamhghníomhach i bplé idir Coimisiún an AE agus na Ballstáit faoi thograí an AE maidir le CBL sa Ré Dhigiteach agus Athchóiriú Custam.



Niall Cody

Oifigeach Cuntasaíochta

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

15 Aibreán 2025



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Cuntas ar Fháltas Ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim

Tuairim ar an gcuntas

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas ar fháltas ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain 2024 faoi fhorálacha Alt 3 (7) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Tá an cuntas comhdheánta den mhéid seo a leanas

- cuntas ar fháltas agus diúscairt an ioncaim a bailíodh
- an ráiteas ar iarmhéideanna, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta suntasacha..

Is é mo thuairim go dtugann an cuntas léargas ceart ar fháil agus ar dhiúscairt an ioncaim a bailíodh don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024 agus na hiarmhéideanna iarmharacha ar an dáta sin.

Bonn tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAs) arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na bhForas Iniúchóireachta Uachtarach. Tá cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar na Coimisinéirí Ioncaim agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán. Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte agam chun bonn a thabhairt do mo thuairim. Glacaim dearbhú freisin ó mo scrúduithe ar chórais bhailithe na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas an cuntas, agus ar ábhair eile

In éineacht leis an gcuntas, tá eolas áirithe eile tíolactha ag na Coimisinéirí Ioncaim. San áireamh leis seo tá an tuarascáil bhliantúil agus ráiteas faoin rialú inmheánach airgeadais. Tá cur síos déanta san aguisín don tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí tuairisciú a dhéanamh i leith faisnéis den chineál sin, agus ar ábhair eile a ndéanaim tuairisciú orthu mar eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

16 Aibreán 2025

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí na gCoimisinéirí Ioncaim

Tá na Coimisinéirí Ioncaim freagrach as an méid seo a leanas:

- ullmhú an chuntais bhliantúil
- a chinntiú go dtugann an cuntas léiriú ceart ar fháil agus ar dhiúscairt an ioncaim a bhailítear
- rialtacht idirbheart a chinntiú; agus
- rialú inmheánach cuí de réir mar a mheasann siad a bheith riachtanach chun cumasú d'ullmhú an chuntais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Iarrtar orm, faoi Alt 3(7) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 (An tAcht) iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas ar fháltas ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim agus tuairisciú a dhéanamh ina leith do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh a dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a thabhairt i leith cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go n-aimseoidh iniúchadh arna dhéanamh i gcomhréir leis na ISAs míráiteas ábhartha i gcónaí nuair atá sé ann. Féadfaidh sé go dtagann míraithe aníos de dheasca calaoise nó earráide agus meastar go bhfuil siad ábhartha, más rud é, ina n-aonair nó ina gcomh-iomláine, go bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach go n-imreodh siad tionchar ar chinntí eacnamaíocha arna ndéanamh ag úsáideoirí ar bhonn an chuntais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gcaighdeán ISA, cleachtaím breithiúnas gairmiúil agus coinnim sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- Aithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha i leith an chuntais, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus cuirim i gcrích nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrach ar na rioscaí sin; agus fianaise iniúcháireachta a fháil atá leordhóthanach agus oiriúnach chun bonn a chur le mo thuairim. Tá riosca níos airde i gceist le gan míráiteas ábhartha a bhrath nuair is de dheasca calaoise atá sé seachas de dheasca earráide, ar an ábhar go bhféadfaidh sé go bhfuil claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomh intinneach, mífhaisnéis, nó sárú rialaithe inmheánaigh i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá cuí don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach ní d'fhonn tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasáíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasáíochta agus na nochtuithe

bainteacha.

- Déanaim meastóireacht ar an gcur i láthair foriomlán, struchtúr agus ábhar an chuntais, na nochtuithe san áireamh, agus cibé acu an léirítear i gceart sa chuntas na hidirbhearta agus imeachtaí foluiteacha

Déanaim teagmháil leo siúd a bhfuil freagracht rialachais orthu maidir le, i measc nithe eile, an scóip phleanáilte agus tráthúlacht an iniúchta agus na dtorthaí suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh suntasacha sa rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht más rud é, i mo thuairim,

- nach bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta faighte agam, nó
- nach raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun go gceadófaí an cuntas a bheith iniúchta go réidh agus go cuí, nó
- níl an cuntas ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis seachas an cuntas

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar an gcuntas an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis an gcuntas, agus ní thugaim aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas, iarrtar orm faoi na caighdeán ISA an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh, agus é sin á dhéanamh agam, machnamh a dhéanamh an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir leis an gcuntas nó le heolas eile a fhaightear le linn an iniúchta, nó ar bhealach eile an bhfuil an chuma air go bhfuil míráiteas ábhartha tugtha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích agam, go gcinnim go raibh míráiteas ábhartha tugtha i leith na faisnéise seo, iarrtar orm an fhíric sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Is le tagairt do na cúinsí speisialta i dtaca le bainistiú agus oibríochtaí comhlachtaí poiblí a dhéantar m'iniúchadh. Tugaim tuairisc má aithním ábhair ábhartha ann a bhaineann leis an gcaoi a reáchtáiltear gnó poiblí.

Iarraim fianaise a fháil i leith rialtacht idirbheart airgeadais le linn iniúchta. Tugaim tuairisc má thugaim faoi deara aon eachtra ábhartha nár feidhmíodh airgead poiblí chun na gcríocha a bheartaítear dó, nó sa chás nár chloigh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Córais bhailithe na gCoimisinéirí Ioncaim

Under Section 3 (7) of the Act, I also carry out examinations on a cyclical basis in order

- Fíorú cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na córais, nósanna imeachta agus cleachtais arna mbunú ag na Coimisinéirí Ioncaim leordhóthanach chun seiceáil éifeachtach a dhaingniú ar mheasúnú, bailiú agus leithdháileadh cuí ioncaim an Stáit
- Mé féin a shásamh gur leordhóthanach an bealach a dhéantar na córais, nósanna imeachta agus cleachtais sin a fhostú agus a fheidhmiú.

Mar a fhoráiltear faoi Alt 3 (10) den Acht, tugaim tuairisc gach bliain ar thorthaí mo scrúduithe córais i mo Thuairisc ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí.

Beartais Chuntasaíochta

Réamhrá

Cuireann an Cuntas seo na cánacha agus dleachtanna a bhailíonn agus a leithdháileann na Coimisinéirí loncaim i láthair, mar aon le haistriú na bhfáltais chuig an Stáitchiste. Cuireann an Cuntas na fáltais neamh-Stáitchiste i láthair a bhailigh na Coimisinéirí loncaim do, nó a íocadh le, Ranna Rialtais eile, Gníomhaireachtaí agus Ballstáit AE mar a shonraítear faoi Fáltais agus Aisíocaíochtaí.

Níl aon chostais riaracháin nó oibriúcháin de chuid Oifig na gCoimisinéirí loncaim san áireamh sa Chuntas seo. Déanann an tOireachtas cistí i gcomhair na gcostas seo a vótáil agus cuirtear san áireamh iad sa Chuntas Leithreasa bliantúil do Vóta 9 – Oifig na gCoimisinéirí loncaim.

Ullmhaíodh an Cuntas faoi réir Alt 3(7) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Bonn an Chuntais

Ullmhaíodh an Cuntas seo ar bhonn airgid thirim faoi réir ag na prionsabail Cuntasaíochta Rialtais.

Léiríonn an Cuntas na suimeanna iarbhir a fuarthas agus a íocadh le linn na bliana. I gcás go bhfaightear suimeanna breise i mblianta tar éis na bliana reatha, nó nuair a dhéantar suimeanna a fuarthas sa bhliain reatha nó i mblianta roimhe sin a aisíoc, déantar na suimeanna sin a thaifeadadh sa bhliain ina bhfaightear nó ina n-aisíoctar iad.

Fáltais agus Aisíocaíochtaí

Aithnítear fáltais agus aisíocaíochtaí ar bhonn airgid thirim seachas mar a shonraítear thíos;

- Tá fritháirimh cuimsithe sna fáltais chomhlána agus sna figiúirí aisíocaíochta do gach ceannteideal cánach, is é sin, cásanna nuair nach ndéantar an aisíocaíocht go díreach leis an gcáiníocóir ach go ndéantar í a fhritháireamh i gcoinne cánacha eile amuigh.
- Chun fáltais Cánach loncaim áirithe a chionroinnt chuig an gceannnteideal cánach bainteach, cuirtear céatadán measta i bhfeidhm. Bíonn tionchar ag an gcionroinnt sin ar fháltais ÍMAT, ÁSPC, MSU agus CMÁ. A luaithe is atá na tuairisceáin ábhartha tíolactha, déantar athbhreithniú ar an meastachán agus déantar na fáltais a ath-chionroinnt mar is cuí.
- Bailítear dleachtanna custam ar bhonn gníomhaireachta thar ceann an AE agus aithnítear iad ar bhonn fáltas comhlán, ach amháin i gcás dleachtanna custam a bhailítear faoi Imréiteach Láraithe nós imeachta custam AE (ar ar tugadh Údarú Singil do Nósanna Imeachta Simplithe roimhe seo). Taispeántar na fáltais seo glan ó na costais bhailithe. Féach Nóta 1 *2.
- Maidir le suimeanna a fuarthas i leith pionós agus úis a ghearr na Coimisinéirí loncaim, áirítear sa chuntas iad le cois na socruithe cánach agus dleachta bainteacha. Áirítear fineálacha agus pionóis chúirte sa chuntas mar Leithreasáí i gCabhair de chuid Vóta 9.
- Coinnítear íocaíochtaí Custam agus Máil mar thaisc, agus aithnítear mar fháltais iad nuair a thíolactar na tuairisceáin chuí, ach amháin i gcás ceadúnas máil, siúcra, cáin carbóin ar bhreosla soladach agus cáin gealltóireachta, rudaí atá ar bhonn fáltais airgid. Tá taisc i seilbh curtha san áireamh sa Ráiteas ar larmhéideanna.
- Cuimsíonn na fáltais Mháil suimeanna a bhailigh na gníomhaireachtaí seo a leanas thar ceann na gCoimisinéirí loncaim:
 - An tSeirbhís Chúirteanna (Ceadúnais Mháil).
 - Applus+ Car Testing Service Ltd (Cáin Cláraithe Feithiclí).

Gearrann Applus+ Car Testing Service Ltd tobhach ar Cháin Cláraithe Feithiclí a bhailiú. Déantar an muirear a mhaoiniú as caiteachas Vótáilte agus áirítear i gCuntas bliantúil Leithreasa Vóta 9 é.

- Tagraíonn an teideal Ionad Uileghnó CBL (IUG) sna cuntais do gach/cuid ar leith de na nochtadh cuntais ar scéimeanna Ionad Uileghnó. Folaíonn na fáltais seo fáltais CBL Éireannaigh a nochtar i Nóta 1 agus suimeanna a bailíodh thar ceann Ballstáit eile an AE a nochtar i Nóta 2.

Cuntas ar Fháiltas Ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

h. Is iad seo a leanas na fáiltas neamh-Státchiste a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim do, nó a íocadh le, Ranna Rialtais eile, Gníomhaireachtaí agus Ballstáit AE:

- An Ciste Árachais Shóisialaigh (Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa)
- An Roinn Sláinte (Tobhach Tobac)
- An Ciste Cothromaíochta Riosca (an Tobhach Árachais Sláinte)
- An Ciste Comhshaoil (an Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha)
- An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna)
- Coimisinéirí Soilse na hÉireann (Dleachtanna Tithe Solais)
- An Roinn Airgeadais (íocaíochtaí na Scéime Tacaíochta um Thithe Altranais)
- An Roinn Airgeadais (Ranníocaíocht Dlúthpháirtíochta Shealadach)
- Banc Ceannais na hÉireann (tobhach an Chiste Cúitimh Árachais)
- Ballstáit an AE (Scéim An Ionaíod Uileghnó CBL)
- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (an Cháin Maoine Áitiúil)

Gearrann na Coimisinéirí Ioncaim tobhach chun Ranníocaíochtaí ÁSPC, an Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha, Dleachtanna Tithe Solais, íocaíochtaí na Scéime Tacaíochta um Thithe Altranais agus Tobhach an Chiste Cúitimh Árachais a bhailiú. Gearrann na Coimisinéirí Ioncaim muirir freisin ar chustaiméirí a dhéanann iarratas ar aisíocaíocht CCF faoin Scéim Aisíocaíochta Easpórtála. Suimeanna a fhaightear i leith na muirear seo, áirítear iad sa chuntas mar Leithreasaí i gCabhair de chuid Vóta 9.

Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh

Léiríonn airgead tirim i mbanc agus ar láimh an t-airgead iomlán i gcuntais tráchtála agus i gcuntas an Bhainc Ceannais coigeartaithe chun seiceanna nár tugadh i láthair agus difríochtaí ama a chur san áireamh.

Suimeanna atá le Fáil agus le Leithdháileadh

- a. Den chuid is mó, déantar Cánacha agus Dleachtanna a íoc ar dtús isteach i gcuntais de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim i mbainc thráchtála. I bhformhór cásanna, bíonn na teoracha cuntasaíochta ina n-íomláine ar eolas tráth a dhéantar an íocaíocht, agus cláraítear íocaíochtaí mar fháiltas ar thaifead custaiméara roimh dhóibh a bheith aistrithe chuig an Státchiste. Folaíonn Éarlaisí Cánach Neamh-Leithdháilte (ÉCNL) íocaíochtaí a aistrítear chuig an Státchiste mar chuid d'Aistrithe Iomlána i Nóta 6 a bhfuil taifid custaiméirí fós le tabhairt cothrom le dáta ina leith. Áiríonn sé freisin, fáiltas nach bhféadtar a leithdháileadh chuig ceannnteideal cánach nó taifead cáiníocóra ag deireadh na bliana. I roinnt cásanna, mura bhfuarthas eolas leordhóthanach taobh istigh de 5 bliana, aithnítear na suimeanna mar fháiltas chánach agus baintear iad as iarmhéid ÉCNL a thuairiscítear sa Chuntas. Folaíonn ÉCNL íocaíochtaí a dhéantar i gcuntas le linn iniúchtaí cánach agus socraíochtaí iniúchóireachta chomh maith le híocaíochtaí neamhiniúchóireachta nach bhfuil teoracha cuntasaíochta críochnaithe ina leith.
- b. Suimeanna faighte ag cuntais tráchtála ach nár aistríodh iad chuig an mBanc Ceannais ag deireadh na bliana is ea fáiltas chánach ag feitheamh ar aistriú agus leithdháileadh.
- c. Suimeanna ag feitheamh ar aistriú chuig Vóta 9, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim faighte ag na Coimisinéirí Ioncaim agus áireofar sa chuntas iad mar Leithreasaí i gCabhair de Vóta 9, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

Taiscí i Seilbh

- a. Baineann taiscí atá sealbhaithe faoin Acht um Cheartas Coiriúil, 1994 le hairgead a gabhadh faoin Acht agus atá coinnithe ar taisce go dtí go mbeidh na himeachtaí cúirte ann.
- b. Is ionann na taiscí i seilbh bailitheoirí C&M agus suimeanna faighte in ionad Ráthaíochtaí Bainc nó

Ráthaíochtaí Bainc ar feitheamh.

- c. Is ionann taiscí a choinnítear le haghaidh dliteanas C&M agus suimeanna faighte d'idirbhearta C&E sula bhfaightear an tuairisceán cuí. Ainmnítear na suimeanna seo mar thaiscí i gcuntas rialaithe go dtí go dtíolactar an tuairisceán cuí agus ansin leithdháiltear iad mar fháltais. Mar gheall ar an meicníocht seo, ní léirítear aisíocaíochtaí ón gcuntas rialaithe go hiomlán i Nóta 3 leis an gcuntas. Mar gheall ar an nádúr láimhe a bhaineann le gnéithe áirithe de na taiscí seo a bhainistiú, tá roinnt srianta ar an bhfáil ar shonraí bainteacha ag leibhéal na n-idirbheart. Géilltear aon taiscí ar lámh don Státchiste ar an 31 Nollaig mar chuid d'aistrithe Dleachta Máil i Nóta 6.

Iarmhéid Dlite ón Státchiste

Is ionann an t-iarmhéid dlite ón Státchiste agus suimeanna a aistrítear chuig an Státchiste ach nach bhfuil taifeadta fós mar fháltais, glan ar mhéideanna a bhí i seilbh an 31 Nollaig chun aisíocaíochtaí le cáiníocóirí a mhaoiniú ón 01 Eanáir den bhliain dár gcionn agus suimeanna sa Státchiste atá dlite le hóc le ranna Rialtais ach nár íocadh faoi dheireadh na bliana.

Cuntas ar Fháltas loncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí loncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024


Cuntas ar Fháltas agus ar Dhiúscairt an loncaim a bailíodh

	Nótaí	2024 €000	2023 €000
Fáltais Chomhlána			
Fáltais an Státchiste	1	121,973,649	101,657,790
Fáltais Neamh-Státchiste	2	30,887,550	26,286,352
lomlán na bhFáltas Comhlán a Bhailigh na Coimisinéirí loncaim		152,861,199	127,944,142
Aisiocaíochtaí			
Fáltais Státchiste a Aisióc	3	(14,873,215)	(14,417,798)
Aisiocaíocht Fáltais Neamh-Státchiste	4	(144,233)	(121,572)
Aisiocaíochtaí lomlána		(15,017,448)	(14,539,370)
Glanfháltais			
Fáltais Státchiste	5	107,100,434	87,239,992
Fáltais Neamh-Státchiste	7	30,743,317	26,164,780
lomlán na nGlanfháltas a Bhailigh na Coimisinéirí loncaim		137,843,751	113,404,772
Diúscairt na nGlanfháltas			
Fáltais aistrithe chuig an Státchiste	6	(107,096,372)	(87,206,284)
Fáltais aistrithe chuig Ranna/Gníomhaireachtaí eile/ Ballstáit AE	7	(30,768,059)	(26,157,391)
Diúscairt lomlán na nGlanfháltas loncaim a Bailíodh		(137,864,431)	(113,363,675)
Gluaiseacht Ghlan sa Bhliain		(20,680)	41,097
Iarmhéid Tosaigh ar an gCuntas maidir le Fáltas agus Diúscairt loncaim ar an 1 Eanáir		(198,850)	(239,947)
Iarmhéid Deiridh ar an gCuntas maidir le Fáltas agus Diúscairt loncaim ar an 31 Nollaig		(219,530)	(198,850)

Is cuid den Chuntas seo iad na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 13.



Niall Cody
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí loncaim



James Twohig
Cuntasóir Ginearálta
Oifig na gCoimisinéirí loncaim

Cuntas ar Fháltas Ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024


Ráiteas ar Iarmhéideanna

	Nótaí	2024 €000	2023 €000
Sócmhainní			
Airgead Tirim sa Bhanc agus ar Láimh	8	329,943	248,150
Suimeanna dlíte ó Ranna Rialtais	9	738	3
Iomlán na Sócmhainní		330,681	248,153
Dlíteanais			
Suimeanna atá le Fáil agus le Leithdháileadh	10	(161,267)	(111,984)
Taiscí i Seilbh	11	(388,944)	(335,019)
Dlíteanais Iomlán		(550,211)	(447,003)
Glandlíteanais		(219,530)	(198,850)
Arna léiriú ag:			
Iarmhéid Deiridh an Chuntais maidir le Fáltas agus Diúscairt Ioncaim			
Iarmhéid na gCánacha agus Dleachtanna dlíte ón Stáitchiste	6	(242,191)	(246,253)
Iarmhéid dlíte do Ranna/Gníomhaireachtaí eile/ Ballstáit AE	7	22,661	47,403
		(219,530)	(198,850)

Is cuid den Chuntas seo iad na Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 13.



Niall Cody
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim



James Twohig
Cuntasóir Ginearálta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

15 Aibreán 2025

Cuntas ar Fháiltas Ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

Nótaí leis an gCuntas

Nóta 1. Fáltais an Stáitchiste a bailíodh

Cáin	2024 €000		2023 €000
Cáin Chorporáide	41,880,662	*1	26,481,506
Cáin Ioncaim	38,972,704		36,307,429
Cáin Bhreisluacha	29,816,173	*2	28,441,171
Dleacht Mháil	6,303,261		5,787,901
Dleachtanna Stampa	1,798,751		1,852,790
Cáin Gnóthachan Caipitiúil	1,751,294		1,558,965
Cáin Gnóthachan Caipitiúil	861,888		640,779
Dleacht Custam	586,547	*3	586,100
Cáin eile a bhaineann le Maoín	2,369	*4	1,149
	121,973,649		101,657,790

*1 Cuimsíonn ioncam cánach corparáide in 2024 €10.9 billiún d'fháltais a eascraíonn as rialú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) an 10 Meán Fómhair maidir le stáitchabhair. Fuarthas €1.7 billiún eile d'fháltais i mí Eanáir 2025, rud a fhágfaidh go mbeidh an méid iomlán inbhailithe ag na Coimisinéirí Ioncaim go €12.6bn, de réir rialú CBAE.

*2 Áirítear leis an bhfigiúr seo na fáltais seo a leanas a bhaineann leis an scéim An Ionaid Uileghnó CBL;

	2024 €000	2023 €000
CBL a bailíodh i gceart go hÉirinn sa Stát	200,479	132,813
Íocaíochtaí CBL a bailíodh i gceart go hÉirinn ag Ballstáit eile	460,615	432,034
	661,094	564,847

*3 Tuairiscítear fáltais Dleachta Custam glan ó chostais bhailithe de €20.2m (2023: €20.6m) ceadaithe faoi imréiteach Lárnaithe (ÚSNIS roimhe seo). Aistríodh €10.1m (2023: €10.3m) chuig Ballstáit eile AE agus aistríodh €10.1m (2023: €10.3m) chuig Vóta 9 agus taifeadtair iad mar fáltais Leithreasáí-i-gCabhair.

*4 Figiúr eile Cánach a bhaineann le Maoín is ea an Cháin ar Thithe Folmha a tugadh isteach le hAlt 96 den Acht Airgeadais 2022. Is cáin fhéinmheasúnaithe bhliantúil í seo a bhaineann le mhaoín chónaithe fholamh i gcúinsí áirithe. Ba é an chéad tréimhse inmhuirir ná ón 1 Samhain 2022 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2023.

Cuntas ar Fháiltas Ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

Nótaí leis an gCuntas

Nóta 2. Fáltais Neamh-Stáitchiste a bhailítear thar ceann Ranna eile/Gníomhaireachtaí /Ballstáit AE

	2024 €000		2023 €000
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa	18,221,959		16,797,774
Scéim An Ionaid Uileghnó CBL	10,790,619		7,617,606
An Ciste Cothromaíochta Riosca (an Tobhach Árachais Sláinte)	828,340		798,440
Cáin Mhaoine Áitiúil	579,211	*1	561,323
Fáltais Máil Tobac	167,605	*2	167,605
Ranníocaíocht Dlúthpháirtíochta Shealadach	104,136	*3	167,221
Tobhach an Chiste Cúitimh Árachais	115,874		111,585
Scéim Tacaíochta um Thithe Altranais	66,189		55,939
Dleachtanna Tithe Solais	7,357		7,419
Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha	6,254		1,428
Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna	6		12
	30,887,550		26,286,352

*1 Meastar go bhfuil glanfhigiúr bailithe na Cánach Maoine Áitiúla (CMÁ) de €573m (fáltais €579m lúide €6m) briste síos mar seo a leanas;

Glanfhigiúr Bailithe	2024 €000	2023 €000
Riaráistí an Mhuirir Teaghlaigh(MT)	920	964
Riaráistí CMÁ	46,673	46,670
Réamhíocaíochtaí	78,678	73,599
Muirear don bhliain reatha.	447,171	434,895
	573,442	556,128

*2 Cuirtear Fáltais Máil Tobac €167.6m i láthair mar fháltais neamh-Stáitchiste toisc go n-íoctar iad go díreach leis an Roinn Sláinte faoi Alt 3 den Acht um Leithreasú, 1999, arna leasú ag an Acht um Leithreasú, 2005.

*3 Cuirtear Ranníocaíocht Dlúthpháirtíochta Shealadach (RDS) de €104.1m (2023: €167.2m) i láthair mar fháltais de tobhach bliantúil a ghearrtar i leith gníomhaíochtaí ábhartha cuideachta fuinnimh do na tréimhsí inmhuirir 2023. Bhí an ranníocaíocht seo mar chuid amháin de Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh, atá faoi chúram agus faoi bhainistíocht na gCoimisinéirí Ioncaim. Níor chuir an Rialtas síneadh leis an RDS níos faide ná an tréimhse inmhuirearaithe de 2023.

Cuntas ar Fháltas loncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí loncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

Nótaí leis an gCuntas

Nóta 3. Fáltais Státchiste a Aisíoc

	2024 €000		2023 €000
Cáin Chorparáide	(2,820,029)		(2,639,612)
Cáin loncaim	(3,884,754)		(3,397,872)
Cáin Bhreisluacha	(7,937,668)		(8,192,025)
Dleacht Mháil	(74,333)	*1	(61,617)
Dleachtanna Stampa	(105,341)		(80,326)
Cáin Gnóthachan Caipitiúil	(43,217)		(39,318)
Cáin Fáltas Caipitiúil	(7,862)		(7,024)
Cáin eile a bhaineann le Maoín	(11)		(4)
	(14,873,215)		(14,417,798)

*1 Nochtar miondealú ar na cánacha aonair atá san áireamh sa chatagóir Dleachta Máil i Nóta 13.

Nóta 4. Aisíocaíocht Fáltais Neamh-Státchiste a bailíodh thar ceann Ranna eile/ Gníomhaireachtaí/Ballstáit AE

	2024 €000		2023 €000
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa	(134,525)		(113,795)
Cáin Mhaoine Áitiúil	(5,769)		(5,195)
Scéim An Ionaid Uileghnó CBL	(3,594)		(2,016)
Scéim Tacaíochta um Thithe Altranais	(343)		(517)
Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha	(2)		(49)
	(144,233)		(121,572)

Cuntas ar Fháltas Ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

Nótaí leis an gCuntas

Nóta 5. Glanfháltais Stáitchiste

	Fáltais Chomhlána 2024 €000	Aisíocaíochtaí 2024 €000	Glanfháltais 2024 €000	Glanfháltais 2023 €000
Cáin Chorparáide	41,880,662	(2,820,029)	39,060,633	23,841,894
Cáin Ioncaim	38,972,704	(3,884,754)	35,087,950	32,909,557
Cáin Bhreisluacha	29,816,173	(7,937,668)	21,878,505	20,249,146
Dleacht Mháil	6,303,261	(74,333)	6,228,928	5,726,284
Dleachtanna Stampa	1,798,751	(105,341)	1,693,410	1,772,464
Cáin Gnóthachan Caipitiúil	1,751,294	(43,217)	1,708,077	1,519,647
Cáin Fáltas Caipitiúil	861,888	(7,862)	854,026	633,755
Dleacht Custam	586,547	-	586,547	586,100
Cáin eile a bhaineann le Maoin	2,369	(11)	2,358	1,145
	121,973,649	(14,873,215)	107,100,434	87,239,992

Nóta 6. Fáltais Aistrithe chuig an Stáitchiste

	chuig/(ó) 1.1.24 €000	Glan Fáltais €000	Aistrithe Iomlána €000	chuig/(ó) 31.12.24 €000
Cáin Chorparáide	5,329	39,060,633	(39,065,033)	929
Cáin Ioncaim	(20,437)	35,087,950	(35,070,756)	(3,243)
Cáin Bhreisluacha	95,970	21,878,505	(21,835,221)	139,254
Dleacht Mháil	(291,734)	6,228,928	(6,274,989)	(337,795)
Dleachtanna Stampa	1,685	1,693,410	(1,694,858)	237
Cáin Gnóthachan Caipitiúil	101	1,708,077	(1,705,613)	2,565
Cáin Fáltas Caipitiúil	28	854,026	(853,947)	107
Dleacht Custam	(37,195)	586,547	(593,600)	(44,248)
Cáin eile a bhaineann le Maoin	-	2,358	(2,355)	3
	(246,253)	107,100,434	(107,096,372)	(242,191)

*1 Coinníodh méid áirithe d'fháltais ag 31 Nollaig 2024 chun maolán a sholáthar le haghaidh aisíocaíochtaí a bhí dlíthe do cháiníocóirí go luath i mí Eanáir. Aontaíodh an beart teagmhasachta seo leis an Roinn Airgeadais chun próiseáil tráthúil aisíocaíochtaí a chinntiú ag tús na bliana.

Cuntas ar Fháiltas Ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

Nótaí leis an gCuntas

Nóta 7. Fáltais a aistríodh chuig Ranna/Gníomhaireachtaí/Ballstáit eile

	dlite ag 1.1.24 €000	Glanfháltais €000	Aistrithe lomlána €000	ag 31.12.24 €000
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa	20,518	18,087,434	(18,103,447)	4,505
Scéim An Ionaid Uileghnó CBL	20,819	10,787,025	(10,792,078)	15,766
An Ciste Cothromaíochta Riosca (an Tobhach Árachais Sláinte)	-	828,340	(828,340)	-
Cáin Mhaoine Áitiúil	5,968	573,442	(577,164)	2,246
Fáltais Máil Tobac	-	167,605	(167,605)	-
Ranníocaíocht Dlúthpháirtíochta Shealadach	-	104,136	(104,136)	-
Tobhach Ciste Cúitimh Árachais	89	115,874	(115,819)	144
Scéim Tacaíochta um Thithe Altranais	7	65,846	(65,851)	2
Dleachtanna Tithe Solais	(1)	7,357	(7,357)	(1)
Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha	2	6,252	(6,256)	(2)
Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna	1	6	(6)	1
	47,403	30,743,317	(30,768,059)	22,661

*1 Íocadh an tsuim €167.6m ó fháltais na bhFáltais Máil Tobac leis an Roinn Sláinte faoi Alt 3 den Acht Leithreasa, 1999, arna leasú ag an Acht Leithreasa, 2005.

*2 Cuirtear Ranníocaíocht Dlúthpháirtíochta Shealadach (RDS) de €104.1m (2023: €167.2m) i láthair mar fháltais de thobhach bliantúil a ghearrtar i leith gníomhaíochtaí ábhartha cuideachta fuinnimh do na tréimhsí inmhuirir 2023. Bhí an ranníocaíocht seo mar chuid amháin de Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh, atá faoi chúram agus faoi bhainistíocht na gCoimisinéirí Ioncaim. Níor chuir an Rialtas síneadh leis an RDS níos faide ná an tréimhse inmhuirearaithe de 2023.

Nóta 8. Airgead Tirim sa Bhanc agus ar Láimh

	2024 €000	2023 €000
Iarmhéid i gCuntas na gCoimisinéirí Ioncaim a choinnítear sa Bhanc Ceannais	325,210	237,433
Iarmhéid i gCuntais na gCoimisinéirí Ioncaim arna coinneáil i mBainc Thráchtála	16,276	22,569
Seiceanna nár tugadh i láthair	(11,581)	(12,208)
Airgead ar Láimh	38	356
	329,943	248,150

Nótaí leis an gCuntas

Nóta 9. Suimeanna dlite ó Ranna Rialtais

Sa chás go n-eascraíonn dliteanas mar thoradh ar iompórtáil earraí ag Ranna Rialtais, scaoiltear na hearraí gan dleachtanna ná cánacha a íoc láithreach agus gearrtar an méid atá dlite ar an Roinn ina dhiaidh sin.

Nóta 10. Suimeanna atá le Fáil agus le Leithdháileadh

	2024 €000	2023 €000
Éarlaisí Cánach Neamh-Leithdháilte	(156,449)	(106,953)
Fáltais chánach ag feitheamh ar aistriú agus leithdháileadh	(4,657)	(4,956)
Suimeanna ag feitheamh ar aistriú chuig Vóta 9, Oifig na gCoimisinéirí loncaim	(161)	(75)
	(161,267)	(111,984)

Nóta 11. Taisc i Seilbh

	2024 €000	2023 €000
Taisc i seilbh faoin Acht um Cheartas Coiriúil, 1994	(1,418)	(1,669)
Taisc i seilbh Bailitheoirí C&M	(39,005)	(16,856)
Taisc i seilbh i ndáil le dliteanais C&M dlite i ndiaidh 31 Nollaig	(348,521)	(316,494)
	(388,944)	(335,019)

Nóta 12. Calaois agus calaois amhrasta

Líon na gcásanna	2024	2023	2024 €000	2023 €000	
Calaois	-	1	-	7	*1
Calaois Amhrasta	-	-	-	-	
	-	1	-	7	

*1 Is ionann líon na gcásanna calaoise agus cásanna inar cuireadh imscrúdú inmheánach i gcrích, inar briseadh an fostaí as an bpost/inar éirigh an fostaí as agus inar tuairiscíodh an chalaois don Gharda Síochána.

Nótaí leis an gCuntas

Nóta 13. Dleacht Mháil

	Fáltais Chomhlána 2024 €000	Aisíocaíochtaí 2024 €000	Glanfháltais 2024 €000	Glanfháltais 2023 €000
Cáin Ola Mianra	2,014,943	(46,606)	1,968,337	1,568,136
Cáin ar Tháirgí Alcóil	1,235,422	(32)	1,235,390	1,347,514
Carbón	1,089,934	(22,447)	1,067,487	935,563
Cáin Chláraithe Feithiclí	950,671	(1,343)	949,328	878,278
Cáin ar Tháirgí Tobac	808,485	(6)	808,479	837,851
Dleachtanna Máil Eile	203,806	(3,899)	199,907	158,942
Dleacht Mháil Iomlán	6,303,261	(74,333)	6,228,928	5,726,284

Innéacs Tábla 2024

Tábla 1: Iomlán na bhFáltas Comhlán Státchiste agus Neamh-Státchiste	114
Tábla 2: Iomlán na nGlanfháltas	115
Tábla 3: Méid an Ghnó	116
Tábla 4: Meánchéatadán Cánach a Bailíodh le linn na Míosa ina raibh sí Dlite (de réir Cánach)	116
Tábla 5: Comhlíontacht Tuairisceán/Íocaíochtaí de réir Mhéid an Cháis	116
Tábla 6: Cláir Forfheidhmithe Bailithe	117
Tábla 7: Bainistiú Fiachais	117
Tábla 8: Maoirsiú ar Dhócmhainneacht Chorporáideach agus Phearsanta	117
Tábla 9: Tuairimí Cuí curtha ar fáil do Chomhlachtaí agus Eintitis Eile	118
Tábla 10: Nósanna Imeachta um Chomhaontú Frithpháirteach	118
Tábla 11: Réamh-Chomhaontuithe Praghsála	118
Tábla 12: Méid na nDearbhuithe Custam a Próiseáladh	118
Tábla 13 A: Gníomhaíochtaí Idirghabhálacha Iniúcháireachta agus Comhlíontachta - CIC	119
Tábla 13B: Gníomhaíochtaí Idirghabhálacha Iniúcháireachta agus Comhlíontachta 2023 - Réamh-CIC	119
Tábla 13C: Gníomhaíochtaí Idirghabhálacha Iniúcháireachta agus Comhlíontachta 2023 - Neamh-CIC	120
Tábla 14: Foilseachán	120
Tábla 15: Foilseacháin de réir Earnála Roghnaithe	121
Tábla 16: Urghabhálacha Drugaí	121
Tábla 17: Táirgí Inmháil Urghafa	122
Tábla 18: Urghabhálacha Airgid Thirim	122
Tábla 19: Orduithe Forghéilleadh Airgid Thirim	122
Tábla 20: Ionchúisimh i leith Dian-Imghabháil	122
Tábla 21: Iarratais ar Chúnamh Frithpháirteach	122
Tábla 22: Laethanta Oiliúna Curtha ar Fáil	123
Tábla 23: Cáilíochtaí 3 ^ú Leibhéal Bronnta	123
Tábla 24: Cáilíochtaí Gairmiúla Bronnta	123
Tábla 25: Miondealú Céatadáin de Mhná i ngach Grád	123
Tábla 26: Iarratais Saorála Faisnéise	124
Tábla 27: Athbhreithnithe Inmheánacha agus Seachtracha	124
Tábla 28: Gearáin a bhaineann leis na Coimisinéirí Ioncaim a thug an tOmbudsman chun críche	124
Tábla 29: Comhlíontacht leis an Acht um Íoc Pras Cuntas	125

Tábla 1: Iomlán na bhFáltas Comhlán Státchiste agus Neamh-Státchiste

Catagóir	2024 €m	2023 €m
Fáltais Státchiste		
Cáin Chorporáide	41,881	26,482
Cáin Ioncaim	38,973	36,307
CBL	29,816	28,441
Máil	6,303	5,788
Dleachtanna Stampa	1,799	1,853
CGC	1,751	1,559
CFC	862	641
Dleacht Custam	587	586
Cáin eile a bhaineann le Maoin	2	1
Fáltais Neamh-Státchiste		
Fáltais Comhlán a Bailíodh thar ceann Rannóga / Gníomhaireachtaí eile*	30,888	26,286
Iomlán	152,862	127,994

Tabhair do d'aire: Is mar gheall ar shlánú i bhfigiúirí comhpháirteacha atá aon neamhréitigh dhealraitheacha sna figiúirí iomlána. Áirítear i measc na bhfáltas comhlán a bailíodh thar ceann Rannóga eile/gníomhaireachtaí fáltais ar nós ÁSPC agus CMÁ.

Tábla 2: Iomlán na nGlanfháltas

Dleachtanna, Cánacha agus Tobhaigh	2024 €m	2023 €m	2024 +/- 2023 €m
ÍMAT Cáin Ioncaim	24,665	22,726	1,939
ÍMAT MSU	5,017	4,771	246
Cáin Ioncaim Féinmheasúnaithe	2,323	2,655	(332)
MSU Féinmheasúnaithe	702	672	30
Cáin Scoir ar Árachas Saoil	169	231	(62)
CCÚT	193	45	148
CISG	1,130	1,058	72
Cáin Shiarchoinneálach do Thiarnaí Talún Neamhchónaitheacha	47	13	34
Cáin Iarchoimeáda ar Dhíbhinní	720	639	81
Dleacht Siar/CCI	122	100	22
Cáin Ioncaim Iomlán agus MSU	35,088	32,910	2,178
CBL ar Iompórtálacha	1,318	1,342	(24)
CBL Inmheánach	20,561	18,907	1,654
CBL Iomlán	21,879	20,249	1,630
Cáin ar Tháirgí Tobac	809	838	(29)
Cáin ar Tháirgí Alcóil	1,235	1,347	(112)
Cáin Ola Mianra	1,968	1,568	400
Carbón	1,068	936	132
CCF	949	878	71
Dleachtanna Máil Eile	200	159	41
Iomlán na nDleachtanna Máil	6,229	5,726	503
Cáin Chorporáide	39,061	23,842	15,219
Dleacht Stampa ar Scaireanna	495	785	(290)
Dleacht Stampa ar Mhaoín	697	674	23
Dleachtanna Stampála eile	501	313	188
Iomlán na nDleachtanna Stampa	1,693	1,772	(79)
CGC	1,708	1,520	188
CFC	854	634	220
Dleacht Custam	587	586	1
Cáin eile a bhaineann le Maoín	2	1	1
Iomlán na nGlán-Fháiltais Stáitchiste	107,101	87,240	19,861
CMÁ	573	556	17
Iomlán na nGlanfháltas Stáitchiste lena n-áirítear CMÁ	107,674	87,796	19,878

Tabhair do d'aire: Is mar gheall ar shlánú i bhfigiúirí comhpháirteacha atá aon neamhréitigh dhealraitheacha sna figiúirí iomlána.

Tábla 3: Méid an Ghnó

Gníomhaíocht	Líon/€
Fostaíochtaí ÍMAT	4,441,864
Tíolacthaí Párolla	6,589,386
Clárúcháin Cánach loncaim Féinmheasúnaithe	889,221
Clárúcháin Chuideachta	272,986
Clárúcháin CBL	288,008
Maoine Áitiúil Tuairiscithe	1,996,598
Conarthaí CCI curtha in iúl do na Coimisinéirí loncaim	790,176
Íocaíochtaí CCI curtha in iúl do na Coimisinéirí loncaim	2,139,491
Líon na nÍocaíochtaí Leictreonacha déanta leis na Coimisinéirí loncaim	13,807,302
Luach na nÍocaíochtaí Leictreonacha déanta leis na Coimisinéirí loncaim	€136.4 billion
Líon na nAisíocaíochtaí Leictreonacha déanta le Cáiníocóirí	2,110,752
Luach na nAisíocaíochtaí Leictreonacha déanta le Cáiníocóirí	€13 billion
Líon na dTuairisceán Leictreonach a Fuarthas	4,342,051
Glaonna Fóin a Freagraíodh	1,861,091
Comhfhreagras a ndéileáladh leis (Fiosruithe ar líne san áireamh)	4,140,866

Tabhair do d'aire: Áirítear fostaíochtaí iomadúla agus faighteoirí pinsean ceirde i bhFostaíochtaí ÍMAT.

Tábla 4: Meánchéatadán Cánach a Bailíodh le linn na Míosa ina raibh sí Dlite (de réir Cánach)

Ceannteideal Cánach	Céatadán
ÍMAT/ÁSPC	99%
CBL	98%
CI (neamh-ÍMAT)	98%
CGC	92%
CC	100%
CCI	99%

Tábla 5: Comhlíontacht Tuairisceán/Íocaíochtaí de réir Mhéid an Cháis

Méid an Cháis	Ráta Comhlíontachta sa Mhí Dhlite 2024	Comhlíontacht sa Mhí Dhlite + 1, 2024
Cásanna Móra	97%	99%
Cásanna Meánmhéide	94%	99%
Cásanna Eile	84%	92%

Tábla 6: Cláir Forfheidhmithe Bailithe

Forfheidhmiú	Líon na gCásanna	Líon na n-Atreoruithe	Luach na n-Atreoruithe €m	Toradh €m
Aturnae	5,995	7,360	163.6	38.7
Sirriam	34,735	45,698	339.2	162.1
Astú	4,876	6,440	266.7	49.3
Iomlán	45,606	59,498	769.5	250.1

Tábla 7: Bainistiú Fiachais

Gníomhaíocht	Líon
Iarratais Íocaíochtaí / Meastacháin Eisithe	743,023
Éilimh Deiridh Eisithe	515,172
ST cáiniocóirí i bhfeidhm ag 31 Nollaig 2024	21,797
Atreoraithe le haghaidh Forfheidhmithe	59,498

Tabhair do d'aire: Áirítear le hiarratais ar ST iarratais ar diúltaíodh dóibh.

Tábla 8: Maoirsiú ar Dhócmhainneacht Chorparáideach agus Phearsanta

Gníomhaíocht	Líon
Cuideachtaí a nDearnadh Foirceannadh Orthu trí Leachtú Toilteanach Creidiúnaithe	568
Cruinnithe Creidiúnaí ar Freastalaíodh orthu	424
Achainíocha na gCoimisinéirí Ioncaim chun na hArd-Chúirte chun Leachtaitheoir a Cheapadh	25
Leachtú Deonach na gComhaltaí	1,627
Glacadóireacht	75
Scrúdaitheoireacht	12
Féimheachtaí	73
Achainíocha na gCoimisinéirí Ioncaim ar Fhéimheachtaí	2
Cásanna Dócmhainneachta Pearsanta	373
SCARP	29

Tábla 9: Tuairimí Cuí curtha ar fáil do Chomhlachtaí agus Eintitis Eile

Catagóir Tuairime	Líon
Bunaíocht Bhuan	1
Athchóiriú agus Cónascadh	7
Roghanna chun na Scéime Cánach Tonnáiste	2
Cánacha Iarchoimeáda	44
Dleacht Stampa	6
Cáin Gnóthachan Caipitiúil	2
Formhuirir Dhlúthchuideachta	7
Cáin Chorporáide	11
Iomlán	80

Tábla 10: Nósanna Imeachta um Chomhaontú Frithpháirteach

Cineál an Cháis	Fardal Tosaigh 01/01/2024	Tosaithe	Críochnaithe	Fardal Deiridh
Cásanna Praghsála Aistrithe	91	31	24	98
Cásanna Praghsála Neamhaistrithe Eile	86	33	43	76
Iomlán	177	64	67	174

Tábla 11: Réamh-Chomhaontuithe Praghsála

Fardal	Líon
Fardal Tosaigh 01/01/2024	68
Iarratais a Fuarthas	23
Cuir i gcrích	10
Tarraingthe siar ag an gcáiniocóir	1
Fardal Deiridh 31/12/2024	80
RCP i bhFeidhm mar a bhí ar an 01/01/2024	3
RCP i bhFeidhm mar a bhí ar an 31/12/2024	7

Tábla 12: Méid na nDearbhuithe Custam a Próiseáladh

Cineál Dearbhaithe	Líon
Dearbhuithe Iompórtála	57,309,140
Dearbhuithe Easpórtála	3,023,447
Idirthuras - Isteach	131,920
Idirthuras - Amach	61,057
Iomlán	60,525,564

Tábla 13 A: Gníomhaíochtaí Idirghabhálacha Iniúcháireachta agus Comhlíontachta - CIC

Cineál Idirghabhála	Líon na gCásanna	Toradh €m
Imscrúduithe Leibhéal 3	6	0.5
Iomlán na n-Idirghabhálacha Leibhéal 3	6	0.5
Iniúchtaí Leibhéal 2	233	24.7
Athbhreithnithe Riosca Leibhéal 2	4,334	77.1
Iomlán na n-Idirghabhálacha Leibhéal 2	4,567	101.8
Idirghabhálacha Leibhéal 1 (gan Agallaimh Phróifíle a áireamh)	50,403	164.5
Agallaimh Phróifíle Leibhéal 1	672	2.5
Iomlán na n-Idirghabhálacha Leibhéal 1	51,075	167.0
Iomlán na nIdirghabhálacha	55,648	269.3
Breithiúnais (Gan Tuilleadh Gnímh)	44,943	-

Tabhair do d'aire: Sonraítear i dTábla 13A na hidirghabhálacha comhlíontachta go léir a cuireadh i gcrích le linn 2024 faoin CIC m.sh. a osclaíodh an 1 Bealtaine 2022 nó dá éis agus a dúnadh le linn 2024. Áirítear leis na figiúirí toraidh cáin, ús agus pionóis.

Tábla 13B: Gníomhaíochtaí Idirghabhálacha Iniúcháireachta agus Comhlíontachta 2023 - Réamh-CIC

Cineál Idirghabhála	Líon na gCásanna	Toradh €m
Imscrúduithe	57	12.6
Iniúchtaí	628	135.9
Iomlán na nImscrúduithe/Iniúchtaí	685	148.5
Fiosrú Gné	1,416	135.8
Agallamh Próifíle	62	2.8
Iomlán na nIdirghabhálacha Neamh-Iniúcháireachta	1,478	138.6
Iomlán na nIdirghabhálacha	2,163	287.1
Breithiúnais (Gan Tuilleadh Gnímh)	190	-

Tabhair do d'aire: Sonraítear i dTábla 13B na hidirghabhálacha comhlíontachta go léir a cuireadh i gcrích le linn 2024 a osclaíodh sular tugadh isteach an CIC i. a osclaíodh roimh an 1 Bealtaine 2022 agus a dúnadh le linn 2024. Áirítear leis na figiúirí toraidh cáin, ús agus pionóis.

Tábla 13C: Gníomhaíochtaí Idirghabhálacha Iniúcháireachta agus Comhlíontachta 2023 - Neamh-CIC

Cineál Idirghabhála	Líon na gCásanna	Toradh €m
Iniúchadh Custam	214	1.7
Seiceálacha Iar-Imréitigh Custam	1,047	0.2
Idirghabhálacha Custam Eile	3,298	6.6
Idirghabhálacha Eile Neamh-CIC	637	20.7
Seiceálacha Dearbhaithe	209,707	5.6
Iomlán na nIdirghabhálacha Neamh-CIC	241,903	34.8
Breithiúnais Custaim (Gan Tuilleadh Gnímh)	1,011	-

Tabhair do d'aire: Sonraítear i dTábla 13C na hidirghabhálacha comhlíontachta go léir a cuireadh i gcrích le linn 2024 nach raibh faoi raon feidhme an CIC m.sh. a osclaíodh roimh an 1 Bealtaine 2022 agus a dúnadh le linn 2024. Áirítear leis na figiúirí toraidh cáin, ús agus pionóis.

Tábla 14: Foilseachán

An Tréimhse	Ráithe1	Ráithe2	Ráithe 3	Ráithe 4	Iomlán
Suim na Socraíochtaí	€4m	€2.2m	€15m	€6.9m	€28.1m
Líon na Socraíochtaí	11	11	36	28	86
Líon níos lú ná nó cothrom le €100,000	-	4	3	8	15
Líon idir €100,000 agus €500,000	7	6	32	17	62
Líon idir €500,000 agus €1 milliún	4	1	-	2	7
Líon níos mó ná €1 milliún	-	-	1	1	2
Méid na bPionós arna gcinneadh ag an gCúirt.	€517,063	€1,882,871	-	€2,150,406	€4,550,340
Líon na bPionós arna gcinneadh ag gCúirt	5	9	-	4	18

Tabhair do d'aire: Áirítear leis na figiúirí maidir le suim na socraíochta cáin, ús agus pionóis.

Tábla 15: Foilseacháin de réir Earnála Roghnaithe

Earnáil	Foilseacháin
Cuntasóir	1
Úinéir Láthair Carbhán	1
Tiománaí	1
Stiúrthóirí & Iar-Stiúrthóirí Cuideachta	25
Foirgníocht & Gnó Gaolmhar /Forbróirí Maoine	7
Tógálaí Madraí	1
Teagascóir Tiomána	1
Soláthraí Córais Leictreonacha	1
Feirmeoir/Seirbhísí Talmhaíochta	4
Tarlóirí	2
Tógálaí Capall	1
Tiarna Talún / Cóiríocht Ghearrthéarmach	14
Earnáil Déantúsaíochta	1
Aeistéitic Leighis agus Clinic Craicinn	1
Seirbhísí Leighis & Seirbhísí Gaolmhara	8
Díoltóirí Mótair & Trádálacha Gaolmhara	5
Cruthaitheoir Inneachair ar Líne	2
Comhpháirtithe	4
Gairmithe / Fostaithe ÍMAT / Scortha	9
Tábhairneoirí / Bialanneoirí / Soláthraithe Bia Beir Leat	3
Miondíoltóirí	5
Iomlán	97

Tabhair do d'aire: Is éard atá sa tábla seo ná léiriú ar shampla d'earnálacha in ord aibítire. Féadfaidh cás singil foilsithe teacht faoi chuimsiú breis agus earnáil amháin, mar shampla, beidh duine ar a ndéantar cur síos mar Stiúrthóir Cuideachta/ Tiarna Talún le sonrú sa tábla mar Stiúrthóir Cuideachta agus mar Thiarna Talún.

Tábla 16 Urghabhálacha Drugaí

Cineál Druga	Líon na nUrghabhálacha	Cainníocht Kg	Luach €m
Cannabas (Luibhe & Roisín)	2,963	6,699	128.6
Cócaon agus Hearóin	96	605	42.4
Amfataimíní, Eacstais agus Eile	7,111	56,801	43.7
Iomlán	10,170	64,105	214.7

Tábla 17: Táirgí Inmháil Urghafa

Táirge	Líon na nUrghabhálacha	Cainníocht	Luach €m
Toitíní	4,920	112.3m	95.6
Tobac	1,500	39,407 kgs	32.6
Alcól (Beoir, Biotáille agus Fíon)	3,412	595,177 lítear	3.2
Ola Mianra Aindleathach	12	156,960 lítear	-
Feithiclí	1,080	1,080	15.2

Tabhair do d'aire: Feithiclí a urghabhadh mar gheall ar chionta i ndáil le hola mianraí marcáilte, cionta CCF agus mar thoradh ar úsáid i dtaca le cionta líomhnaithe faoin dlí custam nó máil.

Tábla 18: Urghabhálacha Airgid Thirim

Urghabhálacha	2024
Líon na nUrghabhálacha	49
Luach	€972,473

Tábla 19: Orduithe Forghéilleadh Airgid Thirim

Orduithe Forghéillte	2024
Líon na nOrduithe Forghéilleadh Airgid Tirim	32
Luach	€1,016,677

Tábla 20: Ionchúisimh i leith Dian-Imghabháil

Ionchúisimh	Líon
Líon na n-Imscrúduithe Leanúnacha	20
Líon na gCásanna Cánach agus Máil a Cuireadh Faoi Bhráid an SIP	14
Líon na gCásanna Cánach agus Máil ar Eisigh an SIP Treoracha ina dTaobh	14
Líon na gCásanna Os Comhair na gCúirteanna	34
Líon na gCiontuithe Coiriúla a Fuarthas	20
Fíneálacha a Gearradh maidir le Ciontuithe Coiriúla	€16,000
Líon na gCiontuithe Coiriúla Achomair	148
Fíneálacha a Gearradh maidir le Ciontuithe Coiriúla	€385,520

Tábla 21: Iarratais ar Chúnamh Frithpháirteach

Iarratais ar Chúnamh Frithpháirteach	A fuarthas	A seoladh	A dúnadh
Ó / Chuig Bhallstáit AE	1,911	278	1,360
Ó / Chuig Tíortha Eile	527	178	489
Iomlán	2,438	456	1,849
Iarratais ó Europol	209	61	270

Tábla 22: Laethanta Oiliúna Curtha ar Fáil

Catagóir Oiliúna	Laethanta Oiliúna Curtha ar Fáil
Oiliúint ar an gClár Iniúchta	14,431
Cánacha Teicniúla	7,397
Custaim agus Mál Teicniúil	4,950
Cúrsáí Bainistíochta/Scileanna Boga/Ar Líne	851
Bailiú agus Comhlíontacht	1,664
Sochar Sláinte agus Sábháilteachta	1,551
Laethanta Oiliúna na Céime OL	218
Oiliúint OneLearning	1,275
Iomlán	32,337

Tabhair do d'aire: Rinneadh na figiúirí a shlánú suas, nuair is cuí

Tábla 23: Cáilíochtaí 3^ú Leibhéal Bronnta

Catagóir an Bhronnta	Líon na mBronntaí
Dioplóma sa Chánachas Feidhmeach	69
BA (Onóracha) sa Chánachas Feidhmeach	13
Deimhnithe Custam	35
Máistreacht i Riarachán Gnó	2
Iomlán	119

Tábla 24: Cáilíochtaí Gairmiúla Bronnta

Catagóir an Bhronnta	Líon na mBronntaí
Teastais	80
Teicneoir Cánach	73
Comhairleoir Cánach Cairte	2
Iomlán	155

Tábla 25: Miondealú Céatadáin de Mhná i ngach Grád

Grád	2024	2023
Bord agus Rúnaí Cúnta	53%	50%
Príomhoifigeach	63%	63%
Príomhoifigeach Cúnta	56%	56%
Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus Oifigeach Riaracháin	56%	56%
Oifigeach Feidhmiúcháin	62%	63%
Oifigeach Cléireachais	64%	65%
Oifigeach Seirbhíse	-	9%
Iomlán	61%	61%

Tábla 26: Iarratais Saorála Faisnéise

Catagóir	Líon
Iarratais Tugtha Ar Aghaidh ag 1 Eanáir 2024	12
Faighte sa Bhliain	271
Scaoileadh Iomlán	46
Scaoileadh Páirteach	164
Diúltaithe	53
Déileáiltear leis Lasmuigh de Shaoráil Faisnéise / Tarraingthe Siar / Aistrithe	5
Iarratais idir lámha ar 31 Nollaig 2024	15
Iarratas ar Athbhreithniú Inmheánach	11
Achomharc chun an Choimisinéara Faisnéise	5

Tábla 27: Athbhreithnithe Inmheánacha agus Seachtracha

Sonraí an Cháis	Inmheánach	Seachtrach	Iomlán
Iarratais Tugtha Ar Aghaidh ag 1 Eanáir 2024	-	2	2
Cásanna a Ceadaíodh sa Bhliain	-	12	12
Iomlán	-	14	14
Líon a Tugadh Chun Críche sa Bhliain	-	13	13
Cinneadh i bhFabhar an Iarrthóra	-	2	2
Cinneadh i gCoinne an Iarrthóra	-	11	11
Cinneadh Athbhreithnithe / Athbhreithnithe go Páirteach	-	-	-
Scortha	-	-	-
Ar Láimh ag 31 Nollaig 2024	-	1	1

Tábla 28: Gearáin a bhaineann leis na Coimisinéirí Ioncaim a thug an tOmbudsman chun críche

Toradh	Líon na nGearán
Seasadh le	8
Seasadh le go Páirteach	-
Níor Seasadh le	9
Cúnamh Curtha ar Fáil	7
Scortha - Tarraingthe Siar	-
Scortha - Roimh Am	1
Taobh amuigh den Sainchúram	-
Iomlán	25

Tábla 29: Comhlíontacht leis an Acht um Íoc Pras Cuntas

Íocaíocht Déanta	Líon	Luach €	% de Líon Iomlán na níocaíochtaí a Rinneadh
Taobh istigh de 15 Lá	12,962	198,139,923	92.67
Laistigh de 16 - 30 Lá	976	10,333,210	6.98
Níos mó ná 30 Lá	49	142,535	0.35
Iomlán	13,987	208,615,668	100

Tuilleadh Eolais	Líon	Luach €
Ús ar Íocaíocht Dhéanach Íoctha in 2024	49	6,142
Costais Cúitimh a Íocadh in 2024	49	2,710
Meánmhéid Laethanta a Thógtar Chun Íocaíocht a Dhéanamh	8	—

Aguisín 1 - Bronnadh Míreanna Oidhreachta

Míreanna Oidhreachta a Thabhairt

Foráiltear in Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha (TCA) 1997 do chreidmheas in aghaidh dliteanais chánach sa chás go ndeonaíonn cáiníocóir míreanna oidhreachta áirithe do na bailiúcháin náisiúnta.

Deonaíodh na rudaí seo a leanas in 2024:

- Bailiúchán Baer/Dunne, ar luach €184,850,
- Bailiúchán de phictiúir ón 18ú agus ón 19ú haois, ar luach €645,000,
- Bailiúchán d’Airgead Éireannach, ar luach €360,000,
- Bailiúchán Rory Gallagher, ar luach €1,161,483.
- Bailiúchán Ealaíne MacCarvill, ar luach €293,000,
- Bailiúchán d’Airgead Éireannach, ar luach €2,210,000,
- Bailiúchán d’Airgead Éireannach, ar luach €1,040,000,
- Bailiúchán d’Airgead Éireannach, ar luach €1,200,000, agus
- Bailiúchán d’Airgead Éireannach, ar luach €365,000,

Is é an luach a léirítear ná luach margaidh na míreanna.

Maoin Oidhreachta a thabhairt d’lontaobhas Oidhreachta na hÉireann/do Choimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn

Déantar foráil in Alt 1003A den ACC1997 do chreidmheas in aghaidh dliteanais chánach nuair a bhronnann cáiníocóir maoin oidhreachta áirithe ar lontaobhas Oidhreachta na hÉireann nó ar Choimisinéirí na nOibreacha Poiblí in Éirinn.

Níor bronnadh a leithéid de mhír faoin scéim seo in 2024.

Ar fáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim

www.revenue.ie

ISSN 16495292

Caisleán Bhaile Átha Cliath

Aibreán 2025